

Bodach an Chóta Lachtna: eagrán
nua

Tráchtas PhD

2019

Deirdre Nic Chárthaigh

Dearbhú / Declaration

Dearbhaím nár cuireadh an saothar seo faoi bhráid na hOllscoile seo ná faoi bhráid Ollscoil ar bith eile, mar chuid de scrúdú céime, is gurb é mo shaothar féin go hiomlán é.

Ceadaím an tráchtas seo a chur i dtaisce i dtaisclann institiúide rochtana oscailte na hOllscoile, nó ceadaím don leabharlann amhlaidh a dhéanamh ar mo shon, de réir Dhlí Cóipchirt na hÉireann, agus de réir choinníollacha úsáide agus admhála Leabharlann Choláiste na Tríonóide.

I declare that this thesis has not been submitted as an exercise for a degree at this or any other university and it is entirely my own work.

I agree to deposit this thesis in the University's open access institutional repository or allow the Library to do so on my behalf, subject to Irish Copyright Legislation and Trinity College Library conditions of use and acknowledgement.

June / Meitheamh 2019

Deirdre Nic Chárthaigh

Achoimre

Is éard atá sa tráchtas seo ná eagrán nua den téacs fianáíochta *Bodach an Chóta Lachtna*. Tá an t-eagrán bunaithe ar chóip den scéal atá ar marthain i lámhscríbhinn ARÉ 23 M 23 (340).

Is sa Nua-Ghaeilge Mhoch (c.1200–1650) a cumadh an téacs seo agus is i dtreo dheireadh na tréimhse sin a cumadh é. Baineann sé le seánra téacsanna ar a dtugtar scéalta rómánsacha go minic.

I gCaibidil 1 déantar cur síos ar fhoinsí liteartha, ar stíl agus ar ábhar téamach *Bodach an Chóta Lachtna*, agus tugtar suntas go háirithe do thionchar na litríochta dúchasaí ar an scéal. Tá an greann go mór chun tosaigh ann agus déantar iniúchadh ar an ngné seo den téacs chomh maith. Cuireadh an scéal in eagar cúpla uair ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois agus déantar plé ar na heagraín is suntasaí díobh seo.

Tá cóipeanna den téacs ar marthain i mbreis agus leathchéad lámhscríbhinn a breacadh idir tús an ochtú haois déag agus deireadh an naoú haois déag agus is é traidisiún seachadta an scéil is ábhar do Chaibidil 2. Tugtar cuntas de na lámhscríbhinní ar fad a bhfuil cóip den scéal caomhnaithe iontu agus déantar iarracht seachadadh an scéil a rianú, chomh fada agus is féidir, ag tarraingt, go bunúsach, ar mhodh oibre Karl Lachmann. Déantar comparáid idir na leaganacha éagsúla den scéal agus déantar cur síos ar chomharthaí sóirt na leaganacha éagsúla. Léiríonn an taighde seo gur bhain idir choimeádachas agus chruthaitheacht le traidisiún na scríobhaithe sa tréimhse iarchlasaiceach agus tugtar suntas do choincheap an scríobhaí-eagarthóra i bhfianaise leaganacha áirithe den scéal.

Is ar theanga an téacs a dhírítear i gCaibidil 3. Tá an chaibidil leagtha amach ina dhá cuid agam. Sa chéad chuid déantar cur síos ar an teanga inar breacadh an scéal agus

baintear úsáid as caighdeán na Nua-Ghaeilge Clasaicí mar shlat tomhais agus mar phointe tagartha. Sa dara cuid den chaibidil déantar iarracht dáta a lua leis an scéal, ag tarraingt ar fhianaise ó na finnéithe lámhscríbhinne, ó thagairtí inmheánacha an téacs, ó fhoinsí liteartha seachtracha agus ó ghnéithe áirithe den teanga.

Plé ar chúrsaí eagarthóireachta atá i gCaibidil 4. Déantar plé ar roghnú fhinné an eagráin ag tús na caibidle. Leagtar amach polasaí eagarthóireachta an leagain dhioplómaitiúil agus an eagráin féin, agus déantar cur síos ar an bpolasaí aistriúcháin. Tugtar leagan dioplómaitiúil den téacs ó LS ARÉ 23 M 23 ag deireadh na caibidle.

Cuirtear an t-eagrán féin ar fáil i gCaibidil 5. Eagrán ‘aon téacs’ atá ann agus is ar LS ARÉ 23 M 23 atá sé bunaithe. Cuirtear aistriúchán Béarla ar fáil chomh maith agus tugtar tús áite do dhílseacht don bhunleagan seachas d’fhiúntas liteartha. Cuirtear nótaí ar an téacs ar fáil ag deireadh an eagráin. Nótaí mínithe iad seo ar ghnéithe den téacs atá doiléir agus ar mhalairtí a bhfuil suntas ag baint leo.

Ní hionann na leaganacha ar fad den scéal atá tagtha anuas chugainn agus le léiriú a thabhairt ar an múnlu a rinneadh ar an téacs de réir a chéile cuirtear eagráin agus aistriúcháin de shleachta as dhá leagan éagsúla ar fáil sna hagusíní. Sliocht as LS ARÉ 24 B 22 (238) atá in eagar agam in Aguisín 1 agus rainn filíochta atá ar fáil i dtrí lámhscríbhinn (mar atá ARÉ 23 A 49 (369), ARÉ 23 O 35 (55) agus ARÉ 23 Q 18 (573)) atá in eagar agam in Aguisín 2. Tá innéacsaí agus liosta giorrúcháin ar fáil ag deireadh an tráchtais.

Tarraingím ar réimse de mhodhanna oibre le haidhmeanna an tráchtais a chur i gcrích, mar atá modhanna teangeolaíochta, pailéagrafaíochta, bibleagrafaíochta, anailíse critice, liteartha agus stairiúla.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le chuile dhuine a chabhraigh liom an tráchtas seo a chur i gcrích.

Táim buíoch d'fhoirne na leabharlann uile ar thug mé cuairt orthu le ceithre bliana anuas, foireann Acadamh Ríoga na hÉireann go háirithe.

Gabhaim buíochas le foireann Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide. Áirím go háirithe an tOllamh Damian McManus agus an Dr Jürgen Uhlich as an bhfáilte a chuir siad romham ina gcuid ranganna Luath-Ghaeilge, agus an Dr Christina Cleary agus an Dr Chantal Kobel as na tagairtí a chuir siad ar fáil dom. Táim buíoch freisin d'Eimear, Philip, Peter agus Ariana as a gcuid comhluadar agus cairdis.

Tá buíochas ar leith ag dul don Dr Mícheál Hoyne as dréacht luath den eagrán a léamh agus as an gcabhair agus spreagadh a thug sé dom ó thús.

Gabhaim buíochas speisialta le mo thuismitheoirí, Nollaig agus Joyce, as a gcuid tacaíochta agus tuisceana.

Ar deireadh thiar thall, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo stiúrthóir, an Dr Eoin Mac Cárthaigh, a spreag mo shuim san ábhar agus a thug an mhuinín dom dul i mbun taighde an chéad lá riamh. Roinn sé a chuid saineolais agus ama go fial liom agus bhí sé tacúil, foighneach agus spreagúil i gcónaí. Táim go mór faoi chomaoin aige.

Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad, ar ndóigh.

Clár

Clár.....	1
Brollach.....	5
Caibidil 1: Comhthéacs liteartha, stíl agus ábhar téamach	10
1.1 Achoimre ar <i>BCL</i>	11
1.2 Foinsí Liteartha <i>BCL</i>	13
1.3 An greann in <i>BCL</i>	30
1.4 Feidhm <i>BCL</i>	42
1.5 Stíl an phróis	43
1.6 Leaganacha clóbhuailte de <i>BCL</i> : eagráin agus eagarthóirí	47
1.7 Tagairtí do <i>BCL</i> sa litríocht.....	57
Caibidil 2: Traidisiún lámhscríbhinne <i>BCL</i>	60
2.1 Foinsí lámhscríbhinne <i>BCL</i>	60
2.2 Rangú na lámhscríbhinní.....	76
2.3 Cur síos ar na leaganacha éagsúla de <i>BCL</i>	98
2.4 Táta.....	105
Caibidil 3: Teanga agus dátú <i>BCL</i>	106
3.1 Cur síos ar theanga <i>BCL</i>	106
3.1.1 Na hainmfhocail	106
3.1.2 Na Réamhfhocail	113
3.1.3 Na huimhreacha.....	123
3.1.4 Na Briathra: Deilbhíocht	124

3.1.5 Comhréir na mbriathra (rialta agus neamhrialta).....	137
3.1.6 Forainmneacha	142
3.1.7 Aidiachtaí.....	144
3.1.8 Ortagrafaíocht agus cúrsaí foghraíochta	145
3.1.9 Dobhriathra	147
3.2 Dáta ceaptha <i>BCL</i>	148
3.2.1 Fianaise theangeolaíoch	149
3.2.2 Tagairtí do <i>BCL</i> sa litríocht.....	160
Caibidil 4: Cúrsaí eagarthóireachta	163
4.1 Roghnú an fhinné.....	163
4.2 Polasaí eagarthóireachta	165
4.3 Modh an aistriúcháin	171
4.4 Leagan lámhscríbhíne.....	173
Caibidil 5: Téacs, Aistriúchán agus Nótaí.....	186
5.1 Téacs.....	186
5.2 Aistriúchán.....	202
5.3 Nótaí ar an téacs	215
Aguisín I: Sleachta as ARÉ 24 B 22	236
Sliocht I (ARÉ 24 B 22, lgh. 170–2; = §10 den eagrán)	238
Sliocht II (ARÉ 24 B 22, lgh. 177–80; = §19 den eagrán).....	242
Aistriúchán.....	247
Nótaí ar an téacs	254

Aguisín II: An Philíocht (Leagan A2a).....	258
Foinsí.....	258
Meadarachtaí.....	260
Polasaí Eagarthóireachta	265
Téacs agus Aistriúchán	267
Nótaí.....	281
Innéacsanna.....	286
Innéacs na bhfocal a ndéantar plé orthu sna nótaí ar an téacs.....	288
Innéacs na bhfocal a ndéantar plé orthu sna nótaí ar an téacs (Aguisín I)	292
Innéacs na bhfocal a ndéantar plé orthu sna nótaí ar an téacs (Aguisín II).....	293
Giorrúcháin	295
Giorrúcháin (lámhscríbhinní).....	296
Giorrúcháin leabhareolais	298
Tagairtí	302

Clár na bhfigiúr

Figióúr 1: Seachadadh finnóithe lámhscríbhíne BCL	61
Figióúr 2: An rangú a rinne Mac Píarais ar leaganacha BCL, bunaithe ar na lámhscríbhínní a raibh fáil aige féin orthu	79
Figióúr 3: Finnóithe neamhspleácha	80
Figióúr 4: Foghrúpaí.....	81
Figióúr 5: Críoch an scéil.....	89

Clár na dtáblaí

Tábla 1: Críoch an scéil.....	85
Tábla 2: Malartaithe	90

Brollach

Téacs déanach fianáíochta é *Bodach an Chóta Lachtna* (*BCL* as seo amach) a cumadh sa Nua-Ghaeilge Mhoch. Scéal atá ann faoi allúrach naimhdeach a thagann go hÉirinn leis an tír a chur faoi chois, téama atá coitianta go maith i bpróistéacsanna thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche agus sa chorpas fianáíochta ina iomláine. Sa téacs áirithe seo is é Caol an Iarainn, mac le rí na Teasáile, a thagann le hardchíos agus ceannas na hÉireann a bhaint amach, agus rás idir an laoch sin agus carachtar rúndiamhrach a thagann i gcabhair ar an bhfian is croílár don scéal. Tá eolas fairsing ar an téacs go fóill in Éirinn a bhuí le leagan athscríofa den téacs a bheith ar churaclam na meánteistiméireachta go dtí na 1990idí.¹

Bíodh agus go ndeachaigh *BCL* i bhfeidhm ar ghlúine de lucht léite agus labhartha na Gaeilge, níl aon leagan scolártha den téacs ar fáil. Cuireadh cúpla leagan i gcló ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois (agus is bunaithe orthu sin atá aon leagan eile a cuireadh i gcló ó shin),² ach ní thagann aon cheann de na leaganacha seo le caighdeán scolártha an lae inniu. Ní dhearnadh aon phlé criticiúil substaintiúil ar an téacs go nuige seo ach an oiread. Ní haon eisceacht é *BCL* maidir leis an bhfaillí seo ina thaobh, ar ndóigh, agus téacsanna na Nua-Ghaeilge Moiche ar na téacsanna Gaeilge

¹ Tá an leagan seo de *BCL* bunaithe, go bunúsach, ar eagrán Uí Ghrádaigh agus Mhic Phiarais (féach Caibidil 1.6). Cuireadh i gcló i *Seanchas na Féinne* (Ó Domhnaill 1942, 48–52) agus in *Fios Feasa 1* (Ó Domhnaill 1973, 135–42) é.

² Tá leagan deireanach den scéal atá bunaithe ar eagrán an Phiarsaigh le fáil in *An Fhiannuidheacht* (Ó Cadhlaigh 1937, 135–9), mar shampla, agus tá leagan giorraithe atá bunaithe ar leagan *SG* in Ó Doibhlin (2003, 67–72). Tá leagan ann sa Mhanainnis chomh maith atá bunaithe ar leagan den téacs a cuireadh i gcló san *Irish Penny Journal* (féach Caibidil 1.6). Tá plé ar an leagan seo ar fáil in Broderick (2016, 206–16).

is lú a ndéantar plé orthu i gcoitinne. Táimid ag brath cuid mhór go fóill ar shuirbhé Bruford (1969) in *Gaelic Folk-Tales and Medieval Romances (GFMR* as seo amach) don tuiscint atá againn ar scéalta próis na Nua-Ghaeilge Moiche, agus ní dhearnadh plé criticiúil indibhidiúil ach ar chorrthéacs thall is abhus.³ Is beag próistéacs ón tréimhse a cuireadh in eagar le leathchéad bliain anuas agus tá géarghá le heagráin úra sula mbeidh díospóireacht bhisiúil ann mar gheall ar fhiúntas liteartha na bpróistéacsanna i gcoitinne agus ar a gcuireann siad leis an tuiscint atá againn ar ghnéithe de shochaí na hÉireann sa Nua-aois Luath. Tugadh suntas don bhearna seo sa léann go minic cheana, agus í á plé le deireanaí i gcomhthéacs litríocht na fianáíochta go sonrach:

The Early Modern romances are among the least-studied texts in Irish literature, and the paucity of relevant scholarship hinders understanding of this important part of the Fenian Cycle...It is unlikely that a more comprehensive evaluation of such literature will be undertaken until significant strides are made in the publication of material (Flahive 2017, 59).⁴

Príomhchuspóir an tráchtais seo, mar sin, is ea dul i ngleic leis an mbearna seo sa scoláireacht trí eagrán deifnídeach de *BCL* a chur ar fáil. Tá an téacs curtha in eagar agam as an nua as ARÉ 23 M 23. Is í seo an chóip is sine den scéal atá ar marthain, go bhfios dom, agus cóip í nach raibh eolas ag eagarthóirí luatha an téacs uirthi. Tá faireas iomlán an eagráin acadúil curtha ar fáil agam, mar atá aistriúchán Béarla, nótaí téacsúla, plé ar an traidisiún lámhscríbhinne agus ar fhoinsí an téacs, anailís ar theanga an téacs

³ Tá cúpla eisceacht shuntasach ann. Féach, mar shampla, Breatnach (1996(a); 1999) agus Hoyne (2015).

⁴ Féach freisin Breatnach (1996(b), 189): ‘An important desideratum in this field of Irish studies is the production of scholarly editions of the primary sources.’

agus plé ar leaganacha agus ar mhalairtí éagsúla. Tugaim suntas do choincheap an scríobhaí-eagarthóra (Ní Úrdail, 2011) sa phlé a dhéanaim ar na leaganacha éagsúla den scéal atá tagtha anuas chugainn agus tugaim sleachta as dhá leagan ar leith in Aguisín I agus in Aguisín II mar léiriú ar an ngné seo de phróiseas na scríbhneoireachta sa tréimhse iarchlasaiceach.

Cuspóir eile a chuirim romham ná plé criticiúil a dhéanamh ar ghnéithe de chúlra an scéil, idir chomhthéacs cultúrtha, stíl agus théamaí, agus leagaim béim ar leith ar thábhacht an ghrinn sa téacs. Is cúis iontais a laghad iniúchta atá déanta ar an ngné seo de litríocht na Gaeilge trí chéile. Is é *The Irish Comic Tradition* le Vivian Mercier (1962) an t-aon saothar ina ndéantar iarracht iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar an ngreann i litríocht na hÉireann, an litríocht mheánaoiseach san áireamh, agus tá breis agus leathchéad bliain ann ó céadfhoilsíodh an saothar sin. Rinneadh plé ar ghnéithe áirithe den ghreann i litríocht na Luath-Ghaeilge i gcúpla alt a foilsíodh le deireanaí,⁵ ach is minice ná a mhalairt nach ndéantar ach tagairtí doiléire, fánacha don ghné seo den traidisiún liteartha in eagráin de théacsanna agus in aistí criticiúla. Tá an méid seo suntasach i gcomhthéacs na fianáiochta go háirithe agus a lárnaí agus atá an greann i go leor de na scéalta agus laoithe a bhaineann leis an tsraith sin.

Tagaim leis an tuiscint gur téacs scríofa é *BCL* ó thús agus, ar an ábhar sin, baineann a bhfuil sa tráchtas seo le leaganacha lámhscríbhinne den scéal amháin. Tá leaganacha deireanacha den scéal le fáil i mbéaloideas na hÉireann agus na hAlban agus, lena chois

⁵ Féach, mar shampla ‘Negotiating heroism and humour in the Cattle-Raid of Cooley’ (Tristram 2014, 31–45); ‘Bizarre, grotesque and macabre: gender and humour in early Irish hagiography’ (Scott 2011, 381–407) agus ‘*Aislinge Meic Con Glinne*: Nuair a Théann an Gáire i bhFostú sa Scornach’ (Rekdal 2013, 42–52).

sin, tá cosúlachtaí móra idir gnéithe ar leith de théamaí an scéil agus téamaí a ndearnadh forbairt mhór orthu sa traidisiún béil sa tréimhse iarchlasaiceach (Bruford 1969, 129).

Ceist chasta é an gaol idir an traidisiún liteartha agus an béaloideas, áfach, a luíonn lasmuigh de scóip an tráchtas seo.⁶

Nóta faoi roinnt téarmaí agus faoin modh tagartha:

Tá an dá théarma *fian* (san uimhir uatha) agus *fiana* (iolra) in úsáid in *BCL* le cur síos a dhéanamh ar an mbuíon sin laoch a bhfuil Fionn i gceannas uirthi, agus leanaim leaganacha malartacha na lámhscríbhinne san aistriúchán Béarla a chuirim ar fáil i gCaibidil 5.2. Agus mé ag déanamh plé ar an téacs i gcorp an tráchtas, áfach, bainim úsáid as an uimhir uatha amháin agus is leis an litriú stairiúil (le *n* amháin) a chloím (*fian*; gin. *féine*).⁷

Cuirim aistriúcháin Bhéarla ar fáil de na línte sin a thugaim mar thagairtí nach bhfuil sa Ghaeilge chomhaimseartha ná sa Bhéarla. Nuair nach bhfuil aistriúchán ar fáil i gcló is gnáth gur liom féin an t-aistriúchán. Tugaim uimhir leathanaigh nó líne na dtagairtí ar a lorg de réir mar is cuí ('lch./lgh.' nó 'líne/línte' faoi seach). Cuireann (LS) in iúl gur léamh lámhscríbhinne atá ann.

Nuair a thugaim línte tagartha ón eagrán féin sa phlé a dhéanaim ar an téacs i gCaibidil 1, tugaim uimhreacha na línte ar a lorg.

⁶ Féach *DF* III (xxix); bhí Murphy den tuairim gur baineadh úsáid as scéalta béaloidis go minic mar mhúnla do scéalta liteartha. Déanann Bruford (1969) argóint ar son fhoinsí liteartha na scéalta rómánsacha. Tá achoimre ar dhíospóireachtaí scolártha na ceiste seo ar fáil in Nagy (1986, 272–301).

⁷ Maidir le sanasaíocht an fhocail *fian*, féach Meyer (1910, v–vi).

Bainim úsáid as na téarmaí seo a leanas agus tagairt á déanamh agam do ghnéithe éagsúla de stair na Nua-Ghaeilge:

- An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach (NGC): Caighdeán léannta na scoileanna filíochta c. 1200–1650;
- An Nua-Ghaeilge Mhoch (NGM): Téarma ginearálta don Ghaeilge (teanga na bpróstéacsanna san áireamh) c. 1200–1650;
- An Nua-Ghaeilge: An Ghaeilge ó c. 1650

Ar mhaithe leis an bpraiticiúlacht a bhainim leas as na paraiméadair thuas, ach, ar ndóigh, ní teorainneacha docta iad agus ceileann siad leanúnachas, solúbthacht agus siar agus aniar síoraí na teanga.

Caibidil 1: Comhthéacs liteartha, stíl agus ábhar téamach

Baineann *Bodach an Chóta Lachtna (BCL)* le sraith scéalta a saothraíodh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche ar a dtugtar ‘scéalta rómánsacha’ de ghnáth.⁸ Scéalta iad seo atá bunaithe, go bunúsach, ar eachtraí draíochta agus laochais, agus glactar leis go coitianta gur shíolraigh siad as na scéalta rómánsacha a bhí á mbreacadh i Sasana agus sa Fhrainc a d’fhás as an *Roman d’aventure*. Aithnítear chomh maith, áfach, an fhorbairt dhúchasach a rinneadh ar an scéal rómánsach in Éirinn, idir ábhar agus stíl.⁹ Léiriú soiléir ar an ngné dhúchasach seo í an chaoi inar baineadh úsáid as an rómánsacht le forbairt a dhéanamh ar thraidisiúin éagsúla i litríocht na Gaeilge. Baineann *BCL* leis an bhfianáíocht agus sampla gléineach é den chineál forbartha agus múnlaíthe a tháinig ar an tsraith seo tar éis chumadh *Agallamh na Seanórach*.¹⁰ In ainneoin thionchar na hiasachta ar fhoirm bhunúsach an scéil, tá sraitheanna éagsúla de thraidisiúin liteartha na hÉireann le sonrú go soiléir sna príomhthéamaí agus, go deimhin, sa ghreann atá chun tosaigh ann.

⁸ Cloím le sainmhíniú Bruford ar an téarma seo: ‘all the late mediaeval and later romances found in Irish manuscripts from the fifteenth to the nineteenth centuries, and the related folk-tales...These include stories conventionally assigned to the Mythological, Ulster, Fenian and King cycles as well as to the so-called ‘Romantic Cycle,’ provided always that they were composed or revised after about 1300 A.D.’ (*GFMR*, 1).

⁹ Féach, mar shampla, Ó Háinle: ‘Leis an bhfírinne a rá is mó go mór d’anáil a bhí ag an tseanlitríocht dhúchais ar na scéalta rómánsaíochta, fág an Artúraíocht, ná mar a bhí ag litríocht na mór-roinne’ (1975, 7). Go deimhin, tá Nagy (1987, 9–26; 1998, 1–9) in amhras faoi fhiúntas an téarma ‘scéal rómánsach’ i gcomhthéacs na hÉireann agus é den tuairim go bhfuil lorg na litríochta dúchasaí chomh tábhachtach céanna leis na tionchair iasachtacha ar na scéalta sin.

¹⁰ Síltear gur sa dara haois déag a cuireadh *Agallamh na Seanórach* le chéile (Ó Muraíle 1995, 105).

1.1 Achoimre ar *BCL*¹¹

§1–3: Ag tús an scéil seo tá Fionn agus an fhian ag comóradh aonaigh i mBinn Éadair. Feiceann siad long mhór ag teacht ina dtreo agus tagann Caol an Iarainn, mac le rí na Teasáile, i dtír ón long sin. Tugann sé le fios gur mian leis ardchíos agus ardcheannas na hÉireann a bhaint amach agus deir sé go ndéanfaidh sé amhlaidh mura mbeireann duine den fhian barr air i gcomhrac reatha. Ós rud é gurb é Caoilte mac Rónáin an laoch is tapúla den fhian, agus ós rud é nach bhfuil sé i láthair, beartaíonn Fionn dul go Teamhair faoina choinne.

§4–6: Agus é ar an mbealach go Teamhair, castar fathach mór gránna darb ainm Bodach an Chóta Lachtna ar Fhionn. Fiafraíonn an Bodach d’Fhionn cá bhfuil a thríail agus déanann Fionn cur síos ar an gcruachás ina bhfuil an fhian. Deir an Bodach nach mbeadh sé de chumas ag duine ar bith den fhian buachan ar Chaol an Iarainn, ach go mbeadh sé féin sásta rith ina choinne ar a son. Tá Fionn go mór in amhras faoi chumas an Bhodaigh ach, ar deireadh, glacann sé lena thairiscint agus filleann siad beirt ar Bhinn Éadair, mar a bhfuil Caol an Iarainn ag feitheamh i gcomhlúadar na féine.

§7–9: Cuireann Fionn an Bodach in aithne do Chaol an Iarainn agus socraítear ar chúrsa reatha ó Shliabh Luachra na Mumhan go Binn Éadair. Gluaiseann an Bodach agus Caol an Iarainn leo i dtreo Shliabh Luachra, mar a bhfuil sé i gceist acu an oíche a chaitheamh sula dtugann siad faoin rás an mhaidin dar gcionn. Nuair a shroicheann siad Sliabh Luachra, beartaíonn an Bodach bothán a thógáil. Diúltaíonn Caol an Iarainn cabhair ar bith a thabhairt dó agus, mar gheall air sin, deir an Bodach nach mbeidh fáilte

¹¹ Is mar phointe tagartha don phlé a dhéantar ar ghnéithe éagsúla den téacs in 1.2–1.7 thíos a chuirim an achoimre seo ar fáil. Is ar an eagrán i gCaibidil 5 atá sí bunaithe agus tagann uimhreacha na n-alt leis an eagrán sin.

roimhe an oíche a chaitheamh ann. Ina dhiaidh sin, iarrann an Bodach ar Chaol an Iarainn dul ag fiach leis chun bia a fháil don oíche. Arís, tugann Caol an Iarainn an t-eiteach dó, agus gluaiseann an Bodach ina aonar chuig coill mhór in aice láimhe.

Maraíonn sé torc agus cuireann sé ar róstadh ar thine mhór é.

§10: Ina dhiaidh sin, tugann an Bodach cuairt ar theach Bharún Inse Uí Chuinn agus tógann sé cathaoir, bord agus dhá bhairille fíona leis ón teach sin. Filleann sé ar Shliabh Luachra arís agus suíonn sé chun boird. Caitheann sé béile, ólann sé bairille fíona agus titeann sé ina chodladh.

§11–12: An mhaidin dar gcionn is amhlaidh atá Caol an Iarainn ina shuí go moch agus dúisíonn sé an Bodach agus é ag iarraidh gluaiseacht chun bealaigh. Deir an Bodach nach bhfuil a dhóthain codlata déanta go fóill aige, ach tugann sé cead do Chaol an Iarainn gluaiseacht roimhe ar an gcúrsa reatha. Tar éis don Bhodach tuilleadh codlata a dhéanamh, éiríonn sé, caitheann sé béile, ólann sé bairille fíona, agus tugann sé aghaidh ansin ar an gcúrsa reatha. Ní fada go dtagann sé chomh fada le Caol an Iarainn agus go n-éiríonn leis dul thairis ar an mbóthar.

§13–15: Moillíonn an Bodach go minic ar an gcúrsa reatha. Stopann sé den chéad uair le sméara dubha a ithe ar thaobh an bhóthair. Stopann sé den dara huair nuair a insíonn Caol an Iarainn dó go bhfuil beanna a chóta lachtana fágtha ina dhiaidh aige agus iad ceangailte i dtoim siar an bóthar. Filleann sé ar ais faoina gcoinne agus fuann sé ar ais ina n-áit féin arís iad. Stopann sé den tríú huair le tuilleadh sméar a ithe agus déanann sé sac mórfhairsing den chóta lachtana. Líonann sé an sac sin le sméara agus bailíonn sé leis i dtreo Bhinn Éadair. In ainneoin na moilleadóireachta seo, éiríonn leis Caol an Iarainn a fhágáil ina dhiaidh, agus is é is túisce a shroicheann ceann scríbe.

§16–17: Idir an dá linn, cuireadh duine den fhian ina sheasamh ar bharr cnoic ag feitheamh leis an mbeirt rásaithe. Feiceann sé Bodach an Chóta Lachtna ag teacht ina threo agus an sac sméar ar a dhroim aige, agus síleann sé gurb é Caol an Iarainn atá ann agus an Bodach marbh ar a dhroim aige. Filleann an laoch ar an bhfian leis an scéal sin ach, ós rud é nach maith le Fionn a bhfuil le rá aige, cuirtear an dara laoch den fhian amach leis an scéal a fhiosrú an athuair. Nuair a fheiceann an dara laoch sin an Bodach, tuigeann sé gurb é féin atá ann, agus filleann sé ar an bhfian leis an dea-scéala sin. Gluaiseann an fhian uile amach go háthasach agus fearann siad fáilte roimhe. Tugtar min choirce don Bhodach agus ullmhaíonn sé béile leis an min sin agus leis na sméara dubha atá aige féin.

§18–20: A fhad agus atá an Bodach ag ithe a bhéile, tagann Caol an Iarainn i measc an tslua á n-ionsaí. Caitheann an Bodach dornán sméar leis agus baineann sé a cheann de. Ansin, cuireann sé an ceann ar ais ar a ghuaillí, ach é droim ar ais. Ceanglaíonn agus cuibhríonn sé Caol an Iarainn, baineann sé geallúint cíosa de agus seolann sé ar ais chun na Teasáile é. Ag deireadh an scéil insíonn an Bodach d’Fhionn gurb é féin Manannán mac Lir, agus gur tháinig sé go hÉirinn ar mhaithe leis an bhfian a shábháil ar an uafás a bagraíodh orthu.

1.2 Foinsí Liteartha *BCL*

Athinsintí nó leaganacha athchóirithe de sheanscéalta iad go leor de na scéalta rómánsacha a breacadh sa Nua-Ghaeilge Mhoch,¹² agus aistriúcháin cuid eile díobh ar scéalta ó thíortha eile, nó leaganacha athchóirithe de na scéalta sin (Bruford 1969, 8–

¹² I measc na scéalta rómánsacha atá bunaithe ar théacsanna luatha tá *Oidheadh Chloinne Uisneach* (Mac Giolla Léith 1992), *Ceasacht Inghine Guile* (Breatnach 1996(a)) agus *Oileamhain Chon Culainn* (Stokes 1908).

13). Ní hamhlaidh atá i gcás *BCL*, ar téacs nua-chumtha é a breacadh den chéad uair i dtreo dheireadh na tréimhse clasaicí, is cosúil.¹³ In ainneoin sin, tá sé soiléir nár cumadh an téacs i bhfolús agus tá cosúlachtaí móra téamacha idir *BCL* agus cuid de na scéalta rómánsacha eile a bhí á mbreacadh in Éirinn sa chúigiú, sa séú agus sa seachtú haois déag. Anuas air sin, is amhlaidh atá cuid de théamaí agus de mhóitífeanna an scéil le fáil chomh fada siar le tréimhse na Luath-Ghaeilge. Suirbhé atá sa mhéid seo a leanas ar fhoinsí féideartha *BCL*.

Tá Ó hÓgáin (1988, 258–9) den tuairim go raibh pé duine a chum *BCL* faoi anáil laoi fianáiochta a breacadh i leagan d'*Agallamh na Seanórach*:

He got the basic idea for his romance from a passage in the third Colloquy, which has a strange warrior called 'Dubhthaidh of the speckled cloak' spending a year in the Fianna... The plot had a potential for surprise and humour, and so it could be combined with the theme of an otherworld visitor coming in disguise to the Fianna.

Tá an laoi seo mar chuid den *Agallamh* 'Déanach' a cumadh tamall éigin roimh 1500, más fíor (AS I, xxxi).¹⁴ Insítear scéal ann faoi laoch rúndiamhrach ar a dtugtar Dubhthaidh an Bhrait Bhric a thugann cuairt ar an bhfian. Nuair a mhaíonn Fionn gurb é Oisín an rásaí is tapúla ar domhan, iarrann Dubhthaidh rás air leis an méid sin a bhréagnú:

At-beart Dubhthaid an bhruit bhric:

'Rom-luaigheabh ris co ro-thric:

¹³ Déanaim plé ar dháta ceaptha an scéil i gCaibidil 3.2.

¹⁴ Tá cur síos ar na leaganacha éagsúla d'*Agallamh na Seanórach* ar fáil in Ó Muraíle (1995, 103).

tuccsaidh brēithir mhór go mear;

nár dhaoibh muna ccomhailtear.’ (AS II, lch. 54)

Said Dubhthaidh of the speckled cloak: ‘I will promptly pledge myself against him:

you have boasted without hesitation; [it will be] shameful for you if it is not fulfilled’.

Is ag Dubhthaidh a bhíonn an lá ar deireadh, agus é chun tosaigh ar gach duine den fhian (agus ar a gcuid cúinna):

luidh Dubhthait ōn Fhéin uile

eidir choin 7 dheagh-dhuine (AS II, lch. 55).

Dubhthaidh overtook all of the Fian; both hounds and good men.

Is cinnte go bhfuil cosúlacht áirithe idir an chuid seo den laoi agus téama an rása in *BCL* agus, lena chois sin, tugann an brat breac atá á chaitheamh ag an laoch cóta lachtna ár scéilne chun cuimhne. Ní dóigh liom gur leor na cosúlachtaí sin, áfach, mar fhianaise gur shíolraigh *BCL* go díreach ón laoi áirithe seo, agus a choitianta agus atá téama an rása agus, mar a fheicfimid, móitíf an chóta lachtna, i litríocht na Gaeilge (agus san fhianaíocht go háirithe).¹⁵

¹⁵ Maidir le téama an rása san fhianaíocht féach, mar shampla, *FTC*, ina ndéantar cur síos ar rás idir ball de Thuatha Dé Danann agus an fhian (Joynt 1936, 52). Féach freisin *DF I* (Dán 33) agus *DF II* (Dán 36). Tá macalla idir an dara laoi daoibh seo agus *FTC* agus an fhéidearthacht ann go raibh tionchar ag an dá théacs seo ar a chéile (Nagy 2006/7, 16–7). Ní bhaineann téama an rása leis an bhfianaíocht amháin, ar ndóigh; féach mar shampla an scéal cáiliúil sin faoi rás idir Macha agus capaill Choncubhair (Stokes 1870, 45).

Tá cosúlacht shoiléir idir *BCL* agus laoi fianáíochta eile ar a dtugtar *Laoi fhear na haonchoise* (*DF* II, dán 36), a cumadh c. 1400 dar le Murphy (*DF* III, 85).¹⁶ Insítear an scéal faoi conas mar a fuair Caoilte a ainm sa laoi seo. Tagann carachtar mór gránna chuig an bhfian agus iarrann sé comórtas reatha orthu:

D’iarraidh coimreatha cubhaidh

tanac chugaibh ón Bheirbhe

adeirid is lúath sibhsi

a dhream is clisde ceirde.

To seek a fair race I have come to you from Bergen: they say that you are swift, O people skilled in crafts (*DF* II, 36.18).

Tá cosúlacht le sonrú anseo idir an chuma atá ar an bhfear seo agus bodach ár scéilne (53–63). Fear mór gránna atá ann (*óglach morard ar enchois*, ‘a hugely tall warrior with a single foot’ (*DF* II 36.7d)) agus cur síos gáirsiúil déanta air (*ní roicheadh dhó acht ar eigin / bord a edaigh tar a mhásaiph*, ‘Hardly did the edge of his garment reach over his buttocks’ (*DF* II, 36.10cd)). Díol suntais go háirithe an cur síos a dhéantar ar na héadaí atá á gcaitheamh aige, mar a dtagann móitíf an chóta lachtna chun cinn:

Léine do chíarsnaith chasda

ionar lachtna is rúadhbhrat

cochall mór ciordubh cíartha

do sheiche fhíadha ar a úachtar.

¹⁶ Tá uasdátú le déanamh ar mheastachán Murphy i gcás go leor de na laoithe fianáíochta. Féach, mar shampla, Carey (2003, 1–18).

He wore a shirt of twisted waxed thread, a gray [sic] tunic and a red mantle and a great jet-black waxed hooded cloak of deerskin on the upper portion of his body (DF II, 36.11).

Tagann móitíif an chóta nó an bhrait lachtna chun cinn arís sa chur síos a dhéantar ar bhás Chon Raoi in *FFÉ II*, a críochnaíodh c. 1634 (Cunningham 2000, 3), agus b'fhéidir go raibh údar *BCL* faoi anáil an téacs seo chomh maith, agus a fhorleithne agus a bhí sé á scaipeadh sna lámhscríbhinní sa seachtú haois déag. Díol suntais gurb ionann an brat lachtna anseo agus an bréagriocht, agus é cosúil le cóta lachtna ár dtéacsna ar an gcaoi sin chomh maith:

Is ann sin adubhairt Cúraoi do bhí i riocht fhir an bhruit lachtna dá bhfaghadh rogha seoide da raibhe san dún go ngéabhadh féin an dún dóibh. Geallais Cú Chulainn sin dó agus leis sin tugadar ucht ar an dún agus fear an bhruit lachtna 'n-a dtosach gur fastadh an roth geintlidhe do bhí ar siubhal ar dhoras an dúnaidh leis, gur léig cách isteach, gur hairgeadh an dún leo, agus go dtugsad Blánaid agus a raibhe do sheoidibh uaisle ann as.

Then Curaoi, who was disguised as a man with a grey cloak, said that if he got his choice of the valuables in the dun he would capture it for them.

Cuchulainn promised him this; and thereupon they attacked the dun with the man in the grey cloak at their head. He stopped the magic wheel that was in motion at the door of the fortress, and enabled all to enter; and they plundered the dun, and took from it Blanaid and all the precious valuables it contained (FFÉ II, 3452–68).

Bhí an Céiteannach ag tarraingt ar théacsanna luatha agus *FFÉ* idir lámha aige, ar ndóigh, agus tá an brat lachtna ar fáil i bhfoinse *Bás Chon Raoi*, mar atá *Aided Chon*

Roí, chomh maith. B'fhéidir gur sa téacs sin atá an sampla is luaithe de mhóitíf an bhrait lachtna:

Luid *didu* Cūrūi mac Dāiri leosom don forbais 7 nī naithgēntair [sic] .i. fer broit lachtna asbertadar fris. Cach cend doberthea asin dūn, “Cīa romarb in fer sin?” ar Conchobar. “Misi 7 fear in broit lachtna,” ar cach fear ar n-ūair.

*Cúroí son of Dáre went with them then to the siege, and they did not recognize him, that is, they called him the man in a grey mantle. Every head that was brought out of the fort, “who slew that man?” said Conchobar. “I and the man in the grey mantle,” each answered in turn (Best 1905, 20; 21).*¹⁷

Ós rud é, mar sin, go raibh idir mhóitíf an chóta lachtna agus théama an rása le fáil cheana sa traidisiún liteartha, tá seans ann go raibh údar *BCL* faoi anáil réimse foinsí éagsúla agus é ag tarraingt ar ábhar a bhí fréamhaithe go maith i samhlaíocht an lucht léinn, agus níor ghá go raibh sé faoi thionchar díreach aon téacs amháin. Ach an dá mhóitíf áirithe sin a chur ar leataobh, áfach, is mó a bhaineann téama bunúsach an scéil – cuairt gan choinne ó neach osnádúrtha – agus a stíl, le scéalta rómánsacha deireanacha eile, agus is dócha gur ar chuid de na scéalta seo a bhí údar *BCL* ag tarraingt go príomha.

Tá riar scéalta rómánsacha ann arbh fhéidir go raibh tionchar acu ar chumadh an scéil seo, nó atá chomh cosúil sin leis gurbh éigin go raibh eolas ag an scríbhneoir orthu nó ar an traidisiún comónta scéalaíochta as ar fáisceadh iad. Baineann na scéalta seo ar fad le neach osnádúrtha de shaghas éigin a thagann ar cuairt ó thír i gcéin (ón Tír Thairngire

¹⁷ Is cosúil go mbaineann an leagan seo den téacs leis an aonú haois déag nó leis an dara haois déag. Tá sé in eagar ag Best as *Leabhar Buidhe Leacáin* (1905, 19–20).

go minic) agus é i mbréagrioht, agus is iondúil go bhfaigheann an carachtar seo an ceann is fearr ar an drong dhaonna ar chaoi amháin nó ar chaoi eile. Tá scéalta den chineál seo le fáil chomh fada siar le tréimhse na Meán-Ghaeilge, ach is cosúil gur tháinig borradh orthu le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche:

Tales of incongruously disguised beings with supernatural power,
sometimes as belonging to the TD [Tuatha Dé Danann], enjoyed renewed
popularity in the Early Modern period (Carey 2018, 48).

I measc na scéalta seo tá *Céilidhe Iosgaide Léithe (CIL)*, *Eachtra Chléirigh na gCroiceann*, *An Ceithearnach Caoilriabhach* (nó *Ceithearnach Uí Dhomhnaill*) (*CCR*) agus *Tóraidheacht* (nó *Eachtra*) *an Ghiolla Dheacair (GD)*.¹⁸ Scéalta iad seo ar fad atá an-choitianta i lámhscríbhinní an seachtú haois déag agus níorbh aon ábhar iontais é dá mbeadh cur amach éigin ag údar *BCL* orthu. Tá fianaise ann gur cumadh *CIL* agus *Eachtra Chléirigh na gCroiceann* sa chúigiú haois déag (in ainneoin gur sa seachtú haois déag a breacadh na cóipeanna is sine dá bhfuil ar marthain, go bhfios dom). Luaitear an dá scéal sin i gclár a cuireadh le lámhscríbhinn LB Eg. 1781 a breacadh c. 1484–7 (agus *Sgéal Iosgaide Léithe* agus *Sgéal Ballain Chonghail* mar theidil orthu faoi seach (Flower 1926, 544)), agus is sine iad ná *BCL* más fíor. Ní bhaineann siad leis an bhfianaíocht agus, murab ionann agus *BCL*, ní hionann an carachtar atá i mbréagrioht iontu agus Manannán mac Lir nó ball ar bith eile de Thuatha Dé Danann. In ainneoin an mhéid sin tá múnlaí an traidisiúin as ar fáisceadh *BCL* le sonrú go soiléir iontu. Tá an

¹⁸ Cloím le giorrúcháin Bruford ar ainmneacha na scéalta rómánsacha in *GFMR* (1969, 270–2) de ghrá na soiléireachta. Tá *CIL* in eagar ag Mhac an tSaoi (1946, 42–70) agus tá leagan de *CCR* agus de *GD* in eagar ag an nGrádach in *SG I* (1892, 276–89; 257–275). Níor cuireadh *Eachtra Chléirigh na gCroiceann* in eagar go fóill ach féach achoimre Flower ar an scéal (1926, 367).

greann chun tosaigh i ngach scéal díobh, agus leagtar béim ar leith iontu ar an athrú crutha. Thar ní ar bith eile, áfach, tá cosúlacht le haithint i rógaireacht agus i gcleasaíocht na bpríomhcharachtar, agus sa tslí ina nochtann siad laigí na ngnáthdaoine.

Scéal Artúraíochta é *CIL* faoi Iosgad Liath, nó iníon Dháire Dhuinnsgáithigh, a thugann cuairt ar chúirt Cing Artúr i gcruth fia. Imríonn sí cleas ar bhantracht na háite sa chaoi is go scartar gach bean díobh óna fear céile agus go bpóstar na fir arís ar mhná de chuid a comhluadar ban féin. Is í Iosgad Liath is cúis le heachtraí uile an scéil, agus is lena cuid cleasaíochta agus a cuid glicis a fhaigheann sí an ceann is fearr ar mhná na dúiche i ndiaidh dóibh iarracht a dhéanamh í a náiriú toisc iad a bheith go mór in éad léi mar gheall ar a háilleacht agus toisc í a bheith ag mealladh a bhfear. Cé gur mór idir an scéal seo agus *BCL* ó thaobh an chúlra, na gcarachtar agus na stíle de, tá cosúlachtaí téamacha eatarthu. Ar an leibhéal is bunúsaí, tá cumhacht ag príomhcharachtar an scéil, iníon Dháire Duinnsgáithigh, an cruth atá aici a athrú agus is i gcruth ainmhí a chuirtear inár láthair i dtosach í, agus dallamullóg á cur aici ar na carachtair dhaonna. Ina dhiaidh sin, léiríonn sí laigí na ndaoine daonna ag an mBord Cruinn. Tá bantracht chúirt Artúir in éad léi de bharr a háilleachta agus toisc gur mó an spéis atá ag a bhfir intise ná iontu féin: ‘As olc céilidhe Iosgaide Léithe ar an mBórd Chruinn do bhuain ar bhfear dhínne’ (Mhac an tSaoi 1946, 52), ‘Evil is the visit of Iosgad Liath to the Round Table to take our men away from us.’ Tá cumhacht draíochta de shaghas éigin ag an iníon, áfach, agus baineann sí díoltas amach ar na mná trí chleas a imirt le hiad a náiriú os comhair na bhfear:

‘A Ching Artúir,’ ar an inghean, ‘tabhair an bhantracht chugain[n] go bhfaicmīs deireadh gach deaghmhná dhí[o]bh.’ Agus tugadh do láthair iad, agus dob éigi[o]n dáibh éirghe athlamh urédrom do dhénimh [sic] a bhfiadhnaise na sluagh. Agus do thógbhadar a n-éduighe go hárd tar a n-

iosgaidibh, agus ní raibh bean dá huaisle nó dá honóraighe aca nach raibh tom liath a mbél iosgaide gacha mná dhíobh (Mhac an tSaoi: 1946, 53).

'King Arthur,' said the girl, 'bring the women to us so that we might see the rear of every single one of them.' And they were brought [there] immediately, and they had to stand up promptly and nimbly in the presence of the hosts. And they lifted their clothes high above the back hollows of their knees, and there was no woman, however noble or honourable, who did not have a grey tuft at the back hollows of each of her knees.

Tá rian na gáirsiúlachta san eachtra seo agus é cosúil le *BCL* ar an mbealach sin chomh maith.¹⁹

Is mar seo a dhéanann eagarthóir an téacs, Máire Mhac an tSaoi (1946, xii), cur síos ar Iosgad Liath: 'tá miosgais agus gliocas agus foidhinne dhiablaí san óg-mhnaoi is bun don ghnó ar fad'. Tá na tréithe céanna ag an mBodach in *BCL*; is le gliceas agus le draíocht a mheallann sé Caol an Iarainn, agus a nochtann sé na laigí atá aige dá réir. Tá greann na fantaisíochta agus an greann anchúinseach go mór chun tosaigh sa dá scéal seo chomh maith (féach 1.3 thíos).

An cineál céanna carachtair atá in *Eachtra Chléirigh na gCroiceann*, scéal eile a luaitear i gclár LB Eg. 1781 ach nach maireann sa lámhscríbhinn sin a thuilleadh. Leagan a breacadh sa bhliain 1679 in TCD 1399 (H 5.28) an chóip is luaithe den scéal dá bhfuil ar marthain, agus cóip neamhiomlán atá ansin. Scéal é seo ina dtagann Aonghus an Bhrogha ar cuairt chuig Ardrí na hÉireann agus é i riocht cléirigh ghránna. Ba nós leis an rí a bheith ag maíomh faoi dhílseacht agus faoi gheanmnaíocht a mhná

¹⁹ Déanfar tuilleadh forbartha ar an bpointe seo thíos.

ach sa scéal seo déantar ceap magaidh den rí nuair a athraíonn Aonghus ina ghabhar é, óir imíonn a bhean chéile ag suirí le fear eile. Tá cosúlacht áirithe idir an tslí a ndéanann an cléireach ceap magaidh den rí agus beag is fiú dá chuid maíte agus gaiscí agus an chaoi a ndéanann Bodach an Chóta Lachtna staicín áiféise de Chaol an Iarainn, in ainneoin a chuid gaiscí agus féinmhuiníne. Lena chois sin, tugann Bruford le fios go mb'fhéidir gurb ionann an cléireach agus Manannán mac Lir (Bruford 1969, 26).²⁰

In ainneoin na gcosúlachtaí atá idir *BCL* agus na scéalta thuas (*CIL* agus *Eachtra Chléirigh na gCroiceann*) ó thaobh téamaí de, is gaire go mór é do *CCR* agus *GD* ós rud é go mbaineann an dá scéal sin le hionradh ar Éirinn, agus ós rud é go luaitear an t-ionróir le Tuatha Dé Danann i leaganacha áirithe den dá théacs. Is minic, go deimhin, na trí scéal seo á lua le chéile.²¹ Mar fho-sheánra ar na scéalta fianáíochta a bhaineann le hionsaithe ar Éirinn a dhéanann Bruford (1969, 8) rangú ar an gcineál seo scéil:

A foreigner, alone or with an army, may invade Ireland and be defeated after a hard struggle...In other tales the intruder is armed with magic and powers, and may indeed be one of the Tuatha Dé Danann in disguise...where the weaknesses of the mortal characters are exposed by a stranger.

Tá Murphy (1955, 50) den tuairim gur shíolraigh *BCL* go díreach ó *CCR*:

The amusing *Eachtra Bhodaigh an Chóta Lachtna*...is probably modelled on *Eachtra an Cheithearnaigh Chaoilriabhaigh*, whose theme, the visit of a

²⁰ Ní thugann sé fianaise ar bith le tacú leis seo, áfach.

²¹ Féach, mar shampla, an plé a dhéanann Mercier ar na scéalta seo faoin bhfotheideal 'The Gods go a-begging' (1969, 23–27). Pléann MacQuarrie na trí scéal seo faoin teideal 'Otherworld God in Churlish Disguise' chomh maith (2004, 287).

deity in disguise, it shares with several other Irish stories which include

Eachtra an Ghiolla Deacair.²²

Is cinnte go bhfuil an dá scéal fréamhaithe sa traidisiún litríochta céanna agus tagaim leis an tuairim gur dócha go raibh údar *BCL* ag tarraingt, go pointe, ar *CCR*. Ba sa bhliain 1690 a breacadh an chóip is luaithe de *CCR* atá tagtha anuas chugainn, ach is dócha gur cumadh ag deireadh an cúigiú haois déag nó ag tús an séú haois déag i dtosach é.²³ Tá tréithe eapainm an scéil sin – an Ceithearnach Caoilriabhach – le haithint i mBodach an Chóta an Lachtna agus b’fhéidir, go deimhin, gurb ionann an dá charachtar. In *CCR* tagann rógair diamhair go hÉirinn i mbréagriocht agus déanann sé camchuart timpeall na tíre. Tugann sé cuairt ar phearsana stairiúla comhaimseartha agus caitheann sé a chuid ama ag bualadh bobanna orthu le glíceas, le draíocht agus le cleasaíocht. Tá an cur síos a dhéantar ar an gCeithearnach ríchosúil leis an gcaoi ina gcuirtear an Bodach os ár gcomhair inár scéalna. Cuirtear an Ceithearnach inár láthair agus ‘an tuisge ac plibarnaig ina bhrógaib’ (*SG* I, 276), ‘the puddle-water plashing in his brogues’ (*SG* II, 312), mar shampla, agus is íomhá í seo a thugann ár mBodachna chun cuimhne agus é ag scairdeadh ‘lán bairille don g[h]reallach 7 don uisge as gach bróig suas fo íochtar a chuirp 7 fana mhāsaibh *air féin*’ (62–3). Is iomaí cleas glic a imríonn an Ceithearnach ar mhóruaisle na tíre agus é ar camchuart timpeall na hÉireann agus, ar an gcaoi chéanna, baineann an Bodach úsáid as idir chumhacht osnádúrtha agus ghliceas leis an gceann is fearr a fháil ar Chaol an Iarainn sa rás ó

²² Tagann O’Rahilly leis an dearcadh seo chomh maith: ‘A tale which has many points of resemblance to An Ceithearnach Caoilriabhach is Bodach an Chóta Lachtna. The “Ceithearnach” may be ascribed with fair certainty to the mid-sixteenth century, while the “Bodach” is perhaps somewhat later in date; but in any case the earlier of the two must have influenced the other’ (1912–3, 206).

²³ Maidir le dáta ceaptha an scéil féach O’Grady (*SG* I, xii–xiii n. 2).

Shliabh Luachra go Binn Éadair. An sampla is mó a léiríonn an chosúlacht idir an dá scéal, áfach, ná an eachtra sin in *CCR* ina mbaineann an Ceithearnach ceann de ghiolla agus ina gcuireann sé ar ais ina áit féin arís é ach é droim ar ais:

línus ferg mór in clesaide cor tharraing a chloidem ocus tuc buille ina mhuinél do'n ghilla cor theilg a chenn dá cholainn. adubairt Tadhg O Cellaig nár maith leis gním chom míchubaisech sin cá dhénam ina fhiadnaise féin. má ghoillenn sé ortsa mar sin ar in clesaide is furus limsa a lesugud is do ruc ar in gcenn ocus tuc urchar de ar in gcolainn ocus d'éirig in gilla ina shesam ocus do leith a dhroma do bí a agaid. do b'ferr do beith gan anam iná beo mar sin ar Tadhg O Cellaig. arna chlos sin do'n chlesaide do ruc ar in ngilla ocus d'impair in cenn ar in gcaoi chóir air ocus d'fág slán é mar do bí roime. (SG I, 286)

Fury filled the man of sleight to a pitch so great that he drew his sword and, dealing the dogboy a stroke on the neck, knocked his head off his body; but Teige O'Kelly signifying that he was not too well pleased with a deed so unconscionable done in his very presence, the conjurer affirmed: "if it so grieve thee I can amend the evil, and readily." So saying he picked up the head and with it made a shot at the body; by operation of which the young man truly stood up, but his face was turned backsideways. To this O'Kelly said: "better for him he were out-and-out dead rather than living and in such plight." At this hearing the other collared the dogboy and twisted the head on him into its right place, so restoring him perfect as he was at first (SG II, 321–2).

Tá macalla na heachtra seo ag deireadh *BCL* nuair a bhaineann an Bodach an ceann de Chaol an Iarainn sula gcuireann sé ar ais ar a ghualainn droim ar ais é (284–92). Ní heol dom aon sampla eile dá leithéid d’eachtra i litríocht na Gaeilge agus, go deimhin, bheadh ionadh orm dá mba rud é nach raibh scríbhneoir *BCL* faoi anáil *CCR*.

Cosúlacht shuntasach eile idir an dá scéal seo ná go luaitear na carachtair osnádúrtha le Manannán mac Lir. Tugtar le fios gurb ionann an Bodach agus Manannán ag deireadh *BCL* i bhformhór mór na leaganacha lámhscríbhíne dá bhfuil ar caomhnú.²⁴ Maidir le *CCR*, is as cóip den scéal in LB Add. 18747 a chuir an Grádach in eagar é in *SG* agus cé nach nochtar dúinn san insint áirithe sin cé hé an Ceithearnach, tugtar le fios i leaganacha eile gurb é Manannán mac Lir atá ann (*SG* I, 288 n. 1).²⁵

Más ionann an Bodach in *BCL* agus ceithearnach *CCR*, is léir gur as an múnla céanna a fáisceadh príomhcharachtar an scéil rómánsaigh *GD* chomh maith. Baineann an scéal seo le traidisiún ar leith – traidisiún na tóraíochta – agus ní hionann é go baileach agus an dá scéal eile ó thaobh téama de. Mar sin féin, tá an Giolla Deacair thar a bheith

²⁴ Dar le Carey (2018, 48) ‘the copies of *Eachtra Bhodaigh* in which the supernatural stranger is so identified are also infrequent’ ach is é a mhalairt a léiríonn fianaise na lámhscríbhínní féin (féach an plé ar na leaganacha éagsúla den scéal i gCaibidil 2). Luaitear Manannán mac Lir sna finnítithe is luaite den scéal agus b’fhéidir, go deimhin, gur as leagan neamhchríochnaithe a shíolraíonn na leaganacha a fhágann an tagairt sin ar lár.

²⁵ Tá Ó hÓgáin (1990, 82–3) den tuairim nach bhfuil sna leaganacha ina luaitear Manannán ach aithris ar théacsanna eile agus gurb ionann an Ceithearnach agus timire nó spailpín de chineál éigin. Síleann sé gur geall le cuileata i gcártaí é: ‘The specific imagery of the kern would have been suggested to the author by card-playing, which was extremely popular in 16th-century Ireland. The knave in a suit of cards was represented as both a trickster and a soldier (i.e. kern), and was portrayed with striped trousers’. Níor mhór anailís iomlán a dhéanamh ar thraidisiún lámhscríbhíne an scéil le cíoradh ceart a dhéanamh ar an gceist seo.

cosúil leis an mBodach agus leis an gCeithearnach. Cuma ghránna atá air agus, ar nós an Bhodaigh, is ina fhathach mór millteach a chuirtear inár láthair i dtosach é:

ocus nír chian do in tan atchonnairc sin [sic] náird anair gach ndírech dá innsaigid in fomor ferrda fírghránda. ocus in dúil diablaide dodelba. ocus in mogh modarda mísciamach ocus is amhlaid ro bí ocus sciath dron dubh dathghránda doibir ar stuaidleirg a dhroma. ocus cloidem claislethan glainbhéimnech ar a chroisshliasaid chírdhuib chlí. ocus dhá shleig shénta shlinnlethan nár tógbad cian d’aimsir roime sin i naimsir throda ná thegmála rena ghualainn amach. brat briste bogshnáithech ar uachtar a eirrid ocus a éidid. ocus ba dhuibe iná gual gobhann arna bhádad i nuisce fhuar oigreta cach aighe de. (SG I, 259)

Nor had he been long so when out of the eastern airt directly he marked draw towards him a ruffian, virile indeed but right ugly, a creature devilish and misshapen, a grumpy-looking and ill-favoured loon, equipped as thus: a shield that on the convex was black and loathly coloured, gloomy, hung on his back’s expanse; upon his dingy grimy left thigh all distorted was a wide-grooved and clean-striking sword; stuck up at his shoulder he had two long javelins, broad in the head, which for a length of time before had not been raised in fight or mêlée; over his armature and harness was thrown a mantle of a limp texture, while every limb of him was blacker than smith’s coal quenched in cold ice-water (SG II, 294).

Créatúr mall agus leisciúil é, faoi mar a chuirtear an Bodach os ár gcomhair ag tús *BCL*:

‘ba shamail re tormán tuinne trénmóire cach buille bailebhrígmair buanláidir dá mbuailedh an fear mór do’n luigfhersaid iarainn ar in gcapall ac iarraid aistir ocus

imthechta do bhuain aiste’ (SG I, 259–60), ‘even as the thunder of some vast mighty surf was the resonance of each ponderously lusty vigorous whack what with an iron cudgel the big man laid well into the horse, in the endeavour [as we have said] thus to get some travel and progression out of him’ (SG II, 294). Tugtar le fios dúinn sa leagan a chuir O’Grady in eagar ó LB Add. 34,119 (SG I, 257–75) gurb ionann an Giolla Deacair agus Ábhartach, duine de Thuatha Dé Danann, ach é i mbréagríocht: ‘Abartách mac Allchaid tuc na cúic fir déc sin ó Fhionn co Tír Tairngire’ (SG I, 273), ‘it was Allchad’s son Abartach who from Finn had carried off those fifteen men’ (SG II, 308).

Is féidir, mar sin, *CCR*, *BCL* agus *GD*, trí scéal a breacadh i dtreo dheireadh na tréimhse clasaicí, is cosúil, a rangú mar chnuasach scéalta a bhaineann leis an aon traidisiún amháin. Is spéisiúil gur le taobh a chéile a chuir an Grádach na trí scéal seo in *SG* (scéalta 17, 18 agus 19 faoi seach), agus an-seans ann gur fhéach sé orthu mar aonad ar leith, cé nach luann sé nasc ar bith eatarthu sna nótaí téacsúla. In ainneoin go bhfuil cóipeanna de na scéalta seo uile tagtha anuas chugainn nach luaitear na carachtair osnádúrtha le baill de chuid Thuatha Dé Danann iontu, tá an fhéidearthacht ann gur glacadh leis go raibh an méid sin le tuiscint ag an lucht éisteachta ón gcomhthéacs (MacQuarrie 2004, 302).

In ainneoin na gcosúlachtaí seo idir *BCL* agus na scéalta thuasluaite, scéal ann féin atá ann agus tá sé éagsúil leis na téacsanna eile thuas sa chaoi is gur ar mhaithe leis an bhfian atá an Bodach, agus gur le cur in aghaidh an ionróra naimhdigh a thagann sé go hÉirinn. (Cé go bhfuil rógaireacht ag baint leis an mBodach, níl an t-anord atá le sonrú i ngníomhaíochtaí an Cheithearnaigh agus an Ghiolla Dheacair le sonrú ann). Tugann Murphy *Helper-Tale* ar an gcineál scéil seo (*DF* III, xiii) agus is é *BCL* an sampla is luaithe a thugann sé den chineál seo téacs. Dar leis go bhfuil seans ann gur ón mbéaloides a tháinig na scéalta eile a bhfuil an téama sin go tréan iontu, leithéidí

Giolla an Fhiugha (Hyde 1899). Níl an gaol bisiúil seo idir Tuatha Dé Danann agus an fhian nua ar fad, áfach; tá samplaí de chomhoibriú idir an dá dhream i leithéidí *Cath Fionntrágha* (CF) (c. AD 1460–70) agus *Tóraigheacht Taise Taoibhghile* (TTT) (Ní Mhuirgheasa 1954) a cumadh, is cosúil, uair éigin idir deireadh an cúigiú haois déag agus lár an seachtú haois déag.²⁶ Tugann Ó hÓgáin le fios nach ábhar iontais ról thraidisiúnta a bheith á gcur bun os cionn sna téacsanna próis fianáíochta:

So it is again clear that in the stories of Fionn – in common with all Gaelic tradition – the otherworld can be either friendly or hostile in a quite arbitrary pattern. When entertainment became the principal function of Fianna lore the logic of relations with the otherworld became totally confused, so that divine figures who were properly sympathisers with the Fianna could be cast in mischievous roles without any compunction on the part of the writers (Ó hÓgáin 1988, 201).

Má tá *BCL* ar na samplaí is luaithe den *Helper-Tale* (mar a dhéanann Murphy cur síos air) i gcorpas na scéalta rómánsacha, tá an cineál scéil seo le fáil níos faide siar sa litríocht. Sampla luath de chineál *Helper-Tale* é an téacs *Bó Bithblicht Meic Lonán*,²⁷ agus cosúlacht mhór idir an bathlach sa scéal sin agus ár mBodachna. Tagann an bathlach i gcabhair ar an bhfile Flann mac Lonán, a bhfuil bia de dhíth air féin agus ar a lucht leanúna. Cuireann sé bó ar fáil agus ullmhaíonn sé mar bhéile dóibh í. Iarrann sé bó orthu mar íocaíocht. Tar éis bliana filleann an carachtar seo chucu chun an íocaíocht a bhí dlite dó a fháil, ach iarrann sé bó *bithblicht*, nó bó a mbeadh bainne ar fáil de shíor uaithi orthu. Tá Flann mac Lonán i gcruachás ceart agus cumann sé dán ar an ábhar sin.

²⁶ Tá plé cuimsitheach ar dháta ceaptha an téacs seo ar fáil in Hoyne (2015, 42–3).

²⁷ Féach Clifford (2007, 9–39).

Is leor sin mar íocaíocht don bhatlach toisc go bhfuil, dar leis, an fhillíocht chomh luachmhar céanna leis an mbó *bithblicht*. Tugtar le fios ag deireadh an scéil gurb ionann an bathlach agus duine de Thuatha Dé Danann i mbréagríocht:

Is and-sin, dano, at-bert in bachlach: ‘Is í-sin’, ar sé, ‘in bó bithblicht ro chuinnges-sa ar is bithblicht in t-aircetal ocus is misi Oengus mac Bóinde, in mac óg’, ar sé, ‘tánic chucud ocus nídam bachlach’.

It was then, on the other hand, that the commoner said: ‘That is’, said he, ‘the cow always rich in milk that I have sought, for poetry is always rich in milk and I am Oengus, son of Bóinn, the young son’, said he, ‘who has come to you and I am not a churl’ (Clifford 2007, 26).

Ag filleadh dúinn, mar sin, ar cheist fhoinsí *BCL*, is é is dóichí ná go raibh an ceart ag Murphy agus go raibh an t-údar ag tarraingt go díreach ar *CCR* mar fhoinsé inspioráide. Ach má bhí tionchar mór ag na scéalta rómánsacha comhaimseartha ar *BCL*, tá macallaí de go leor sraithe den traidisiún liteartha dúchasach fite fuaite le chéile ann chomh maith agus sampla gléineach é an téacs seo den dúchasú a rinneadh ar na scéalta rómánsacha in Éirinn. Tagann téama an rása agus móitíf an chóta lachtna aníos sa litríocht anseo agus ansiúd ó thréimhse na Meán-Ghaeilge i leith agus tá gnéithe eile den scéal – an cur síos a dhéantar ar an mBodach mar fhathach míofar gránna, an mheiteamorfóis, agus baill de Thuatha Dé Danann ag teacht i gcabhair ar an bhfian, mar shampla – ar fáil go flúirseach i dtraidisiúin éagsúla liteartha na hÉireann ó thréimhse na Luath-Ghaeilge i leith. Gné dhúchasach eile de stíl *BCL* is ea an greann, agus é go mór chun tosaigh san insint.

1.3 An greann in *BCL*

Ag déanamh anailíse dó ar *BCL*, leagann Ó hÓgáin (1988, 261) béim ar ról lárnach an ghrinn sa téacs: ‘This text exemplifies a tendency away from respect for tradition in favour of the burlesque demands of humour.’ Dar leis gur tháinig méadú de réir a chéile ar an gclaonadh seo chun grinn san fhianaíocht sa chaoi is gurbh í an tsiamsaíocht an t-aon chuspóir a bhí ag údair na dtéacsanna sin faoi dheireadh an seachtú haois déag:

By the end of the seventeenth century literary men felt free to describe any type of adventure in the Fianna context, entertainment of the readers being the sole consideration (263).

Feictear dom go bhfuil an dá ráiteas seo róshimplí ar fad. Ar an gcéad dul síos, léiríodh go héifeachtach le déanaí go raibh feidhmeanna sóisialta agus polaitiúla ag téacsanna áirithe ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche (téacsanna fianaíochta ina measc),²⁸ agus, lena chois sin, ní dóigh liom gur gá gurb ionann béim ar an ngreann agus ‘a tendency away from respect for tradition.’ Go deimhin, feictear dom gurb é a mhalairt ar fad atá fíor agus an greann mar chuid lárnach, leanúnach de thraidisiún liteartha na hÉireann trí chéile. Ach, má tá dearcadh Uí Ógáin róshimplí agus róchúng ar an gcaoi sin, tá an ceart aige go bhfuil an greann go mór chun tosaigh i go leor de na téacsanna deireanacha fianaíochta, agus is dóigh liom gur féidir a áitiú gurb í an tsiamsaíocht príomhchuspóir *BCL*, agus a lárnaí agus atá an greann ann. Ní hionann seo agus a rá nach féidir go raibh feidhm éigin ag an ngreann sin, ná nach raibh sé á úsáid le luachanna sóisialta áirithe a

²⁸ Féach Breatnach (1996(b), 204): ‘Recent research on primary sources strongly suggests that Early Modern prose compositions should be viewed as catering primarily for the needs of Early Modern patrons and dealing with issues of contemporary concern.’ Tá samplaí den chineál sin taighde le fáil in Hoyne (2015, 1–47) agus in Breatnach (1996).

threisiú, ach is é is dóichí ná gur cumadh an scéal seo go príomha ar mhaithe le siamsaíocht a chur ar fáil do phátrún éigin.²⁹ Ar ndóigh, ní mór fiúntas an ghrinn a thomhas i gcomhthéacs an ama inar breacadh an scéal (cé nach furasta i gcónaí é sin a dhéanamh), ós rud é go mbíonn slata tomhais an ghrinn ag brath go hiomlán ar choincheapa sóisialta comhaimseartha agus ar thuairimí pearsanta (Scott 2011, 386). Ní hannamh drochtheisteanna á dtabhairt ar fhiúntas liteartha na scéalta rómánsacha ar an mbonn go bhfuil siad leadránach agus soineanta,³⁰ ach ní hionann i gcónaí an rud atá greannmhar sa lá atá inniu ann agus an rud a chuirfeadh lucht comhaimseartha ag gáire. Léiriú é líon mór na gcóipeanna den téacs seo a mhaireann i lámhscríbhinní an ochtú agus an naoú haois déag go raibh tóir nach beag ar an scéal, agus dar liom féin gur toradh é an t-éileamh seo ar an ngreann agus ar an spórt atá san insint. Déanfar cur síos thíos ar na cineálacha grinn atá le rianú in *BCL*.

In *The Irish Comic Tradition*, suirbhé leathan ar an ngreann i litríocht na hÉireann, leagann Vivian Mercier (1962) béim ar an leanúnachas a bhaineann le forbairt an ghrinn in Éirinn, ó ghreann simplí na draíochta agus an uafáis go greann níos sofaisticiúla, a shroicheann a bhuaic i saothair leithéidí Swift agus Joyce.³¹ Is féidir linn breathnú ar *BCL* mar chuid den traidisiún seo agus is dóigh liom gur maith a léiríonn sé an leanúnachas atá á chur os ár gcomhair ag Mercier. Greann simplí is mó atá sa scéal seo

²⁹ Déanfar tuilleadh plé ar cheist na pátrúnachta in 1.4 thíos.

³⁰ Tá achoimre ag Breatnach ar an gcineál dearcaidh seo i leith na scéalta rómánsacha (1996(b), 189–92).

³¹ Cé go bhfuil saothar Mercier beagáinín as dáta is ann atá an plé is cuimsithí agus is iomláine ar an ngreann i litríocht na Gaeilge go dtí seo. Maítear go ‘rianaítear greann na Gaeilge siar go ré na Sean-Ghaeilge agus anuas go dtí an lá atá inniu ann’ in *Greann na Gaeilge* (Ó Néill & Uí Chollatáin 2013, ix) ach díríonn formhór na n-aistí sa chnuasach sin ar fhoinsí a bhaineann leis an tréimhse iarchlasaiceach agus le tréimhse na Nua-Ghaeilge comhaimseartha.

a bhfuil a fhréamhacha le feiceáil i litríocht na Luath-Ghaeilge, ach dar liom féin go bhfuil rian den scigaithris ann chomh maith atá ábhairín níos sofaisticiúla, agus a léiríonn nach i bhfolús ná gan réamhtheachtaí a cumadh leithéidí *Cúirt an Mheán Oíche* (CMO) ag deireadh an ochtú haois déag.

Tá greann na fantaisíochta ar na cineálacha grinn is simplí (agus is sine dá réir sin, de réir théis Mercier) i litríocht na Gaeilge, agus baineann sé go smior leis an rud nach bhfuil réadúil: ‘it springs from the absurd, that which is laughable because it is untrue or, at the very least, exaggerated’ (Mercier 1962, 1). Tagann an méid seo leis an teoiric go bhfuil coincheap éigin greannmhar toisc nach bhfuil an lucht éisteachta ag súil leis, nó toisc go mbaineann sé le hábhar éigin a bhfuil aimhréire ag baint leis.³² Sa scéal seo, ar nós mórán scéalta eile, baintear leas as cumas Mhanannáin mhic Lir a chruth a athrú chun an greann a chur chun cinn, agus bíonn éifeacht choiméideach ag an dallamullóg a chuireann an Bodach ar an bhfian agus ar Chaol an Iarainn (agus, ar an gcaoi chéanna, ar an lucht éisteachta). Cleas grinn é seo atá comónta sna scéalta rómánsacha agus tá an úsáid a bhaintear as athrú crutha na ndéithe go háirithe le feiceáil in *BCL*, *CCR* agus *TDG*. Má bhí an nasc seo idir an t-athrú crutha agus an greann comónta sna scéalta rómánsacha, gléas grinn é atá le rianú chomh fada siar le litríocht na Luath-Ghaeilge.³³

³² Tagann an coincheap seo le teoiric ghrinn ar a dtugtar teoiric na haimhréire. Trí phríomhtheoiric ghrinn a aithnítear de ghnáth, mar atá teoiric na huaisleachta (*superiority theory*), teoiric an fhaoisimh (*relief theory*) agus teoiric na haimhréire (*incongruity theory*). Déantar cur síos ginearálta ar na teoiricí sin in Atkinson (1993, 10–20).

³³ Féach Mercier (1991, 23): ‘The power to change one’s own or another’s shape or to assume impenetrable disguises has always lent itself to comic exploitation’. Ar ndóigh, is deacair tomhais a dhéanamh ar an ngreann i dtéacsanna na Luath-Ghaeilge, ach ba dhoiligh liom a shamhlú nach raibh greann áirithe ag baint le leithéidí *The case of The Abbot of Drimnagh* (Ó Síocháin 2017). (Ní i gcónaí, ar ndóigh, a bhaineann an mheiteamorfóis leis an ngreann sa traidisiún liteartha. Tá iliomad sampla ann ina

Tá an fhantaisíocht soiléir chomh maith san áibhéil atá le brath ó thús deireadh an téacs; i gcumas an Bhodaigh rith ó Shliabh Luachra go Binn Éadair gan stró, mar shampla, agus sa chur síos méadaithe, áiféiseach agus dochreidte a dhéantar air.

Tá áibhéil as cuimse ag baint leis an gcur síos a dhéantar ar an mBodach nuair a chastar ar Fhionn den chéad uair é:

do-c[h]onnairc sē ag gabhāil tre c[h]eartlár an b[h]ōthair 'na aghaidh san
tslighe aitheach uathm[h]ar urghrána, 7 cōta lachtna síos go colpaidhe a
dhā chos ime, 7 leithead lánbhoise fir chalma do mhéis dóibe ar íochtar an
chōta-sin, 7 gach uair dá dtōgb[h]adh a chos do bhuaileadh an t-íochtar
dōibe-sin an chóta fa c[h]olpaidhe a dhá chos, ionnas go mbaineadh fuaim 7
fothram asda budh clos lánmhíle fearainn uadha, 7 budh samhail do chrann
seóil luinge mōire gach cos don dā chois do bhī ag iomchar an chuirp
aimhrialta-sin an fhir mhóir, 7 budh samhail do bhád bronnfhairsing gach
bróg don dá b[h]róig do bhí fa chrúbaibh crotacha comingneacha an aithigh
fhuathmhair urg[h]rāna-sin, 7 gach coiscéim dá siubhladh, 7 gach uair dá
dtōg[bh]adh a chos, do sgárd sē lān bairille don g[h]reallach 7 don uisge as
gach bróig suas fo íochtar a chuirp 7 fana mhāsaibh air féin (52–63).

Leagtar béim ar ollmhéad an Bhodaigh – is geall le seolta loinge a chosa, agus tá méid lánbhairille d'uisce agus de ghreallach sna bróga aige – agus anuas air sin tá sé salach agus tá smáil ar bhaill éagsúla dá chorp. Is minic a úsáidtear fathaigh san fhianaíocht ar mhaithe leis an ngreann a chur chun cinn; feicimid an bhéim chéanna á leagan ar mhéid

mbaineann an t-athrú crutha leis an gcruatan agus leis an tragóid. Féach, mar shampla, an eachtra sin faoi Chú Chulainn agus Derb Forgaill a insítear i leagan amháin de *Tochmarc Emire*. Tá achoimre ar an leagan seo den scéal ar fáil in Ó hUiginn (2013(b), 5–6)).

agus ar thoirt na gcarachtar arís in *CCR* agus in *GD* (Mercier 1962, 3). Tugann an cur síos méadaithe, corpartha thuas den Bhodach an íomhá cháiliúil den Daghdha sa luath-théacs *Cath Maige Tuired* chun cuimhne chomh maith:³⁴

Luid úaidib íerum co Trácht Aebae. Níruho herosai trá den láec[h] imdecht
lie méit a bronn. Ba drouchruid a congraim: cochlíne go bac a dí ullend.
Inor aodhar imbe go foph a tónai. Gabol gicca rothach feidm ochtair ina
diaid, go mba lór do clod coicríce a slicht ‘na degaidh. Gonad dei dogaror
Slicht Loirge an Dagdai. Is ed denucht lebar penntol. Dá bróicc imbe di
croicinn capoild 7 a find sechtoir.

*Then he went away from them to Tráigh Eabha. It was not easy for the
warrior to move along on account of the size of his belly. His appearance
was unsightly: he had a cape to the hollow of his elbows, and a grey-brown
tunic around him as far as the swelling of his rump. He trailed behind him a
wheeled fork which was the work of eight men to move, and its track was
enough for the boundary ditch of a province. It is called 'The Track of the
Dagda's Club' for that reason. His long penis was uncovered. He had on
two shoes of horse-hide with the hair outside* (Gray 1982, 47/48).

Má tá an greann le sonrú sa dá íomhá áiféiseacha thuas, ní mór go bhfuil uafás ag baint leo chomh maith, agus eilimintí den anchúinse nó den *grotesque* le sonrú iontu araon. Ní hannamh a bhíonn an áibhéil agus an anchúinse an-ghar dá chéile sa litríocht agus, go deimhin, is deacair uaireanta idirdhealú ceart a dhéanamh eatarthu (Williams 2013, 7). Is deacair a shamhlú nár ghléas a bhí san íomhá áiféiseach sin den Daghdha, agus sa tagairt dá bhod fada go háirithe, le huafás agus le fonn gáire a chur ar dhaoine, agus is

³⁴ Maidir le dáta an téacs seo féach Gray (1982, 11–12).

féidir an cur síos a dhéantar ar an mBodach in *BCL* a lonnú sa traidisiún ceannann céanna. Tá seans ann go raibh greann gáirsiúil ag baint leis an tagairt do mháis an Bhodaigh go háirithe ('do sgárd sé lán bairille don ghreallach 7 don uisge as gach bróig suas fo íochtar a chuirp 7 fana mhásaibh air féin', 62–3), agus greann adhfhuafar ag baint go minic le tagairtí do chodanna íochtaracha den chorp: 'Indeed, most of the references in literary texts to the lower part of the body – the genitals, the belly, the buttocks – are grotesque' (Edel 2006, 90).³⁵ Cineál grinn shimplí é seo atá le fáil go flúirseach i litríocht na Gaeilge agus a thagann le teoiricí grinn atá bunaithe ar an uaisleacht agus ar an bhfaoiseamh (Atkinson 1993, 10–20). Tá an t-uafás fite fuaite leis an ngreann arís ag deireadh an scéil nuair a chuirtear ceann Chaoil an Iarainn ar ais ar a ghuaillí droim ar ais (284–92). Ní hamháin go bhfuil draíocht i gceist anseo, ach tá áibhéil scanrúil, uafásach ag baint leis chomh maith, agus gné den ghreann *macabre* follasach sa dúshlán atá á thabhairt do thromchúis an bháis.

Má tá siamsaíocht an scéil seo ag brath den chuid is mó ar ghreann simplí na fantaisíochta agus na hanchúinseachta, agus ar an iontas agus an alltacht a eascraíonn as an ngreann sin, is dóigh liom freisin go mb'fhéidir go bhfuil rian den scigaithris nó den fhéinscigaithris ann chomh maith: scigaithris ar thraidisiún na féine agus ar mhúnla na scéalta rómánsacha agus laochais. Is gnáth go luaitear *Parliament Chloinne Thomáis* (*PCT*), a cumadh uair éigin i lár an seachtú haois déag,³⁶ agus, níos déanaí, *Stair Éamoinn Uí Chléirigh* (*SEC*) (c. 1710–14) ar na samplaí is iomláine den chineál

³⁵ Tá sampla eile dá leithéid i leagan B3 den scéal (féach Caibidil 2). Ag deireadh an scéil sa leagan seo nochtann an Bodach a thóin do shlua Bharún Inse Uí Chuinn. Féach Aguisín 1.

³⁶ Déantar plé cuimsitheach ar dháta an téacs in De Barra (1991–2, 108). Tá Williams den tuairim gur breacadh *PCT I* thart ar an mbliain 1615 (*PCT*, xvii–xxx).

scigaithrise seo ar an seánra rómánsach,³⁷ agus is minic a leagtar béim ar thionchar na litríochta iasachtaí ar an dá shaothar sin.³⁸ Ach aithnítear chomh maith go bhfuil gluaiseacht mhall chun scigaithrise ar an litríocht rómánsach le rianú laistigh de mhúnlaí traidisiúnta: ‘To some extent, this shift towards parody is paralleled in Irish literature as well’ (Mahon 2000, 6).³⁹ Is dóigh liom gur féidir linn breathnú ar *BCL* mar fhianaise ar an bhforbairt seo.⁴⁰

Tá an ghné seo den scigaithris le feiceáil, ar an gcéad dul síos, i gcarachtair an téacs. In ainneoin gur buíon de laochra cróga iad an fhian go traidisiúnta, is beag an misneach a léiríonn siad in aghaidh Chaoil an Iarainn san eachtra áirithe seo; níl duine ina measc a bhéarfadh bua air sa gheall a chuireann sé faoina mbráid. Bíodh is nach nglacann Fionn ach ról imeallach sa scéal is cinnte nach gcomhlíonann sé na tréithe laochais a luaitear go hiondúil le ceannaire na féine. In áit é a bheith cróga, calma agus cliste, bíonn sé fulangach agus lag, agus in áit a bheith feasach, bíonn sé éiginnte agus go mór in amhras faoi chumas an Bhodaigh. Is comhartha sóirt é seo a thagann chun cinn go

³⁷ Féach, mar shampla, Mahon (2000, 4–6); Ó Háinle (2004, 125–52) agus Williams (1977–8, 218).

³⁸ Leagann Mahon béim ar thionchar Rabelais ar *SEC*, mar shampla (2013, 125), agus ar thionchar litríocht na rógaireachta nó an litríocht *picaresque* ar an scéal céanna (2000, 6–7). Pléann Williams tionchar na hiasachta ar *PCT* agus ar fhás na haoire sa Ghaeilge iarchlasaiceach trí chéile (1980, 57).

³⁹ Cé go gcreideann Williams gurb é an tionchar iasachta ar *PCT* is tábhachtaí, tugann sé le tuiscint go mb’fhéidir go raibh údar an téacs faoi anáil na scigaithrise dúchasáí chomh maith: ‘It is apparent that as a composite work the Parliament has no one single identifiable source... The first element is the burlesque of the Irish prose romance, already known to us from some of the later Finn-tales and the story of the Brindled Kerne’ (1977–8, 228).

⁴⁰ Féach freisin go bhfuil Watson (1979, 22) den tuairim go raibh an greann agus múnla na scéalta laochais á bhforbairt taobh le taobh in *BCL*.

deireanach sa traidisiún: ‘Finn becomes, in late tradition, almost as much of a butt for humour as Conan’ (Mercier 1962, 32).

Go deimhin, rinneadh cur síos go minic cheana ar an bhforbairt a tháinig ar charachtar Chonáin mar uirlis ghrinn agus scigaithrise,⁴¹ agus is dóigh liom go bhfuil macalla den fhorbairt sin le feiceáil inár dtéacsna chomh maith. Ach Fionn féin a chur as an áireamh, is é Conán an t-aon bhall den fhian a ghlacann aon pháirt ghníomhach in *BCL* agus glacaim leis, ós rud é nach mbaineann a charachtar leis an bplota a bheag nó a mhór, gur ar mhaithe leis an ngreann a luaitear in aon chor é. Maíonn sé nach n-éireoidh le Caol an Iarainn an ceann is fearr a fháil ar fhian Éireann:

‘*Dar gan amhras,*’ ar Conán mallachtach mac Móirne, ‘is olc an toisg ima dtāngais, 7 go foirchean[n] do ree 7 do shaoghail nī chríochnóchar an turas-sin leat. Nī chualamar laoch 7 nī fhacamar a-riamh ag teacht le mōrghníomh ar bith go hÉirinn nach bhfuighthe fear dá c[h]lōdh ann’ (26–9).

Tá mór-is-fiú agus uabhar ag baint leis an méid atá le rá ag Conán anseo, agus é ag tarraingt trioblóide ar an bhfian. Caithfidh gur ar mhaithe leis an ngreann a cuireadh an ráiteas seo san áireamh, agus gach dóchúlacht ann go n-aithníodh an lucht éisteachta príomhthréithe a phearsantachta ó scéalta eile.

Ar an gcaoi chéanna, tá gné den scigaithris le brath sna tagairtí a dhéantar do Chaoilte mac Rónáin sa scéal, a bhaineann bun as an ról traidisiúnta a shamhlaítear leis:

⁴¹ Féach, mar shampla, Bruford (1969, 4; 6 n. 4). Féach freisin Mahon (2000, 6): ‘In the Fionn Cycle, for example, the character of Conán Maol was increasingly developed as a comic anti-hero in the seventeenth-century *bruidhean* tales and in the later ballads, especially in *Laoi Chab an Dosáin* and its derivative prose tale, *Siabhradh Mhic na Míchomhairle*’. Déantar plé ar ról Chonáin in *TTT* in Hoyne (2015, 14–20) chomh maith.

Caoilte, traditionally known as the greatest runner among the Fianna, has his skill denigrated, so that Bodach an Chóta Lachtna can run instead, thus providing the story with the humorous incongruousness which is its centre point (Ó hÓgáin 1988, 261).

Tá gach seans ann go n-aithníodh an lucht éisteachta tréithe na féine agus tréithe traidisiúnta na gcarachtar agus go mbídís ag gáire mar gheall orthu sin a bheith á n-iompú bun os cionn.

Is dóigh liom go bhfuil údar an scéil seo ag imirt le múnlaí traidisiúnta na scéalta rómánsacha chomh maith. Is iondúil go mbíonn mac rí ina laoch sna scéalta sin agus fathach nó carachtar gránna éigin ina namhaid aige:

Conquests are normally the business of kings' sons, who are assumed to be capable of conquering an entire kingdom singlehanded if necessary...The enemies of a king's son are either other kings' sons and their followers, or giants and other supernatural creatures known to Irish tradition: members of the *Tuatha Dé Danann*... (Bruford 1969, 23).

Sa scéal seo, áfach, tá na gnáthróil seo á malartú: is é an fathach laoch an scéil agus is é an prionsa an namhaid. Más iondúil go mbíonn laochra na scéalta rómánsacha dathúil, cróga agus mear, tá an Bodach gránna, leisciúil agus spadánta. Frithlaoch, nó bréaglaoch, is ea é ar an gcaoi sin.

Tá rian beag eile den aoir agus den scigaithris i gceist sa tagairt sin do Bharún Inse Uí Chuinn sa téacs. I bpríomhleagan an scéil ní luaitear ach go dtéann an Bodach go dtí teach an bharúin agus ní bhíonn ról gníomhach ar bith ag an bpearsa féin in imeachtaí an scéil. Lonnaíonn an tagairt seo an scéal i suíomh réalaióch a mbeadh cur amach ag an lucht éisteachta air ach, anuas air sin, b'fhéidir gurbh ábhar grinn ann féin é go

ngoidfeadh an Bodach bord agus cathaoir agus bairille fíona ó theach duine mór le rá ar dócha go raibh go leor naimhde aige féin (féach thíos).

I leagan amháin den scéal (B3; féach Caibidil 2) déantar tuilleadh forbartha ar an eachtra seo. Cuirtear fad leis an eachtra uile agus, ar deireadh, fuadaíonn Bodach an Chóta Lachtna iníon agus bean chéile an bharúin, tar éis dó slad a dhéanamh ar líon a thí.⁴² Ag deireadh an scéil, tagann an barún ar ais le buíon fear ag lorg a mhná agus a iníne agus éiríonn leis an mBodach an ceann is fearr a fháil air arís. Déantar staicín áiféise d'onóir agus d'uaisleacht an bharúin ar an gcaoi sin. Tá seans ann gur fogha comhaimseartha a bhí anseo ar an mbarún féin agus níor dheacair a shamhlú go gcuirfeadh a leithéid d'fhonóid faoi údarás conspóideach dá leithéid an lucht éisteachta ag gáire. Bhí droch-cháil ar leith ar Mhurchadh Ó Briain (nó 'Murchadh na dTóiteán') a raibh an teideal 'Barún Inse Uí Chuinn' air idir 1624 agus 1674, agus is cinnte go mbeadh greann i gceist lena threascairt ag bodach gránna, agus le sárú a onóra go háirithe.⁴³ Ar ndóigh, ní thugtar go leor sonraí le talamh slán a dhéanamh de go dtéann an leagan seo siar go ré Mhurchaidh (ná aon duine eile de na barúin).

Má tá an scigaithris i gceist i bpríomhleagan *BCL*, is amhlaidh atá sé méadaithe go mór i leagan B3, agus múnla na scéalta traidisiúnta ridireachta nó rómánsacha á gcasadh bun os cionn ar fad ann. Is léir go raibh údar nó athchruthaitheoir an leagain seo ag imirt le téamaí traidisiúnta na laochscéalta agus á n-úsáid ar mhaithe leis an ngreann a chur chun cinn. Téama coitianta sna scéalta rómánsacha, mar shampla, é go sábhálann

⁴² Tá an leagan seo den eipeasóid in eagar agam in Aguisín I.

⁴³ Féach Murphy (2009). Cumadh roinnt mhaith dánta ar Mhurchadh Ó Briain. Sampla de dhán feanntach a cumadh faoi is ea *Murchadh Ó Briain ó Chinn Choradh* (Ó Floinn 1953, 19–20). Tá traidisiún béaloidis ann faoin bhfear céanna chomh maith (Ó hAnnracháin 2008, 68).

prionsa nó laoch bean óg álainn ó fhathach gránna, go gcosnaíonn sé a honóir agus go bpósann sé í.⁴⁴ Sa leagan seo den scéal, is léir go bhfuil an téama seo á chur as riocht ar mhaithe leis an ngreann: ‘sábhálan’ fathach gránna bean chéile óna fear céile agus iníon óna hathair faoi seach, agus is é an fear céanna, duine údarásach a bhfuil teideal aige, a léiríonn dímheas agus easpa cúirtéise i leith na mban, agus é den tuairim ag deireadh an scéil nach bhfuil iontu ach striapacha (féach Aguisín 1). Imríonn an scríobhaí le téama na geasa chomh maith. Is gnáth sa traidisiún liteartha go gcuirtear srian ar laochra i gcúrsaí collaí.⁴⁵ Ach a mhalairt ar fad is fíor anseo, agus é de gheasa ar an mBodach oíche a chaitheamh *gan* bean a bheith in aon leaba leis.⁴⁶ Glacaim leis gur

⁴⁴ ‘The winning of wives’ a thugann Murphy ar an téama seo (1955, 40).

⁴⁵ Is gnách go gcuirtear iachall ar laoch *gan* luí le bean i gcúinsí áirithe (féach Cross 1952, 85–7). Féach freisin O’Leary (1988, 103–4). Déantar athchúrsáil ar gheasa dá leithéid i scéalta rómánsacha na Nua-Ghaeilge Moiche. In *Oileamhain Chon Culainn* tugann Cú Chulainn le fios gur sárú geasa atá ann do laoch atá gortaithe luí le bean: ‘Nach bhfuil a fhios agadsa, a inghen, ar Cúchulainn, gurb coll ccesa do nech bhías a n-othar teacht a coimhdecht mná?’; ‘*Knowest thou not, O damsel, says Cúchulainn, that it is a breach of tabu for one who is sick to forgather with a woman?*’ (Stokes 1908, 131–2); agus bíonn cosc ar an laoch céanna breathnú ar mhná nochta, fiú, i scéalta atá chomh deireanach le *TGG* (14), saothar nua-chumtha a cumadh dara leath den seachtú haois déag (roimh 1679) (Ó hUiginn 2009, 407). (Is léir go raibh údar an scéil seo ag tarraingt ar an Luath-litríocht sa chás seo (*TBC* líne 804–15)). Tabhair faoi deara gur féidir le geasa cosc a chur ar ghníomhartha nó gníomhartha dearfacha a éileamh sa traidisiún liteartha (Charles-Edwards 1999, 58).

⁴⁶ Ní heol dom sampla ar bith dá leithéid seachas na samplaí sin a bhaineann le cúrsaí féile: in *Aided Cheltchair maic Uthechair* bíonn sé de gheasa ar fhear an tí *gan* luí le bean ar bith a fhanann sa bhrú aige mura bhfuil a fear céile in éineacht léi: ‘Ba geiss dó dano ben for dāmru dia thig cen feiss dó-som le, meni beth a fer ina fochair’; ‘*Now it was a geis for him that a woman should come in a company to his house without his sleeping with her, unless her husband were in her company*’ (Meyer 1906, 24).

fogha atá sa tagairt seo ar onóir an bharúin, ach caithfidh go raibh an greann i gceist chomh maith.

Tá an gháirsiúlacht agus an tíriúlacht go mór chun tosaigh sa leagan seo ar fad: sna tagairtí don chollaíocht, san fhoréigean, sa rince anchúinseach, agus san eachtra sin ina mbaineann an Bodach de a bhríste le broim a scaoileadh. Ar ndóigh, níl a leithéid gan réamhtheachtaí ar fad sa traidisiún rómánsach; tá an cineál céanna grinn le sonrú san eipeasóid sin in *CCR* ina imríonn an Ceithearnach cleas an tsnáithe (*the Indian rope trick*). Seoltar bean, giolla, cú agus giorria suas an snáithe ach nuair a tharraingíonn sé anuas arís iad feiceann sé go bhfuil an giorria ite ag an gcú agus an giolla idir cosa na mná agus é á sárú. (Sampla gléineach é seo den athrú a thagann ar céard is ábhar grinn ann i gcomhthéacsanna éagsúla chomh maith).

Tá an greann in *BCL* simplí go maith, más ea, agus é ag brath cuid mhór ar an bhfantaisíocht agus ar an anchúinseacht. Ach, má tá, tá claonadh i dtreo na buirlisce agus na scigaithrise le rianú ann chomh maith agus an Bodach ina fhrithlaoch cruthanta. Mura bhfuil *BCL* chomh forbartha ná chomh so-aitheanta mar scigaithris agus atá leithéidí *PCT* agus *SEC*, léiríonn sé forbairt i dtreo na scigaithrise laistigh de mhúnlaí traidisiúnta agus b'fhéidir, go deimhin, go raibh na scéalta rómánsacha deireanacha ina bhfoinsí ag *PCT* agus *SEC* chomh maith céanna le téacsanna scigaithrise na hEorpa. Is leis an ngáirsiúlacht agus leis an tíriúlacht a chuirtear an scigaithris os ár gcomhair in *BCL*, agus sílim go mb'fhéidir gur féidir linn breathnú air mar shampla de thraidisiún leanúnach fo-liteartha grinn as ar fhás saothair gháirsiúla ghreannmhara na tréimhse iarchlasaicí ar nós *CMO*. Díol spéise, go deimhin, nach bhfuil an leagan is tíriúla, is gáirsiúla agus is anchúinsí den scéal (leagan B3) ar marthain ach in aon lámhscríbhinn

amháin. B'fhéidir gur léiriú é seo de chineál éigin cinsireachta i measc na scríobhaithe, agus leisce traidisiúin áirithe a chur ar aghaidh.⁴⁷

1.4 Feidhm *BCL*

In ainneoin go bhfuil mé den tuairim gurb í an tsiamsaíocht príomhchuspóir an téacs áirithe seo, ní hionann sin agus a rá nach féidir go raibh luachanna sóisialta á gcur chun cinn nó á dtreisiú ann. Tuigtear go mbíonn feidhm shóisialta éigin ag an ngreann sa litríocht go minic, cé nach i gcónaí a bhíonn an fheidhm sin an-soiléir:

Although the specifics vary across time and culture humour has clearly always been a key tool in making material more accessible and memorable to an audience, as well as for underpinning and legitimising social hierarchies (Scott 2011, 405).

I gcás an scéil seo, is mó an tábhacht, dar liom, atá ag feidhm shiamsúil an ghrinn ach, in ainneoin sin, tá an tsiamsaíocht bunaithe ar thuiscintí agus ar luachanna áirithe, agus mar sin b'fhéidir gur fheidhmigh an téacs le daingniú a dhéanamh ar an ord sóisialta agus le trácht a dhéanamh ar luachanna na sochaí, más go comhfhiosach a rinne sé amhlaidh. Tá ceist chuspóir téacs ceangailte go dlúth le ceist na pátrúnachta, ar ndóigh, agus tá léirithe go héifeachtach i gcás théacsanna áirithe gur d'uaisle na tíre a breacadh cuid de na scéalta rómánsacha.⁴⁸ Dar le Breatnach (1991, 120) nach mór idirdhealú a dhéanamh idir na scéalta sin a bhaineann leis an tréimhse roimh an seachtú haois déag agus scéalta a bhaineann leis an tréimhse ina diaidh agus an cheist seo á plé. Is dóigh

⁴⁷ Pléann Caoimhín Breatnach sampla den chineál céanna cinsireachta, más sin atá i gceist, i dtaca le heipeasóid gháirsiúil a cuireadh leis an scéal *Ceasacht Inghine Guile* (Breatnach 2000, 139–40). Tá an scéal sin in eagar ag Breatnach in *Patronage, Politics and Prose* (Breatnach 1996(a), 44–63).

⁴⁸ Féach Breatnach (1996; 1999), Ó hUiginn (2000, 81–2) agus Hoyne (2015, 1–47; 2013, 91–116).

liom gur breacadh an scéal seo sa chéad leath den seachtú haois déag (féach Caibidil 3.2), agus más fíor sin, tá an fhéidearthacht ann gur cumadh do phatrún éigin é. Is beag eolas atá againn ar údair agus ar athchóiritheoirí na scéalta rómánsacha ach glactar leis go coitianta gur fhir liteartha gairmiúla a chum cuid daoibh, ar aon nós.⁴⁹ Is cinnte gur duine liteartha a chum an scéal seo a raibh cur amach áirithe aige ar an teanga chlasaiceach, agus b'fhéidir gur file a bhí ann, cé go mba dheacair dom a shamhlú gur file den ghrád is airde a bhí ann (féach Caibidil 3). Más amhlaidh a bhí, agus más do thiarna éigin a cumadh an scéal, is féidir linn glacadh leis go raibh luachanna sóisialta áirithe le tuiscint laistiar den ghreann. Leagtar béim ar leith ar amaideacht agus ar shotal Chaol an Iarainn agus ar dhliteanas an phionóis a cuireadh air i ngeall ar a iarrachtaí ord agus eagar na sochaí a chur bun os cionn. Léiríonn sé tréithe treascracha – an t-uabhar agus an mór is fiú – agus léiríonn sé dímheas amach agus amach ar chúrsaí onóra agus gealltanais.⁵⁰ Tréithe iad seo a dhéanann díobháil do sheasmhacht na sochaí agus do chaomhnú an oird shóisialta, agus tá an fhéidearthacht ann go raibh na smaointe seo laistiar den scéal agus é á chumadh.

1.5 Stíl an phróis

Is i stíl fhoirmleach, ornáidithe a cumadh *BCL*, agus an próis ag cur thar maoil le haidiachtaí, le huaim agus le focail chomhchiallacha. Baineann an stíl seo leis na scéalta rómánsacha go coiteann agus tá cur síos déanta ag scoláirí go minic cheana ar na

⁴⁹ 'It is believed that at least some of these stories were composed by professional men of learning but nearly all of them have come down to us without any information about their authors' (Ó Cuív 1976, 537).

⁵⁰ Déantar plé ar chúrsaí onóra ag deireadh thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche in Kane (2018, 482–505).

príomhchomharthaí sóirt a bhaineann léi.⁵¹ Is amhlaidh a tháinig méadú ar an stíl seo de réir a chéile: ‘Over time these characteristics became more pronounced, to the extent that in the seventeenth century, when the form had evolved fully, it began to approach self-caricature’ (Flahive 2017, 49). Is sampla gléineach é *BCL*, a bhaineann le deireadh na tréimhse, den fhorbairt agus den mhéadú a tháinig ar an gcineál stíle seo agus, go deimhin, tá an fhéidearthacht ann go raibh cuid den fhéinscigaithris i gceist, ní hamháin ó thaobh ábhair de (féach 1.3 thuas), ach ó thaobh cúrsaí stíle de chomh maith. Ach má tá tréithe na scéalta rómánsacha go flúirseach in *BCL*, imíonn sé beagáinín ón múnla traidisiúnta ó thaobh na foirme de: tá an plota gairid agus bríomhar agus insítear éirim an scéil i sruth díreach, a sheachnaíonn tranglam eipeasóidí nach mbaineann go díreach le hábhar.

Tugtar liosta anseo de na gnéithe is mó suntas de stíl an phróis sa téacs:

(i) Péirí uamacha:

Péirí focal atá anseo a bhfuil cónaisc eatarthu agus a luaitear le chéile (agus in ord ar leith) go minic. Bíonn uaim eatarthu agus is minic siolla(í) sa bhreis sa dara focal.

Bíonn na focail ar aonbhrí le chéile, a bheag nó a mhór. Féach na samplaí seo a leanas: *iomad °slóigh 7 °sochaidhe* (7); *mo °thoisg 7 mo °thuras* (25); *ón °gcuibhreach 7 ón °gcruaidhcheangal* (308), srl.

(ii) Cairn aidiachtaí uamacha:

⁵¹ Is in *GFMR* (Bruford 1969, 1–55) atá an cur síos is cuimsithí go dtí seo ar thréithe na scéalta rómánsacha le fáil. Tá iniúchadh déanta ag eagarthóirí éagsúla ar ghnéithe ar leith den seánra anseo agus ansiúd. Féach, mar shampla, Breatnach (1996: 1–40), Nagy (1987, 9–26; 1998) agus Ní Mhaonaigh (1998).

Cuid de stíl na scéalta rómánsacha is ea liostaí fada d'aidiachtaí atá nach mór ar aonbhrí le chéile: °luchtmhar °lánadhbhal °leabharshéadach (3–4); °comhdhaingean °cruadhach (10–11) °líomhtha °lánmhaiseach (11) °uathmhar °urghránna (53). Is sna slabhraí seo d'aidiachtaí a fheicimid cuid mhaith de shaoirse na scríobhaithe agus is minic iad á n-athrú agus á méadú ó lámhscríbhinn go lámhscríbhinn. Féach, mar shampla, an t-athrú a thagann ar na hainmfhocail agus ar na haidiachtaí sa dá fhrása seo i bhfinné deireanach amháin (ARÉ 23 O 35):

ARÉ 23 M 23: *aitheach °uathmhar °urghránna (53)*

ARÉ 23 O 35: *an t-aireachtach °éigiallach °urghránna °adhuathbhar*

ARÉ 23 M 23: *fa chrúbaibh crotacha comingneacha an aithigh fhuathmhair
urghránna-sin*

ARÉ 23 O 35: *fá chrúbaibh crotacha crumordógacha cnaimhingneacha an
ollfhaithigh-sin*

(iii) Athrá

Tá an síorathrá mar chuid lárnach den stíl inar cumadh *BCL*, agus is minic na frásaí céanna in úsáid arís agus arís eile sa téacs. Tá stíl reitriciúil an scéil ag brath ar mhéid áirithe den athrá seo agus thacódh an méid sin leis an tuairim go léití na scéalta seo os ard, agus go mb'fhéidir go gcuirte de ghlanmheabhair iad chomh maith (Bruford 1969, 33). Féach na samplaí seo a leanas: *ar an inneall 7 ar an ordughadh-sin* (15, 106); *mar luas ainnle nó fearbóige* (173–4, 214, 234); *do ghluais...go deaghtapaidh / go lánéasgaidh / go réimdhíreach* (146, 162, 173, 201–2, 233–4, 263, srl.).

(iv) Comhrá beirte

Tá an comhrá beirte lárnach in insint an scéil seo; is ionann comhrá agus c. 40% den téacs iomlán. Is beag forbairt a dhéanann an chaint dhíreach ar na carachtair, áfach, agus an phríomhfheidhm atá ag an gcomhrá ná plota an scéil a ghluaiseacht chun cinn.

(v) Cultacha gaisce

Sleachta tuairisciúla iad seo ar a dtugtar ‘cultacha gaisce’ nó ‘rití’, a dhéanann cur síos fadálach, ornáideach ar eachtraí nó ar charachtair, agus a bhíodh ar eolas ag scéalaithe agus scríobhaithe, is cosúil, le cur le scéal ar bith nuair a thiteadh imeacht oiriúnach amach.⁵² In ainneoin go n-úsáidtí na cultacha gaisce céanna arís agus arís eile, is féidir linn breathnú orthu mar uirlisí nó mar ábhar bunúsach an scríbhneora agus é ag tógáil téacs le teachtaireacht a chur chun cinn. I measc na bhfrásaí coitianta seo atá ar fáil in *BCL* tá tús foirmleach an scéil (1–2); cur síos ar chathéide an laoi (10–15); cur síos ar chúrsaí taistil agus loinge (3–4; 104–5; srl.); cur síos fadálach ar fhathach nó ar chailleach (52–63).

(vi) Filíocht

Is minic rainn fhilíochta sna scéalta rómánsacha. Níl a leithéid ar fáil i bhfinnéithe neamhspleácha *BCL* ach cuireadh filíocht leis an téacs i leagan A2a (féach Caibidil 2). Cuirtear na dánta in eagar in Aguisín II.

(vii) Suíomh an scéil

Gné a bhaineann go sonrach le cuid de na scéalta rómánsacha ná an suíomh réadúil ina bhfuil siad suite:

⁵² An cur síos a dhéanann Bruford ar na frásaí seo ná ‘set passages of florid description which are introduced by story-tellers into any hero-tale or marchen where the appropriate action comes in’, agus cuireann sé liosta fada de na sleachta is coitianta ar fáil (Bruford 1969, 37–9).

The Romantic tales – like so many Gaelic folk-tales – are distinguished from the general run of fairy-tale by their readiness to give precise names to their characters and even to the countries they pass through (Bruford 1969, 21).

Tá an méid thuas fíor i gcás *BCL* agus ainmneacha tugtha d'áiteanna agus do charachtair ar leith in Éirinn agus thar sáile (féach Innéacs 1). (Baineann roinnt tagairtí tíreolaíochta den éifeacht réadúil seo, áfach; féach, mar shampla, go luaitear go bhfuil seasca míle idir Binn Éadair agus Sliabh Luachra (126–7)). Is éard atá spéisiúil i gcás *BCL* ná go luaitear carachtar stairiúil comhaimseartha ann nuair a dhéantar tagairt do theach Bharún Inse Uí Chuinn. Cé nach annamh carachtair stairiúla sna scéalta rómánsacha (tá sraith iomlán scéalta ann bunaithe ar Bhriain Boróimhe agus ar a mhac Murchadh, mar shampla),⁵³ ní heol dom aon sampla de scéal rómánsach ina bhfuil páirt ag pearsa stairiúil chomhaimseartha ann, cé is moite de *CCR*.⁵⁴

1.6 Leaganacha clóbhuailte de *BCL*: eagráin agus eagarthóirí

Tá dhá leagan clóbhuailte de *BCL* – leagan Gaeilge agus aistriúchán Béarla – greamaithe ar leathanaigh i lámhscríbhinn ón naoú haois déag.⁵⁵ Léiriú soiléir é seo ar a bhisiúla agus a bhí an traidisiún lámhscríbhinní in Éirinn chomh deireanach leis an naoú haois déag, ach léiríonn sé chomh maith leis sin go raibh seachadadh clóbhuailte *BCL*

⁵³ An *Dalcassian Cycle* a thugann Bruford ar shraith na ríthe (1969, 134–46) ach tá ceist ann mar gheall ar bhailíocht na sraithe sin (Carey 2018, 1–3).

⁵⁴ I measc na gcarachtar a luaitear in *CCR* tá Aodh Dubh Ó Dómhnaill († 1537); muintir Mhic Eochaidh (teaghlach léannta a bhí suas i gcúige Laighean sa séú haois déag), agus Tadhg Ó Ceallaigh († 1513).

⁵⁵ An lámhscríbhinn atá i gceist ná ARÉ 24 C 56 (1186) (féach Caibidil 2). Is ionann an leagan Gaeilge agus leagan Uí Dhálaigh in *Self Instruction in Irish* (1871). Blúire ón *Irish Penny Journal (IPJ)* atá san aistriúchán Béarla.

fite fuaite lena thraidisiúin lámhscríofa, agus tionchar ag an dá shraith sin dá thraidisiún seachadta ar a chéile. Léiriú é freisin nach raibh deighilt shoiléir i gcónaí idir réimse na Gaeilge agus an Bhéarla in Éirinn sa naoú haois déag.⁵⁶ Foilsíodh cúpla leagan clóbhuailte (idir aistriúcháin agus eagráin Ghaeilge) de *BCL* sa naoú haois déag agus san fhichiú haois. Bíodh agus nach dtagann na heagráin seo le caighdeáin acadúla an lae inniu, bhí ról tábhachtach acu i gcaomhnú an téacs, agus tionchar acu ar a sheachadadh sna lámhscríbhinní chomh maith. Déanfar plé anseo ar na heagráin is mó tábhacht díobh seo.⁵⁷

An naoú haois déag:

(i) Leagan an *Irish Penny Journal* (*IPJ*)

Cuireadh aistriúchán Béarla de *BCL* i gcló san *IPJ* sa bhliain 1840 faoin gceannteideal ‘Bodach an chota-lachtna, or the clown with the grey coat, a Fenian tale’ (*IPJ* 17 1840, 130–3). Ba é seo an chéad leagan clóbhuailte den téacs a foilsíodh. Baineann an t-aistriúchán le sraith a foilsíodh faoin teideal ‘Ancient Irish Literature’. Cuireadh cúig théacs i gcló mar chuid den tsraith seo idir mí Lúnasa 1840 agus mí Eanáir 1841.⁵⁸ Ba é *BCL* an tríú foilseachán a bhain leis an tsraith sin, agus in ainneoin an mhéid a tugadh le fios sa réamhrá (‘we propose to ourselves...to make our literature more familiar...by

⁵⁶ Tá plé ar an ngné seo de thraidisiún na lámhscríbhinní in Breatnach (1961).

⁵⁷ Ní dhírím sa phlé seo ach ar eagráin atá bunaithe ar fhoinsí lámhscríbhinne. Níl leaganacha athchóirithe den téacs ná leaganacha eile nach bhfuil bunaithe ar chóipeanna lámhscríofa curtha san áireamh agam. Is in ord cróineolaíocht a phléifear na heagráin.

⁵⁸ Seo a leanas na téacsanna eile a foilsíodh mar chuid den tsraith: ‘The Woman of Three Cows’ (*IPJ* 9: 29 Lúnasa 1840, 68–9); ‘An Elegy on the Tyronian and Tyrconnellian Princes, Buried at Rome’ (*IPJ* 16: 17 Deireadh Fómhair 1840, 123–5); ‘Lamentation of Mac Liag for Kincora’ (*IPJ* 28: Eanáir 1841, 220–21); ‘Kathaleen Ny Houlahan’ (*IPJ* 28: 16 Eanáir 1841, 228–29).

presenting them...accompanied with translations' (*IPJ* 9 1840, 68)), is aistriúchán Béarla amháin (gan an bunleagan Gaeilge) a cuireadh ar fáil.

Is é an file James Clarence Mangan (1803–49) a luaitear leis na haistriúcháin sa tsraith seo de ghnáth ach tá gach seans ann gurbh é an t-ársaitheoir agus an scoláire Eoghan Ó Comhraí (1794–1862) a d'aistrigh cuid díobh (Chuto 2015, 177). Tagann catalóga *ARÉ* agus Leabharlann na Breataine salach ar a chéile maidir leis an gceist seo. Sa chur síos a dhéantar ar *ARÉ* 24 C 56, mar shampla, luaitear 'an English version, perhaps by Mangan' leis an leagan den scéal sa *IPJ* atá greamaithe ar leathanaigh 450–64 den lámhscríbhinn (*Cat. ARÉ*, fasc. 25, 3203), ach é seo a leanas atá ag Standish Hayes O'Grady i gcatalóg na lámhscríbhinní i leabharlann na Breataine: 'a translation by Eugene O'Curry is in the Irish Penny Journal' (1926, 627). Is cosúil go mbíodh an bheirt ag comhoibriú lena chéile i gcás na n-aistriúchán in *The Ballad Poetry of Ireland* (Duffy 1845; féach freisin O'Donoghue 1897, 120–1) agus glacaim leis go mb'fhéidir gurbh amhlaidh a bhí i gcás aistriúcháin an *IPJ* agus an leagan seo de *BCL*.⁵⁹ Ní thugtar le fios cén fhoinsé ar a bhfuil an t-aistriúchán bunaithe agus mar gheall air sin is deacair a chruinneas a mheas. Is léir go mbaineann sé le traidisiún B, áfach (féach Caibidil 2), agus tá an t-aistriúchán dílis go leor d'éirim bhunúsach na bhfinnéithe lámhscríofa atá sa traidisiún sin. Is léir go raibh tionchar ag an aistriúchán seo ar Sheán Ó Dálaigh, a chuir leagan den scéal céanna in eagar é féin (1.6 (ii) thíos).

Is féidir linn breathnú ar an leagan seo de *BCL* i gcomhthéacs ghluaiseacht na n-ársaitheoirí a bhí suas le linn an naoú chéad déag, agus leagtar béim ar thábhacht chaomhnú na dtéacsanna ag tús na sraithe 'Ancient Irish Literature': 'they are well worthy of preservation, for the light which they reflect on the habits of thought, as well

⁵⁹ Is cosúil nach raibh mórán eolais ag Mangan ar an nGaeilge (Ryder 2009).

as the manners and customs of bygone times’ (*IPJ* 9 1840, 68). Leagtar béim freisin ar scaipeadh na scéalta go pobal léitheoireachta níos leithne: ‘to make our literature more familiar, not only to the Irish scholar, but to our readers generally who do not possess this species of knowledge’ (*IPJ* 9 1840, 68). Díol suntais nár cuireadh an leagan Gaeilge ar fáil in aon chor san *IPJ* agus tugann an méid sin le fios nárbh é cúram na teanga ba thábhachtaí d’eagarthóirí an leagain sin. Ní haon chúis iontais an méid sin agus an *IPJ* dírithe go príomha ar lucht meán-aicmeach na gcathracha a raibh an Béarla amháin ar a dtoil ag a bhformhór.⁶⁰

(ii) Leagan Uí Dhálaigh

Chuir Seán Ó Dálaigh (1800–78) leagan de *BCL* ar fáil sa tríú agus sa cheathrú heagrán dá leabhar d’fhoghlaimeoirí Gaeilge *Self-Instruction in Irish* a cuireadh i gcló sna blianta 1853 agus 1871 faoi seach.⁶¹ Ní thugann sé ach blúire den scéal sa tríú himleabhar agus tugann sé aistriúchán Béarla taobh leis an téacs Gaeilge (Ó Dálaigh 1853, 61–4). Tugann sé an scéal ina iomláine sa cheathrú himleabhar gan aistriúchán ar bith (Ó Dálaigh 1871, 41–54).

⁶⁰ Is lasmuigh d’Éirinn a díoladh beagnach dhá dtrian de chóipeanna na hirise seo (*IPJ* 52 1841, 216).

⁶¹ Cuireadh ceithre eagrán den leabhar sin i gcló. Sa bhliain 1846 a céadfhoilsíodh é agus cuireadh an dara heagrán i gcló sa bhliain 1848. Cuireadh go mór leis an tríú heagrán. Ní raibh aon chuid de *BCL* sa chéad dá eagrán.

Is ionann an leagan sa cheathrú himleabhar agus leagan den scéal a chuir Ó Dálaigh i gcló in *The Nation* faoin teideal ‘Eachdra agus Imtheachta Bhodaig an Chota Lachtna’ sa bhliain 1858.⁶²

Tá aistriúchán Uí Dhálaigh sa tríú himleabhar de *Self-Instruction in Irish* an-ghar go deo don leagan a foilsíodh san *IPJ* agus is léir go raibh sé ag tarraingt go tréan air sin.

Tugaim an chéad chuid den scéal as an dá fhoilseachán sin thíos. (Cloím leis an bponcaíocht atá in úsáid sa dá leagan clóbhuailte agus tá cló trom curtha agam ar athrú ar bith a rinne Ó Dálaigh).

IPJ

On a certain day a fair and a gathering were held at Bineadar, by the seven ordinary and seven extraordinary battalions of the Fenians of Erin. In the course of the day, on casting a look over the broad expanse of the sea, they beheld a large, smooth-sided, and proud-looking ship ploughing the waves from the east, and approaching them under full sail. When the capacious vessel touched the

Self-Instruction in Irish

On a certain day, a fair and a gathering were held at **Beinn Eadair (Howth)**, by the seven ordinary and seven extraordinary battalions of the **Fians of Erin**. In the course of the day, **in** casting a look over the broad expanse of the sea, they beheld a large, smooth-sided, and proud-looking ship ploughing the waves from the east, and approaching them **in** full sail, when the capacious vessel

⁶² Cuireadh an scéal i gcló i gceithre chuid: *The Nation* (16.11: 13 Samhain 1858, 171; 16.12: 20 Samhain 1858, 187; 16.13: 27 Samhain 1858, 203; 16.14: 4 Mí Na Nollag 1858, 219) (ar fáil ag: <https://archive.irishnewsarchive.com/Olive/APA/INA.Edu/Default.aspx#panel=home>).

shore and lowered her sails, the Fenians	touched the shore, and lowered her sails:
of Erin counted upon seeing a host of	the Fians of Erin counted upon seeing a
men disembark from her; and great was	host of men disembark from her; and
their surprise when one warrior, and no	great was their surprise when one
more, came out of the ship and landed on	warrior, and no more, came out of the
the beach.	ship and landed on the beach.

Ní dhéantar aon phlé ar an téacs san eagrán seo, agus ní luaitear foinse ar bith.

Leagan *Silva Gadelica* (SG)

Chuir Standish Hayes O’Grady (1832–1915) eagrán de *BCL* in eagar in SG I, bailiúchán de théacsanna ó lámhscríbhinní a d’fhoilsigh sé sa bhliain 1892 (SG I 1892, 289–96).⁶³

Chuir sé aistriúchán Béarla den téacs ar fáil sa dara himleabhar a foilsíodh sa bhliain chéanna (SG II, 324–31). Cé gur chuir sé nótaí ar fáil ar chuid de na téacsanna sa dara himleabhar sin, níor cuireadh a leithéid ar fáil don scéal áirithe seo.

Is é eagrán Uí Ghrádaigh an t-eagrán is údarásaí dá bhfuil againn go dtí seo. Tá sé bunaithe go hiomlán ar fhinné lámhscríbhinne amháin, LB Eg. 154 (a bhaineann le grúpa A2). Ní luaitear aistriúchán an *IPJ* san eagrán seo agus níl aon chosúlacht air go raibh Ó Grádaigh ag tarraingt ar eiseamláir ar bith. Ní dhéanann sé aon phlé ar na finnéithe eile agus luann sé féin na himpleachtaí atá ag an modh oibre seo don eagrán: ‘This has no claim to be a critical edition: where an editor is denied the opportunity of comparing different versions, such a thing is impossible’ (SG I 1892, xxv). Ní thugann Ó Grádaigh mórán eolais dúinn faoina pholasáí eagarthóireachta ach oiread. Tugann sé

⁶³ Tá leagan den téacs i gcló ag Ó Canainn (1939, 109–15) agus is bunaithe ar leagan Uí Ghrádaigh atá sé.

le fios go gcloínn sé leis an méid atá sna lámhscríbhinní, ach an ortagrafaíocht a leasú nuair is gá: ‘I have in the direction of uniformity tampered somewhat with the orthography (*and that alone*) of my sources’ (SG I 1892, xxv).⁶⁴ Níl an ráiteas seo fíor ar fad. Féach cuid de na hathruithe a rinne Ó Grádaigh ar an gcéad chuid den scéal, agus cuid díobh nach mbaineann le cúrsaí litrithe amháin:

Eg. 154, 12

SG I, 289

La aonaigh 7 ardoirEchtais dá	Lá aonaig ocus árdoireachtais do
cumoradh le fionn mhac cubhaill mhac	comóradh le Fionn mac Cumail mhic
art mhic tréun Mhor ui bhuiscne le sEcht	Airt mic Thrénmóir úi Bhaoiscne le
catha na féine 7 le sEcht ccatha na gnáth	secht gcathaib ne féinne ocus le secht
fheine ag bin eidir mhic Edgaoithe suil	gcathaib na gnáithféinne ac beinn Edair
da thugadar <i>air</i> mhuir 7 <i>air</i> mhór fhairge	mhic Edgaoithe. súil dá dtugadar tar
go bhfacadur an loing luchtmur	muir ocus tar mórffhairrge co bfacadar
lanaibhseach fana lán reim seoil san	in long luchtmar lánáidbsech fána
bhfairge anaoir co landirEch da	láinréim seoil sin bfairrge anoir co
nionnsaigh innoll cogaidh 7 continne	láindírech dá nionnsaigid . innell cogaid
urr th aig	ocus cointinne uirre.

Is follasach ón gcomparáid thuas go raibh an Grádach dílis go leor don lámhscríbhinn ach go raibh níos mó ná normalú ortagrafaíochta ar bun aige (Is léir go bhfuil gnéithe áirithe den teanga á n-athrú aige (*dá cumoradh* > *do comóradh*; *le sEcht catha* > ‘le

⁶⁴ Is liomsa an cló iodálach.

secht gcathaib’; da nionnsaigh > ‘dá nionnsaigid’; srl.). Is amhlaidh go ndearna sé coigeartú ar chuid d’fhoirmeacha neamhchlasaiceacha na mbriathra chomh maith:

LB Eg 154 (lch. 12): acht **da deunfad** ní is reidh na sin libhse

> SG II (lch. 290): ‘acht chena **dogénad** ní as réide iná sin lib’⁶⁵

Is fiú beagán a lua faoi stíl aistriúcháin an Ghrádaigh chomh maith.⁶⁶ Tá a aistriúchán gar go leor don leagan Gaeilge agus déanann sé aithris ar stíl fhoclach an bhunleagain. Is minic frásaí á n-aistriú aige go litriúil (i.e. *súil dá dtugadar tar muir ocus tar mórfhairrge* > ‘they threw an eye over the sea and great main’), agus tá réim na teanga ard go maith. Déanann Ó Grádaigh galdú ar chuid d’ainmneacha na gcarachtar (*the Carle of the Drab Coat, Finn son of Cumall*) ach cloíonn sé le leaganacha Gaeilge d’ainmneacha eile.

In ainneoin gur leagan scolártha é an leagan seo den téacs, go háirithe i gcomhthéacs an ama inar foilsíodh é, ba ar mhaithe leis an litriocht a scaipeadh agus a chur ar fáil do lucht léitheoireachta ní ba leithne a chuaigh an Grádach i mbun eagarthóireachta.

Tugann sé an méid sin le fios i réamhrá SG I:

The work is far from being exclusively or even primarily designed for the omniscient impeccable leviathans of science that headlong sound the linguistic ocean to its most horrid depths, and (in the intervals of ramming each other) ply their flukes on such audacious small fry as even on the mere surface will venture within their danger. Rather is it adapted to the use of

⁶⁵ Scríobh Meyer cúpla léirmheas feanntach ar SG (1893, 321–37; 1894, 108–22; 371–95) inar cháin sé polasaí eagarthóireachta an Ghrádaigh agus an chaoi, dar leis, nach raibh sé dílis do na lámhscríbhinní go háirithe.

⁶⁶ Mhol Eleanor Knott stíl Uí Ghrádaigh mar aistritheoir go mór i mbrollach TD (Knott 1920).

those weaker brethren who, not blindly persisting in their hitherto blissful ignorance, may be disposed to learn if but a little of an out-of-the-way and curious branch of literature (*SG I* 1892, v-vi).

An fichiú haois:

(i) Eagrán Mhic Phiarais

Is é an t-eagrán a rinne Pádraig Mac Piarais (1879–1916) ar *BCL* sa bhliain 1906 an t-eagrán ba mhó a raibh tionchar aige ar scaipeadh an scéil taobh amuigh de chiorcail léannta (Mac Piarais 1906).⁶⁷ Níor cuireadh aistriúchán den téacs ar fáil ach tá gluais agus nótaí téacsúla mar chuid den eagrán. Is sa chló Gaelach a cuireadh an t-eagrán ar fáil. Chuir an Píarsach scéal rómánsach eile, *Bruidhean Chaorthainn* in eagar chomh maith sa bhliain 1908, agus is é an leagan amach céanna, go bunúsach, atá ar an eagrán sin (Mac Piarais 1908).

Tá eagrán an Phiarsaigh bunaithe go príomha ar ARÉ 23 M 19 (338) (leagan B, féach Caibidil 2), arbh í, dar leis ‘an insint is bríoghmhaire 7 is greannmhaire ar an sgéal’ (Mac Piarais 1906, ii–iii). Tharraing sé ar ARÉ 23 A 49 (369) chomh maith, áfach: ‘Bhaineas an sgéal so as dhá lámh-sgríbhinn i nAcadaimh Ríoghamhail na hÉireann, .i. 23 M 19 agus 23 A 49’ (Mac Piarais 1906, i). Ní thugann an Píarsach le fios cathain a bhíonn sé ag tarraingt ARÉ 23 A 49 seachas príomhlámhscríbhinn an eagraín (ARÉ 23 M 19). Bhí eolas ag an bPíarsach ar na heagraín eile de *BCL* a bhí i gcló cheana (luann sé eagrán Uí Ghrádaigh, Uí Dhálaigh agus aistriúchán an *IPJ* ina réamhrá), ach ní léir go raibh sé go mór faoina n-anáil.

⁶⁷ Cuireadh athchló ar an leabhar sa bhliain 1926 agus is ar an eagrán seo atá go leor de na leaganacha deireanacha bunaithe.

Is minic trácht á dhéanamh ar mhodhanna eagarthóireachta an Phiarsaigh agus go háirithe ar na hathruithe a rinne sé ar théacsanna.⁶⁸ Níl a leithéid d'athchóiriú i gceist i gcás an eagraín áirithe seo, atá dílis go leor do bhunéirim an scéil. Ní fhágtar aon rud suntasach ar lár agus ní dhéantar aon athrú mór ar an bplota. Ní hionann sin agus a rá go raibh an Piarasach dílis ar fad do na lámhscríbhinní a bhí os a chomhair amach. Is iomaí leasú litrithe agus gramadaí a dhéantar go ciúin (féach, arís, *catha* > *cathaibh*), agus ní thugann an Piarasach le fios nuair nach gcloíonn sé le leagan lámhscríbhinne. Féach anseo thíos an eagarthóireacht a rinne Mac Piarais ar an gcéad chuid den téacs. (Tá cló trom curtha agam air na háiteanna inar tharraing Mac Piarais ar ARÉ 23 A 49, seachas ARÉ 23 M 19).

ARÉ 23 A 49	ARÉ 23 M 19	Leagan Mhic Phiarais
láo aónaidh Et	lá aónaigh 7 oireachtais do	Lá aonaigh 7 árd-
árdoirEchtais do comoru	comóradh le seacht gcatha	oireachtais do comóradh le
(?) ré fionn mhac ábhail	na feine 7 le seacht gcatha	fionn mac cumhaill mhic
(no umhil) mhic trein	na gnaithfheinne ag binn	airt mhic Thréanmhóir
mhóir mhic baosgne re	eadair mhic eadghaoithe.	Uí bhaoisgne le seacht
sEcht ccatha na féine Et ré	Súil dá ttugeadur ar muir	gcathaibh na féinne 7 le
sEcht ccatha na gnath	7 air mórfharige go	seacht gcathaibh na gnáth-
féine ag binn Eduit mhic	bhfhaceadur an lonng	fhéinne ag beinn éadair
Edaoith suildha ra	luchtmhur lánabhall	mhic éadghaoithe, súil dá
ttugadar air muir Et ar	leabhearshéadach fá lán	dtugadar ar mhuir 7 ar
morfhairge. Et	réim seóladh san	mhór fhairge go bhfacadar

⁶⁸ Féach, mar shampla, anailís ar an eagarthóireacht a rinne Mac Piarais ar an bhfianaíocht (Breatnach 2009, 195-207) agus plé ar eagarthóireacht an Phiarsaigh ar dhán de chuid Phádraig Uí Éigearthaigh (Aiken 2016).

rothanicadar long	bhfharige anoir go	an long luchtmhar lán-
lochtmhar leánaibhsEch fa	lándírEch air	ádhbhal lán-aidhbhseach
na lán réim séoil san	gcáothrúagadh a	fá lán-réim séoil san
bfairge níor go lán	ttimpceall seólchrann	bhfairge anoir, go lán-
dírEch da nionnsaidh a		díreach ar ghaoth-ruagadh
ionioll cogaidh Et		i dtimcheall a seól-chrainn.
cionntinne orthaidh		
orthaidh		

1.7 Tagairtí do *BCL* sa litríocht

Chonacthas thuas (1.2) go raibh móitíf an chóta lachtna seanbhunaithe i litríocht na Gaeilge nuair a cumadh *BCL* ach is amhlaidh gur chinntigh *BCL* go mairfeadh an mhóitíf sa tsamhlaíocht liteartha, agus scríbhneoirí áirithe ag tarraingt uirthi thall is abhus. Tá cúpla tagairt do *BCL* le fáil i litríocht na hÉireann (i nGaeilge agus i mBéarla) ón seachtú haois déag i leith, agus in ainneoin go bhfuil an fhéidearthacht ann gur eascair cuid de na tagairtí seo as leaganacha deireanacha béaloideas den scéal, is léiriú iad ar an gcaoi a ndeachaigh *BCL* i bhfeidhm ar chanóin liteartha na hÉireann. Tugaim roinnt tagairtí anseo:

(i) ‘Dursan éag Éamoinn Mhic Ghearailt’ (1666–7) ⁶⁹

Is é fhillfeas arís na ratha,

is é thógfás an cóta lachtna,

is é chríonfas ar chríon don chrannaigh,

⁶⁹ Ní féidir a bheith cinnte gur tagairt é seo do *BCL*. Féach Caibidil 3.2.

is é ruaigfeas uabhar is aithis.

'Tis he who will bring back with him success and blessing / 'Tis he who will restore again the kilts of saffron, / 'Tis he who will extirpate every tree that withered, / 'Tis he who arrogance and obloquy will banish (DDB I, 14.85).

(ii) *Eachtra Thomáis Mhic Chaiside* (c. 1749)⁷⁰

An tráth do chailleas an tslighe do bhí agam ar an arán do shaothrú, do chuireas cóta mór lachtna orm, agus mála na huirleise coisreagtha ar mo chorr-ghualainn (agus d'imthigheas) i mbéal mo chinneamhna romham go sléibhte ceo-fhearthannacha (Nic Pilibín, 27).

At Swim Two Birds (1939)⁷¹

Oh then, said Conán, the story of the Churl in the Puce Great-coat.

Evil story for telling, that, said Finn, and though itself I can make it, it is surely true that I will not recount it. It is a crooked and dishonourable story that tells how Finn spoke honey-words and peace-words to a stranger who came seeking the high-rule and the high-rent of this kingdom and saying that he would play the sorrow of death and small-life on the lot of us in one single day if his wish was not given. Surely I have never heard (nor have I seen) a man come with high-deed the like of that to Erin that there was not found for him a man of his own equality (O'Brien 1939, 18).

Mo bhealach fhéin (1940)

⁷⁰ Is ar Mac Cárthaigh (2009) atáim ag brath don dáta seo.

⁷¹ Is dócha gur scigaitheas ar *Silva Gadelica* atá sa tagairt seo go príomha, áfach; féach Ó Háinle (1987, 13–49) agus MacKillop (1986, 137).

An duine saoghalta nó deamhan tú, an ndeargfadh arm ort nó an maothóchadh brón thú? An tú Bodach an Chóta Lachtna nó Ceithearnach Caoilriabhach Uí Dhomhnaill a phill agus a fuair an fhéile ar shiubhal? Nó an tú fear gan aithne mar chasfaidhe maidín dhriúchta ar an fhéinn, nó fear a d'imthigh eadar cleith agus ursa de bhunadh Argain Mhic Ancair na Long? (Mac Grianna, 39–40).

Caibidil 2: Traidisiún lámhscríbhinne *BCL*

Cur síos ar thraidisiún lámhscríbhinne *BCL* agus iarracht ar sheachadadh an scéil a rianú is príomhchuspóir don chaibidil seo. Tugaim cuntas ar na lámhscríbhinní a bhfuil cóip (nó blúire) den scéal iontu agus déanaim ionramháil, chomh fada agus is féidir, ar ghaol na gcóipeanna sin lena chéile. Leagaim béim ar leith ar na cóipeanna is sine den scéal ós rud é go mbeadh sé dodhéanta, mar gheall ar líon mór na bhfoinsí, mionfhiosrú iomlán a dhéanamh ar gach uile cheann díobh i dtráchtas den scóip seo.⁷²

2.1 Foinsí lámhscríbhinne *BCL*

Tá an t-eagrán seo bunaithe go príomha ar chóip amháin de *BCL* atá ar caomhnú in ARÉ 23 M 23 (mír 340 i gcatalóg *ARÉ*). Is í seo an chóip is luaithe de sciar maith cóipeanna den scéal atá tagtha anuas chugainn. Luann Bruford (1969, 252–3) 46 cóip den scéal, agus tá naoi gcóip sa bhreis curtha agam lena liostasan, rud a fhágann go bhfuil ar a laghad 55 finné lámhscríbhinne den scéal ar marthain. Le cois na gcóipeanna sin tá dhá aistriúchán Béarla den scéal le fáil i lámhscríbhinní deireanacha, mar atá ARÉ 12 N 22 (1257) agus ARÉ 24 C 56 (1186), agus tá leagan Gaeilge den scéal a cuireadh i gcló greamaithe in ARÉ 24 C 56.

Baineann na finnéithe lámhscríofa ar fad leis an tréimhse iarchlasaiceach. Dhá chóip den scéal a breacadh sa chéad leath den ochtú haois déag (ARÉ 23 M 23 sa bhliain 1731 agus LNÉ G 82 in 1745). Baineann cúig chóip déag leis an dara leath den aois sin.


Tagann gach cóip eile anuas chugainn ón naoú haois déag; naoi gcóip is fiche a bhaineann leis an gcéad leath den chéad, agus cúig cinn a breacadh idir 1850 agus 1900.

⁷² Bhreathnaigh mé ar gach cóip den scéal a bhfuil eolas agam uirthi. Is ar leaganacha digiteacha a bhí mé ag brath i cás lámhscríbhinní Penn. 7 agus Penn. 9 (ar fáil ag: <https://digital.library.villanova.edu>) agus bhí mé i dtuilleamaí íomhánna digiteacha i gcás LNA 50.3.13 agus Cam. 22.

Tá cúpla cóip den scéal ar caomhnú i lámhscríbhinní nach fios cathain a scríobhadh iad ach trí chomparáid a dhéanamh leis na cóipeanna eile, glacaim leis go mbaineann siad ar fad leis an naoú haois déag chomh maith.⁷³

Is i gCúige Mumhan, in oirdheisceart Uladh, i gContae Lú agus i gContae na Mí a bhí lárionad thraidisiún na scríobhaithe ó c. 1650 anuas go tréimhse an Ghorta Mhóir (Breatnach 1961, 136) agus tagann dáileadh *BCL* leis an bpictiúr ginearálta seo go paiteanta. Ach na lámhscríbhinní nach eol dúinn cén áit ar breacadh iad a chur as an áireamh, baineann c. 75% díobh le Cúige Mumhan agus 5% le Cúige Uladh Theas. Bhí go leor scríbhneoirí bisiúla ag scríobh i mBaile Átha Cliath sa chéad chuid den ochtú haois déag (Ní Shéaghdha 1989, 43–6) agus tá an méid seo le feiceáil i ndáileadh *BCL* chomh maith. Tá ceithre chóip den scéal a breacadh san ardchathair tagtha anuas chugainn, an chóip is sine ina measc.

Figiúr 1: Seachadadh finnéithe lámhscríbhinne BCL



⁷³ Na lámhscríbhinní atá i gceist anseo ná ARÉ 24 C 56 (i), ARÉ 24 C 47, De hÍde 19 agus Ó Murchú 15.

Tugaim liosta iomlán de na lámhscríbhinní a bhfuil cóip de *BCL* ar caomhnú iontu thíos. Tugaim an t-eolas cuí san ord seo a leanas: uimhir thagartha na lámhscríbhinne (agus an uimhir chatalóige murab ionann don dá rud), uimhir na leathanach ar a bhfuil *BCL* breactha, ainm an scríobhaí, dáta breactha na lámhscríbhinne agus an áit inar breacadh í. Ina dhiaidh sin tugaim aon eolas eile a chuireann leis an tuiscint atá againn ar sheachadadh an scéil nó a bhfuil suntas ag baint leis ó thaobh ghaol na bhfoinsí lena chéile.⁷⁴ Liostaím na lámhscríbhinní de réir na leabharlann nó na n-ionad ina bhfuil siad ar caomhnú, agus de réir dhátaí a scríofa laistigh de na grúpaí sin.⁷⁵

1. ARÉ 23 M 23 (340), 105–15, Aodh Ó Maolmhuidh, 1718–31, Baile Átha Cliath:

Ba é Aodh Ó Maolmhuidh, arb as Crosna i gContae Ros Comáin ó dhúchas é, a scríobh an lámhscríbhinn seo (*Cat. ARÉ*, fasc. 8, 942). Glacaim leis gur i mBaile Átha Cliath a breacadh í. Tá a fhios againn go raibh Ó Maolmhuidh ag obair mar scríobhaí ansin agus luaitear a ainm sa dán iomráiteach sin a chum Tadhg Ó Neachtain (c. 1728) faoi na scríobhaithe a raibh aithne aige orthu san ardchathair lena linn féin (O’Rahilly 1913, 156–61). Bhí an lámhscríbhinn seo i seilbh

⁷⁴ Tugaim cuntas níos iomláine ar ARÉ 23 M 23 ós rud é go bhfuil an t-eagrán bunaithe go príomha ar an gcóip atá ar caomhnú sa lámhscríbhinn sin. Léamha dioplómaitiúla atá sna línte a thugaim ó na lámhscríbhinní féin.

⁷⁵ Tá caighdeánú déanta agam ar litriú ainmneacha na scríobhaithe, ag cloí le leaganacha Uí Chonchúir agus Uí Shúilleabháin in *Scríobhaithe Chorcaí* agus in ‘Scríobhaithe Phort Láirge 1700-1900’ faoi seach (Ó Conchúir 1982; Ó Súilleabháin 1992). Nuair atá éiginnteacht ann maidir leis an litriú tugaim léamh na lámhscríbhinne i gcló iodálach. Tá caighdeánú déanta agam ar na háitainmneacha chomh fada agus is féidir chomh maith, agus cloím le córas litrithe logainm.ie (ar fáil ag <https://www.logainm.ie/en/>) .

Éadbhaird Uí Raghallaigh tráth agus uimhir 150 atá aici sa chatalóg lámhscríofa a chur sé i dtoll a chéile sa bhliain 1825 dá bhailiúchán féin de lámhscríbhinní Gaeilge (ARÉ 23 H 1 (1287)). Is cosúil go raibh ARÉ 23 M 23 ag an scríobhaí Seán Mac an tSaoir ag am éigin óir tá a shíniú ar fáil ar leathanach 115. Tá go leor leathanach doléite agus iad caite go maith in áiteanna. Breacadh leagan críochnaithe de *BCL* ar leathanaigh 105–15 agus tá an chuid sin den lámhscríbhinn glan agus soiléir go leor, in ainneoin go bhfuil an dúch ábhairín caite. Ba sa bhliain 1731 a breacadh an scéal sa lámhscríbhinn agus tá síniú Uí Mhaolmhuaidh ag an deireadh: ‘*Ar na sgríobhadh la hadh ó Maolmhúaidh an cúgadh lá xxth do marta, mile sEcht ccEd 7 aon bliadhain déag ar fhithchit*’, ‘Written by Aodh Ó Maolmhuaidh on the 25th of March, 1731’.

2. ARÉ 23 A 32 (786), 245.a.–68, Peadar Ó Rughann, 1758:

Ní fios cén áit ar scríobhadh an lámhscríbhinn seo ach bhí sí i seilbh an scríobhaí, Peadar Ó Dálaigh, i gContae na hIarmhí sa bhliain 1816 (*Cat. ARÉ*, fasc. 19, 2482–3). Tá leathanaigh 251 agus 252 ceangailte san áit mhícheart agus cuireann siad ord an scéil as riocht. ‘Eachtra 7 Ardsgeul Chaoil ann Iara[i]nn mac righ na Tasalligh’ (‘The Adventure and noble tale of Caol an Iarainn, son of the King of Thessaly’) an teideal a chuirtear leis an scéal sa lámhscríbhinn seo.

3. ARÉ 23 A 49 (369), 105–15, Séamus Ó Teasaigh, 1766 / 1776:

Ní fios cén áit ar breacadh an lámhscríbhinn seo agus tá deireadh an scéil in easnamh inti.

4. ARÉ 24 B 22 (238), 163–80, Tomás Ruiséal, c. 1772:

Ní fios cén áit ar breacadh an lámhscríbhinn seo ach ba i seilbh Eoghain Chaomhánaigh i gContae Luimnigh a bhí sí faoin mbliain 1808 (*Cat. ARÉ*, fasc. 5, 597). Leagan athchóirithe den téacs atá ar caomhnú inti (féach Caibidil 2.2; 2.3).

5. ARÉ 23 O 35 (55), 127–34, Brian Ó Fearghail, 1772–8, Gaillimh:

Is cosúil gur breacadh an lámhscríbhinn seo i nDún Diarmada, ar an teorainn idir Gaillimh agus Ros Comáin. Tá nóta i lámh an scríobhaí ar imeall leathanaigh amháin a thugann le fios gur scríobhadh an lámhscríbhinn don ársaitheoir agus bailitheoir aitheanta Cathal Ó Conchubhair (*Cat. ARÉ*, fasc. 2, 131–2). An teideal a thugtar ar an scéal anseo ná ‘Eachdra et Immeachta Chaoil an Iaroinn mac do Riogh na Taessaile agus Bodach an Chota Lachtna eodhghon Siogaidh na Cruachan’, ‘The adventure and tidings of Caol an Iarainn, the son of the King of Thessaly, and of Bodach an Chóta Lachtna, i.e. the fairy of Cruacha’.

6. ARÉ F v 2 (35), 19–39, Henri Mac an tSaoir, 1778, Baile Átha Cliath:

Níl síniú ar bith ar an lámhscríbhinn seo ach tá Ní Shéaghdha den tuairim gur Henri Mac an tSaoir a bhreac (*RIA Cat.*, fasc. 1, 113) agus thiocfainn leis an meastachán sin. Tá an chóip seo sa traidisiún céanna leis na cóipeanna den scéal atá ar caomhnú in LNE G 82 agus in ARÉ 23 M 23. Is cosúil gurbh é scríobhaí na lámhscríbhinne seo an fear céanna a dhíol beart lámhscríbhinní a bhain i dtosach leis an scríobhaí Muiris Ó Gormáin le hÉadbhard Ó Raghallaigh (De Brún & Herbert 1986, xvi). Tá a fhios againn go raibh ARÉ 23 M 23 i seilbh Uí Raghallaigh agus tá an fhéidearthacht ann, mar sin, go raibh an dá lámhscríbhinn seo i seilbh Mhic an tSaoir ag pointe éigin. Thiocfadh seo leis an tuiscint gur cóip de ARÉ 23 M 23 í an lámhscríbhinn seo.

7. ARÉ 23 M 19 (338), 50–60, Uilliam Ó Coineagáin, 1789, Baile an Chollaidh, Co. Chorcaí

Leagan iomlán den téacs atá ar caomhnú sa lámhscríbhinn seo.

8. ARÉ 23 Q 18 (573), 295–303, 421, Éamonn Ó Shorrochadh, 1789–1818, Ros Comáin:

Tá an lámhscríbhinn seo caite go maith in áiteanna. Níl i gcuid de na leathanaigh ar a bhfuil *BCL* breactha (lgh. 295–8) ach blúirí agus tá duilleoga bána ann ar lorg leathanach. [296] agus 298 (*RIA Cat.*, fasc. 14, 1778). Breacadh tús an scéil arís ar leathanach 421 ach duilleog bhán atá ar a lorg.

9. ARÉ 23 D 40 (519), 157–179, Dónal Mac Cormaic, 1796:

Ní fios cén áit ar breacadh an lámhscríbhinn seo. Tá tús an scéil in easnamh inti.

10. ARÉ 23 A 29 (386), 215^m–42, Seán Ó Moithill, 1804–7, Chontae Chorcaí:

Ba as an nGleanntán, i b*Paróiste Bhaile Nódh na Sagart*, in oirthuaisceart Chontae Chorcaí, scríobhaí na lámhscríbhinn seo (*Cat. ARÉ*, fasc. 9, 1060). Luaitear an dáta 1805 ar leathanach 42.

11. ARÉ 23 G 10 (974), 193–7, 1807–23:

Leagan neamhchríochnaithe den scéal atá ar caomhnú sa lámhscríbhinn seo. Ba iad *Séamas Brúghan* agus *Pádraig Brúghan* a bhreac, ach ní fios cé acu a scríobh *BCL*. Bhí *Pádraig Brúghan* ag scríobh in *Cill Mhíchaeil* agus tugann sé le tuiscint gurb é Muiris Ó Gormáin a scríobh an bhunchóip a bhí aige (*Cat. ARÉ*, fasc. 22, 2799).

12. ARÉ 23 B 34 (338), 1[a]–14, Maoilseachlainn Ó Comhraí, 1814, Contae an Chláir [?]:

Dar le hEoghan Ó Comhraí, mac le scríobhaí na lámhscríbhinne seo, gur breacadh i nDún Átha i gContae an Chláir í (*Cat. ARÉ*, fasc. 9, 1066).

13. ARÉ 23 M 47(e) (973), 20–38, Uilliam Ó hAodha, 1816, Contae Chorcaí:

Scríobhadh an lámhscríbhinn seo i gCros na Beairice, paróiste Chill Bolláin, Contae Chorcaí do Thomás Ó Brosnachán (*Cat. ARÉ*, fasc. 22, 2791–2).

14. ARÉ 24 A 21 (577), 249–61, Tadhg Mac Cártha, 1821–22, Cathair Chorcaí

Leagan iomlán den téacs atá ar caomhnú sa lámhscríbhinn seo.

15. ARÉ 24 L 26 (776), 382–94, Tomás Ó Iceadha, 1827, Port Láirge:

Tá síniú an scríobhaí breactha ar leathanach 382 den lámhscríbhinn seo: ‘Tomás Ó Iceadha, baile ghrae, 1827’.

16. ARÉ 24 L 22 (771), 75–80, Mártain Ó Griobhtha, 1829–31, Contae an Chláir:

Ba as Mullach i gContae an Chláir an scríobhaí a bhreac an lámhscríbhinn seo.

17. ARÉ 24 A 13 (213), 141–54, Seosamh Ó Longáin, 1846–7, An Teampall Geal,

Contae Chorcaí:

Mac leis an scríobhaí iomráiteach Mícheál Óg Ó Longáin ab ea Seosamh Ó Longáin. Bhí sé ag obair mar mhúinteoir scoile sa Teampall Geal i gContae Chorcaí nuair a scríobh sé an lámhscríbhinn seo do John Windele (*Cat. ARÉ*, fasc. 5, 560–1).⁷⁶

⁷⁶ Tá cuntas le fáil ar shaol agus ar shaothar Sheosaimh Uí Longáin in Ó Conchúir (1982, 82). Féach freisin Ní Úrdail (2000, 119–33; 2002/3, 89–91).

18. ARÉ 24 P 49 (1412), 85–99, 1847:

Ní fios cé a scríobh an lámhscríbhinn seo ná cén áit ar scríobhadh í. Breacadh an dáta 1847 ar leathanach 85 (*Cat. ARÉ*, fasc. 28, 3639).

19. ARÉ 3 B 26 (641), 232–50 Pádraig de Lóndra, 1848–50, Contae Chiarraí:

Ba as Ceann Trá Pádraig de Lóndra.

20. ARÉ 23 L 40 (921), 59–77, John Lysaght, 1857, Ciarraí:

Leagan neamhiomlán den scéal í an chóip seo agus í doléite go maith. Tá drochbhail ar an lámhscríbhinn ina hiomláine.

21. ARÉ 24 C 56 (1186):

Lámhscríbhinn chumaisc í an lámhscríbhinn seo a bhfuil bailiúchán de dhuilleoga aonair agus lámhscríbhinní ceangailte le chéile inti. Baineann na codanna éagsúla leis an ochtú agus naoú haois déag. Tá trí leagan den scéal ar fáil sa lámhscríbhinn seo:

(i) lgh. 124–35:

Ní fios cé a scríobh an chuid seo den lámhscríbhinn ná cathain a breacadh í.

(ii) lgh. 426–64:

Cuireadh cóip den leagan clóbhuailte d’eagrán Uí Dhálaigh (féach Caibidil 1.6) leis an lámhscríbhinn seo. Breacadh nóta lámhscríofa i mBéarla ag an tús: ‘A translation of the following curious Tale, entitled, “The Adventures of a Clown with a Grey Coat” by the late Clarence Mangan, will be found in No. 17, of Gunn & Camerons Irish Penny Journal, Dublin, 1840-41, to which we refer the reader’. Tá seans ann gur Seán Ó Dálaigh féin a scríobh an nóta seo óir tá a shíniú ar fáil ar leathanach 417 (*Cat. ARÉ*, fasc. 24, 3203).

(iii) lgh. 450–64:

Tá leagan clóbhuailte Béarla greamaithe ar leathanaigh 450–64 den lámhscríbhinn seo. Leagan an *IPJ* atá ann agus is ionann é, go bunúsach, agus an leagan céanna a d’úsáid Ó Dálaigh in *Self Instruction in Irish* (féach Caibidil 1.6(i)). Glacaim leis gurb é Ó Dálaigh féin a chuir sa lámhscríbhinn seo é chomh maith (féach thuas).

22. ARÉ 24 C 47 (1177), 50–7, *Donachadh Murchaideadh Ó Scanail*:

Ní fios cén uair a scríobhadh an lámhscríbhinn seo ach meastar gur breacadh sa naoú haois déag í (*Cat. ARÉ*, fasc. 25, 3164). Ní fios cén áit lena mbaineann sí ach oiread. Tá an dúch caite go maith in áiteanna agus is deacair an téacs a léamh.

23. ARÉ 12 N 22 (1257), 11a–d, George Petrie:

Aistriúchán lámhscríofa Béarla den scéal atá anseo. Is ar dhuilleog aonair (seachas i lámhscríbhinn) a breacadh an t-aistriúchán agus is cosúil gur bhain sé le Petrie (†1866) (*Cat. ARÉ*, fasc. 27, 3468–9). Ní fios cén bhunfhoinse a bhí aige agus é i mbun aistrithe. Ní hionann é agus ceann ar bith de na haistriúcháin Bhéarla a cuireadh i gcló (féach Caibidil 1.6). Is mar seo a thosaíonn an t-aistriúchán ‘A fair and assemblage was held by the seven ordinary and seven extraordinary battalions of the Feni Eireann of Bin eadar on a certain day’ (lch. 11a). Níor críochnaíodh an t-aistriúchán agus tagann deireadh leis roimh dheireadh an scéil: ‘Then one of the heroes went forth, but he had not proceeded far when saw [sic] the Bodach coming to the outposts of the troops and knew him immediately, upon which he flew back to Finn to...’ (lch. 11d).

24. LNÉ G 82, 197–205, Seán Mac an tSaoir, 1745, Baile Átha Cliath:

Bhí an scríobhaí Seán Mac an tSaoir ina ardeaspag ar Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1770.⁷⁷ Is cosúil gurb iad ARÉ 23 M 23 agus BL Eg. 133 bunfhoinsí na lámhscríbhinne seo (Ní Shéaghdha 1976, 21). Is ionann an leagan de *BCL* atá anseo agus an leagan in ARÉ 23 M 23, agus tá a fhios againn go raibh an lámhscríbhinn sin i seilbh an ardeaspaig (féach ARÉ 23 M 23 thuas). Glacaim leis, ar an ábhar sin, gur cóip dhíreach den leagan sa lámhscríbhinn sin atá anseo.

25. LNE G 478, 25–35 [17–27], Conchúr Ó Riagáin, 1806–7, Bealach Eabhra, Contae Chorcaí:

Cóip neamhiomlán de *BCL* atá sa lámhscríbhinn seo agus tá tús an scéil in easnamh inti. Scríobhadh i mBealach Eabhra, paróiste i mbarúntacht Fhear Maí i gContae Chorcaí í (Ní Shéaghdha 1987, 84). Is sa bhliain 1806 a breacadh an scéal: ‘*Air na sgriobha liomsa Conchubhar O Riagain an ochtmadh la don mhiosa October san mbliadhain daos Tigearna ocht cceadeag [sic] ar se bliadhna*’ (lch. 27), ‘Written by myself, Conchubhar Ó Riain, on the 8th day of this month October in the year of our Lord 1806’.

26. LNE G 1135, 1–15, Mícheál Ó Raghallaigh, 1823, Contae an Chláir:

Tá síniú an scríobhaí ar fáil ag deireadh an scéil (lch. 15).

27. LNE G 653, 42–60, Dáibhí de Barra, 1831–3, Contae Chorcaí:

Scríobhadh an lámhscríbhinn seo i gCath na nDeachún ar Thráigh Rosa Móire, i mBun an Stó, Contae Chorcaí (Ní Shéaghdha 1900, 44). Luaitear dáta breactha an scéil: ‘*Airna sgriobh le Daibhidh do Barradh an tochtmhadh lá dho Abrán*

⁷⁷ Tá tuilleadh eolais ar a shaol le fáil in Fenning (2009) agus in Mac Giolla Phádraig (1976).

ansa *mbliadhain* 1831' (lch. 60), 'Written by Dáibhí de Barra on the 8th day of April in the year 1831'.

28. LNÉ G 122, 91–7, Pádraig Ó Dálaigh, c. 1849, Sasana:

Cóip neamhiomlán de *BCL* atá anseo. Ba as Gleannúir an Aonaigh, Contae Chorcaí Pádraig Ó Dálaigh ó dhúchas (Ní Shéaghdha 1977, 17) ach is i 'i Sagsana an Bhéarla' a scríobh sé an lámhscríbhinn seo (lch. 72). Ní luaitear dáta ar bith inti ach tá an fhéidearthacht ann gur breacadh í c. 1849 toisc gur bhreac Ó Dálaigh lámhscríbhinn eile, mar atá ARÉ 24 B 33, atá an-chosúil leis an gceann seo an bhliain sin (Ní Shéaghdha 1977, 17).

29. BL Add. 31877(ii), 156(b)–61, Dómhnall Ó Súilleabháin, 1755–62, Luimneach:

Scríobh Dómhnall Ó Súilleabháin an mhórchuid den lámhscríbhinn seo i Lios Coinéad idir na blianta 1755 agus 1762 (Flower 1926, 214). Tá síniú an scríobhaí ar fáil ag deireadh an scéil: 'Air na críochnúghadh le Dómhnall ua Súilliobhain a Liscinéatt aois an tiaghearna an tan sin 1762' (lch. 61), 'Finished by Dómhnall ó Súilleabháin in Liskennett in the age of the lord in 1762'.

30. BL Eg. 161, 147–57(b), Labhrás Mac Elernaidh, 1788, Ulaidh Theas:

Seo í an bhunchóip a bhí ag Ó Raghallaigh nuair a bhí Eg. 154 á scríobh aige (O'Grady 1926, 627). Tá síniú an scríobhaí ar fáil ag deireadh an scéil (lch. 57).

31. BL Add. 31877(i), 16–24, Timothy Dinaher, 1800, Luimneach:

Tras-scríbhinn í seo de chóip eile den scéal a breacadh ar leathanaigh 156–61 den lámhscríbhinn chéanna (Flower 1926, 214). Féach thíos.

32. BL Eg. 154, 12–16, Éadbhard Ó Raghallaigh, Baile Átha Cliath:

Ní fios cathain go díreach a breacadh an lámhscríbhinn seo ach is é Éadbhard Ó Raghallaigh (†1830) a bhreac í. Uimhir 109 ina chatalóg lámhscríofa í an lámhscríbhinn seo, agus deir sé sa chur síos a dhéanann sé uirthi gur scríobh sé í ‘when I did not understand what I was writing’ (ARÉ 23 H 1 (1287), lch. 174). Bhunaigh an Grádach a leagansan de *BCL* in *SG* ar an gcóip seo. Tras-scríbhinn í an chóip seo den leagan in BL Eg. 161.

33. CG 1, 57–62, Ríghraí Mac Raghnaill, 1778–82, Contae Chorcaí:

I mBaile Chaisleán an Róistigh, Contae Chorcaí, a breacadh an lámhscríbhinn seo. Bhí sí i seilbh Maurice Lenihan tráth. Cara mór leis an Luineachánach ab ea an Mgr. Ó Ríordáin, Uachtarán Choláiste na nGael sa Róimh agus is dócha gur eisean a thóg chun na Róimhe i dtosach í (Ó Fiannachta 1968, 53–4).

34. CG 2, 129^m–54^m, Seán Ó hÁinle, 1821, Luimneach:

I nGoirtín Bhriain i Luimneach a breacadh an lámhscríbhinn seo ach is dócha go raibh sí mar pháirtí ag CG 1 thuas le fada, agus gurb ionann an chaoi ar chríochnaigh sí sa Róimh (Ó Fiannachta 1968, 59).

35. CE 24, 124^m–32, Tomás Ó hIcdeadha, 1850, Port Láirge:

Breacadh *BCL* ar an bhfichiú lá de mhí na Bealtaine, 1850 (Ó Fiannachta 1978, 31).

36. De hÍde 22, 121–9 [107–115], Conchubhar Ó Máille, 1822, Contae an Chláir:

Tá síniú an scríobhaí ar fáil ag deireadh an scéil: ‘foircEnn ar na sgriobadh an 20ughadh la do máрта aois an tiaghneara 1822 C. O. M. (lch. 115), ‘The End. Written on the 20th of March in the year of the Lord 1822, C. O. M’.

37. De hÍde 12, 92–109, Uilliam Milleric, 1840, Contae Chorcaí:

Scríobhadh an lámhscríbhinn seo i mBaile Mhac Óda i gContae Chorcaí idir 1828 agus 1841 (De Búrca 1926–7, 147–8). Tá síniú an scríobhaí ar fáil ag deireadh *BCL*: ‘air na sgriobh re uilliam uilliam [sic] Milleric an 8. umha lá Nobhemoer [sic] san mbliaghuinn 1840’ (lch. 109), ‘written by Uilliam Milleric on the 8th of November in the year 1840’. Fágтар an t-alt deireanach ina dtugtar le fios gurb é Manannán mac Lir an Bodach ar lár sa chóip seo den scéal.

38. De hÍde 40, 1–8 [78–85], Seán Ó Mangáin, 1830:

Ní fios cén áit ar breacadh an chóip seo den scéal. Ní hionann an lámh a scríobh *BCL* agus an lámh a bhreac an chuid eile den lámhscríbhinn (De Búrca 1926–7, 936–7) agus tá uimhreacha 1–8 ar na leathanaigh. (Is cosúil, go deimhin, nár bhain na leathanaigh seo leis an lámhscríbhinn seo ó thús in aon chor).

39. De hÍde 67, 245–56 [295–306], George Bell, 1870, Contae Mhaigh Eo:

Is i gClár Chlainne Mhuiris a bhreac an scríobhaí an lámhscríbhinn seo (De Búrca 1926–7, 1545). Tá a shíniú ar fáil ag deireadh *BCL* (lch. 56 [306]).

40. De hÍde 19, 136–140:

Ní fios cé a scríobh an lámhscríbhinn seo, cathain a scríobhadh í ná cén áit ar scríobhadh í. Luaitear an dáta 1801 ar lch. 135 (De Búrca 1926–7, 585). Cóip neamhiomlán de *BCL* a breacadh inti. (Níl ann ach ceithre leathanach lámhscríbhinne. Tá naoi leathanach déag bhána ar lorg an bhlúire seo den scéal agus glacaim leis go raibh sé i gceist go mbreacfaí an chuid eile de ar na leathanaigh sin).

41. Torna 33, 146–151, Uilliam Ó Duinnín, 1847, Contae Chorcaí:

Scríobh Ó Duinnín an lámhscríbhinn seo i bparóiste Chnoc an Bhile ‘chun a úsáide féin agus a dhaoine muinteartha’ (Ó Conchúr 1982, 64).

42. Ó Murchú 15, 44–57, Séamas Goodman, 1848 [?]:

James Goodman (†1896) a bhreac an chuid den lámhscríbhinn ar a bhfuil *BCL* le fáil. Tugann sé dáta a scríofa ar lch. 57 ach is deacair é a léamh mar is cosúil go ndearnadh athrú ar an gcuid dheireanach le dúch níos deireanaí (Ó Conchúir 1991, 30).

43. Penn. 7, 21–34, Aodh Ó Crónaoin, 1830, Luimneach:

Is i gCnocan na Coratha i gContae Luimnigh a bhreac Aodh Ó Crónaoin an chuid seo den lámhscríbhinn (Mahon 2007, 50). Tá a shíniú ar fáil ag deireadh *BCL* (lch. 34).

44. Penn. 9, 11–21, Tomás Ua Griomtha, 1890, *Massachusetts* Mheiriceá:

Tras-scríbhinn den chóip in Penn. 7 í an chóip seo (Mahon 2007, 60). Tá síniú an scríobhaí ar fáil ag deireadh an scéil: ‘Crioich mar fhuarais [sic] rómham. Aois criost an tan san 1890. Tomas Ua Griomhtha’, ‘Finished as I found it. The year of Christ 1890’.

45. MN (C) 102(g), 5–13, Tomás Mac Colpaidh, 1776, Contae Luimnigh:

Bíodh is nach luaitear áit scríofa leis an lámhscríbhinn seo, tá cúpla lámhscríbhinn eile againn i lámh an scríobhaí chéanna agus is cosúil gurbh as an gClochar i gContae Luimnigh é (Féach Ó Madagáin 1974, 69). Cóip neamhiomlán de *BCL* atá ar caomhnú anseo (Ó Fiannachta, 1969, 62).

46. MN (C) 44, 49, Mícheál Ó Núnáin, roimh 1814, Contae Chorcaí:

Cóip neamhiomlán de *BCL* atá sa lámhscríbhinn seo; níl ach leathanach amháin i gceist. Tá seans ann gurb ionann an scríobhaí agus an Mícheál Ó Núnáin céanna a luaitear in *Scríobhaithe Chorcaí*. Más ea, baineann an lámhscríbhinn le Tuaisceart Chorcaí (Ó Conchúir 1982, 173).

47. MN (M) 18, 39–54, Éamonn Ó Mathúna, 1817, Cathair Chorcaí:

Scríobhadh an lámhscríbhinn seo ina codanna agus tá go leor lámh éagsúla le sonrú inti. Éamonn Ó Mathúna a bhreac *BCL*. Is i *gCois na Laoi*, gar do chathair Chorcaí a bhí cónaí airsean. Scríobh sé an lámhscríbhinn seo don Easpag Ó Murchú (Ó Fiannachta 1965, 49–50).

48. MN (R) 97, 185–96, Mícheál Ó Raghallaigh, 1827–46, Contae an Chláir:

Leagan iomlán den téacs atá ar caomhnú sa lámhscríbhinn seo.

49. CC 3, 39–59, c. 1776 (?):

Duine éigin darbh ainm B. O'Hare a scríobh leathanaigh 1–23 den lámhscríbhinn seo agus breacadh an dáta 27-10-1776 ar leathanach 18. Ní fios cé a scríobh an chuid eile den lámhscríbhinn, áfach (Ó Fiannachta 1978, 50).

50. TCD 1423 (H.6.21), 95–111, James Chambers, 1774–81:

Ní fios cén áit ar breacadh an lámhscríbhinn seo. Breacadh *BCL* sa bhliain 1775 (féach lch. 110).

51. TCD 1413 (H.6.9), 79–102, 1777–8:

Ní fios cé a bhreac an lámhscríbhinn seo ná cén áit ar breacadh í (Abbott 1900, 386).

52. ÓR 7, 222–38, Séamas Ó Murchadha, 1778, Corcaigh:⁷⁸

Tugtar le fios sa chatalóg gur leagan neamhchríochnaithe den scéal atá anseo ach ní hea (De Brún 1973, 18).

53. Feir. 25, 155–73, Séamus Ó Glíosáin, Co. Luimnigh:

Scríobhadh an lámhscríbhinn seo don Athair Dáibhí Ó Mathúna i gCros na Beairice i gCill Bhláin, Contae Chorcaí (Ní Ógáin c. 1924, 22–9). Is cosúil nach mbaineann *BCL* leis an gcuid eile den leabhar óir breacadh an scéal ar leathanaigh atá níos lú ná na leathanaigh eile. Séamus Ó Glíosáin a scríobh i Lom na nEach.

54. Luim. M, 1–17, Tadhg Mac Cártha, 1818, Cathair Chorcaí:

Tá tús an scéil ar iarraidh sa lámhscríbhinn seo a breacadh ‘chum úsaíde ChSeághainn Uí Thuama’ (De Brún 1967, 99), ‘for the use of Seán Ó Tuama’.

55. Cam. 22, 172–83, Seán Mac Mathúna, 1808, Contae an Chláir:

Breacadh an lámhscríbhinn seo in Inis dá Dhrom i bparóiste Chill an Dísirt i gContae an Chláir (De Brún & Herbert 1986, 49).

56. LNA 50.3.13, 107–17, Pádraig Ó Dálaigh, c. 1849 (?):

Ba é Pádraig Ó Dálaigh as Glannúir an Aonaigh, Contae Chorcaí, a scríobh an lámhscríbhinn seo (Mackechnie 1973, 102). Tá cóip iomlán de *BCL* ar leathanaigh 107–17. Is ionann an chóip seo agus an chóip den scéal atá ar caomhnú in LNÉ G 122. Ní fios cathain a breacadh an lámhscríbhinn áirithe seo

⁷⁸ Tá leagan digiteach den lámhscríbhinn seo ar *ISOS* (ar fáil ag:

<https://www.isos.dias.ie/irish/index2.html>).

ach tá a fhios againn gur bhreac an scríobhaí céanna lámhscríbhinn eile sa bhliain 1849. Ní fios ach an oiread cén áit ar scíobh sé í ach tá a fhios againn gur bhreac sé ar a laghad lámhscríbhinn amháin i Sasana (féach 28 thuas).

2.2 Rangú na lámhscríbhinní

Ní haon ionadh, agus breis agus leathchéad cóip de *BCL* tagtha anuas chugainn (agus os cionn céad caoga bliain idir an chóip is luaithe agus an chóip is óige), nach dtagann siad ar fad le chéile go baileach. Mar gheall ar fhairsinge thraidisiún lámhscríbhinne an scéil agus luaineacht an phróis i gcoitinne, ní féidir craobh ghinealach iomlán, uileghabhálach a chruthú le seachadadh an téacs a léiriú, ná mionanailís a dhéanamh ar gach uile cheann de na finnétithe. Tá cur síos paiteanta déanta ag Ó Cuív ar a achrannaí agus atá rangú den chineál seo ina eagránan de *Pharlaimint na mBan*:

While some attempt must be made to classify the manuscripts described above, it would be fruitless to hope to fit such a large number, ranging in date over a hundred and fifty years, into definite and independent categories. Such difficulties of classification are commonplace in connection with texts like the present, which, owing to their popularity, were frequently copied, and with which it was the rule rather than the exception for the scribe to take liberties. The difficulties were increased by the fact that probably as many copies have been lost as have survived, so that in many cases the links between extant copies are missing (*Párlaimint*, xviii).

Is féidir glacadh leis gur dócha gur breacadh go leor cóipeanna eile de *BCL* nach bhfuil tagtha anuas chugainn, idir chóipeanna nach bhfuil tagtha chun solais go fóill agus

chóipeanna a ndearnadh scrios orthu le himeacht aimsire.⁷⁹ Fágann an méid seo go bhfuil aon phlé a dhéantar ar sheachadadh an scéil bunaithe ar an bhfianaise theoranta atá tagtha slán agus go bhfuil sé easnamhach, doiléir dá réir sin. Chomh hachrannach céanna leis na bearnaí i slabhra seachadta an scéil tá na héagsúlachtaí idir na cóipeanna atá ar marthain. Botúin sheachadta is cúis le cuid de na héagsúlachtaí sin ach is léir freisin, mar a d'áitigh Ó Cuív, gur tharraing na scríobhaithe méid áirithe saoirse chucu féin agus iad i mbun cóipeála. Miondifríochtaí iad tromlach mór na n-athruithe a rinne siad – aidiacht amháin á roghnú acu in áit aidiacht eile (féach Caibidil 1.5(ii)), nó fad á chur acu le móitífeanna áirithe (féach Caibidil 1.5 (v)) – ach léiríonn leaganacha ar leith inar cuireadh sleachta próis agus filíochta leis an téacs leibhéal ard d'ionchur agus de shamhlaíocht na scríobhaithe, agus díol spéise ar leith iad dá réir sin. (Déanfar plé níos leithne ar ionchur na scríobhaithe i gCaibidil 4. Féach freisin Aguisín I agus II).

Má léiríonn cóipeanna áirithe den scéal an ghné seo den chruthaitheacht a bhain le próiseas seachadta an phróis sa tréimhse iarchlasaiceach, léiriú iad formhór na gcóipeanna ar an gcoimeádachas a bhain le seachadadh na scéalta rómánsacha, agus iad dílis den chuid is mó do bhunstruchtúr an téacs. Is díol spéise a laghad difríochtaí suntasacha atá idir na leaganacha éagsúla ó thaobh struchtúr an scéil de agus léiríonn an mhórchuid de na finnéithe leanúnachas agus aonfhoirmeacht. Níl againn, i ndáiríre, ach an t-aon mhórleagan amháin den scéal. Ní thagann aon athrú ar imeachtaí an scéil ná ar ord na n-imeachtaí sin sna cóipeanna éagsúla. Tagann an pictiúr seo leis an méid a deir Bruford nuair a luann sé 'the comparatively small divergences between MSS' agus cur síos á dhéanamh aige ar chomharthaí sóirt na scéalta rómánsacha (Bruford 1982, 2).

⁷⁹ Déanann Ó Corráin plé ar na cúinsí ba chúis, dar leis, le scrios lámhscríbhinní na hÉireann (2004, 7–27).

Sna traidisiúin éagsúla uile is ar an gcaoi seo, go bunúsach, a thiteann imeachtaí an scéil amach:

1. Teacht Chaol an Iarainn go Binn Éadair
2. Imeacht Fhinn ar lorg Chaoilte mhic Rónáin
3. Filleadh Fhinn agus an Bhodaigh ar Bhinn Éadair
4. Imeacht an Bhodaigh agus Chaol an Iarainn go Sliabh Luachra na Mumhan
5. Sliabh Luachra:


{	tógáil tí
{	seilg sa choill
{	cuairt ar theach Bharún Inse Cuinn
{	ullmhú agus ithe béile
6. An rás:

{	teilgean cnámh
{	ithe sméar
{	fillleadh an Bhodaigh thar ceann bheanna a chóta
{	fuáil mála do na sméara
7. Na fianna ag feitheamh i mBinn Éadair agus teacht an Bhodaigh
8. Ionsaí Chaoil an Iarainn agus gaiscíocht an Bhodaigh
9. Críoch an scéil

Bíodh is go gcloíonn na finnétithe ar fad leis an leagan amach thuas, go bunúsach, is féidir linn rangú áirithe a dhéanamh ar na lámhscríbhinní trí anailís a dhéanamh orthu faoi sholas cineálacha éagsúla fianaise. Sa réamhrá dá eagrán de *BCL*, luann Mac Piarais dhá leagan den téacs (Mac Piarais 1906, i-iii) (Figiúr 2). Bhí teacht aigesean ar chúig chóip lámhscríbhinne den scéal agus é i mbun eagarthóireachta, agus d'áitigh sé gur bhain péire díobh sin (ARÉ 23 M 19 agus ARÉ 23 Q 18) le traidisiún amháin den scéal, agus gur bhain na trí cinn eile (ARÉ 23 A 49, BL Eg. 161 agus BL Eg. 154) leis

an dara traidisiún.⁸⁰ Bhunaigh sé a eagrán féin ar fhinnéithe as an dá ghrúpa sin (ARÉ 23 M 19 agus ARÉ 24 A 49). Tá go leor cosúlachtaí idir na hinsintí seo agus is féidir linn glacadh leis gur as bunfhoinse choiteann a shíolraigh siad tráth.

Figiúr 2: An rangú a rinne Mac Piarais ar leaganacha BCL, bunaithe ar na lámhscríbhinní a raibh fáil aige féin orthu.




Tá i bhfad níos mó cóipeanna den scéal tagtha chun solais ó bhí Mac Piarais i mbun eagarthóireachta agus, ar ndóigh, tá traidisiún seachadta an scéil i bhfad níos achrannaí ná mar a thugann an léaráid thuas (Figiúr 2) le fios.

An tuiscint atá agam féin ar sheachadadh an téacs, i bhfianaise na bhfinnéithe atá ar marthain, ná go síolraíonn na cóipeanna ar fad as an mbunfhoinse chéanna, ach gur féidir na lámhscríbhinní a roinnt i dtrí phríomhghrúpa, mar atá A, B agus C, agus is dóigh liom go bhfuil bunfhoinsí na ngrúpaí seo ar iarraidh ([A], [B] agus [C] faoi seach). Seacht bpríomh-fhoghrúpa atá áirithe agam: A1, A2, B1, B2, B3, C1 agus C2,

⁸⁰ Ní dhearna Mac Piarais cur síos ar na traidisiúin ná ar na héagsúlachtaí idir na lámhscríbhinní.


agus na leaganacha seo ar fad ar marthain i bhfinnéithe neamhspleácha ón ochtú haois déag (Figióir 3). Baineann ‘Insint 1’ an Phiarsaigh le hinsint [B] agamsa, agus ‘Insint 2’ an Phiarsaigh le hinsint A2. Ní raibh teacht ag an bPiarsach ar lámhscríbhinn ar bith nach mbaineann le ceachtar den dá leagan sin.

Figióir 3: Finnéithe neamhspleácha



Trí chomparáid a dhéanamh idir na lámhscríbhinní ar fad, is féidir tuilleadh scagtha a dhéanamh ar na foghrúpaí sin. I gcás na lámhscríbhinní deireanacha, áfach, tá gach uile sheans ann go raibh níos mó ná eiseamláir amháin ag cuid díobh agus, lena chois sin, tá an fhéidearthacht ann go bhfuil eiseamláirí cuid eile díobh ar iarraidh ar fad anois. Is féidir a rá go cinnte, áfach, go bhfuil cosúlacht mhór idir grúpaí lámhscríbhinní deireanacha agus leaganacha B1, B2 agus C1, agus gurbh iad seo na leaganacha ba tháirgiúla ar fad den scéal.

Figióir 4: Foghrúpaí



Tá an rangú ginealach thuas bunaithe ar fhianaise sheachtrach na lámhscríbhinní agus ar fhianaise inmheánach na leaganacha féin den scéal. An modh oibre a bhí agam agus mé ag iarraidh seachadadh an scéil a ríomh ná díriú go príomha ar thrí chineál fianaise: (i) fianaise imthoisceach, (ii) leaganacha éagsúla de chríoch an scéil agus (iii) malartaithe ó thaobh foclóra agus stíle de.

(i) Fianaise imthoisceach:

Tá an príomheolas imthoisceach a chuireann leis an tuiscint atá againn ar sheachadadh *BCL* tugtha sa chur síos a rinneadh ar na lámhscríbhinní thuas. Ní leor an cineál eolais

seo le rangú ceart a dhéanamh orthu, ar ndóigh, ach tá sé úsáideach le tacú le fianaise níos substaintiúla. Féach na samplaí seo:

- Maidir le háit scríofa na lámhscríbhinní is féidir a rá, go ginearálta, go mbaineann grúpa A1 le Baile Átha Cliath, grúpa A2 le hUlaidh Theas (agus A2a le Cúige Chonnacht), agus grúpaí B agus C le Cúige Mumhan.
- Is féidir na leaganacha éagsúla a scaradh óna chéile de réir dháta a scríofa chomh maith. Baineann an chéad sraith nó ‘glúin’ sa chraobh (A1, A2, B1, rsl.) leis an ochtú haois déag, agus baineann na finnétithe a shíolraíonn uatha sin leis an naoú haois déag den chuid is mó.
- Tá naisc idir lámhscríbhinní áirithe ó thaobh scríobhaithe, patrún, agus úinéirí de chomh maith. Ní hionann seo agus a rá go gcaithfidh go bhfuil an leagan céanna den scéal ar caomhnú sna lámhscríbhinní gaolmhara ach is féidir na ceangail seo a úsáid go minic le tacú le fianaise níos údarásaí. Féach na samplaí seo a leanas:
(i) Scríobh Tomás Ó hIcdeadha péire de na lámhscríbhinní a bhfuil *BCL* ar marthain iontu, mar atá CE 24 agus ARÉ 24 L 26. Léiríonn comparáid idir na cóipeanna seo gurb ionann iad agus is dócha gur chóip de cheann amháin an ceann eile, nó go raibh an fhoinsé chéanna in úsáid ag an scríobhaí. Baineann an dá chóip seo le grúpa C1; (ii) Pádraig Ó Dálaigh a bhreac an dá chóip de *BCL* atá ar caomhnú i lámhscríbhinní LNÉ G 122 agus LNA 50.3.13 agus is ionann an insint sa dá chóip sin; (iii) Scríobh Uilliam Ó hAodha péire díobh chomh maith, Ferr. 25 agus ARÉ 23 M 47 (e), ach ní hionann an dá chóip seo agus baineann siad le dhá leagan éagsúla (B1 agus B2 faoi seach); (iv) Bhí baint ag an scoláire Éadbhard Ó Raghallaigh le cuid dár lámhscríbhinní. Scríobh sé BL Eg.

154 agus bhí ARÉ 23 M 23 ina sheilbh. Ní hionann an dá insint, áfach. Is cosúil gur cóip de lámhscríbhinn eile, BL Eg. 161, é BL Eg. 154. Cé nach luaitear BL Eg. 161 i gcatalóg Uí Raghallaigh in ARÉ 23 H 1(1287), glacaim leis go raibh fáil aige uirthi ag am éigin.

Léiríonn na samplaí sin thuas idir fhéidearthachtaí agus shriantaí an eolais imthoiscigh agus leaganacha á ríomh i gcraobh ginealaigh finnétithe. In ainneoin go gcuireann sé leis an tuiscint atá againn ar scéal sheachadta *BCL* is ar an bhfianaise inmheánach atáimid ag brath i ndáiríre leis na leaganacha éagsúla a scaradh óna chéile.

(ii) Leaganacha éagsúla de chríoch an scéil:

Cé go bhfuil bunstruchtúr an scéil nach mór mar an gcéanna sna cóipeanna éagsúla de *BCL*, tá éagsúlachtaí soiléire eatarthu in alt deiridh an scéil. Tá trí phríomhleagan de chríoch an scéil tagtha anuas chugainn: ceann amháin ina n-insíonn an Bodach d’Fhionn mac Cumhaill gurb é féin Manannán mac Lir (Críoch 1). Baineann an chríoch seo le leagan [A]. Sa dara leagan de chríoch an scéil (Críoch 2) aithníonn Fionn agus an fhian gurb é Manannán mac Lir atá i gceist (= leagan [B] agus [C]). Is féidir tuilleadh scagtha a dhéanamh ar an gcríoch seo (Críoch 2A, 2B, 2C agus 2D). Cé nach gcuireann na héagsúlachtaí seo isteach ar éirim an scéil agus nach bhfuil suntas mór ag baint leo ar an gcaoi sin, is mór an cúnamh iad agus na leaganacha éagsúla á rangú againn. Tá traidisiún deireanach ann ina bhfágtar an tagairt do Mhanannán mac Lir ar lár ar fad (Críoch 3), ach tá seans ann gur shíolraigh an leagan seo as leagan neamhchríochnaithe den scéal tráth. Déanann Tábla 1⁸¹ agus Figiúr 5 cur síos ar an ngné seo den fhianaise.

⁸¹ Tagann uimhreacha na línte le huimhreacha línte an eagráin. Tras-scríbhinn lámhscríbhinne atá i gceist. Ní léiríonn an tábla seo gach uile éagsúlacht idir na foinsí éagsúla ach tá an chuid is mó de na malartaithe

(iii) Is i gcúrsaí foclóra agus teanga is mó atá an chodarsnacht idir na leaganacha éagsúla den scéal le haithint. Is iomaí mionéagsúlacht litrithe agus gramadaí atá idir na cóipeanna éagsúla, ní nach ionadh, ach tá na miondifríochtaí iomadúla chomh fairsing agus forleathan sin gur deacair rangú ar bith a dhéanamh orthu. Ba mhinic a nósanna litrithe féin ag na scríobhaithe agus mar sin ní mór an chabhair iad na nithe seo ó thaobh na leaganacha éagsúla den scéal a scagadh.

Is úsáidí go mór na hathruithe ‘cruthaitheacha’ (malartaithe i bhfoclóir an scéil agus sa chur síos a dhéantar ar charachtair agus ar imeachtaí éagsúla) mar fhianaise ar rangú na gcóipeanna éagsúla. Cé gurb ionann bunstruchtúr an scéil sna hinsintí ar fad, is mór eatarthu ó thaobh cúrsaí foclóra de, agus tá an méid seo le feiceáil go háirithe sna cairn mhóra aidiachtaí atá ar fáil go flúirseach sa téacs agus sna cultacha gaisce atá comónta sna scéalta rómánsúla.⁸² Is iomaí miondifríocht atá sna hinsintí éagsúla. Tá cuid de na príomhéagsúlachtaí sin leagtha amach agam i dTábla 2.⁸³

tábhachtachta sa sliocht curtha in áirithe agam. Déantar plé ar dhifríochtaí suntasacha idir na traidisiúin sna nótaí ag deireadh an eagráin.

⁸² Féach Caibidil 1.5.

⁸³ Is ionann an cur chuige sa tábla seo agus an cur chuige i dTábla 1. Baineann an sliocht seo le línte 3–14 san eagrán. Ní léirím anseo ach na héagsúlachtaí is suntasaí.

Tábla 1: Críoch an scéil


315–19	Críoch1 ARÉ 23 M 23	Críoch 1B ARÉ 23 A 32	Críoch 2A BL Add. 13877(ii)	Críoch 2B ARÉ 24 B 22	Críoch 2C CG 1	Críoch 2D CC 3
315–16	Et fillis an b. tar ais <i>mur</i> a raibh fionn	7 thuinntios do chum fhionn <i>mhic</i> cubhail	<i>air</i> bfilleadh tar ais do bodach an chóta lachtna ón loing <i>gus</i> an áit a raibh an fhiann	-----	<i>air</i> filleadh tair ais do bhodach an chota lachtna ón loning [sic] <i>mor</i> a raibh na fiannaibh,	ar teacht tar nais don bh, [sic] ón loíng
-----	-----	-----	-----	-----	-----	ní raibh áon fear <i>air</i> ndomhan <i>budh</i> bhreátha ná é,

-----	-----	-----	-----	-----	Et deallra gréine 7 easgaidh ionna aghaidh 7 iona gheal ghnuis,	-----
----- -----	-----	-----	do las gaoth 7 griann a ttaobh a aghaidh 7 a chuil <i>air</i>	ann sin do las gaoith 7 ghrian a taobh a ai[...]gh 7 a chúil <i>air</i> an <i>mbodach</i> , 7 do rin an fear <i>budh</i> bhreághtha dár amharc súil dé <i>ríamh</i>	-----	-----

316–18	7 dinnis dhó, gurab e féin Manannan mac lir, 7 síoguidhe na cruachna do thainig dá bhfurtacht ón eigion adhbhalmhór na rabhadar an tan sin,	7 d'inis go be féin siogidh na cruachann thainnic da bhuascáilt as an ghebhinn sin an a rabádair	7 daithin fionn 7 an fhiann gurab e Mananán mac lír siogaidh na gcrucán do bhí ann 7 táinaig dá samhail on eigeann adhbhal mhor ina rabhadur an tan sin	7 ann sin d'aithin an fhían gurab é mannán mac lir siodhaidhe na gcrúachán do bhí ann agus do tháinig dhá sabháil ón éigion adhbhal mhór iona rabhadar an tan sin,	Et aithin fionn 7 fianaibh n- éireann gurab e mananán mac lir siogna na ccruachan do bhí ann, do tháinig dá sathbhail on eigion mór ionna raibh an tan-sa,	7 daithin fionn gur budh é mananaín mac lir do thanig dá saóra ón mór eígion san íad
318–19	7 do ghlac na fiana go luthghairEch chuca é,	-----	7 do ghlac an fhiann go honóireach e	7 do ghlac an fhián go honóireach é,	-----	-----

319	7 / do caitheadh féasda lae 7 bliadhna go honorach leis.	as an sin do rinnidh fionn fleith 7 feasta lé 7 bhliadhn[a] a n-onnoir an tsaógidh	7 do chatheadur fleadh agus feasda lá 7 mí	7 do chathadar fleadh 7 féasda lá 7 míc	7 do chaitheadair fleadh agus feusta la Et bliaghna	7 do chathadar fleagh 7 féasda go ceann blíaghna
-----	---	---	--	---	---	---

Figiúr 5: Críoch an scéil



Tábla 2: Malartaithe

	A1 (ARÉ 23 M 23)	A2 (ARÉ 23 A 32)	B1 (Add. 31877 ii)	B2 (TCD 1423)	B3 (ARÉ 24 B 22)	C1 (CG 1)	C2 (=CC 3)
3	go bfacadur an long luchtmhar lanadhbhal leabarsheúdach	go bhfacdar an luing luchtbur laoín[?]bhsach	go bhfacidur an long luchtmhar lánadhbhéil leabhartheadach	gho [...]bhfeacadair an lóng luchtmur lándóimhin leabhairtheadach	go bhfeacadar an lonng luchtmhur lánabhull leabhairtheadach	go bhfacadair long luchtmhar lánadhbhal leabhair- géagach	do chonarceadair an bárc bithluaímneach
4	isin bfairge a níor go réimdhireach	sa bhfairge fa na lann reimh seoalta mhara	fá lán réim seoladh san bhfairge a noir go lándíreach	fá lán séoil an sa muir anoir go lándíreach	fá lán réim ag seoladh san bhfairge anoir go díreach	fá lainréim seoladh san bhfarrge mhór glaindhireach	aig ráoba na fraóch bhóchna dá níón_c [?]

		go glann glan dirach					
	-----	7 ionnal cógadh 7 continne orthigh	-----	-----	-----	-----	-----
4	ag ionnsuighe an chuáin chubharbháin	-----	-----	-----	-----	ag ionsaidhe an chuain chubhairbhain,	7 do ghabh cuán 7 calathphort ós accomhair
5	7 séolta lánmhaisiocha buidheshroill <i>ar</i> ruágadh a ttiomchioll na séollchrann,	-----	<i>air</i> gaothruagadh a ttimpchill na seolchrann	a gáothrúaga a seolchrann tiomchíoll.	<i>air</i> gaoithruagadh tímpcheall na seólchrann	Et seolta lánmhaiseacha ar glancorughadh timpcioll na seolchrann	-----

	<i>ar tEcht a ttír</i> don luing lánfhairsing sin, <i>7 ar leagadh a</i> séolta	-----	<i>air tteacht a ttír</i> don long lánfhairsin sin <i>7</i> <i>air leagadh a</i> séolta	<i>air tteacht a ttír</i> don loíng lánfhairsing sin <i>7 ar leaga a</i> séolta	<i>7 air tteacht a ttír</i> don loínng lánfhairsing sin <i>7 air leaga a</i> séolta	<i>air tEcht attír</i> don long lánfhairsiong sin <i>agus air leaga a</i> séolta	
7	an tan shioliodar fiánaibh eireann iomad sloígh, <i>7</i> socaidhe do thEcht eisde, ní fhacadur ag tEcht a ttír	-----	antan do shileadar fiannbh <i>eirionn</i> ain iomad sloigh <i>7</i> sochruidhe do theacht aisde, ní fhacadur ag teacht attír	an tan do do shíleadur fiánaibh éirionn a niomad slógh <i>7</i> sochraide do theacht aisde ní fheacadur a teacht a ttír	an tan do shíleadur fiánaibh éirionn a n-iomad slóigh <i>7</i> sochuide do theacht aisde ní thaínig a ttír <i>acht</i>	antan do shileadair fianaibh eirionn aniomad sluagh agus <i>7</i> sochuidhe do theacht aisde ní fheacadair aig teacht a ttír <i>acht</i>	

		<i>niar chiann</i> <i>daibh an tann</i> <i>do conarcadar</i>					
8	<i>acht</i> <i>áonghaisgeadha</i> <i>ch amhain</i>	<i>an taonn</i> <i>oglach mor</i> <i>mhileta mhear</i> <i>coloma</i>	<i>acht</i> <i>aonghaisdh7.ach</i> <i>/a/</i>	<i>ach aón</i> <i>ghaisgíodhach</i> <i>amháin</i>	<i>aon</i> <i>ghaisgidheach</i> <i>.a.,</i>	<i>aon óglach</i> <i>amháin</i>	<i>7 aón laóch</i> <i>amháin ateacht</i> <i>aiste</i>
	-----	<i>ag i[?] ar</i> <i>dhorluinnaibh</i> <i>a tsle 7 do</i> <i>chranaibh a</i> <i>chraoisi no</i> <i>gur ghaibh</i> <i>leathad a dha</i> <i>bhonn donn</i>	-----	-----	-----	-----	-----

		traigh ghEl ghannmhidh					
	-----	-----	neach	neach	an neach	neach	7 a sé
9	<i>budh</i> mo do mhíleadhaibh, <i>budh</i> laidire do laochaibh	-----	<i>budh</i> mó do mhíleadhaibh 7 <i>budh</i> laidire do laochaibh 7 dob áille	<i>budh</i> mó do mhíleadhibh <i>budh</i> láidire do láochaibh 7 dob áile	<i>budh</i> mó do mhíleadhaibh 7 <i>budh</i> laidire de laochaibh,	<i>budh</i> mho do mhíleadhaibh <i>agus budh</i> laidire do laochaibh Et <i>budh</i> áille	<i>budh</i> mhó do mhíleadhaibh 7 <i>budh</i> láidire do laóchaibh 7 dob áille
9	7 dob aille don druing <i>fhearrdha</i>	-----	don drong fearga	don droíng dhaóna	<i>budh</i> áille don dronng fheartha	don drong dhaonna duinEnda	don droing daonna
	-----	7 do bhi lurach lioimfa lann mhaisach ar 7 <i>sdamh</i>	-----	-----	-----	-----	-----

		dainngonn do bhriste					
10	Et is amhlaidh do bhí an righmhilidh sin,						
10	7 clogad <i>comhdhaingionn</i> cruadhach fana chEnn,	-----	7 clogad <i>comhdhaingionn</i> <i>cruadh fana</i> <i>ceann</i>	Et clogad cómhdaingion crúadh fá na cheann	7 clogad cruadh lándaingion fá na cheann,	Et clogad cómhdaingion cruaidh fá na cheann	7 clogad cómhdaingean cúmhdaithe cháomhalain um a cheann
11	7 luithreach / liomhtha lanmhaisioch fana chom,	-----	b[scriosta] liómtha lán maiseach fá ná chomm	lúithreach líomhtha lán= mhaisioch fá na chómm	luíthreach líomhtha lánmhaiseach fá na chomm	luithreach liomtha lánmhaiseach fa na chom	luírtheach lánmhaiseach adídhion a cháomhchuirp

11	<i>craoisioch</i> <i>crannrEmhar</i> <i>catha na láimh</i> <i>laidir</i> <i>luathghonaigh,</i>	-----	<i>craiseach</i> <i>ceannramhur</i> <i>inna laimh laidir</i> <i>luathgho[scriosta]</i>	<i>craóiseach</i> <i>ceannramur ana</i> <i>láimh láidir</i> <i>lúathghonach</i>	<i>craoiseach</i> <i>crannramhar</i> <i>[...]ímh laidir</i> <i>luaith ghoinEch</i>	<i>craoiseach</i> <i>crannramhar</i> <i>ann a laimh</i> <i>láidir</i> <i>luathghonach</i>	<i>cráoiseach</i> <i>cheannramhair</i> <i>chrofharsionng</i> <i>an a láimh láidir</i> <i>leabharghéagach</i> <i>luathghonach</i>
12	<i>cloidhmhe</i> <i>claislEthan</i> <i>gérfaobhrach</i> <i>ar a thaobh clí</i>	-----	<i>cloidheamh</i> <i>claisleathain</i> <i>gearfaobhrach ar</i> <i>athaoibh clí</i>	<i>cloídheamh</i> <i>claisleathan</i> <i>géarfhaobhrach</i> <i>air a tháobh clí</i>	<i>cloidhmh</i> <i>claisleathan</i> <i>géarfhaobhurach</i> <i>air a [...] clí.</i>	<i>fliodhm</i> <i>claisleathan</i> <i>gearrfhaobhrach</i> <i>ar a thaobh clí</i>	<i>cloidheamh</i> <i>claisleathan</i> <i>clogdhíreach</i> <i>gearfhaobhairach</i> <i>air aleathan toín</i> <i>chlí</i>
14	<i>7 sgíath</i> <i>dhonnálainn</i> <i>dhúalach</i>	<i>le sgiadh</i> <i>dhonn álunn</i>	<i>sgáith don bhun</i> <i>du[alach]</i>	<i>sgíath don bhun</i> <i>dúalach</i>	<i>7 sgiaith donn</i> <i>bhun dualach</i>	<i>et sgíath donn</i> <i>duinn dualach</i>	<i>7 sgiaith dhonn</i> <i>álain</i> <i>órcráobhach</i>

14	<i>ar</i> stúaighleirg a dhroma	os ard a ghualann	ar sdualeirg a ghuallan	ar stúaleirg a ghúalan	air stua ⁱ ^h dhleirg a ghualan	stuaidhleirg a d[h]roma	<i>air sthuaighleirg</i> a dhroma
----	------------------------------------	----------------------	----------------------------	---------------------------	--	----------------------------	--------------------------------------

2.3 Cur síos ar na leaganacha éagsúla de *BCL*

Déanfar cur síos anseo ar na príomhchomharthaí sóirt a bhaineann leis na traidisiúin éagsúla den scéal, faoi mar atá rangú déanta agam orthu thuas.

[A]

Is é leagan A an leagan is luaithe de *BCL*, de réir na fianaise atá tagtha slán, ach is í an insint is lú a scaipeadh chomh maith. Tréith idirdhealaithe a bhaineann leis an insint seo ná go mbaineann sí le Cúige Laighean agus le Cúige Uladh. (Is le Cúige Mumhan go príomha a bhaineann na leaganacha eile ar fad). Tá críoch ar leith ag leagan A den scéal, ina n-insíonn Bodach an Chóta Lachtna d’Fhionn mac Cumhaill gurb é féin Manannán mac Lir. Dhá phríomhghrúpa atá againn a bhaineann leis an leagan seo, mar atá A1 agus A2.

A1

LSí: ARÉ 23 M 23; LNÉ G 82; ARÉ F v 2

Bhí leagan A1 á sheachadadh i mBaile Átha Cliath sa chéad leath den ochtú haois déag. Tá an insint seo gonta go leor i gcomparáid leis na leaganacha eile; is minic aidiacht nó dhó in úsáid sa leagan seo san áit a dtugtar liostaí fada aidiachtaí i leaganacha eile den scéal. Críoch 1 (féach Tábla 1 thuas) atá ag na finnétithe uile. Is ionann an insint sna trí chóip atá ar marthain agus an chosúlacht air gurb í ARÉ 23 M 23 bunfhoinse an dá lámhscríbhinn eile. Is ar an leagan seo atá an t-eagrán bunaithe.

A2

LSí: ARÉ 23 A 32; BL Eg. 161; BL Eg. 154

Is léir go mbaineann A1 agus A2 leis an mbunfhoinse chéanna. (Tá leagan den chríoch chéanna ag A1 agus A2, mar shampla. Tá an chríoch seo éagsúil go maith le deireadh

an scéil i leaganacha [B] agus [C] (féach Tábla 1 thuas)). Leagan ornáidithe é A2, áfach, agus tá cuid mhór athscríofa déanta ar fhrásaí áirithe sa leagan seo. Baineann na cóipeanna de A2 atá ar marthain le Contae na Mí, le deisceart Chúige Uladh agus le Baile Átha Cliath. Tá príomh-mhalairtí A2 agus A1 (línte 1–14) leagtha amach i dTábla 2.

A2a

LSí: ARÉ 23 A 49; ARÉ 23 O 35; ARÉ 23 Q 18

Tá finnéithe A2 cosúil go maith le finnéithe leagain A2a ach gur cuireadh rainn filíochta leis an insint in A2a. Táim den tuairim gurbh ó ARÉ 23 A 49 a shíolraigh an dá chóip eile. Tá na rainn curtha in eagar agam agus aistriúcháin díobh curtha ar fáil agam in Aguisín 2, mar a bhfuil tuilleadh plé déanta agam ar fhinnéithe an ghrúpa seo agus ar an ngaol atá eatarthu. Is cosúil nár shíolraigh aon traidisiún deireanach ón ngrúpa lámhscríbhinní seo. Níl filíocht ar fáil in aon cheann eile de na traidisiúin.

[B]

Is í insint B an insint is táirgiúla ar fad de *BCL*. Baineann sí, go ginearálta, le Cúige Mumhan agus baineann breis agus an leathchuid de na lámhscríbhinní leis an ngrúpa seo. Tá na foghrúpaí B1, B2 agus B3 cosúil go maith lena chéile ó thaobh struchtúir agus foclóra de, ach cúpla difríocht eatarthu a scarann óna chéile iad:

B1

LSS: BL Add. 31877 (ii); MN (C) 102(g); TCD 1413; ÓR 7; ARÉ 23 M 19; De hÍde 40; ARÉ 23 A 29; BL Add. 31877 (i)

Is í seo an insint is sine de [B] atá tagtha anuas chugainn agus í táirgiúil go leor. Tá sí cosúil le A1 sa mhéid agus go bhfuil sí gonta go leor ó thaobh stíle de. Tá na príomh-

mhalairtí idir A1 agus B1 leagtha amach i dTábla 2. Tá críoch an scéil éagsúil le leagan A (Tábla 1). Tá na sé chóip den leagan seo atá ar marthain an-ghar dá chéile agus gan eatarthu ach mionmhalairtí litrithe agus gramadaí gan mórán suntais.

Tá grúpa lámhscríbhinní ón naoú haois déag a shíolraigh ó B1, is cosúil:

LSí: ARÉ 23 B 34; Feir. 25; ARÉ 24 L 22; De híde 22; ARÉ 24 P 49

Baineann an grúpa lámhscríbhinní seo le Cúige Mumhan agus is cinnte gur shíolraigh siad ó bhunfhoinse choiteann. Tá an insint an-chosúil le B1 ach go bhfuil cúpla frása agus aidiacht athraithe anseo agus ansiúd.

Seo a leanas sampla de na difríochtaí is suntasaí idir B1 agus na lámhscríbhinní deireanacha seo (tagann an sliocht ónar baineadh na malairtí seo le línte 1–14 den eagrán). Tugaim na léamha ón lámhscríbhinn is sine sa ghrúpa, ARÉ 23 B 34. Léamha dioplómaitiúla a thugaim.

B1 / Sliocht B1

leabhartheadach / leabharthaobhach; *air* gaothruagadh a ttimpchill na seolchrann / [in easnamh]; drong fearga / drong shaoghalta; fá ná chomm / [in easnamh]; *craiseach ceannramhur* inna laimh láidir luathgho[...] / [in easnamh]; sgáith don bhun du[...] / sgiath dhon cúirighthe

B2

LSí: TCD 1423; ARÉ 23 G 10

Tá B2 an-chosúil le B1 agus is cinnte go bhfuil an bhunfhoinse chéanna acu. Is focail agus frásaí áirithe a dhealaíonn óna chéile iad. Féach, mar shampla *sa muir* (TCD 1413) in áit *san bhfairge* (BL Add. 31877(ii)) agus *don droing dhaona* (TCD 1413) in áit *don drong fearga* (BL Add. 31877(ii)).

Tá na príomh-mhalairtí idir B1 agus B2 leagtha amach i dTábla 2 thuas.

Is cosúil go raibh an leagan seo an-táirgiúil ar fad – tá cosúlachtaí idir an dá lámhscríbhinn thuas agus grúpa mór lámhscríbhinní a bhaineann leis an naoú haois déag: CG 2; MN (R) 97; De híde 67; ARÉ 24 C 56(i); LNÉ G 1135; ARÉ 24 A 13; LNÉ G 653; Torna 33; ARÉ 23 M 47(e); ARÉ 24 C 47; ARÉ 24 A 21; Cam. 22

Is léir gur cóipeanna dá chéile (nó den eiseamláir chéanna) cuid de na cóipeanna seo:

- (i) CG 2; MN (R) 97; De híde 67; 24 C 56(i)
- (ii) ARÉ 24 A 13; LNÉ G 653; Torna 33; ARÉ 24 A 21

Is cosúla na grúpaí seo le B2 ná B1, ach b'fhéidir go raibh meascán eiseamláirí ag cuid de na lámhscríbhinní deireanacha. Críoch 2A atá acu uile (amhail sliocht B1).

B3

LSí: ARÉ 24 B 22

Tá creatlach an leagain seo fíorchosúil le leagan B1 agus B2 agus is cinnte gur shíolraigh siad ón eiseamláir chéanna. Tá athchóiriú iomlán déanta ag an scríobhaí (nó ag scríobhaí a eiseamláire) ar chodanna den scéal, áfach, agus is é an t-aon athrú suntasach den chineál seo a fheicimid i dtraidisiún seachadta an scéil.⁸⁴ Is díol suntais

⁸⁴ Tá na cóipeanna is luaithe dá bhfuil ar marthain de dhá scéal rómánsacha dheireanacha, mar atá *Eachtra Chuinn Láidir* agus *Eachtra an Deirg*, ar fáil in ARÉ 24 B 22 chomh maith, maille le leaganacha athchóirithe de *Eachtra Chloinne Thriúir Mhac Ríogh na hIoruidhe* agus *Eachtra Iollainn Airmdeirg*, nach bhfuil ar marthain in áit ar bith eile, go bhfios dom. Shílfeá, mar sin, gurbh é Ruiséal údar na leaganacha athchóirithe agus na scéalta deireanacha faoi seach (GFMR, 50–2). Tá an lámhscríbhinn breac le samplaí den diotagrafaíocht áfach, a thabharfadh le tuiscint, dar liom féin, go raibh Ruiséal ag obair ó eiseamláir éigin. Más fíor sin, ní mór go bhfuil an eiseamláir sin cailte anois. (Ní hionann sin agus a rá, ar ndóigh, nach féidir gurbh é Ruiséal a scríobh a eiseamláir féin, ach ní féidir a bheith cinnte faoi sin).

nár scaipeadh an traidisiún seo go forleathan agus nach bhfuil oiread agus cóip amháin eile tagtha anuas chugainn, in ainneoin gur cóip sách luath atá ann (1772) agus go bhfuil cóipeanna de na finnéithe neamhspleácha eile tagtha anuas chugainn.⁸⁵ Sampla gléineach é an leagan seo de ról gníomhach na scríobhaithe i seachadadh an scéil. Tá sleachta den leagan seo in eagar agam in Aguisín 1, maille le plé níos mine ar an insint seo i gcoitinne.

[C]

C1

LSí: CG 1; CE 24; ARÉ 24 L 26

Tá gnéithe áirithe den leagan seo a bhaineann le hinsint [A], i.e. frásaí agus sonraí áirithe nach bhfuil ar fáil in [B]. Is cosúla críoch an scéil (críoch 2C) le leagan [B], áfach. An scríobhaí céanna, Tomás Ó hIcdeadha a scríobh péire de na lámhscríbhinní seo, agus is cosúil go síolraíonn siad ó CG 1 nó ó eiseamláir choiteann. Tá príomh-mhalairtí C1 leagtha amach i dTábla 2 thuas.

Tá roinnt lámhscríbhinní ón naoú haois déag atá cosúil le C1:

LSí: De hÍde 12; ARÉ 3 B 26; Ó Murchú 15; LNE G 122; LNA 50.3.13

Tá na lámhscríbhinní seo cosúil go maith le C ach go bhfuil sonraí sa bhreis iontu agus seans ann go raibh cúpla eiseamláir ag cuid díobh. Críoch 2C atá ag dhá fhinné den leagan seo (ARÉ 3 B 26 agus Ó Murchú 15), ach fágтар críoch an scéil ar lár ar fad sna trí cinn eile (De hÍde 12, LNE G 122 agus LNA 50.3.13). Baineann an grúpa seo le

⁸⁵ Féach Caibidil 1.3.

Corcaigh agus Ciarraí agus scríobhadh na cóipeanna ar fad sa chéad leath den naoú haois déag.

C2

LSí: MN (M) 18; CC 3; De hÍde 19

Baineann bunstruchtúr fhinnéithe an traidisiúin seo le C1 ach go bhfuil níos mó ornáidithe sna frásaí, ag tús an scéil go háirithe (féach Tábla 2 thuas). Is í an tuiscint atá agam ná gur shíolraigh an dá thraidisiún (C1 agus C2) as foinse choiteann. Tá deireadh an scéil in C2 (críoch 2D) éagsúil leis na grúpaí ar fad eile ach is cosúla í le C1 ná deireadh an scéil i leaganacha A agus B. Níl ach trí chóip den leagan seo den scéal tagtha anuas chugainn.

Eile:

LSí: Penn. 7; Penn 9

Tá an chosúlacht air go bhfuil meascán leaganacha sna cóipeanna seo agus caithfidh go raibh tionchar ag na leaganacha éagsúla ar a chéile de réir a chéile (agus ná cuireadh seo aon ionadh orainn). Ní thugtar le fios sa leagan seo gurb ionann an Bodach agus Manannán mac Lir agus b'fhéidir go mbaineann sé leis na lámhscríbhinní in C1 a bhfuil deireadh an scéil in easnamh orthu. Tá seans ann chomh maith, ar ndóigh, gur shíolraigh sé ó chóip neamhchríochnaithe de leagan eile. Tá athscríobh iomlán déanta ar go leor de na frásaí. Níl an leagan seo ar marthain i lámhscríbhinn ar bith eile, go bhfios dom. Féach, mar shampla, oscailt an scéil, mar a bhfuil athchóiriú déanta ar na frásaí ach an bunstruchtúr mar an gcéanna go fóill:

la da raibh fionn fiannathasach mhic cumhail an almhain mhic aog-aoithe
air an bfaithche uir aoibhing fhódghais [sic] feuruaithne 7 maithe 7 mor

uaisle na féine mar aon ris suil dá *dugadur air mhuir 7 air morfhairge*, go bhfacaddar chuchadh an carchán ceannard cliabharsing san bhfairge anoir ghlan ndireach aig gaoith ruagadh na seólcraon da ndionn-c [?] an tan do shioleaddar fianuibh *eireann* an iomad slódh 7 socraide do thacht as an ccarachán sin ní fhaiceaddar ag teacht as *acht* an taon oglaoch .a. *budh* mho dó mhílaimh 7 ba laidire do laochaibh an domhain go uile 7 go hiomlán.

*One day victorious Fionn mac Cumhail was in Almhain mhic Éadgaoithe (?)*⁸⁶ *on the lovely, fresh, green grassy plain with the good people and nobility of the fian in his company. When they cast an eye over the sea and over the great ocean, they saw [coming] directly towards them from the east a broad-ribbed, high vessel in the ocean chasing the masts. When fiana Éireann expected a great host and army to alight from it, they saw coming from that vessel a single warrior who was the largest of soldiers and the strongest of all of the world's warriors entirely.*

Cóipeanna eile:

LSí: LNÉ G 478; MN (C) 44; Luim. M; ARÉ 23 L 40

Níl ach gíotaí den scéal ar caomhnú sa ghrúpa lámhscríbhinní seo agus mar sin ní féidir iniúchadh ceart a dhéanamh orthu. Baineann siad ar fad leis an naoú haois déag. Ón méad den scéal atá ar marthain iontu is féidir a rá go mbaineann siad le [B] ach ní féidir meastachán níos cruinne ná sin a dhéanamh.

⁸⁶ *Binn Éadair* atá in áit *Almhain* sna leaganacha eile den scéal; is cosúil gur meascán d'Almhain agus de Bhinn Éadair mhic Éadgaoith atá anseo.

2.4 Tatal

In ainneoin nach féidir craobh ghinealaigh iomlán, údarásach de thraidisiún lámhscríbhinne *BCL* ina bhfuil áit ag gach finné ann a rianú, léiríonn anailís ar na foinsí atá ar marthain go bhfuil leaganacha ar leith den scéal tagtha anuas chugainn ach iad ar fad síolraithe ó bhunfhoinse choiteann, agus bunstruchtúr an scéil mar an gcéanna iontu uile. Is díol spéise a laghad athruithe suntasach a rinneadh ar an téacs idir na blianta 1731 agus 1890 ó thaobh struchtúir agus éirim an scéil de, agus caitheann seachadadh an téacs solas ar choimeádachas an traidisiúin lámhscríofa ar an gcaoi sin. Ar an lámh eile, áfach, léiriú iad na mionathruithe agus an t-ornáidiú a dhealaíonn na leaganacha óna chéile gur próiseas leanúnach, cruthaitheach é seachadadh téacsanna, agus nach ann do choincheap an phróistéacs bhuain i dtraidisiún lámhscríbhinne na tréimhse iarchlasaicí. Na samplaí is mó a léiríonn an claonadh seo chun athruithe ná an t-athscríobh a rinneadh ar an téacs i leagan B3 agus na rainn filíochta i leagan A2a (féach Aguisín 1 & 2). Déantar tuilleadh plé ar léamha na dtraidisiún éagsúil sna nótaí téascúla a chuirim ar fáil ag deireadh an eagraín (féach Caibidil 5.3).

Caibidil 3: Teanga agus dátú *BCL*

Tá an chaibidil seo leagtha amach ina dhá cuid agam. Suirbhé ginearálta ar theanga an téacs atá sa chéad chuid (3.1). Déanfar plé ar chuid de na cinntí eagarthóireachta a d'eascair as neamhréireanna gramadaí agus litrithe i dteanga an téacs chomh maith (ach féach go ndéantar plé níos ginearálta ar an bpolasaí eagarthóireachta i gCaibidil 4). Sa dara cuid den chaibidil (3.2), déanfar iniúchadh ar dháta ceaptha an téacs i bhfianaise (i) ghnéithe ar leith de theanga an téacs agus (ii) nodanna seachtracha eile.

3.1 Cur síos ar theanga *BCL*

Tá ilghnéitheacht agus fairsingeacht ag baint le teanga phróstéacsanna na Nua-Ghaeilge Moiche agus ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an teanga sin agus an Nua-Ghaeilge Chlasaiceach, caighdeán liteartha a leagadh amach do chumadh an dáin dhíriú (*SNG* IV, §1.1; McManus 1994). Go ginearálta, is féidir a rá gur nua-aimseartha gramadach ár dtéacsna ná gramadach na NGC, agus go leor foirmeacha teanga ann a léiríonn an fhorbairt a bhí ag teacht ar an nGaeilge le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Ar an ábhar sin, is mar shlat tomhais amháin a dhéanaim tagairt don NGC sa chur síos seo.

Tagann na solaidí ón téacs a thugaim i gcló iodálach sa phlé thíos leis an eagrán féin (féach Caibidil 5.1). Nuair a thugaim solaidí ón leagan lámhscríbhíne (Caibidil 4.4) cuirim an méid sin in iúl le (LS) (= léamh lámhscríbhíne). Cuirim líne chrochta shéimhithe in iúl le /. nuair atá éiginnteacht ann faoi céard dó a sheasann an nod sin. Tugaim uimhreacha na línte ón eagrán idir lúibíní ar lorg na solaidí.

3.1.1 Na hainmfhocail

Córas na dtuiseal:

Ní chloítear le córas na dtuiseal a leagadh síos sa NGC in *BCL* agus is iomaí gné de dheilbhíocht na n-ainmfhocail ann nach gceadaíte sa dán díreach.

(i) Tá an t-ainmneach uatha tagtha in áit an tabharthaigh uatha in ainmfhocail fhirinscneacha an téacs: *'na chorp* (200), *i mbéal* (260), cé is moite de chorrfoirm shiochta: *san ló* (97); *os ar gcionn* (139). Foirmeacha iad an dá shampla dheireanacha a mhaireann anuas go dtí an lá atá inniu ann i gcanúintí áirithe i nGaeilge na Mumhan agus i nGaeilge Chonnacht (*SNG VII*, §3.6) agus, mar sin, ní haon ábhar iontais go bhfuil siad ar fáil anseo.

(ii) Maireann foirmeacha sainiúla tabharthacha na n-ainmfhocail baininscneach den chuid is mó: *don chrích-se* (25); *don luíng* (6); *ar leith* (134); srl. Tá coigeartú déanta agam ar *'na lámh* (LS) > *'na láimh* (290), agus ar *dom thaobh-si* (LS) > *dom thaoibh-se* (117) i bhfianaise na samplaí sin. Tá an t-ainmneach tagtha in áit an tabharthaigh in *san tshlighe* (53) (= NGC *san tshlighidh*, *IGT ii*, §4), ach is dócha go bhfuaimníte an dá fhoirm seo ar an gcaoi chéanna faoi dheireadh na tréimhse clasaicí.

(iii) Is minice ná a mhalairt an tuiseal ainmneach uatha tagtha in áit an áinsígh uatha bhaininscneach: *go bhfacadar an long* (3); *do chomail bos* (191); *do-bheirim grian* (306); *do thug preab* (310).

(iv) Ar an gcaoi chéanna, is iomaí sampla den ainmneach iolra in áit an áinsígh agus an tabharthaigh iolra sa téacs: *re seacht mbliadhna* (31) (= NGC *re seacht mbliadhnaibh*); *do na trí tréithe* (36) (= NGC *do na trí tréithibh*); *ar sheacht gcatha* (77) (= NGC *ar sheacht ccathaibh*); *fa charraigeacha* (215) (= NGC *fa charrgaibh*); *do na sméara-sin* (247–8) (= NGC *do na sméaraibh*).

(v) Tá an tuiseal ginideach caomhnaithe go maith sa téacs. Tá *'loinge* (LS) coigeartaithe agam go *luinge* (58, 309, 310) i bhfianaise *don luíng* (6) cé gur dócha gur

mar an gcéanna a d'fhuaimnítear *oi* agus *ui* faoin dtráth a scríobhadh an téacs seo. Ar an gcaoi chéanna, tá 'cnoic' (LS) coigeartaithe agam go *cnuic* (246) i bhfianaise *ar thaobh cnuic* (258). (Féach freisin *cuirp* mar ghinideach uatha an ainmfhocail *corp* sa téacs (58, 63)). Ar an gcaoi chéanna, tá an léamh lámhscríbhinne 'maige' (LS) coigeartaithe agam go *muighe* (287) (gin. u. den ainmfhocal *magh*) i bhfianaise na samplaí thuas. Tá ginideach nua, simplithe tagtha in áit in ghinidigh clasaicigh in *ar dhá thaobh na tine* (170) (= NGC *teineadh*; IGT ii, §4).⁸⁷ Tá an léamh lámhscríbhinne 'a cceartlár a agh/' (LS) coigeartaithe agam go *aighthe* (286) (gin. u. den ainmfhocal *aghaidh*; IGT ii, §4) ach b'fhéidir gurbh é *aghaidh* a bhí i gceist.⁸⁸ Níl aon choigeartú déanta agam ar an nginealach uatha 'ree' (LS) in *go foircheann do ree* (27). In ainneoin go dtagann an fhoirm seo salach ar chaighdeán na NGC (féach IGT ii, §112, gin. u. *ré*), ceadaíodh séanas san uimhir iolra (ainm. agus áin. iolra *ree*) agus is iomaí sampla den fhoirm sin mar ghinideach uatha sa phrós (Ó Cuív 1990, 101).⁸⁹ Féach, mar shampla, *BN ar feadh na rée sin* (líne 7553); 'during that period' agus *SSA: giorra na rée atá agad* (líne 1850); 'the brevity of your life'.

(vi) Tá an t-ainmneach iolra in úsáid in áit an ghinidigh iolra den ainmfhocal *sméar*: *ag síorithe sméara* (220), *tortha móra sméara* (247), *ag cruinniughadh sméara* (251) (= NGC *sméar*); *mo dhóthain mine coirce 7 sméara* (276).

(vii) Tá roinnt fianaise sa téacs de scaipeadh agus de leathnú fhoirceann sainiúil an tabharthaigh *-(a)ibh* chuig na tuisil eile. Tá an forás seo le feiceáil go soiléir i bhfoirmeacha an ainmfhocail *beann* (*DIL* s.v. *benn*). Tá foirm an tabharthaigh iolra in

⁸⁷ Is dócha go mbaineann an dara foirm seo le cúrsaí litrithe, ar nós *tslighe/tslighidh* thuas (féach 3.1.1 (ii)). Féach freisin *rí/rígh* (3.1.1 (viii)).

⁸⁸ Féach Caibidil 4.2(i) maidir leis an líne chrochta séimhithe in ARÉ 23 M 23.

⁸⁹ Ní chuirim síneadh fada ar fáil ós rud é go ngearraítear 'é' i séanas (*ABP* 875–85).

úsáid mar ainmneach iolra: *An iad beannaibh...* (224); mar áinsíoch iolra: *go dtuga mé beannaibh* (229); agus mar ghinideach iolra: *i gcoinne beannaibh* (231).⁹⁰ Tá an clonadh céanna in úsáid an fhocail *fian*: *an tan shíleadar fianaibh Éireann* (7) (ainmneach iolra); *do láthair Fhinn mheic Chumhaill 7 fhianaibh Éireann* (14) (ginideach iolra).

(viii) Tá sampla den tabharthach *rígh* tagtha in áit fhoirm an ainmnigh uatha *rí*: *Is ann sin do labhair Fionn mac Cumhaill, ardrígh na féine...* (16). Cé nach bhfuil ach aon sampla amháin den fhocal sin sa tuiseal ainmneach sa téacs níl aon choigeartú déanta agam air toisc a choitianta agus atá foirm an tabharthaigh in áit an ainmnigh i bprósteacsanna ón tréimhse (*SNG V*, §3.2).⁹¹ Tá coigeartú déanta agam ar ‘rígh’ (LS) go *ríogh* (19, 45, 73) sa ghinideach i bhfianaise ‘ríogh’ (LS) (49, 86), cé nach dócha go raibh idirdhealú idir an dá fhoirm sin ó thaobh na foghraíochta de ach oiread.

(ix) Is cosúil go bhfuil an tuiseal ginideach uatha den ainmfhocal *ríoghacht* (*DIL* s.v. *rígdacht* (b)) tagtha in áit an ainmnigh agus an chuspóirigh sa téacs: *gan ríoghachta* (91); *más é is mian duitse ríoghachta 7 ardcheannas na hÉireann do bheith agad* (235–6). Glacaim leis nach sciorradh pinn faoi deara an foirceann ‘a’ ós rud é go bhfuil dhá shampla sa téacs agus níl coigeartú déanta agam dá réir, ach ní heol dom sampla ar bith eile den fhoirm *ríoghachta* mar ainmneach.⁹²

(x) Is cosúil go raibh tréaniolraí (ainmfhocail nach raibh acu ach an t-aon fhoirm amháin san uimhir iolra) ag éirí coitianta sa seachtú haois déag (*SNG V*, §3.5), agus tá

⁹⁰ Breacadh na samplaí seo ar fad *en pleine*.

⁹¹ Ba ar an gcaoi chéanna a d’fhuaimnítear *rí* agus *rígh* ón tríú haois déag i leith.

⁹² Cé go bhféadfaí *ríoghachta* a léamh mar iolra ó thaobh foirme de, shílfeá ón gcomhthéacs gur brí uatha atá i gceist.

sampla dá leithéid sa téacs seo. Úsáidtear an tréaniolra neamhchlasaiceach *seólta* mar ghinideach iolra: *ar leagadh a seólta* (6–7) (= NGC *seól*, IGT ii, §75); agus mar ainmneach / áinsíoch iolra: *go bhfacadar... 7 seólta lánmhaiseacha* (3–5) (= NGC *seóil*, IGT ii, §75), mar shampla. Sampla eile is ea an t-áinsíoch *fa charraigeacha* (215) (= NGM *carrgaib*, IGT ii §54).

(xi) Tá in ginideach uatha ‘breit do gheill’ (LS) coigeartaithe agam go *ghill* (128) i bhfianaise *breith do ghill* (122), *breith an ghill* (239) agus *caill do ghill* (123). Tagann an fhoirm *gill* leis an méid atá sna Tráchtais (IGT ii, §65).

(xii) Níl an t-ainm dílis *Conán* infhillte sa tuiseal gairmeach sa téacs (*a Chonán* (30)) agus níl aon choigeartú déanta agam ar fhoirm na lámhscríbhinne. Bíodh is go mbeifí ag súil le caolú sa tuiseal gairmeach uatha sa Ghaeilge chomhaimseartha (i.e. *a Chonáin*) agus gurb é seo an gnáthnós sa NGC, bhíodh an rogha ag na filí ilsiollaigh áirithe dar chríoch guta fada + consan a chaolú nó a fhágáil gan chaolú sa tuiseal ginideach uatha agus sa tuiseal gairmeach uatha; féach na focail sin a liostaítear in IGT ii §35. Tá samplaí den nós seo dearbhaithe ag an meadaracht san fhilíocht: *a Thomás* (: *ngrás*) (DBM I, 19.32cd) agus *A Mhícheol* (: *eol*) (DiD 11.16cd) (féach SNG IV, §4.12). Ní heol dom sampla ar bith eile sa phrós ach, ar ndóigh, is deacair é seo a dhearbhu de cheal dheimhniú meadarachta.

Athruithe tosaigh ar lorg ainmfhocal:

(xiii) Tá séimhiú curtha agam ar lorg ginideach uatha firinsneach sna samplaí seo: ‘ag dearcadh ann fhir moir sin’ (LS) > *ag dearcadh an fhir mhóir-sin* (64) agus ‘go mhaoilinn cnoic móir’ (LS) *go maoilinn cnuic mhóir* (246) i bhfianaise na samplaí seo a leanas: *ag ionnsaighe an chuain chubharbháin* (4–5); *leithead lánbhoise fir chalma*

(54); *ag iomchar an chuirp aimhrialta-sin an fhir mhóir* (58–59); *fa chrúbaibh crotacha, comingneacha an aithigh fhuathmhair* (60–1).

(xiv) Té séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmneach uatha baininsneach in ‘coill mor dhorchá’ (LS) > *coill mhór dhorchá* (50) i bhfianaise na samplaí seo a leanas: *sgiath dhonnálainn dhualach* (13); *brígh bheag* (29); *athaidh fhada* (64); *caoi shiubhail* (211, 237). Ní chuirim séimhiú ar lorg an ainmfhocail bhaininscní *craoiseach* in *craoiseach crannreamhar catha* (11–12), áfach (féach 3.1.7 (iii)).

(xv) Níl córas docht i dteanga ár dtéacsna maidir le hathruithe tosaigh ar lorg ainmfhocail sa tuiseal tabharthach agus áinsíoch. Is minice ná a mhalairt, áfach, séimhiú ar aidiachtaí agus ar ainmfhocail ar lorg tabharthach uatha baininsneach: *don druing fheardha* (9–10); *do láthair Fhinn* (14); *i gCéis Chorrainn* (46). Tá samplaí ann de shéimhiú i ndiaidh tabharthaigh uatha fhirinscnigh chomh maith: *tar chionn Chaoilte* (86); *’na shac fhairsing fhíorleathan* (250), *do bhodach smearaighthe ghránna* (115–6) ach is minic freisin gan séimhiú ar a lorg: *do bhád bronnfhairsing* (59); *fa chomas gaisgidh* (97), srl. Níl aon choigeartú déanta agam ar na hathruithe tosaigh seo toisc gur léir nach bhfuil aon idirdhealú soiléir déanta ag an scríobhaí. Lena chois sin, is maith an léargas a thugann na samplaí thuas dúinn ar bhriseadh síos chóras na dtuiseal.

(xvi) Tá an t-urú a mbeifí ag súil leis sa NGC ar lorg an ailt san áinsíoch uatha le fáil in *ris an ngaisgeadhach ngnímhéachtach-sin* (16–17) amháin.

Comhfhocail:

(xvii) Tá comhfhocail coitianta sa téacs. Is gnáth nach ngéilleann consan deiridh an chéad bhaill den chomhfhocal do cháilíocht chonsan tosaigh an dara ball, faoi mar a leagtar amach sa NGC: *ard + cíos* > *ardchíos* (212) (= NGC *airdchíos*); *gnáth + féine* > *gnáthfhéine* (78) (= NGC *gnáithfhéine*); *leabhar + séadach* > *leabharshéadach* (4) (=

NGC *leabhairshéadach*); srl.⁹³ Eisceachtaí iad na samplaí seo a leanas, agus foirmeacha siochta, coitianta a bhformhór: *stuagh + leirg > stuaighleirg* (13, 265); *clas + leathan > claisleathan* (12); *gníomh + éachtach > gnímhéachtach* (17); *cam + fiacra > caimfhiacra* (210). Tá sampla amháin de *airdchíos* (75) sa téacs ach is minice i bhfad nach gcaolaítear an chéad bhall den chomhfhocail sin: *ardchíos* (22, 212, 297, srl.).⁹⁴ Tá séimhiú curtha agam ag tús an dara ball den chomhfhocail in *gnáthfhéine* (24) (LS *gnathféine*) ag teacht leis an ngnáthnós atá sa téacs agus le rialacha thréimhsí uile na Gaeilge. (Ní chuirim séimhiú ar fáil san áit ina mbeadh *bá connsaine* nó *cadad* sa NGC. Féach mar shampla *leath + taobh > leathtaobh* (221)).

Inscne

(xviii) Caitear leis an bhfocail *cuilinn* (DIL s.v. *cuilenn*) mar ainmfhocail baininscneach sa téacs seo: *ar dhá bhior chruaidhe chuiline* (170). Ní heol dom sampla ar bith eile de *cuilinn* mar ainmfhocail baininscneach agus tá seans ann gur botún seachadta faoi deara an fhoirm seo, óir ní heol dom aon chúis go gcaifí leis mar ainmfhocail baininscneach agus é firinscneach sa Luath-Ghaeilge agus go fóill i nGaeilge an lae inniu. Tá inscne an ainmfhocail *cloidheamh* (DIL c.v. *claideb*) éiginnte sa téacs chomh maith. Is í an fhoirm *cloidhmhe* a úsáidtear mar ainmneach agus mar ghinideach uatha sna samplaí seo faoi seach: *cloidhmhe claisleathan géarfhaobhrach ar a thaobh clí* (12–13); *i ndornchladh a*

⁹³ In ainneoin go bhfuil an claonadh seo coitianta i bpróistéacsanna na Nua-Ghaeilge Moiche, leagtar amach i ngraiméar Mhic Chuirín (1728, 23–4) nár cheart an riail ‘caol le caol, leathan le leathan’ a shárú i gcomhfhocail (féach SNG IV §4.29). Is cosúil go raibh Mac Cuirín ag tarraingt ar ghraiméar a scríobh Proinsias Bhailis, *Grammatica Anglo-Hibernica*, c. 1713 (*Cló*, 141).

⁹⁴ Meashtar *ar* agus *air* go minic sa lámhscríbhinn, áfach, agus mar sin ní féidir a bheith cinnte céard a bhí i gceist.

chloidhmhe (282) (< NGC ainm. ua.: *cloidheamh*; gin. ua.: *cloidhimh* faoi seach. Féach *IGT* ii, §53). Ach féach nach séimhítear aidiachtaí ar lorg an ainmnigh in 12–13 thuas.

An tAlt

(xix) Tabhair faoi deara an t-alt dúbailte in: *ag iomchar an chuirp aimhrialta-sin an fhir mhóir* (58–9) agus in *an t-íochtar dóibe-sin an chóta* (55–6). Glacaim leis go ndúblaítear an t-alt sna samplaí seo mar gheall ar an taispeántach *sin*. Féach Ó Gealbháin (1991, 125–8 go háirithe).

3.1.2 Na Réamhfhocail

(i) Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar thúslireacha ainmfhocal ar lorg an réamhfhocail *gan* nuair a bhíonn sé ar iarraidh agus nuair nach bhfuil pé ainmfhocal atá á rialú aige cáilithe: ‘*gan* moill’ (LS) > *gan mhoill* (36); ‘*gan* biad’ (LS) > *gan bhiadh* (187–8); srl. Ní dhéanaim aon choigeartú, áfach, ar ainmfhocail cháilithe ar lorg an réamhfhocail *sin*. Tagann an cinneadh seo le gnáthnós le lámhscríbhinne (agus tabhair faoi deara go bhfuil an lámhscríbhinn ag teacht le caighdeán an lae inniu chomh maith): *gan buain fa chomas gaisgidh* (97); *gan buaidh cosgair* (313), srl.

(ii) Níl aon choigeartú déanta agam ar thúslireacha ainmfhocal ar lorg an réamhfhocail *ar* ach oiread. Bhí éiginnteacht agus luaineacht sa teanga maidir le hathrú tosaigh an réamhfhocail *ar* ó meascadh *ar* agus *for* na Luath-Ghaeilge, agus níl aon phatrún ar leith le rianú sa téacs seo. Is mó samplaí den réamhfhocail a gcuirtear séimhiú ar a lorg ná a mhalairt ach mar sin féin tá dóthain samplaí ann le tacú leis an gcinneadh gan coigeartú a dhéanamh orthu. Féach na samplaí seo a leanas: *ar mhórfhairge* (3), ‘to the great ocean’ ach *ar mórfhairge* (311), ‘out to the great ocean’, agus *ar thaobh cnuic aird* (258), ‘on the side of a great hill’ ach *ar siubhal* (244–5), ‘set off’.

(iii) Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an réamhfhocail *do/de*. Bíonn séimhiú sa lámhscríbhinn ar lorg *do/de* formhór an ama. Lena chois sin, bheifí ag súil le séimhiú ina dhiaidh i ngach ceann de thréimhsí na Gaeilge, anuas go dtí Gaeilge an lae inniu. Níl ach correisceacht sa téacs agus glacaim leis gur dearmaid atá iontu: ‘do bealach’ (LS) > *do bhealach* (124, 219, 232); ‘do comhluadar’ (LS) > *do chomhluadar* (301). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg *do* + an t-alt *don* chomh maith: ‘don cruinne’ (LS) > *don chruinne* (20), ‘don greallach’ (LS) > *don ghreallach* (62); ‘don gaisgeadhach’ (LS) > *don ghaisgeadhach* (113); srl.

(iv) Is ar an bprionsabal céanna atá séimhiú curtha agam ar lorg an réamhfhocail *fo/fa* (faoi) sna háiteanna seo a leanas: ‘fa maoilinn’ (LS) > *fa mhaoilinn* (242); ‘fa colpaidhe’ (LS) > *fa cholpaidhe* (56), agus ar lorg an réamhfhocail ‘tre’ (trí): ‘tre ceartlár’ (LS) > *tre cheartlár* (52).

(v) Glacann an tríú pearsa uatha firinsneach de réamhfhocail áirithe áit na mbunréamhfhocal féin go minic in *BCL*. Tá an tríú pearsa uatha firinsneach den réamhfhocal *a* (*as*) tagtha in áit an bhunréamhfhocail in *as binn* (205). (Níl aon sampla eile den réamhfhocal sin sa téacs). Tá *faoi* tagtha in áit an réamhfhocail *fa/fo* in *faoi an mBodach* (243) agus in *faoi an tsluagh* (283), ach is é an bunréamhfhocal féin is coitianta: *fa cholpaidhe* (56); *fo íochtar* (63); srl. Tá *ann* tagtha in áit *i* uair amháin sa téacs: *ann do bhriathraibh* (30), agus *roimh* (foirm atá bunaithe ar an tríú pearsa uatha *roimhe*) in áit *reⁿ* in *roimh Chaol an Iarainn* (256). (Níl aon sampla de *re* sa téacs).

(vi) Tá foirmeacha séimhithe agus neamhshéimhithe de na réamhfhocail *do/de* le forainmneacha pearsanta iartháite sa téacs: *damh/dhamh*; *duit/dhuit*; *dó/dhó*; *dúinn/dhúinn*; *díbh/dhíbh*; *de/dhe*; srl. Ní fheicim aon phatrún maidir le húsáid na bhfoirmeacha malartaithe seo. Níl coigeartú déanta agam ar ceachtar den dá fhoirm.

Forás é seo a bhfuil a fhréamhacha le rianú chomh fada siar le tréimhse na Meán-Ghaeilge (SNG IV, §13.7).

(vii) Faoi mar ba nós sa teanga chlasaiceach, ní dhéantar aon idirdhealú idir *de* agus *do* sa téacs. Is mar *do* a scríobhtar an dá réamhfhocal, cé is moite den forainm pearsanta firinscneach sa tríú pearsa uatha: *de*.

(viii) Tá *do*, an forainm réamhfhoclach firinscneach sa tríú pearsa uatha, gearr ar uairibh sa téacs (*do*): *ag gabháil an bhealaigh dho* (49–50), agus fada i samplaí eile (*dó*): *do budh riachtanas dó* (150). Tá an fhéidearthacht ann, ar ndóigh, de cheal deimhniú meadarachta, go mbaineann an t-idirdhealú seo le cúrsaí ortagrafaíochta. (Is minic a fhágtar an síneadh fada ar lár sa lámhscríbhinn; féach 3.1.8 (i)). Mar sin féin, fágaim an dá fhoirm gan choigeartú ós rud é go bhfuil siad araon coitianta i dtéacsanna próis na tréimhse. Tá seans ann, go deimhin, gur ceadaíodh an dá leagan san fhilíocht chlasaiceach (Hoyne 2016, 186–200).

(ix) Cé go mba nós an réamhfhocal *chum/dochum* a sheachaint san fhilíocht (agus sheachain an Céiteannach ina chuid próis é, fiú) ní haon ionadh go bhfaighimid sa téacs seo é, ós rud é go bhfuil sé an-choitianta i bpróistéacsanna tríd síos tréimhse na NGM.⁹⁵

(x) Tugann an meascán idir na réamhfhocail *re^h* agus *le* sa téacs le fios go raibh an dá réamhfhocal sin ag titim le chéile le linn na tréimhse seo. Is minice i bhfad *le* in áit *re* agus léiriú é seo, is dócha, go raibh *re* ag dul i léig. Ní hannamh *le* sna háiteanna ina mbeifí súil le *re^h*: *le chéile* (276); *muna dteagmha liom ann* (86–7); srl. Ar an taobh eile,

⁹⁵ Tá go leor samplaí den réamhfhocal le fáil i ndánta a cumadh san aiste Ógláchas agus tá dhá shampla aimsithe ag McManus (2005, 157) sa dán díreach féin.

níl ann ach corrshampla d'úsáid an réamhfhocail *re* nuair a bheifí ag súil le *le: do thug ar a mhuin ris é* (168).

(xi) Níl an t-idirdhealú a dhéantar sa NGC idir réamhfhocail a leanann an tuiséal áinsíoch iad, réamhfhocail a leanann an tuiséal tabharthach iad, agus réamhfhocail a leanann an tuiséal áinsíoch nó tabharthach iad, soiléir i teanga an téacs seo. (Idirdhealú é seo a bhaineann leis an uimhir uatha amháin sa NGC, ar ndóigh, murab ionann agus an Luath-Ghaeilge). Feicimid athrú tosaigh an áinsígh in ionad an tabharthaigh go minic, mar shampla, nuair is *ciall chomhnaidhe* nó 'brí chónaitheach' atá i gceist. Féach, mar shampla: *isin bhfairge* 'in the ocean' (4); *san mbaile* 'at home'; (42). Urú a leanann an réamhfhocal *san/sa* de ghnáth sa téacs: *san mbealach* (65, 193, 205). Ar an ábhar sin, níl séimhiú curtha ar fáil agam in *san meadhón laoi* 'at noon' (75). Tá na trí leagan seo a leanas den fhrása céanna, 'into the wood' sa lámhscríbhinn: 'fón choill' (LS) (151–2) (séimhiú), 'fón gcoill' (LS) (162) (urú) agus 'fon coill' (LS) (146) (gan athrú tosaigh) agus iad ar fad ar aonbhrí. Tá coigeartú déanta agam ar an tríú ceann díobh sin (> *fon gcoill*) i bhfianaise *isin bhfairge* srl. thuas. Léiriú eile iad an dá fhoirm *tar cheann* (*tar cheann Caoilte*) 'to get Caoilte' (45) agus *tar chionn* (*tar chionn Chaoilte*) 'to get Caoilte' (86) go bhfuil an tuiséal áinsíoch agus an tuiséal tabharthach ag titim le chéile.

(xii) Tá an réamhfhocal *iar* ar marthain sa téacs: *iarna rádha sin*, (146, 241); *Arna chlos sin* (116); *arna rádha* (213); srl.

(xiii) Tá liosta sna táblaí thíos d'fhoirmeacha uile na réamhfhocal atá sa téacs. Tugaim trí shampla nuair is ann dóibh, agus léiríonn 'srl.' go bhfuil breis agus trí shampla ann. Mura dtugtar ach sampla amháin nó péire is ionann sin agus a rá nach bhfuil tuilleadh

samplaí sa téacs. (Níl difríochtaí ortagrafaíochta nach bhfuil tábhacht ag baint leo curtha san áireamh anseo agam).

ag

+ ainmfhocal	<i>ag</i> (2, 196, 217, srl.)
+ alt iol.	<i>ag na</i> (43)
+ forainm p. 1ua.	<i>agam</i> (22, 68, 70, srl.); <i>agamsa</i> : (30, 92, 122, srl.)
+ forainm p. 2ua.	<i>agad</i> : (73, 90, 158, srl.); <i>agadsa</i> : (95, 155)
+ forainm p. 3ua.	<i>aige</i> : (107, 111, 250, srl.).
+ forainm p. 1iol.	<i>againn</i> : (125, 159); <i>againne</i> : (41)
+ forainm p. 2iol.	<i>agaibh</i> : (44)
+ forainm p. 3iol.	<i>aca</i> : (36, 80, 107, srl.)

ar

+ ainmfhocal	<i>ar</i> (2, 13, 153, srl.); <i>ar</i> + <i>séimhiú</i> (3, 187, 199, srl.)
+ alt ua.	<i>ar an</i> (15 (2x), 181)
+ alt iol.	<i>ar na</i> (171, 207, 209)
+ forainm p. 1ua	<i>orm</i> (101); <i>oram</i> (38); <i>oramsa</i> (34)
+ forainm p. 2ua.	<i>ort</i> (100, 140, 211, srl.); <i>ortsa</i> (123, 193)
+ forainm p. 3ua.	<i>air</i> (63, 79, 80, srl.)
+ forainm p. 2iol.	<i>oraibh</i> (84); <i>oraibhse</i> (40)
+ forainm p. 3iol.	<i>orra</i> (32)
+ forainm s. 3ua.	<i>ar a</i> (13, 168, 184, srl.)
+ coibhn. (roimh bhriathar)	<i>ara</i> (47, 124, 128, srl.); <i>arar</i> (37)

a/as

+ ainmfhocal	<i>as</i> (62, 205)
+ alt ua.	<i>as an</i> (279)
+ forainm p. 3ua.	<i>as</i> (222)
+ forainm p. 3iol.	<i>asda</i> (57)
+ forainm s. 3ua.	<i>as a</i> (188)

do/de

+ ainmfhocal	<i>d' roimh fh/guta</i> (18, 39, 52, srl.); <i>do</i> (9 (2x), 14, srl.)
+ alt ua.	<i>don</i> (6, 25, 51, srl.)
+ alt iol.	<i>do na</i> (31, 36, 220, srl.)
+ forainm p. 1ua.	<i>damh</i> (22, 45, 92, srl.); <i>damhsa</i> (38, 72); <i>dhamhsa</i> (72); <i>dhamh</i> (156)
+ forainm p. 2ua.	<i>duit</i> (67, 73); <i>duitse</i> (70, 236, 239, srl.); <i>dhuit</i> (71, 82, 102, srl.); <i>dhuitse</i> (43, 103, 130, srl.)
+ forainm p. 3ua.	<i>dho</i> (50, 111); <i>dhó</i> (147, 261, 316)
+ forainm p. 1iol.	<i>dhúinn</i> (132, 138, 189); <i>dúinn</i> (137, 158)
+ forainm p. 2iol.	<i>dhíbh</i> (35, 95); <i>díbhse</i> (275); <i>daoibhse</i> (99)
+ forainm p. 3iol.	<i>dóibh</i> (264)
+ forainm s. 1ua.	<i>dom</i> (36, 39, 117)
+ forainm s. 2ua.	<i>dod</i> (223)
+ forainm s. 3ua.	<i>dá</i> (29, 81, 191, srl.)
+ forainm s. 3iol.	<i>dhá</i> (283); <i>dá</i> (283, 317)

de

+ forainm p. 3ua. *de* (140, 179, 200, srl.); *dhe* (110, 249, 290)

+ forainm p. 3iol. *díobh* (32, 286); *dhíobh* (248)

fo/fa

+ ainmfhocal *fa/fo* (21 (2x), 56, srl.)

+ alt ua. *fon* (151, 196, 266); *fon* + urú (162); *faoi an* (243, 278, 283)

+ alt iol. *fa na* (158)

+ forainm p. 3ua. *faoi* (183)

+ forainm s. 3ua. *fana* (11 (2x), 63)

+ forainm s. 3iol. *fana* (149)

gan

+ ainmfhocal *gan* (40, 47, 69, srl.)

go

+ ainmfhocal *go* (21, 27, 29, srl.);

+ forainm p. 2ua. *chugadsa* (47)

+ forainm p. 3ua. *chuiqe* (187, 249)

+ forainm p. 1iol. *chugainn* (268)

+ forainm p. 3iol. *chuca* (305, 319)

i

+ ainmfhocal	<i>i</i> (8, 31, 32, srl.)
+ alt ua.	<i>isin</i> (4); <i>san</i> (42, 53, 75, srl.); <i>sa</i> (204)
+ forainm p. 3ua.	<i>ann</i> (39, 70, 142); <i>innnte</i> (163, 309)
+ forainm p. 3iol.	<i>ionnta</i> (159)
+ forainm s. 2ua.	<i>ann do</i> (30); <i>i do</i> (194)
+ forainm s. 3ua.	<i>'na</i> (12, 53)
+ forainm s. 2iol.	<i>in bhar</i> (34)
+ forainm s. 3iol.	<i>'na</i> (164, 233)
+ coibhn. (roimh bhriathar)	<i>'na</i> (318); <i>ina</i> (101)

le

+ ainmfhocal:	<i>le</i> (1 (2x), 28, srl.)
+ alt ua.	<i>leis an</i> (97)
+ alt iol.	<i>leis na</i> (263, 271)
+ forainm p. 1ua.	<i>liom</i> (46, 87, 88, srl.); <i>liomsa</i> (93, 103, 143, srl.)
+ forainm p. 2ua.	<i>leat</i> (83, 96, 120, srl.); <i>leatsa</i> (42, 121, 127, srl.)
+ forainm p. 3ua.	<i>leis</i> (110, 114, 148, srl.)
+ forainm p. 2iol.	<i>libh</i> (37)
+ forainm p. 3iol.	<i>leó</i> (109)
+ forainm s. 2ua.	<i>le do</i> (160, 210)
+ forainm s. 3ua.	<i>lena</i> (115); <i>le a</i> (283)
+ copail	<i>lerab</i> (301)

re^h (le)

+ ainmfhocal	<i>re</i> (31)
+ alt ua.	<i>ris an</i> (16)
+ forainm p. 3ua.	<i>ris</i> (50, 110, 152); <i>re</i> (307)
+ forainm p. 2iol.	<i>ribhse</i> (33)
+ forainm p. 3iol.	<i>riú</i> (274)
+ forainm s. 1ua.	<i>re mo</i> (305)

reⁿ (roimh)

+ ainmfhocal	<i>roimh</i> (256)
+ forainm p. 1ua.	<i>romham</i> (193, 228)
+ forainm p. 2ua.	<i>romhad</i> (120)
+ forainm p. 3ua.	<i>roimhe</i> (49, 65, 146, srl.)

ó

+ ainmfhocal	<i>ó</i> (126, 175, 258)
+ alt ua.	<i>ón</i> (179, 308 (2x))
+ forainm p. 2ua.	<i>uaitse</i> (122)
+ forainm p. 3ua.	<i>uadha</i> (57, 144, 171, srl.)
+ forainm s. 3ua.	<i>óna</i> (287)

um

+ coibhn. + *ima* (26)

briathar

+ forainm p. 3ua. *ime* (54)

mar

+ ainmfhocal *mar* (141, 173, 214, srl.)

+ forainm p. 1ua. *mar an* (22, 122, 161, srl.)

tar

+ ainmfhocal *tar* (45, 49, 81, srl.)

+ forainm p. 3ua. *tairis* (225)

+ forainm s. 1ua. *tar m(h)'* (35, 39, 45, srl.)

+ forainm s. 3iol. *tar a n-* (104)

tre

+ ainmfhocal *tre* (52, 165, 166)

iar/ar

+ ainmfhocal *iar* (112, 136, 178, srl.)

+ forainm s. 3ua: *iarna* (146, 241); *arna* (116, 213)

ós

+ forainm s. 1iol. os ar (139)

3.1.3 Na huimhreacha

(i) Níor breacadh an uimhir *dá* amach ina iomlána ach faoi dhó sa téacs: *go colpaidhe a dhá chos* (53–4) agus *don dá chois* (58). I ngach cás eile, ta an giorrúchán ‘2’ scaoilte agam mar *dá/dhá* ag brath ar an gcomhthéacs ina bhfuil sé: ‘fa colpaidhe a 2. chos’ (LS) > *fa cholpaidhe a dhá chos* (56), ‘the calves of his two legs; ‘don 2 bróig’ (LS) > *don dá bhróig* (60), ‘of the two shoes’; ‘ar 2 bhior’ (LS) > *ar dhá bhior* (170), ‘on two spits’; ‘ar 2 thaobh’ (LS) > *ar dhá thaobh* (170), ‘on both sides’; ‘7 2 bhairille fiona’ (LS) > *7 dhá bhairille fiona* (176), ‘two barrels of wine’; ‘na 2 leith chomhthroma’ (LS) > *’na dhá leith chomhthroma* (169–70), ‘in two equal halves’.

(ii) Tá séimhiú curtha agam ar lorg an uimhir *dá* sna samplaí seo a leanas: *go colpaidhe a dhá chos* (53–4), ‘to the calves of his two legs’; *don dá bhróig* (60), ‘of the two shoes’.

(iii) Infhilltear ainmfhocail mar ghinideach iolra i ndiaidh *dá* nuair is i suíomh ginideach atá siad: *go colpaidhe a dhá chos* (53–4) agus *fa cholpaidhe a dhá chos* (56).

(iv) An uimhir iolra a leanann na bunuimhreacha eile sa téacs: *seacht gcatha* (1–2); *trí tréithe* (36); *seacht léig* (311); srl. Caomhnaítear an seaniolra *fichid*: *trí fichid míle* (126). Is mar iolra íseal sé *chúpla* (148) seachas mar iolra ard sé *cúpladha* atá ‘6 chúpl.’ (LS) scaoilte agam i bhfianaise an tséimhithe, agus toisc gur minic líne chrochta shéimhithe ag an scríobhaí leis an litir ‘a’ a chur in iúl (féach 4.2 (i)).

(v) Tagann athruithe tosaigh ar lorg na mbunuimhreacha le gnáthchóras na n-ardiolraí sa NGC: *trí fichid míle* (126); *le seacht gcatha* (1–2); *do na trí tréithe feadh mamhla* (36–7); *fo chúig mhíle* (246). Is mar iolra íseal a chaitear le *cúpla* in *sé chúpla* (148)

(féach 3.1.3 (iv) thuas) agus séimhítear an t-ainmfhocal ar lorg na huimhreach, ag cloí le gnáthnós na NGC.

(vi) Sa NGC is mar ainmfhocail a chaití leis na focail *fiche*, *caoga*, *míle* srl. Tá ‘x míle xx’ (LS) agus ‘x míle xx’ (175, 222) scaoilte agam mar *deich míle fichead* (tuisseal ginideach uatha an ainmfhocail *fiche*).

(vii) Níl sa téacs ach sampla amháin d’uimhir phearsanta: *Is ann sin do thriall an dís deaghlaoch-sin chum an aisdir-sin* (134), agus an tuiseal tabharthach *dís* tagtha in áit an ainmnigh *dias* (faoi mar a tharla i gcás *triúr* in áit *triar*).

(viii) Níl ach sampla amháin d’orduimhir sa téacs: *an dara huair* (154).

3.1.4 Na Briathra: Deilbhíocht

Foirmeacha na mbriathra rialta:

Báitear an guta sa mhír chaite *do* roimh ghutaí agus roimh fh + guta sa téacs seo, ag teacht salach ar theagasc na NGC: *d’aithin* (270) (= NGC *do aithin*); *d’fhágaibh* (20) (= NGC *do fhágaibh*); *d’fhiafraigh* (110) (= NGC *do fhiafraigh*); srl. Níl ach eisceacht amháin a chloíonn leis an gcaighdeán clasaiceach agus nach mbáitear an mhír an chaite ann: *do éirigh* (312).⁹⁶ Tá ocht sampla (neamhchoibhneasta) sa téacs (c. 9% de na samplaí) ina bhfághtar an mhír chaite ar lár ar fad: *chroith* (183); *chuir* (199, 201); *mhúsgail* (188); srl. Tá ceithre shampla d’úsáid na seanmhíre caite foirfe *ro* san aimsir

⁹⁶ Maíonn O’Brien (1956, 183–4) go bhfágann an mhír bhriathartha leathan *do* a rian ar fhuaimniú an bhriathair áirithe seo i gcanúintí áirithe agus b’fhéidir go bhfuil baint aige sin leis an bhfoirm *do éirigh* in áit *d’éirigh* sa téacs.

chaite sa téacs: *ro éirigh* (198); *ro ráidh* (17, 66, 137). Sampla é seo den chineál ársaíochta a bhí coitianta i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche.⁹⁷

Níl mórán d'iontas i ndéantús na mbriathra rialta cé is moite de na nithe luaite thuas. I ngeall ar easpa rialtachta an scríobhaí maidir lena chóras giorrúcháin is deacair a bheith cinnte i gcónaí cén fhoirm den bhriathar atá i gceist, áfach. Tá cuid de na cinntí eagarthóireachta a bhaineann leis na briathra luaite thíos agam.

(i) Glacaim leis, ón uair nach bhfuil an briathar séimhithe ach é i suíomh caite (agus cé nach bhfuil sampla *en pleine* agam) gurb í foirm an s-caite atá i gceist sa dá shampla seo: 'fill/. bodach' (LS) (230–1); 'fill/. an b.' (LS) (315–6) agus tá an líne chrochta séimhithe scaoilte agam mar is dá réir sin: *fillis* (féach an polasaí eagarthóireachta i gCaibidil 4.2(i)). Tá an fhoirm seo thar a bheith coitianta i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche agus inghlactha sa dán díreach freisin.

(ii) Níl ach dhá shampla sa téacs inar scríobhadh amach an briathar sa mhodh foshuiteach láithreach *en pleine*: *go bhfille* (226–7), agus *go n-ithe* (276). Is i bhfianaise na mbriathra seo atá na samplaí eile scaoilte agam: 'go ccas/. mise' (LS) > *go gcosa mise* (229); srl.

(iii) Tá na foirmeacha spleácha de na briathra san aimsir fháistineach ('go mbainf/. sé' (LS), 'nach bfanf/.' (LS); srl.) scaoilte agam mar -fe/-fa (*go mbainfe sé* (88–9); *nach bhfanfa* (228) faoi seach), ach ós rud é nár breacadh sampla ar bith den tríú pearsa uatha spleách den f-fáistineach *en pleine* sa téacs ní féidir a bheith cinnte nach raibh an fhoirm

⁹⁷ Is cosúil go bhfuil an fhoirm *ro ráidh* níos coitianta ná *do ráidh* sna scéalta rómánsacha trí chéile (GFMR, 41 n.4). Dar le Bruford gur ar mhaithe le huaim a d'úsáidtí an tseanfhoirm *ro*, ach b'ait liom iarméarla le huaim, fiú sa phrós.

neamhspleách tagtha i dtreis ar an bhfoirm spleách (i.e. córas na Nua-Ghaeilge chomhaimseartha: *go mbainfidh sé agus nach bhfanfaidh*).

(iv) Tá an déadach san fhoirceann céasta clasaiceach ‘-thar’ tite ar lár san fhoirm *ní chríochnóchar* (27). Is léir go raibh na fuaimeanna -chth- agus -ch- mar an gcéanna faoin dtráth seo (féach *ABP*, 864–7) agus mar sin ní haon ionadh mór é an déadach a bheith ar lár anseo. Tá cúpla sampla eisceachtúil den fhorás céanna san fhilíocht chlasaiceach (*SNG* IV, §7.6) agus tá sé sách coitianta i bpróistéacsanna (féach, mar shampla *chriochnochar* (líne 28185) in *TN* (AD 1602)).

(v) Níl na foirmeacha den bhriathar *teagmhaidh* sa téacs clasaiceach. Is é *teagómhaidh* (87) an fhoirm fháistineach (= NGC *teigéamhaidh* / *teigeómhaidh*), agus *do theagómhadh* (94) foirm an mhodha choinníollaigh (= NGC *teigéamhadh* / *do-teigeómhadh*, féach *IGT* iii, §2).

(vi) Tá claonadh ag an scríobhaí seo ‘f’ an fháistinigh agus an mhodha choinníollaigh a bhreacadh roimh líne chrochta séimhithe, faoi mar a bheifí ag súil leis (‘do rithf/.’ (LS) > *do rithfeadh* (110), srl.) Is mar fhoirmeacha na haimsire gnáthchaite atá na briathra a leanas scaoilte agam de cheal ‘f’ roimh an ngiorrúchán: ‘do bhuail/.’ (LS); > *do bhuaileadh* (55); ‘2 ttogm/.’ (LS); > *dá dtógbhadh* (55); ‘go mbain/.’ (LS); > *go mbaineadh* (56); ‘da siubh/.’ (LS); > *dá siubhladh* (61); ‘2 ttog/.’ (LS) > *dá dtógbhadh* (61–2). Tagann an aimsir ghnáthchaite leis an gcomhthéacs sna samplaí sin uile.

Foirmeacha na mbriathra neamhrialta:

Is sna briathra neamhrialta a fheicimid an bhearna is mó idir teanga ár dtéacsna agus an NGC. Tá líon na bhfoirmeacha i bparaidímí na mbriathra comhshuite laghdaithe go suaithinseach ón gcaighdeán sin.

(vii) A-tá: San aimsir láithreach, sa chéad phearsa uatha, tá an fhoirm *táim* tagtha in áit *a-táim* / *a-tú* (123, 128, 142, srl.). A-tá an fhoirm neamhspleách sa tríú pearsa uatha: *A-tá sgéala* (274); *a-tá do mhéad m'ocrais* (275); *a-tá biadh* (192); srl, ach féach sampla amháin de *tá* ina áit: *Tá do mhéid mo bhuaidheartha* (67–8). An fhoirm choibhneasta *tá* a bhíonn ar lorg an chonaisc *má: má tá* (122, 129). Is í *-fuil* an fhoirm spleách sa tríú pearsa uatha, cé is moite de shampla amháin de *níl: óir níl aonní* (84) (= NGC *ní fhuil*). Tá sampla amháin d'fhoirm na dara pearsa iolra *-fuilte* sa téacs (101). San aimsir chaite tá an fhoirm spleách *raibh* tagtha in áit na foirme clasaicí *-raibhe* ar fad (106, 107 2(x), srl.). Níl ach sampla amháin den bhriathar san uimhir iolra san aimsir chaite, agus foirm chlasaiceach, tháite atá ann: *'na rabhadar* (318). Ní haon díol suntais foirmeacha an mhodha ordaithe sa tríú pearsa uatha: *bíodh* (73); *ná bíodh* (100). Tá *bhíos*, an fhoirm choibhneasta den aimsir ghnáthláithreach, in úsáid sa téacs ach brí fháistínigh aige: *is cóir dúinn, ó tharla coill i gcomhghar dhúinn, áras tighe nó bothán do dhéanamh bhíos os ar gcionn a-nocht* (137–9), 'we should make a dwelling cabin or hut that will be over our heads tonight'; *is fada uadha a-mach bhíos gach aon nach dtiubhra a chongnamh ann dochum a dhéanta* (144–5) 'those who do not help to make it will be [left] far out from it'.⁹⁸ Tá 'go mb7.' (LS) scaoilte agam mar *go mbeadh* sa mhodh foshuiteach caite (299): *gion go mbeadh aonduine dá chosnamh ort acht mise a-mháin*, 'even though there was only a single man – myself – protecting it against you'. Ar an gcaoi chéanna, tá 'dá mb7' (LS) scaoilte agam mar *dá mbeadh* (30) sa mhodh foshuiteach caite in *óir, dá mbeadh a bás re seacht mbliadhna do na fianaihb i gceann a maireann do láthair díobh*, 'for even if those members of the fianna who have died in the last seven years were added to those who are living still', agus tá 'do bh7' scaoilte agam mar *do bhiadh*

⁹⁸ Tá samplaí dá leithéid (le brí fháistíneach) in BN: (1160, 1244; srl). Bheimis ag súil le *bhias* sna samplaí seo. Níl aon choigeartú déanta agam air seo ós rud é nach bhfuil sampla ar bith de *bhias* sa téacs.

(259) sa mhodh coinníollach (*d'fhéachain cia haca don lucht reatha do bhiadh i dtosach*, 'to see which of the runners would be in front'). Tá na cinní eagarthóireachta seo déanta agam de cheal foirmeacha *en pleine* a bheith ar fáil sa téacs. Is í *beith* foirm an ainm bhriathartha (44, 118, 125, srl.).

(viii) A-deir: Cruth clasaiceach, a bheag nó a mhór, atá ar an mbriathar *a-deir* sa téacs. Foirmeacha san aimsir chaite amháin atá ann. Foirmeacha clasaiceacha iad foirmeacha na tríú pearsa uatha, spleách agus neamhspleách: *a-dubhairt* (295); *go ndubhairt* (235); srl. Deilbhíocht iarchlasaiceach atá i bhfoirm na dara pearsa uatha: *a-dubhrais* (236–7) (< NGC *a-dubhartais*, IGT iii, §6), agus an fhoirm bunaithe, glacaim leis, ar thamhan na faí céasta (*a-dubhradh*).

(ix) Beiridh: Ní thagann deilbhíocht an bhriathair *beiridh* san aimsir chaite leis an gcaighdeán clasaiceach sa téacs seo: *do rug* (292, 308) (= NGC *rug*). Foirm scartha san aimsir láithreach atá in *má bheir tú* (302). Tá cúpla sampla den fhoirm choibhneasta san aimsir fháistineach sa téacs: *bhéaras* (34, 79, 80, srl.). Ní haon díol suntais an fhoirm chlasaiceach den mhodh ordaitheach, dara pearsa uatha atá sa téacs: *beir h'anam leat* (304).

(x) Do-b(h)eir: San aimsir láithreach is foirm tháite, chlasaiceach den bhriathar atá sa chéad phearsa uatha: *do-bheirim* (193, 306). San aimsir chaite, tríú pearsa uatha, tá *thug* / *do thug* tagtha in áit an na foirme neamhspleáiche clasaicí *do-ug* / *tug*, agus paraidímí na mbriathra rialta á leagan anuas ar na briathra comhshuite. (Sílím gur féidir linn breathnú ar an *do* in *do thug* mar mhír bhriathartha na haimsire caite seachas mar réimír). Tá cúig shampla de *do thug* sa téacs (152, 168, 277, srl.) agus trí cinn (neamhchoibhneasta) de *thug* (252, 285, 290). Níl aon choigeartú déanta agam ar na foirmeacha seo ós rud é go léiríonn siad éiginnteacht agus forás na teanga. Níl ach

sampla amháin den bhriathar san aimsir chaite san uimhir iolra agus is foirm tháite sa tríú pearsa iolra atá ann atá ann: *dá dtugadar* (2). Ach an aimsir chaite agus láithreach a chur as an áireamh, is foirmeacha clasaiceacha, den chuid is mó, iad na foirmeacha eile den bhriathar *do-bheir* sa téacs. San aimsir fháistineach, tá ‘dho bér/.’ (LS) scaoilte agam mar *dho-bhéarad* (46) toisc gur soiléir ón gcomhthéacs gur brí fháistineach atá i gceist: *muna dteagmha damh ann sin é teagómhaidh gan amhras i gCéis Chorainn liom é, 7 dho-bhéarad chugadsa gan mhoill ann so é*, ‘if I do not meet him there I will certainly meet him in Céis Chorainn, and I will bring him here to you without delay’.

Foirm chlasaiceach í an fhoirm spleách den tríú pearsa uatha: *nach dtiubhra* (145) agus foirm na chéad phearsa uatha sa mhodh coinníollach: *do-bhéarainn-se* (32). Tá sampla den mhodh ordaitheach sa dara pearsa uatha: *tabhair* (120), agus san fhaí céasta: *tugthar* (277) sa téacs. Tá an fhoirm spleách sa mhodh foshuiteach caite céad phearsa iolra *go dtugmaís* (130) ag cloí le rialacha na NGC. Is í *tabhairt* foirm an ainm bhriathartha sa téacs: *do thabhairt* (23–4, srl.).

(xi) Do-chí / ad-chí: San aimsir chaite is í an fhoirm chlasaiceach den bhriathar sa tríú pearsa uatha atá sa téacs: *do-chonnairc* (52, 269, 284, srl.). Fágтар an réimír *do* ar lár i sampla amháin a bhfuil brí choibhneasta aige: *an tan chonnairc* (260). Foirmeacha táite iad ar fad cé is moite de shampla amháin: *do-chonnairc sé* (52). Foirm chlasaiceach atá sa tríú pearsa iolra freisin: *do-chonncadar* (105). Tá na samplaí ar fad sa téacs d’fhoirmeacha spleácha an bhriathair clasaiceach: *ní fhacaidh* (64); *ní fhacamar* (28); *go bhfacadar* (3). Tá ‘a bhfac/. mé’ scaoilte agam mar *a bhfacaidh mé* (223). Is í *faicsin* foirm an ainm bhriathartha sa téacs: *d’fhaicsin* (107); *iar bhfaicsin* (112); *d’fhaicsin* (114).

(xii) Do-chluin / ad-chluin: Níl ach corrshampla den bhriathar seo sa téacs, iad ar fad san aimsir chaite agus clasaiceach ó thaobh na deilbhíochta de. Faightear an briathar sa

chéad phearsa iolra, spleách: *Ní chualamar* (28), maille le foirm neamhchlasaiceach den ainm briathar: *Arna chlos sin* (116). Díol suime go n-úsáidtear an fhoirm seo mar aidiacht uair amháin sa téacs: *budh clos* ‘that could be heard’ (57), agus an fhoirm seo múnlaíthe ar leithéidí *ní fios*.

(xiii) Do-ní: Foirmeacha clasaiceacha den bhriathar *do-ní* san aimsir chaite atá sa téacs. Tá ‘ni dhearn/.’ (LS) scaoilte agam mar *ní dhearna* (174) agus *ní dhearnadar* (134–5) sa tríú pearsa uatha agus sa tríú pearsa iolra faoi seach. Tá meascán d’fhoirmeacha den bhriathar san aimsir fháistineach sa téacs. Is mar ghnáthbhriathar le *f-fáisteanach*, seachas mar bhriathar comhshuite, a chaitear leis an mbriathar *do-ní*: *ní mó dhéanfad* (161) (= NGC *do-ghéan*); *aonduine dhéanfas é* (99–100) (< NGC *do-ghéana*). Is den deilbhíocht chéanna na foirmeacha spleácha den aimsir fháistineach: *ní dhéanfad* (35); (81); (= NGC: *-diongan / -dingean / -dingéan*). Tá sampla amháin d’fhoirm chlasaiceach den bhriathar sa téacs, áfach: *do-dhéan-sa* (208) (=NGC: *do-ghéan-sa*). Baintear úsáid as *déan* arís mar thamhan briathartha sa mhodh foshuiteach chaite: *dá ndéanainn* (69) (= NGC: *dá ndearnainn*). Ní díol spéise foirm an ainm bhriathartha *déanamh*: *do dhéanamh* (43, 83); *le déanamh* (95–6); srl, ná an tuiséal ginideach den ainm bhriathar: *dochum a dhéanta* (145).

(xiv) Téid: Foirmeacha clasaiceacha ar fad den bhriathar seo atá le fáil sa téacs. San aimsir chaite, tá ‘do ch/.’ (LS) scaoilte agam mar *do-chuaidh* (269) i bhfianaise an t-aon sampla eile atá sa téacs atá breactha ina iomlána (163). Níl an fhoirm spleách le fáil *en pleine* sa lámhscríbhinn agus is mar *go ndeachaidh* atá ‘go ndeach/.’ (LS) scaoilte agam (219, 231, 245). Ní hábhar spéise na foirmeacha a fhaightear den mhodh coinníollach: *dá rachadh* (218); *nach rachadh* (114). Is í *dul* foirm an ainm bhriathartha tríd síos (51, 86, 283).

(xv) Tig/do-ig: San aimsir chaite, tríú pearsa uatha, tá *do tháinig* (14, 109, 317) tagtha in áit na foirme neamhspleáiche clasaicí *tánaig / do-ánaig* nó *táinig / do-áinig* (cf. an forás céanna i bhfoirmeacha caite an bhriathair ‘do-bheir’; féach 3.1.4 (x)). Foirm iarchlasaiceach is ea foirm na dara pearsa uatha: *ima dtáingais* (26–7) (< NGC: *tánagais / do-ánagais*). Tá an tríú pearsa uatha clasaiceach: *go dtáinig* (186–7, 221). Is í foirm na tríú pearsa uatha san aimsir láithreach a thagann i ndiaidh an chonaisc *má* i ngach pearsa: *má thig tú* (158); *má thig leat* (96). Tá ‘go ttuigf/.’ (LS) scaoilte agam mar *go dtiocfa liomsa* (143) san aimsir fháistineach (*acht má tá go dtiocfa liomsa áras ar bith do dhéanamh ann a gcomhnóchaidh mé féin a-nocht*, ‘but if I manage to build any dwelling there in which I will stay tonight’) agus mar *go dtiocfadh leat* (297) sa mhodh coinníollach (*7 nach baramhlach duitse a mheas go dtiocfadh leat féin ardchíos 7 ardcheannas na hÉireann do bheith leat féin don dul-se*, ‘and was it not obstinate of you to think that you could take the general tribute and over-lordship of Ireland with you on this occasion’), ag teacht le héirim an scéil agus i bhfianaise neamhréireachtaí ortagrafaíochta an scríobhaí (féach 3.1.8). Maireann an s-foshuiteach sa téacs san fhoirm *sul dtí* (119). Tá ‘mur ttig/. liom’ (LS) scaoilte mar *mur dtige liom* (98) (féach 3.1.5(xx)). Is í *teacht* foirm an ainm bhriathartha tríd síos (8, 109, 142, srl.).

(xvi) Do-gheibh: Ní díol suntais iad foirmeacha an bhriathair seo san aimsir chaite, agus cloíonn siad le rialacha na NGC. Samplaí den tríú pearsa uatha amháin atá ann: *fuair a chuid bídh* (178); *a bhfuair bás* (30–1); *go bhfuair* (232). Foirm chlasaiceach atá san aimsir fháistineach, dara pearsa uatha: *Do-ghéabha tú* (208). Tá sampla d’fhoirm chéasta an mhodh coinníollaigh sa téacs: *nach bhfuighthe* (29). Leis an ngiorrúchán ‘ll’ (LS) a chuirtear an t-ainm briathartha in iúl sa lámhscríbhinn, agus is mar *d’fhagháil* atá an nod sin scaoilte agam (75, 296). Níl aon sampla den fhoirm spléach den mhodh foshuiteach láithreach sa tríú pearsa uatha breactha ina iomláine agus is mar *muna*

bhfagha sé atá ‘muna bhfag/. sé’ (LS) (76, 78) scaoilte agam. Glacaim leis gur foirmeacha den bhriathar *geibhidh*, seachas *do-gheibh*, iad na samplaí seo a leanas: *Má gheibh sibh* (33); *Má gheibh tú* (37); *má gheibh sé* (79); *má gheibh tú* (206), agus an dá bhriathar trí chéile (féach SNG VI, §8.72).

(xvii) Déanfar achoimre ar fhoirmeacha na mbriathra neamhrialta sna táblaí thíos.⁹⁹

A-tá

caite	(neamhspleách)	3u. <i>do bhí</i> (10, 65, 175, srl.)
caite	(spleách)	(156), 3u. <i>–raibh</i> (106, 107 2(x), srl.), 3i. <i>–rabhadar</i> (318)
foshuit. caite	(spleách)	3i. <i>–beadh</i> (30, 299)
foshuit. láith.	(spleách)	3u. <i>–raibh</i> (208, 209)
láith.	(neamhspleách)	1u. <i>táim</i> (47, 123, 128, srl.); 3u. <i>a-tá</i> (41, 67, 117, srl.); <i>tá</i> (67, 122, 129, srl.)
láith.	(spleách)	3u. <i>–fuil</i> (29, 42, 47, srl.); <i>níl</i> (84), 2i. <i>–fuiltí</i> (101)
fáist.	(neamhspleách)	3u. <i>beidh</i> (159, 194)
fáist.	(spleách)	3u. <i>–beidh</i> (39, 71, 122, srl.), 1i. <i>–biam</i> (133)
ord.	(neamhspleách)	3u. <i>bíodh</i> (73)
ord.	(spleách)	3u. <i>–bíodh</i> (100)
ainm br.		<i>beith</i> (22, 44, 118, srl.)

⁹⁹ Leagan normalaithe iad seo a thagann leis an eagrán. Tugtar réamhfhocail phearsanta i ndiaidh foirmeacha neamhphearsanta. Más foirm scartha den bhriathar atá i gceist, tugaim foirm an bhriathair amháin (gan fhorainm) agus is mar tríú pearsa uatha a liostaítear an fhoirm sin: e.g. má tá *do bhí tusa* sa téacs, tugaim 3u. *do bhí*.

A-deir

caite	(neamhspleách)	2u. <i>a-dubhrais</i> (236–7); 3u. <i>a-dubhairt</i> (114, 117, 154, srl.)
caite	(spleách)	3u.– <i>dubhairt</i> (189, 222, 267)

Beiridh

láith.	(spleách)	3u. <i>beir</i> (302)
caite	(neamhspleách)	3u. <i>do rug</i> (292, 308)
caite	(spleách)	3u.– <i>rug</i> (235)
fáist.	(coibhn.)	3u. <i>bhéaras</i> (34, 38, 79)
ord.	(neamhspleách)	2u. <i>beir</i> (304)

Do-b(h)eir

caite	(neamhspleách)	3u. <i>do thug</i> (152, 168, 277, srl.), <i>thug</i> (252, 285, 290)
caite	(spleách)	3u.– <i>tug</i> (110, 111, 148, srl.), 3i.– <i>tugadar</i> (2)
fochuit. láith.	(spleách)	3u.– <i>tuga</i> (88, 227, 229)
láith.	(neamhspleách)	1u. <i>do-bheirim</i> (193, 306)
fáist.	(neamhspleách)	1u. <i>dho-bhéarad</i> (46)
	(spleách)	3u.– <i>tiubhra</i> (145)
ord.	(neamhspleách)	céasta <i>tugthar</i> (277)
coinn.	(neamhspleách)	1u. <i>do-bhéarainn</i> (32)

foshuit. caite	(spleách)	1i.– <i>tugmaís</i> (130)
ainm br.		<i>tabhairt</i> (24, 77, 274)

Do-chí /ad-chí

caite	(neamhspleách)	3u. <i>chonnairc</i> (260), <i>do-chonnairc</i> (52, 269, 284), 3i. <i>do-chonncadar</i> (105)
caite	(spleách)	3u. – <i>facaidh</i> (64, 223), 1i.– <i>facamar</i> (28), 3i.– <i>facadar</i> (3), srl.
foshuit. láith.	(spleách)	3u.– <i>faice</i> (127)
ainm br.		<i>faicsin</i> (114)

Do-cluin(eann)

caite	(spleách)	1i. – <i>cualamar</i> (28)
ainm br.		<i>clos</i> (116)

Do-ní

caite	(neamhspleách)	3u. <i>do-rinne</i> (116)
caite	(spleách)	3u. – <i>dearna</i> (174), 3i.– <i>dhearnadar</i> (135)
foshuit. caite	(spleách)	1u. – <i>déanainn</i> (69)
fáist.	(neamhspleách)	1u. <i>do-dhéanfad</i> (33), coibh. <i>dhéanfad</i> (161) <i>do-dhéan</i> (208) 3u. coibh: <i>dhéanfas</i> (100)
fáist.	(spleách)	1u.– <i>déanfad</i> (35); 3u. – <i>déanfa</i> (81)
ainm br.		<i>déanamh</i> (43), srl.

gin. *déanta* (145)

Téid

caite (neamhspleách) 3u. *do-chuaidh* (163, 269)

caite (spleách) 3u. *–deachaidh* (219, 231)

coinn. (spleách) 3u. *–rachadh* (114, 218)

ainm br. *dul* (51)

Tig / do-ig

caite (neamhspleách) 3u. *do tháinig* (14, 109, 317)

caite (spleách) 2u. *–tángais* (27), 3u. *–táinig* (187, 221)

láith. (neamhspleách) 3u. *–tig* (96, 158)

foshuit. láith (spleách) 3u. *–tige* (98), *–tí* (119)

fáist. (spleách) 3u. *–tiocfa* (143)

coinn. (spleách) 3u. *–tiocfadh* (297)

ainm br. *teacht* (6)

Do-gheibh

caite (neamhspleách) 3u. *fuair* (178)

caite (spleách) 3u. *–fuair* (31, 232)

fáist. (neamhspleách) 3u. *do-ghéabha* (118)

coinn. (spleách) céasta *–fuighthe* (29)

foshuit. láith. (spleách) 3u. *–fagha* (76, 78)

ainm br.

fagháil (75, 296)

An Chopail:

(xviii) San aimsir chaite, níl aon sampla den chopail neamhspleách scríofa amach ag an scríobhaí ina iomlána. Tá *b/*. (LS) scaoilte agam mar *budh*.

(xix) Tá achoimre ar fhoirmeacha na copaile atá le fáil sa téacs sa tábla thíos.¹⁰⁰

aimsir láithreach	neamhspleách	<i>is</i> (10, 22, 24, srl.)
	diúl.	<i>ní</i> (118, 237, 269)
	+ má	<i>más</i> (36, 41, 72)
	+go	<i>gur</i> (121); <i>gurab</i> (73, 123, 242)
	+ coibhn.	<i>is</i> (37, 268); <i>níos</i> (35, 39, 81, srl.)
	+ coibhn. (diúl.)	<i>nach</i> (275, 296)
	+ mír cheisteach	<i>an</i> (224)

modh foshuiteach	+ cé	<i>gidh</i> (33, 299)
------------------	------	-----------------------

caite

aimsir chaite:	neamhspleách	<i>budh</i> (59, 108, 113); <i>dob</i> (113); <i>do</i> <i>budh</i> (150)
	diúl.	<i>níorbh</i> (147)
	+ coibhn.	<i>budh</i> (9 2(x), 57, srl.); <i>dob</i> (9)
	+ coibhn. (diúl.)	<i>nár</i> (298)

¹⁰⁰ Ní áirím réamhfhocail + copail anseo (féach 3.1.2 (xiii)).

3.1.5 Comhréir na mbriathra (rialta agus neamhrialta)

Tá meascán d'fhoirmeacha táite agus d'fhoirmeacha scartha den bhriathar rialta agus neamhrialta le fáil in *BCL*. Is mó líon na bhfoirmeacha táite ach tá líon suaithinseach d'fhoirmeacha scartha ann chomh maith (c. 40%).

(i) San aimsir chaite meascán ceart d'fhoirmeacha táite agus scartha atá sa téacs. Sa chéad phearsa uatha tá an dá chóras in úsáid taobh le taobh: *ó d'fhagaibh mé* (20–1), *Ní raibh mé* srl. (156) ach *do shiubhlas* (20); *níor fhágghas* (20). Caomhnaítear an fhoirm tháite den bhriathar rialta sa dara pearsa uatha: *chuiris* (237); *arar labhrais* (37); *mar a-dubhrais* srl. (236–7), cé is moite de shampla amháin: *ar ghabh tú* (17). An fhoirm tháite a úsáidtear de ghnáth sa tríú pearsa uatha: *d'aithin* (270); *do bhuail* (293); srl., seachas sna heisceachtaí seo a leanas: *dar bhogair sé* (84); *do mhothaigh sé* (196); *do mhúsgail sé* (163–4); *do scoith sé* (166); *do thaisbéin sé* (111–2); *a raibh sé* (106); *go dtug sé* (203) *do-chonnairc sé* (52). Foirmeacha táite ar fad atá sa tríú pearsa iolra: *shíleadar* (7); *ní fhacamar* (28); *Ní chualamar* (28); srl.

(ii) Caomhnaítear an fhoirm tháite sa chéad phearsa uatha, aimsir láithreach i gcónaí: *Táim* (47); *'S é mheasaim-se* (95); *Gabhaim-se* (101); srl. ach a mhalairt is fíor sa dara pearsa uatha: *ara bhfuil tú* (47); *shaoileas tú* (118), *Má ghabhann tú* (93); srl. Meascán den dá nós a fhaightear sa tríú pearsa uatha: *ní bhfuil sé* (42), srl. Foirm scartha atá sa tríú pearsa iolra chomh maith: *Má gheibh sibh* (33).

(iii) Sa mhodh foshuiteach láithreach tá foirm scartha den bhriathar tagtha in áit na foirme pearsanta clasaicí '-ar' ar fad sa chéad phearsa uatha: *go gcase mise* (229); *go bhfille mise* (226–7); *mur siubhla mise* (121); *go n-ithe mé* (276); *sul raibh mise* (209); *go dtuga mé* (88); *go dtrialla mise* (44). Foirmeacha scartha ar fad atá sa dara pearsa

uatha chomh maith: *muna gcraobhsgaoile tú* (71–2); *mur bhfaice tusa* (127). Tá samplaí ann den dá fhoirm sa tríú pearsa uatha: *muna bhfagha sé* (76, 78); ach *muna dteagmha* (45, 86–7).

(iv) Foirmeacha táite ar fad atá sa mhodh coinníollach sa téacs. Tá samplaí sa chéad phearsa uatha: *do bhéarainn-se* (32); *go seasfainn* (94), agus sa tríú pearsa uatha: *go n-imeóradh* (300); *do theagómhadh* (94); *dá rachadh* (218), srl. Ní haon ionadh an méid seo ós rud é go maireann an fhoirm tháite sa mhodh coinníollach (i bhformhór na bpearsana) sa Nua-Ghaeilge chomhaimseartha.

(v) Meascán d’fhoirmeacha scartha agus táite atá san aimsir fháistineach. Féach, mar shampla, an chéad phearsa uatha: *a gcomhnóchaidh mé* (144); *go rithfe mise* (127), ach *cuirfead-sa* (305), agus féach *do-ghéabha tú* (118–9, 208) sa dara pearsa uatha den bhriathar *do-gheibh*. An dá nós a úsáidtear sa tríú pearsa uatha chomh maith: *bagraidh* (76); *go mbainfe sé* (88–9); *teagómhaidh* (87). Níl ach sampla amháin de bhriathar rialta san aimsir fháistineach, uimhir iolra sa téacs, agus foirm tháite atá ann: *a ngéabhmaid* (131).

(vi) Foirmeacha táite atá sa mhodh foshuiteach caite, céad phearsa uatha: *dá ndéanainn* (69), agus tríú pearsa uatha: *go mbaineadh* (56); *do bhuaileadh* (55); *dá siubhladh* (61); *dá dtógbhadh* (55, 61–2), seachas i gcás aon sampla amháin ina bhfaightear an briathar leis an bhforainm neamhspleách: *go bhféachadh sé* (42). Foirm tháite atá sa chéad phearsa iolra chomh maith: *go dtugmaís* (130).

In ainneoin nach féidir aon phatrún docht maidir leis an méid thuas a rianú, is féidir na claontaí seo a leanas a aithint:

- Foirmeacha scartha, den chuid is mó, atá sa mhodh foshuiteach láithreach, agus is cosúil go bhfuil foirceann an chéad phearsa (-ar) imithe i léig ar fad.

- Foirmeacha táite atá sa mhodh coinníollach de ghnáth (mar is ionann do Ghaeilge an lae inniu).
- Nuair is pearsa iolra a bhíonn i gceist, foirm tháite a bíonn ann formhór mór an ama.

Réiteach an ainmní le huimhir an bhriathair:

(vii) Réitíonn uimhir an bhriathair le huimhir an ainmní de ghnáth, ach féach na heisceachtaí seo: *mar a raibh fiana Éireann* (105); *do ghlac na fiana* (318). Féach freisin go bhfuil an tríú pearsa iolra den bhriathar in úsáid leis an gcnuasfhocal *fian*: *do ghluaiseadar an fhian* (271–2).

(viii) Tabhair faoi deara go n-úsáidtear gníomhaí leis an bhfaí chéasta sa téacs seo, murab ionann agus Nua-Ghaeilge an lae inniu. Is leis an réamhfhocail *le* (< SG *la*) a chuirtear an gníomhaí in iúl: *do commóradh le Fionn mac Cumhaill*, ‘was held by Fionn mac Cumhaill’ (1); *ní chríochnóchar an turas sin leat*, ‘that task will not be completed by you’ (27–8).

An t-ainm briathartha

(ix) Leanann an t-ainm briathartha an mhír *do* nuair atá aidhm nó rún á chur in iúl: *nach rachadh féin do chommóradh gaisgidh nó reatha* (114–5), ‘that he would never partake [*lit.* would not go to partake] in valorous combat or racing’; ‘*Ní raibh mé a-riamh gan daoine agam do dhéanamh soláthair dhamh dom fhéagmais féin*’ (156–7), ‘I was never without people providing [*lit.* to provide] for me when I was in need’.

(x) Leanann an t-ainm briathartha *do* i gclásal coibhneasta chomh maith: *ara bhfuil tú do rádha* (47–8, 128–9).¹⁰¹ Tá *do* curtha ar fáil agam in *ara bhfuil tú do rádha* (161–2) (LS ‘*ar a bhfuil tu radhe*’) i bhfianaise an dá shampla sin thuas.

(xi) Níl aon choigeartú déanta ar *do bhí tusa chrinn* (210). Glacaim leis anseo nach raibh an mhír *a* (< *do*) á fuaimniú (/Ø/) i ngeall ar bhá gutaí. Tá *ag* curtha ar fáil agam in *an tan do bhí Caol an Iarainn ag teacht fon láthair* (281–2), áfach, ós rud é nach bhfuil bá gutaí i gceist agus ós rud é nach bhfuil séimhiú ar an ainm briathartha. Lena chois sin, is é sin an gnáthnós sa téacs (féach *ag teacht* (8, 28, 260, srl.)).

An Briathar coibhneasta:

(xii) Baintear leas as foirm choibhneasta ar leith den bhriathar san aimsir fháistineach agus san aimsir láithreach i mbriathra simplí sa tríú pearsa uatha. Féach, mar shampla: *aonlaoch a-mháin in bhar measg bhéaras barr oramsa* (33–4), ‘a single warrior among you who will best me.’ Tagann seo le nós na NGC agus le canúintí áirithe sa lá atá inniu ann.

(xiii) Gaol cuspóireach atá ag an réamhtheachtaí leis an mbriathar sa sampla seo: *an duine shaoileas tú do bheith agad* (118), ‘the man you think you have’ agus bheadh an fhoirm seo nó an fhoirm *shaoile* go breá anseo sa chaighdeán clasaiceach.

(xiv) Caitear leis an mbriathar *do-ní* mar bhriathar simplí nuair atá sé i suíomh coibhneasta sa téacs seo: *aonduine dhéanfas* (99–100) (NGC *aonduine do-ghéana*). Féach freisin an chéad phearsa uatha: *ní mó dhéanfad* (161) (LS ‘*ni mo dénfíod*’), áit a mbeifí ag súil le *ní mó do-ghéan* sa NGC. Tá séimhiú curtha ar fáil anseo agam i bhfianaise *dhéanfas* (100).

¹⁰¹ Féach Bergin (1909, xv).

(xv) Maidir le clásail choibhneasta indíreacha ina bhfuil gaol réamhfhoclach leis an réamhtheachtaí (i + a + briathar) is gnáth a^n in úsáid leis an gcoibhneas a chur in iúl: *a raibh sé* (106) / *a ngéabhmaid* (131) nó *a gcomhnóchaidh mé* (144) (= NG *ina* / *a*).

(xvi) San aimsir chaite, is minic a fhágtar an mhír chaite *do* agus an réimír *do-* ar lár i suíomh coibhneasta: *an tan shaoileadar fianaibh Éireann* (7); *an tan chonnairc* (260) (NGC *an tan do-chonnairc*). Is minic an mhír chaite ar lár nuair nach bhfuil ciall choibhneasta ag briathar freisin, áfach (féach 3.1.4).

(xvii) Shéimhítí ainmfhocail ar lorg na copail coibhneasta san aimsir láithreach sa NGC de ghnáth (ABP, 870–5) ach níl an nós seo inár dtéacsna: *is fearr libh* (37); *más mian* (211). Níl coigeartú déanta agam air seo.

Cónaisc

(xviii) **Má:** Is iomaí sampla den struchtúr *má* + aimsir láithreach atá le fáil sa téacs: *Má gheibh* (33, srl.); *má thig* (96, 158); *má bheir* (302); *má tá* (122); *má ghabhann* (93).

Díol spéise gurb í an fhoirm spleách ‘-(e)ann’ seachas an foirceann ‘-(e)as’ a leanann *má* sa tríú pearsa uatha sna briathra rialta. Is minice ná a mhalairt séimhiú ar lorg an chónaisc *má* sa téacs agus cuirim séimhiú ar fáil nuair a bhíonn sé in easnamh (302).

(xix) **Dá:** An modh coinníollach agus an modh foshuiteach caite a leanann an mhír *dá* sa téacs, agus leanann an modh foshuiteach láithreach an mhír *go* de ghnáth.

(xix) **Nach:** Uraítear briathra i ndiaidh na míre *nach* sa téacs, claonadh atá bun os cionn le Gaeilge an chaighdeáin chlasaiceigh ach a thagann leis an NG chomhaimseartha: *nach bhfuighthe* (29); *nach dtiubhra* (145); *nach bhfuil* (43).

(xx) **Muna:** Is é an modh foshuiteach láithreach a leanann an cónasc *muna* sa téacs (*muna* / *mur* tríd síos), agus uraítear na briathra ar lorg na míre seo: *muna dteagmha*

(45); *muna gcraobhsgaoile* (71–2); *muna bhfagha* (76); srl. Bheifí ag súil le séimhiú ar a lorg sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach ach tá urú le fáil go coitianta sa phrós, ón seachtú haois déag i leith go háirithe (SNG IV, §3.1(c)).

(xxi) **Go dé (Caidhe):** Tá an fhoirm chanúnach *go dé* (66, 83, 296) ar fáil sa téacs.

Lochtaítear an fhoirm seo sna Tráchtais (ABP, 271–2).¹⁰²

(xxii) **Mar:** Tá samplaí de *mar*, ‘like, as’ (41, 125, 236, srl.) agus de *mar*, ‘where’ (105, 221, 246, srl.) sa téacs. Níl sampla ar bith de *mar*, ‘when’ ann.

(xxiii) **Ná:** Is *mar ná* seachas *iná* atá an cónasc ‘than’ ar fáil (124, 237).

(xxiv) **Nó:** Úsáidtear *nó* (‘or’) in áit *ná* (‘nor’) in amanna: *níor fhágghas iath, inis nó oiléan* (20), ‘I have left neither country, isle nor island’; *ní haithristear a n-eachtra nó a n-imeacht* (104–5), ‘their adventure or tidings aren’t told’; *7 a-dubhairt nach rachadh féin do chommóradh gaisgidh nó reatha* (114–5), ‘he said that he would never partake in valorous combat or racing’.

(xxv) **Ó:** Tá *ó*, ‘since’ ar fáil sa téacs (20, 42, 157, srl.), ach níl sampla ar bith de *ó*, ‘when’ ann.

3.1.6 Forainmneacha

(i) Séimhítear túschonsan an fhorainm shealbhaigh sa chéad phearsa uatha roimh ghuta in *mh’ais* (39, 45), ach is minice ná a mhalairt a fhágtar gan séimhiú é (35, 102, 227, srl.). Níl aon choigeartú déanta agam ar na foirmeacha seo a thagann leis an NGC (SNG IV, §9.3).

¹⁰² Tá seans ann gur shíolraigh an mhír seo as *cote* na Luath-Ghaeilge (DIL s.v. *cote*). Tá plé air seo in Quin (1966).

(ii) Is mar *h-* atá an dara pearsa uatha den fhorainm sealbhach curtha in iúl in *beir h'anam* (304). Forás coitianta ab ea titim ar lár an ghuta in *do roimh ghuta* agus ‘t’ (> ‘th’) á dhéanamh den fhorainm sin agus béim air. Is minic é seo á chur in iúl sna lámhscríbhinní mar *h* (*SNG IV*, §9.3).

(iii) Is iad *-sa* agus *-se* foirmeacha na míre forainmní sa téacs. Réitíonn cáilíocht chonsan na míre leis an gconsan a thagann roimhe.

(iv) Is iad *-se*, agus *-sin* foirmeacha na míre taispeántaí sa téacs, a threisíonn ainmfhocail atá faoi réir ag an alt nó ag réamhfhocail. Bíonn an mhír seo caol de ghnáth sa téacs: *fa na coillte-se*, ach tá corrshampla den fhoirm *-so* ann freisin: *na huaire-so* (94). B’fhéidir go mbaineann seo le cúrsaí canúna. Tá fleiscín curtha agam roimh na foirmeacha seo agus níl aon choigeartú déanta agam orthu.

(v) Tá cúpla sampla den mhír thaispeántach *úd* sa téacs: *don laoch úd* (89); *i n-aghaidh an ghaisgeadhaigh úd* (93–4); *i n-aghaidh an mhílidh úd* (99); srl. D’fhéadfadh an mhír *úd* feidhmniú mar iarmhír nó mar fhocal ann féin sa NGC (*BST*, 210.15–6). Ní chuirim fleiscín ar fáil san eagrán, mar nach féidir a bheith cinnte, de cheal dheimhniú meadarachta, cé acu a bhí béim á cur uirthi nó nach raibh.

(vi) Glacaim leis go bhfuil an forainm pearsanta neamhspleách é (firinscneach) ag déanamh tagartha do *tuilleadh* seachas don ainmfhocal *toil* (baininscneach) sa fhrása 7 *tuilleadh más í do thoil é* (127–8). Sampla é seo de *innsgne airchise*. Féach an sampla seo ón dán *Mo mhallacht ort, a shaoghail* (c. 1655): *long an anma, an corp go ngráin, / mithidh dhó port do ghabháil*, ‘it is time for the ship of the soul, the hated body, to enter port’ (an forainm réamhfhoclach firinscneach *dhó* ag tagairt don ainmfhocal firinscneach *corp* seachas do *long* (baininscneach)) (Mac Cárthaigh 2013, 22cd). Níl aon choigeartú déanta agam air seo.

3.1.7 Aidiachtaí

(i) Infilltear an aidiacht sa ghinideach uatha de ghnáth sa téacs: *ag ionnsaighe an chuain chubharbháin* (4–5); *do chrann seóil luinge móire* (57–8); *ag iomchar an chuirp aimhrialta-sin an fhir mhóir* (58–9). Tá an nod *-ur* scaoilte mar *-uir* agam in *fhuathmhair* (féach 4.2(i)) ag teacht leis an nós thuas: *fa chrúbaibh crotacha, comingneacha an aithigh fhuathmhair urghrána-sin* (60–1). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an ghinidigh fhirinscnigh sna samplaí seo a leanas: ‘*ag dearcadh / ann fhir moir sin*’ (LS) > *ag dearcadh an fhir mhóir-sin* (64); ‘*go mhaoilinn cnoic móir*’ (LS) *go maoilinn cnuic mhóir* (246).

(ii) Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar an aidiacht ar lorg áinsíoch uatha baininscneach in: ‘*gan umhan 7 imEglaidh mor ar*’ (LS) > *gan uamhan 7 imeagla mhór air* (195–6).

(iii) Níl séimhiú curtha agam ar lorg ainmneach uatha baininscneach in *craoiseach crannreamhar catha* (11–12) toisc gur dócha go raibh díshéimhiú i gceist. Ní fios an bhfuaimní an séimhiú ar *catha* sa chás seo agus mar sin cloím le leagan na lámhscríbhinne (i.e. gan séimhiú).

(iv) Séimhítear an aidiacht sa tabharthach baininscneach: *don druing fheardha* (9–10) ach fágfar lom de gnáth í ar lorg tabharthaigh fhirinscnigh: *do bhád bronnfhairsing* (59); ‘*na shac marbh*’ (265). Is eisceachtaí iad ‘*na shac fhairsing fhíorleathan*’ (250) agus *do bhodach smearaighthe ghránna* (115–6). Níl aon choigeartú déanta agam ar na samplaí sin.

(v) Tá ‘*luathghon/.*’ (LS) scaoilte agam mar *luathghonaigh* sa tabharthach uatha, baininscneach in ‘*na láimh láidir luathghonaigh*’ (12).

3.1.8 Ortagrafaíocht agus cúrsaí foghraíochta

Is iad an mhírialtacht agus an t-easpa leanúnachais na tréithe is suntasaí a bhaineann le hortagrafaíocht an téacs agus, go deimhin, is tréithe iad seo atá an-choitianta i dtéacsanna ó thús deireadh thréimhse na NGM. Tá gnéithe áirithe d’ortagrafaíocht an scríobhaí seo coimeádach go maith ach, ar an lámh eile, tá gnéithe eile a léiríonn claonadh chun nuálaíochta. Is as an tras-scríbhinn lámhscríbhinne a thugaim na samplaí ón téacs in (i)–(xvi) thíos.

(i) Séimhiú agus comharthaí faid: Is beag tábhacht atá ag comharthaí séimhithe agus sínte fada i gcóras litrithe na lámhscríbhinne seo; is de réir mhian an scríobhaí, is cosúil, a bhíonn siad ann nó as sna háiteanna a mbeimis ag súil leo. Lena chois sin, is léir go bhfuil roinnt poncanna séimhithe curtha ar fáil i lámh níos deireanaí agus mar sin ní féidir brath go hiomlán ar chuid díobh.

(ii) Urú: Is mar *cc* a léirítear *c* uraithe sa téacs i gcónaí: ‘**cc**atha’ (2); srl. Ar an gcaoi chéanna, is mar *tt* a léirítear *t* uraithe i gcónaí: ‘**tt**ugadur’ (2), srl. Léirítear *f* uraithe mar *bf*: ‘go **bf**acadur’ (3); srl., mar *bfh*: ‘an **bf**huil’ (155); nó mar *bhf*: ‘nach **bhf**uighthi’ (29).

(iii) Sleamhnáin: Léirítear consain leathana le sleamhnáin de ghnáth sa téacs: ‘leabarsheúdach’ (4); ‘measg’ (34); srl., ach tá cúpla sampla ann ina bhfágтар an sleamhnán ar lár: ‘do dhenfad’ (33); ‘indénta’ (92); srl.

(iv) Siollaí neamhaiceanta: I siollaí neamhbhéimnithe gearra, bíonn cómhalartú idir *ea* agus *io* (‘lánmais**io**cha’ (5); ‘craois**io**ch’ (11); ach féach freisin ‘aithe**each**’ (53); srl.), idir *ai*, *ui*, agus *oi* (‘ionns**ui**ghe’ (4); ‘tur**ui**s’ (41); ‘fear**oi**nn’ (57); ‘aona**igh**’ (1); srl.), agus idir *-e* agus *-i* (‘mhEsuims**i**’ (95); ‘dhuitse’ (43); srl.).

(v) Ní dhéantar aon idirdhealú idir na consain éadroma ghlóracha *gh* agus *dh* nach litreacha tosaigh iad. Féach, mar shampla, an dá litriú éagsúla ar an bhfocal *slánaigheacht* (FGB s.v. *slánaíocht*): ‘slanu**igh**Echt’ (303); ‘slanuid**h**Echt’ (307).

(vi) Tá sampla amháin de *m[h]* in úsáid áit a mbeifeá ag súil le *bh*: ‘ttog**m**adh’ (55).

(vii) *sc / sp / st*: Tá *sg* le fáil i gcónaí in áit *sc* na NG: ‘to**isg**’ (26); ‘mea**sg**’ (34); ‘uis**ge**’ (62); srl. Ar an gcaoi chéanna, tá *sb* le fáil in áit *sp*: ‘do tais**be**ín’ (111–2). Is coitianta *sd* ná *st* sa téacs ach tá samplaí den dá mhodh litrithe ann: ‘ais**d**ir’ (134); ‘s**d**ad’ (177); ach féach freisin ‘stuaighleir**g**’ (265); srl.

(viii) Is mar *a* a scríobhtar an réamhfhocal *i* (*in*) sa téacs i gcónaí.

(ix) Tá cúpla sampla d’fhorcheartú nó de bhréagarsaíocht in ortagrafaíocht na lámhscríbhinne. Féach an *th* neamhstairiúil sna samplaí seo a leanas: ‘lu**ith**reach’ (11) (*DIL* s.v. *lúirech*); ‘di**th**chioll’ (95) (*DIL* s.v. 3 *díchell*), ‘aimhreibh**th**e’ (166) (*DIL* s.v. *aimréide*) agus an *mh* in ‘tal**cm**har’ (253) (*DIL* s.v. *talchar*). Tá normalú déanta agam ar litriú na samplaí seo san eagrán ós rud é go nglacaim leis nach mbaineann siad le foghraíocht na bhfocal. Ar an lámh eile, tá claonadh i dtreo nuálaíochta le sonrú i litriú focal eile. Féach, mar shampla: ‘deifir’ (193) (*DIL* s.v. 2 *deithbir*). Ní chuirim aon athrú i bhfeidhm ar a leithéidí sin ós rud é go léiríonn siad forás nádúrtha fhuaimneanna agus ortagrafaíocht na Gaeilge.

(x) Is iomaí sampla de *nn* agus de *ll* neamhstairiúil go himmheánach in ainmfhocail an téacs: ‘innis’ (20) (*DIL* s.v. *inis*); ‘san mbeall**l**ach’ (193) (*DIL* s.v. *belach*); ‘chuillinne’ (170) (*DIL* s.v. *cuilenn*); srl. Tá coigeartú déanta agam orthu seo.

(xi) Is minic nach réitíonn cáilíocht na gconsan lena chéile sa lámhscríbhinn: ‘dfearib**h**’ (99); ‘aithaigh’ (64); srl.

(xii) Faightear *aoi* in áit *í* in ‘taói’ (267) (= NGC *tí*). Níl aon choigeartú déanta agam air seo ós rud é go mb’fhéidir go mbaineann an litriú sin le difríocht foghair seachas le córas litrithe amháin.

(xiii) Tá gnéithe áirithe den ortagrafaíocht a bhaineann, glacaim leis, le cúrsaí canúna. Féach, mar shampla ‘maidhne’ (180) (< NGC *maidne*), ‘chaidhe’ (116) (< NGC *choidhche*) agus ‘solar’ (156) (< NGC *soláthair*). Is ar mhaithe le sothuigtheachta atá normalú déanta agam ar litriú na bhfocal seo.

(xiv) Tugann an litriú ‘comhnaidh’ (43) (in áit *comhnaidhe*) (135, 174) le fios gur mar /i:/ atá na foircinn *-(a)idh* agus *-(a)idhe* á bhfuaimniú, ach cloím leis an litriú clasaiceach *-(a)idhe* ós rud é gurb é is coitianta sa téacs (cf. freisin *ionnsaighe* (4, 290, srl.). Níl aon choigeartú déanta agam ar an léamh ‘gan digh’ (188) (LS); bheimis ag súil leis an bhfoirm sin sa NGC, cé go mb’fhéidir gur mar /d’i:/ a bhíodh an focal á fhuaimniú.

(xv) Is léir gurbh ionann *-n* agus *-nn* ó thaobh na fóineolaíochta de ag deireadh focal aiceanta. Tá an ortagrafaíocht mírialta maidir leis seo: *comhdhaingionnn* (LS) (10) (*DIL* s.v. *daingen*); ‘do mharthainnn’ (302) (LS) (*DIL* s.v. *marthain*), agus ar an gcaoi chéanna ‘go foirchionn’ (LS) (27) (*DIL* s.v. *forcenn*); srl.

(xvi) B’fhéidir gur mar léiriú ar shíneadh meánach atá *rr* in áit *r* in ‘dhá noirrleach’ (283) (*DIL* s.v. *airlech*) agus tá sé coigeartaithe agam go *dhá n-oirleach*.

3.1.9 Dobhriathra

Tá an fhoirm *do-rís* (233) ar fáil taobh le *a-rís* sa téacs. Cé go mba fhoirm phearsanta *do-rís* tráth, is cinnte go mbaineann an *do* seo le forás eile ar fad, is é sin na páirteagail *do* agus *a* a bheith á meascadh le chéile. Is dócha go mbíodh *do* á rá mar *a* agus dá bhrí sin, gur tosaíodh ar *a* a fhorcheartú go *do*.

3.2 Dáta ceaptha *BCL*

Is minic nach furasta dáta cinnte a lua le téacsanna próis na Nua-Ghaeilge Moiche agus tá an méid seo fíor i gcás chorpas na fianáiochta go háirithe.¹⁰³ Ní haon eisceacht é *BCL*; ní heol dúinn cé a chum an scéal agus is beag comhthéacs staire a thugtar don léitheoir sa téacs féin. Tá na hiarrachtaí a rinneadh go nuige seo dáta a chur leis an téacs ginearálta go maith agus ní dhearnadh aon phlé ar a mbunús. Dar leis an bPiarasach gur cumadh *BCL* sa seachtú nó san ochtú haois déag: ‘Ní dócha go bhfuil an sgéal ro-sheanda. Seanchaidhe éigin do chum é san seachtmhadh nó san ochtmhadh haois déag’ (Mac Piarais 1906, iii). Is sa seachtú haois déag a lonnaíonn Bruford *BCL* chomh maith (*GFMR*, 129). Síleann sé, ar bhonn stíle, go mb’fhéidir go mbaineann an scéal leis an gcéad leath den chéad sin, ach ní dhéanann sé a thuilleadh forbartha ar an meastachán sin (*GFMR*, 132, n. 40). Ní deir Murphy ach gur cumadh an scéal sa séú haois déag ar a luaithe (Murphy 1955, 50),¹⁰⁴ agus dar le Ó hÓgáin gur cumadh é c. 1600 (2006, 232) ach, arís, ní insíonn sé dúinn cén fhianaise atá aige. Is éard a chuirim fúm anseo ná dáta ceaptha an téacs a phlé i bhfianaise ghnéithe áirithe den teanga agus i bhfianaise na lámhscríbhinní agus ábhar an scéil féin.

Breacadh an chóip is luaithe den scéal dá bhfuil ar marthain in ARÉ LS 23 M 23 sa bhliain 1731, agus fágann sin gurb é 1731 *terminus ante quem BCL*. Is beag nod atá sa scéal féin maidir le dáta a cheaptha. An t-aon eolas stairiúil a thugtar ann ná an tagairt a

¹⁰³ Déantar plé ar chuid de na deacrachtaí a bhaineann leis seo in Mac Eoin (1982). Is ar théacsanna fianáiochta na Meán-Ghaeilge atá an t-alt sin dírithe ach feictear dom go mbaineann na deacrachtaí a luann sé le tréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche chomh maith céanna. I measc na ndeacrachtaí a phléitear tá údair anaithnide, easpa comhthéacs staire, agus an bhearna idir an buntéacs agus na cóipeanna atá ar marthain. Deacrachtaí iad seo ar fad a bhaineann, go pointe, le hiarrachtaí dáta a lua le *BCL*.

¹⁰⁴ ‘Certainly as late as the sixteenth century’ (Murphy 1955, 50).

dhéantar do Bharún Inse Uí Chuinn (§10). Cruthaíodh an teideal sin den chéad uair sa bhliain 1543 do Mhurchadh Ó Briain a bhí ina iarla ar Thuadhmhumhain mar chuid den pholasaí géillte agus athbhronnta. Cruthaíodh iarlacht Inse Uí Chuinn sa bhliain 1654, ach mhair an bharúntacht chomh maith. Naonúr a raibh an teideal orthu idir na blianta 1543 agus 1731, agus ní féidir a bheith cinnte cé acu atá i gceist sa téacs. Ar ndóigh, ní fios an raibh an tagairt seo mar chuid den scéal ó thús, ach tá sé i ngach finné den scéal dá bhfuil ar marthain agus, mar sin, baineann sé leis an leagan den scéal atá idir lámha anseo.

Is féidir linn a rá go cinnte, mar sin, gur cumadh an leagan den scéal atá tagtha anuas chugainn idir na blianta 1543 agus 1731.

3.2.1 Fianaise theangeolaíoch

Ní féidir, ar ndóigh, dáta cruinn a lua le téacs ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche bunaithe ar an bhfianaise teangeolaíoch amháin, ach is minic gur féidir le gnéithe áirithe de theanga an téacs cur leis an tuiscint atá againn ar an tréimhse ghinearálta lena mbaineann sé agus tacú le fianaise níos údarásaí. Is é an gnáthmhodh oibre sa chineál seo anailíse ná go dtarraingítear ar na foirmeacha teangeolaíocha is luaithe nó is deireanaí i dtéacs le dáta a scríofa a mheas.¹⁰⁵ Tugann fianaise na lámhscríbhinní agus fianaise inmheánach an téacs le fios gur cumadh *BCL* uair éigin idir lár an séú haois déag agus tús an ochtú haois déag agus, go deimhin, níl gné ar bith de theanga an téacs

¹⁰⁵ Tá plé ar an modh oibre seo in Murray (2012, 41): ‘One point of view would see the earliest surviving linguistic forms as indicative of the date of original composition of the core narrative...A second point of view would see that latest dateable linguistic forms as indicative of the date at which the extant version of the text was reworked and given its final form. This viewpoint can also be supported if a sufficient number of these late forms can be identified.’

a thabharfadh siar roimh an tréimhse sin é. Cé go bhfuil an mhír chaite *ro* agus an s-caite le fáil ann (féach 3.1.4 agus 3.1.4 (i) thuas faoi seach), is féidir na foirmeacha seo a chur as an áireamh toisc gur samplaí iad den chineál ársaíochta atá ar fáil go coitianta i bpróstéacsanna na tréimhse. Ar an ábhar sin, is ar fhoirmeacha deireanacha an téacs a dhírím anseo agus fianaise na teanga á scagadh agam.

Is léir ón suirbhé a rinneadh ar theanga an téacs in 3.1 thuas gur nua-aimseartha í gramadach *BCL* ná gramadach na NGC, agus go leor foirmeacha neamhchlasaiceacha ann a léiríonn an fás agus an fhorbairt a tháinig ar an nGaeilge de réir a chéile le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche; forás a cheileann teanga dhocht an dáin dhírig. Breathnaím anseo ar chuid de na gnéithe neamhchlasaiceacha sin agus déanaim iarracht iad a lua le tréimhse ama ar leith, cé nach furasta i gcónaí é sin a dhéanamh. Tarraingím go háirithe ar na téacsanna diaga i Scríbhinní Gaeilge na mBráithre Mionúr (SGBM as seo amach) le foirmeacha neamhchlasaiceacha agus a gcoitiantacht sa litríocht a dhearbhuí. Má tá ilghnéitheacht ag baint le teanga phrós na Nua-Ghaeilge Moiche, is féidir na téacsanna seo, ar nós *BCL*, a lonnú ar an taobh nua-aimseartha den chaighdeán clasaiceach.¹⁰⁶ Cé go raibh cur amach ag cuid mhaith d'údair na dtéacsanna seo ar an gcaighdeán sin, is i réim níos ísle a bhí siad ag scríobh le teachtaireacht an fhrith-Reifirméisín a scaipeadh go forleathan.¹⁰⁷ Lena chois sin, is féidir dáta sách cruinn a lua

¹⁰⁶ Féach Ó hUiginn (2013(a), 85–104). Ar an taobh eile ar fad den scála tá *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill* (Walsh 1948–57). Tá cur síos ar theanga an téacs seo le fáil in McManus (2002, 54–73).

¹⁰⁷ Tugann Ó hEodhasa an méid seo le fios ag tús *TC* (1611): *Ní thugsam dhóibh –nī díoth soin– / foighreadh a ngaoidhilg grianaigh* (18–20), ‘We have not given them a tempering in grand, literary language–no defect that!’ (*DBM* II, dán 12.5ab). Ar an gcaoi chéanna, tugann Mac Aingil le fios gurb í an teachtaireacht féin, seachas an dea-Ghaeilge, is mó is cás leis in *SSA: Dá n-abarthaoi gur dána dhúinn ní do sgríobhadh a nGaoidhilg ’s nár shaothruigheamar innti, as í ar bfhreagra ar sin, nách do mhúnadh*

leo go minic agus is maith an tslat tomhais iad ar an ábhar sin. Nuair nach bhféadfainn gné theanga ar leith a dhearbhu in SGBM, is gnách gur ar *Foclóir Stairiúil na Gaeilge* (1600–1882) a tharraing mé.¹⁰⁸

Tá cuid de na foirmeacha neamhchlasaiceacha atá le fáil in *BCL* coitianta i bpróstéacsanna ó thús dheireadh thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche, agus is beag suntas atá ag baint leo maidir le dáta an téacs a mheas dá réir. I measc na ngnéithe seo tá urú ar lorg na míreanna *nach*, *mura* agus *ní* (tá *ní bhfuil* coitianta sa téacs),¹⁰⁹ agus an t-idirdhealú idir na réamhfhocail sin a rialaíonn an tuiséal tabharthach agus na réamhfhocail a rialaíonn an tuiséal áinsíoch (san uimhir uatha) a bheith ag dul i léig

Gaoidhilgi sgríobhmaoid achd do mhúnadh na haithridhe, 7 as lór linn go ttuigfidhear sinn gé nách bíadh ceart na Gaoidhilgi aguinn (74–8), ‘If it were said that it is bold of me to write something in Irish having not laboured in it, my answer to that is that I am not writing in order to teach Irish, but to teach penance, and it is enough for me that I be understood, even though my Irish is not correct’.

¹⁰⁸ Ar fáil ag: <https://www.ria.ie/research-projects/focloir-stairiuil-na-gaeilge>.

¹⁰⁹ Ní ghlactaí le hurú ar lorg na míre *nach* san fhilíocht chlasaiceach. Tá tús an fhoráis seo le rianú sa scríbhneoireacht ag deireadh an cúigiú haois déag (O’Rahilly 1932, 40; M’Caughey 1968, 72–5). Tá sé an-fhorleathan go deo i dtéacsanna próis an seachtú haois déag, agus is iomaí sampla atá againn roimh an gcéad sin chomh maith (féach, mar shampla, *O’Hara* (c. AD 1581); *nach bhfaicthea* (lch. 332)).

Seachnaíonn Ó Maolchonaire agus Mac Aingil an t-urú ar lorg *nach* ach tá samplaí dá leithéid ag Ó hEodhasa sa dara heagrán de *TC* (AD 1614–5): *nách bhfoil* (líne 689), *nách ccoimhédthar* (líne 1973), *nach ttoirmisgid* (líne 2361). Loime atá sa chéad eagrán a foilsíodh in Antuairp i 1611. (Tá seans ann, áfach, go raibh Ó hEodhasa marbh faoin uair a foilsíodh an dara heagrán agus mar sin nach bhfuil an bhailíocht chéanna aige). Ar an gcaoi chéanna, tá samplaí de *mura* + urú ar fáil chomh luath leis an gcúigiú haois déag (SNG III, §3.3). Ní cheadaítí *ní bhfuil* san fhilíocht chlasaiceach ach oiread agus níl sampla ar bith sa chorpas le deimhniú meadarachta. B’fhéidir go gceadaítí *ní* + urú i gcuid den fhilíocht dheireanach, áfach (Hoyne 2018, lch. 441 n. 25a). Tá samplaí ar fáil sa phrós chomh luath leis an cúigiú haois déag, áfach (O’Rahilly 1932, 44–5).

(féach 3.1.2 (xi)).¹¹⁰ Ach má tá foirmeacha neamhchlasaiceacha áirithe ann nach gcaitheann solas ar bith ar dháta ceaptha an téacs, agus a choitianta agus atá siad i bpróistéacsanna na Nua-Ghaeilge Moiche, tá gnéithe eile ann ar díol spéise a *líon* sa téacs seo, in ainneoin gur féidir a bhfréamhacha a dhearbhu chomh fada siar, uaireanta, le tréimhse na Meán-Ghaeilge. Tá nithe eile ann fós ann a thugann le tuiscint go mb'fhéidir nár cumadh an scéal go dtí an seachtú haois déag, agus gan iad dearbhaithe sa scríbhneoireacht, go bhfios dom, roimh an gcéad sin. Caithfear súil ar chuid de na gnéithe sin in (i)–(ix) thíos.

(i) An réimír bhriathartha dhearfach chaite (agus ghnáthchaite) *do*

Chonacthas sa chur síos a rinneadh in 3.1.4 thuas gur gnách a bháitear guta na réimíre *do* roimh bhriathar gníomhach in *BCL* agus, níos suntasaí b'fhéidir, go bhfágtar ar lár ar fad ar uairibh í. Is deacair a rá cathain a tháinig an dá fhorbairt seo chun cinn sa scríbhneoireacht. Lochtaítear an claonadh an guta o sa réimír *do* a bhá sna Tráchtas Ghramadaí (*ABP*, 684–7), rud a thabharfadh le tuiscint go raibh a leithéid sa chaint agus an Tráchtas seo á scríobh c. 1540, agus tá sé spéisiúil gurb í an fhoirm bháite amháin a thugtar roimh ghutaí i ngraiméar Mhic Chuirín (1728, 61). Níl a leithéid coitianta sna téacsanna is luaithe in *SGBM*,¹¹¹ ach féach go mbáitear guta na réimíre *do* go minic in *BN* (AD 1650): *d'fhulaing* (líne 411); *d'fhoillsighiomar* (líne 771), agus is i líonmhaireacht a théann na samplaí sna téacsanna a bhaineann leis an dara leath den chéad. Is é *d'* roimh guta is mó atá le fáil in *Párlament* (AD 1697); *d'fhógair* (líne

¹¹⁰ Is sa Mheán-Ghaeilge a thosaíonn an córas seo ag titim as a chéile (*SNG* III, §5.1). Tá an t-idirdhealú doiléir i go leor téacsanna próis ag deireadh na tréimhse clasaicí. Féach, mar shampla *san chroich* (líne 1408–9) agus *san ccroich* (líne 3158) agus *ag an duine* (líne 4220) agus *ag an nduine* (líne 3486) in *Des*.

¹¹¹ Níl sampla ar bith in *TC* (AD 1614–5), in *Des*. (AD 1616) ná in *SSA* (AD 1618).

273); *d'oibrig* (886) srl.¹¹² Níl samplaí den mhír bhriathartha *do* á fágáil ar lár ar fad roimh chonsain chomh flúirseach céanna, agus an nós seo sách neamhchoitianta i bprósteacsanna na tréimhse (ach é measartha coitianta in *BCL*). Ní luaitear a leithéid i ngraiméar Mhic Chuitín in aon chor agus b'fhéidir, ar an ábhar sin, nach raibh sé thar a bheith coitianta go fóill ag tús an ochtú haois déag. Tá corrshampla in *BN: chuirfemís* (líne 1591), in *BSF: ghuidh* (líne 616)¹¹³ agus in *Párlament: chríochnuig* (líne 322), ach tá na samplaí seo eisceachtúil go maith. Ní heol dom sampla ar bith de chailliúint na míre *do* roimh lár an seachtú haois déag.

(ii) Briathra scartha

Meascán de bhriathra táite agus de bhriathra scartha atá in *BCL* (3.1.5). Forbairt leanúnach i gcóras na mbriathra is ea na foirmeacha scartha a bheith ag teacht in áit na bhfoirmeacha táite (agus féach nach bhfuil an fhorbairt seo curtha i gcrích ar fad i gcanúintí na Nua-Ghaeilge comhaimseartha). Bíodh agus go bhfuil samplaí d'fhoirmeacha scartha den bhriathar againn ó thréimhse na Meán-Ghaeilge i leith (*SNG* III, §10.19),¹¹⁴ agus go gceadaítí an dá fhoirm sa dán díreach, is amhlaidh gur nua-aimseartha an fhoirm scartha agus gur ag leathnú amach agus ag éirí ní ba choitianta a bhí sí de réir a chéile. Tá an leathnú seo le rianú i saothair phróis na Nua-Ghaeilge

¹¹² Baineann na samplaí seo le leagan I in eagrán Uí Chuív. Tá plé ar fáil ansin ar dháta ceaptha an téacs (*Párlament*, xxiii-viii).

¹¹³ Ní fios cathain go baileach a scríobhadh *BSF*. Tá an chóip is luaithe atá againn ar marthain i lámhscríbhinn a breacadh sa bhliain 1720 agus measann Ó Súilleabháin ina eagrán siúd den téacs nach dóichí gur aistríodh an téacs go Gaeilge roimh 1650 (*BSF*, ix)

¹¹⁴ Féach freisin plé air seo in Greene (1958; 1973).

Moiche.¹¹⁵ Tá foirmeacha scartha sách gann in *Des.* ach is iad is coitianta in *TN* agus in *ST* a cuireadh i gcló in 1602–3 agus 1638 faoi seach agus atá nua-aimseartha go maith ó thaobh na teanga de (Ó hUiginn 2013, 100). Tá foirmeacha scartha ar fáil go minic i dtéacsanna a bhaineann le deireadh an seachtú haois déag; féach *LF* (1676), ina bhfuil ‘na foirmeacha scartha de na briathra measartha tréan’ (xxi). Ní haon díol suntais, mar sin, go bhfuil samplaí den fhoirm scartha in *BCL*, ach tugann a líon, agus samplaí i ngach pearsa agus aimsir, le fios go mb’fhéidir gur téacs deireanach go maith atá ann.¹¹⁶

(iii) Simpliú na mbriathra comhshuite

Tá claonadh chun simplíochta le sonrú i gcóras na mbriathra neamhrialta in *BCL* (féach 3.1.4 (xvii)). Chonacthas thuas, mar shampla, go ndearnadh simpliú ar na briathra comhshuite san aimsir chaite (*do thug < tug / do-ug; do tháinig < táinig / do-áinig*, srl.) Tá a leithéid dearbhaithe chomh fad siar leis an gcúigiú haois déag; féach an fhoirm *do thug* in *SEB*: *dothucc sé serc síradhbul 7 gradh dermail dofhuluing do Ercuil*, ‘he bestowed mighty affection and great, unbearable love on Hercules’ (líne 1026).¹¹⁷ Is é seo an t-aon sampla amháin dá leithéid (gan ciall choibhneasta aige) sa téacs sin, agus is sa seachtú haois déag a fheicimid an forás seo ag éirí coitianta sa scríbhneoireacht. Tá

¹¹⁵ Maidir leis seo féach Ó hUiginn 2013 (101–2 go háirithe), mar a léiríonn sé gurb iad na foirmeacha scartha den bhriathar is mó atá in úsáid in *ST* agus in *TN* agus go mb’fhéidir gur roghnaíodh na foirmeacha chun go mbeadh na téacsanna sin intuigthe.

¹¹⁶ Ar ndóigh, bheadh tionchar ag coimeádachas an scríobhaí air seo uile, agus is dócha go mbíodh foirmeacha táite á mbreacadh ag scríobhaithe nach mbíodh na foirmeacha sin acu ar bharr a dteanga féin. Ach ós rud é go bhfuil líon mór foirmeacha scartha anseo, agus iad tagtha in áit na bhfoirmeacha táite ar fad in aimsirí áirithe, seans go léiríonn sé sin gurbh iad ba choitianta i ngnáthchaint an scríobhaí.

¹¹⁷ Dar le Quin gur scríobhadh an t-aistriúchán seo sa cheathrú deireanach den chúigiú haois déag (*SEB*, xxiv–xxv).

an fhoirm *do tháinig* (neamhchoibhneasta) dearbhaithe den chéad uair, go bhfios dom, in *ST* (AD 1685): *do tháinic gach duine gon a mhuintir lé Iácob* (Maoise 1.1); ‘every man and his household came with Jacob’. Is díol suime chomh daingean agus atá an córas inár dtéacsna, agus gan aon sampla de na foirmeacha clasaiceacha (*tig / do-ig; táinig / do-áinig* srl.) ann. Tá an *f*-fáistineach in úsáid leis an mbriathar *do-ní* inár dtéacsna chomh maith. Ní fhéadfainn an nós sa a rianú níos faide siar ná an ochtú haois déag, féach *agus déanfad-sa comhrac fris*; ‘and I shall fight with him’ (Macalister 1908, 26–7).¹¹⁸

(iv) *má* + aimsir láithreach

An comhréir *má* + an táscach láithreach atá sa téacs seo (féach 3.1.5 (xviii)) sna háiteanna sin ina mbeifí ag súil le *dá* + modh foshuiteach láithreach sa NGC (seachas i gcás *má tá* agus *más*, foirm a cheadaítí de réir an chaighdeáin, féach *BST*, 213.12–5). Is minic *má* + aimsir láithreach ar fáil sna próstéacsanna, áfach (*SNG IV*, §7.31(c)). I measc na dtéacsanna is luaithe ina bhfuil *má* + táscach láithreach tá *TN* (AD 1602): *má shléchdann* L. Mt4:9; *má thugann tú* L. Mt5:23; srl., ach tá samplaí dá leithéid i bhformhór na dtéacsanna in *SGBM*.¹¹⁹ Tá sé suntasach, áfach, nach bhfuil oiread agus sampla amháin den chomhréir *má* + modh foshuiteach caite / *dá* + modh foshuiteach láithreach sa téacs seo. Tá an fhoirm spleách i ndiaidh *má* déanach go leor chomh maith.¹²⁰

¹¹⁸ Tá an téacs seo in eagar ag Macalister ó LB Eg 128 a breacadh san ochtú haois déag. Cé go mb’fhéidir go mbaineann an téacs leis an seachtú nó leis an séú haois déag (Breatnach 2007, 1–29), níor ghá go mbeadh an fhoirm áirithe seo sna leaganacha luatha den scéal.

¹¹⁹ Eisceachtaí iad *TC*, *BSF* agus *BN*.

¹²⁰ Déantar plé air seo in *Des*, 258–9.

(v) Ainmneach is áit áinsígh agus tabharthaigh uatha

Tá briseadh síos suntasach ar chóras na n-ainmfhocal a leagtar amach sna Tráchtas le feiceáil in *BCL* agus foirmeacha sainsiúla áinsíocha agus tabharthacha uatha ag dul i léig (féach 3.1.1(i) agus (ii) thuas) Is amhlaidh a thosaigh an cumasc seo idir ainmneach, áinsíoch agus tabharthach chomh fada siar le tréimhse na Meán-Ghaeilge mar gheall ar thitim le chéile na ngutaí deiridh gearra neamhaiceanta oscailte mar *schwa* (*SNG* III, §3.1), agus tá córas na dtuiseal sa NGC i bhfad níos simplí ná córas na Luath-Ghaeilge. Tharla tuilleadh laghdaithe ar pharaidímí na n-ainmfhocal le linn thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche agus is iomaí sampla den fhorbairt seo atá le fáil i dtéacsanna SGBM. Thosaigh an t-ainmneach ag teacht in áit an áinsigh agus an tabharthaigh uatha in ainmfhocaíl bhaininscneacha áirithe, mar shampla. Féach *do bheireadh an tShimplidheacht a lámh* (líne 5167) in *Des.* (AD 1616), téacs atá sách coimeádach ó thaobh na teanga de.¹²¹ Is i gcoitiantacht a théann líon na samplaí i dtreo dheireadh an chéid. Féach na samplaí seo den ainmneach in áit an chuspóirigh agus an tabharthaigh baininscnigh in *Párliaimint* (AD 1697): *gan bhréag* (líne 1877) (= NGC *bhréig*); *gan phreab* (líne 891) (= NGC *phreib*); *ó chealg* (líne 958) (=NGC *cheilg*); srl.

(vi) Tréaniolraí ar leith

Tháinig laghdú ar líon fhoirmeacha na n-ainmfhocal iolra le linn na tréimhse clasaicí chomh maith agus tháinig roinnt tréaniolraí chun cinn.¹²² Tá samplaí den simpliú seo in *BCL*: *ar leagadh a seólta* (6–7); *fa charraigeacha* (215); srl. (féach 3.1.1 (x)). Tá an

¹²¹ In ainneoin go dtugann Ó Maolchonaire le fios go bhfuil sé ag scríobh ‘go soilléir sothuigsi’ in *Des* (líne 36) tá stíl a chuid phróis coimeádach go leor (Mac Gearailt 2012, 64–5).

¹²² Ach féach go bhfuil claonadh ann an t-ainmneach a ionannú leis an áinsíoch ó aimsir na Luath-Ghaeilge (*SNG* III, §5.11).

fhoirm *seólta* an-choitianta mar ainmneach / áinsíoch iolra sa phrós (agus cúpla sampla san fhilíocht, fiú)¹²³ ach is i dtéacs ón ochtú haois déag a d’aimsigh mé an sampla is luaithe de *seólta* mar ghinideach iolra: *Is ag réabadh na seólta* (Ó Foghludha 1933, 42), ‘tearing the sails’. Tá an fhoirm *caráigeacha* le fáil i leagan de *CF* atá ar caomhnú in Eg. 149 a breacadh in 1821: *do chómhghearadur caráigeacha ceanngharbha* ‘they crossed jagged rocks’ (238). Tá sampla eile i ndán de chuid Aogáin Uí Rathaille a cumadh c. 1720: *ar charraigeacha 'déanamh damhais* (Breatnach 1984, 153), ‘dancing on rocks’. Ní luaitear foirceann an déadaigh iolra *-(e)acha* i ngraiméar Mhic Chuirín ná i ngraiméar Vallancey (AD 1726 agus AD 1773; 1782 faoi seach) ach luaitear in Neilson (AD 1808) agus in Haliday (AD 1808) iad. Is amhlaidh gur thosaigh an foirceann seo ag scaipeadh amach trí analach i rith thréimhse na Luath-Ghaeilge, i bhfocail dar críoch *r* go háirithe (SNG III, §5.11).¹²⁴

(vii) an foirceann *-(a)ibh*

Is forbairtí sách deireanacha iad titim ar lár dheireadh sainiúil an tabharthaigh iolra - *(a)ibh* ón ainmfhocal (féach 3.1.1 (iv)) agus leathnú an fhoircinn chéanna go dtí na tuisil eile san uimhir iolra (3.1.1 (vii)). Is sa seachtú haois déag atá titim ar lár an fhoircinn dearbhaithe sa scríbhneoireacht i dtosach, go bhfios dom; féach SNG IV, §10.2, mar a dtugtar na samplaí seo as *Catechismus* (AD 1639): *agna criostuithe* (§22), *ar na seanamóntaithe* (§25), *a chur i leitrecha* (§33). Ní heol dom sampla ar bith den ainmneach in áit an tabharthaigh iolra roimh an gcéad sin. Tá leathnú an fhoircinn go dtí

¹²³ Féach, mar shampla, an dán neamhfhoilsithe seo ón séú haois déag: ‘Maith mo phardún-sa páis Dé’: *Mo trí sdiuir ag sdoirm thuinne / trí seolta ar slios m’enluinge* (MN C 97, lch. 6); ‘My three rudders in a sea storm / three sails on the side of my only ship.’

¹²⁴ Féach freisin Lazar-Meyn (1982: 96–200).

na tuisil éagsúla coitianta i nGaeilge chomhaimseartha oirthear Chonnacht agus níl an fhorbairt seo dearbhaithe roimh dheireadh an seachtú haois déag sa scríbhneoireacht ach oiread.¹²⁵ Tá go leor samplaí dá leithéid in litir a breacadh i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1691 (Flower 1926, 625–7; *SNG*, 451) agus ní heol dom sampla ar bith níos sine ná sin. Is in *BD* (c. AD 1694) atá na samplaí is sine dá leithéid a d’aimsigh mé i *SGBM*: *agus na peacaídhíbh atá chugainn do sheachna* (líne 5041–2), ‘and to avoid [our] future sins’; *de réir na naomh agus na ndochtúiríbh* (línte 7138–9), ‘according to the saints and the learned men’; srl.

(viii) Réamhfhocail

Tá go leor samplaí in *BCL* de réamhfhocail nua atá bunaithe ar an tríú pearsa uatha ag teacht in áit na mbunréamhfhocal féin (féach 3.1.2 (v)). In ainneoin nach gceadaítí a leithéid sa Ghaeilge Chlasaiceach (féach *BSL*, 195.14–5 mar a lochtaítear úsáid neamhphearsanta den réamhfhocal *roimh*), is cosúil go bhfaightear *roimh* in áit *re* / *ré* chomh fada siar leis an tríú haois déag (Carey 2003, 8). Tá sé coitianta i bprósteacsanna agus le fáil go flúirseach sa séú agus sa seachtú haois déag (féach Ó Súilleabháin 1971, 126). Féach na samplaí seo a leanas in *BSF* (línte 1896, 2081, 2197 agus 2842) agus in *BN* (línte 181, 1235, 1622). Tá *as* in áit *a* coitianta i bhformhór na dtéacsanna i *SGBM*; tá corrrshampla ag Ó Maolchonaire in *Des.* (línte 4045, 7042, srl.) agus ag Ó hEodhasa in *TC* (línte 498, 1551), mar shampla. Tá cúpla sampla de *faoi* in áit *fa* in *BN*: (línte 6876, 6879, 6887 srl.), agus in *BSF* (línte 115, 1326). Tá sampla amháin de *ann* in áit *i*

¹²⁵ Déantar iniúchadh ar an gceist seo in Ó Mainnín (2007, 210): ‘d’fhéadfadh an forás seo a bheith i dtús a bheatha sa tréimhse chlasaiceach, cé nach bhfuil rian ar bith de sa teanga chaighdeánta. Baineann na samplaí scríofa is luaithe dá bhfuil feicthe agamsa de leathnú an tabharthaigh iolra in Éirinn agus in Albain leis an dara leath den seachtú haois déag’.

in *BN*: *ann bhur* (líne 53), agus cúpla sampla in *BSF*: *ann mo* (línte 2645); *ann do* (línte 2813).

(ix) Gnéithe den fhoclóir

Tá an chuid is mó d'fhoclóir *BCL* dearbhaithe go forleathan ach tá eisceacht nó dhó ann. Is i ndán ó lár an ochtú haois déag a d'aimsigh mé an sampla is luaithe den ainmfhocal *glafar* (c. AD 1750): *Do canadh salm don tsaltair, / do canadh glafar Mhic Lóbais* (O'Rahilly 1972, lch. 20 líne 10), 'a psalm was sung from the psalter, Mac Lóbais' prattle was sung'. Tá *glafarnach* sa dán 'An Síogaí Rómhánach' (c. AD 1650): '*S gurb é a n-agallamh glafarnach Bhéarla* (O'Rahilly 1952, 20), 'and that it is in English prattle', agus *glafarnach* atá ag an Duinníneach (*DINN* s.v. *glafarnach*; 'noise, din, prattle'). Níl an t-ainmfhocal teibí *tacaíocht* dearbhaithe go maith ach oiread. Is in *PCT* (AD 1615) atá an sampla is luaithe a d'aimsigh mé: *Déana tacuigheacht oruinn* (líne 1259), 'act on our behalf' (*PCT*, 97). In ainneoin nach eol dom sampla ar bith eile den ainmfhocal *airdeall* sa Nua-Ghaeilge Mhoch tá seans ann go síolraíonn sé as an ainmfhocal *arndel* (*DIL* s.v. *airndel*) (O'Rahilly 1942, 217). Tá mé in amhras faoi shanasaíocht an fhocail *tapánta* chomh maith (féach na nótaí téacsúla) agus ní heol dom sampla níos sine sa litríocht.

(x) Foirmeacha ar leith

Tá neamhréireachtaí sa téacs maidir le hinscne roinnt ainmfhocal freisin (féach 3.1.1 (xviii)). Níor éirigh liom teacht ar shampla ar bith eile den fhoirm *cloidhmhe* mar ainmneach uatha ach is í *cloidhmhe* foirm an áinsígh uatha in *Seanstair* (c. AD 1700): *do sháith a chloidhmhe tréna corp gur mharbh air an láthair í* (Ó Fiannachta 1986, 158), 'he thrust his sword through her body, killing her on the spot', agus gach seans

ann faoin am sin gurbh ionann an t-ainmneach agus an t-áinsíoch ar aon chuma.

(Glacaim leis ón gcomhthéacs nach iolra atá i gceist anseo).

3.2.2 Tagairtí do *BCL* sa litríocht

Níl mórán téacsanna a breacadh idir na blianta 1543 agus 1731 a dhéanann tagairt dár scéalna. In ainneoin go bhfuil cúpla tagairt do charachtair éagsúla in éadach lachtna i dtéacsanna na tréimhse sin, is deacair a bheith cinnte an tagairtí iad sin do *BCL* toisc go raibh an mhóitíf sin fréamhaithe go daingean sa litríocht le fada agus, go deimhin, is é is dóichí ná gur múnlaíodh *BCL* ar chuid de na téacsanna sin (féach Caibidil 1.1).

Tá seans ann, áfach, go raibh tionchar ag *BCL* ar ‘Dursan éag Éamoinn Mhic Ghearrailt’, caoineadh de chuid Dháibhidh Uí Bhruadair a cumadh idir 1666–7:

Is é fhillfeas arís na ratha,

is é thógfás an cóta lachtna,

is é chríonfas ar chríon don chrannaigh,

is é ruaigfeas uabhar is aithis.

*‘Tis he who will bring back with him success and blessing / ‘Tis he who will
restore again the kilts of saffron, / ‘Tis he who will extirpate every tree that
withered, / ‘Tis he who arrogance and obloquy will banish (DDB I, 14.85).*

Seo é an chéad tagairt eile sa litríocht do *chóta* lachtna, go bhfios dom. Ag moladh Éamoinn Mhic Ghearrailt atá Ó Bruadair sa rann seo agus is léir onóir éigin ag baint le stádas an chóta lachtna sa chomhthéacs seo. Tugann an méid sin le tuiscint go mb’fhéidir go raibh íomhá an chóta lachtna nasctha leis an laochas agus i mbéal an phobail agus tá seans ann gur tagairt dár scéalna atá ann dá réir. Lena chois sin, bhí sé de nós ag Ó Bruadair tagairt a dhéanamh do na scéalta rómánsacha ina chuid filíochta;

tarraingíonn sé ar *GD* agus ar *CCC* i ndánta eile dá chuid (féach *DDB* II, dán 12 agus *DDB* I, dán 10 faoi seach). Níorbh aon ábhar ionaidh é, mar sin, dá ndéanfadh sé tagairt do *BCL* chomh maith. Más fíor sin, is roimh 1666–7 a breacadh *BCL*. Seans gurb é a mhalairt atá fíor, ar ndóigh, agus go raibh údar *BCL* ag tarraingt ar ‘Dursan éag Éamoinn Mhic Ghearailt’, nó go raibh údair an dá théacs ag tarraingt ar fhoinsí coiteann. Glacaim leis, ar aon chuma, nach bhfuil an tagairt neamhspleách ar fad ar ár dtéacsna.

3.2.3 Tatal

Dhá phríomhaidhm a bhí agam sa chaibidil seo; (i) cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar theanga *BCL*, le cur leis an eolas atá againn ar theanga phróstéacsanna na NGM, a bhfuil ilghnéitheacht agus fairsingeacht mhór ag baint léi; agus (ii) an Ghaeilge seo a lonnú i gcomhthéacs teangeolaíochta níos leithne agus, le tacaíocht ó fhianaise sheachtrach, iarracht a dhéanamh dáta a chur leis an téacs.

Is léir ón méid thuas gur deacair teanga an téacs a lonnú go sásúil i gcomhthéacs áirithe, agus í beag beann ar chaighdeán ar bith agus ar an tairseach idir dhá ‘ré’ teanga; ré na Nua-Ghaeilge Moiche agus ré na Nua-Ghaeilge Comhaimseartha. In ainneoin sin, is léir gur féidir patrúin áirithe a dhéanamh amach maidir le teanga an téacs agus is cosúil go raibh córas teanga éigin i bhfeidhm, más go neamh-chomhfhiosach féin é, ag pé duine a chum an scéal. In ainneoin meascán d’fhoirmeacha clasaiceacha agus d’fhoirmeacha neamhchlasaiceacha sa téacs, bíonn patrúin áirithe le rianú i gcóras na mbriathra agus i gcóras na n-ainmfhocal. Tá stíl na teanga simplí agus nua-aimseartha, agus seachnaítear foirmeacha ársa den chuid is mó.

Maidir le dátú an téacs, is cruthúnas í an fhianaise sheachtrach gur féidir a áitiú le cinnteacht gur idir na blianta 1543 agus 1731 a scríobhadh síos ár leagan-na de *BCL* den

chéad uair. Tacaíonn an fhianaise theangeolaíoch leis seo, agus tugann sé le tuiscint go mb'fhéidir gur cumadh an leagan den téacs atá tagtha anuas chugainn chomh deireanach leis an seachtú haois déag. Má tá an ceart agam go bhfuil an tagairt do chóta lucht na i gcaoineadh Uí Bhruadair ag tarraingt ar *BCL*, is é is dóichí ná gur cumadh an scéal sa chéad leath den seachtú haois déag. Ach an fhianaise ar fad a tharraingt le chéile, más ea, is í mo thuairim-se í gur scríobhadh *BCL* c. 1600–60.

Caibidil 4: Cúrsaí eagarthóireachta

Is éard atá sa chaibidil seo ná cur síos ar pholasaí eagarthóireachta an eagráin. Sa chéad chuid den chaibidil déanfar plé ar an gcineál eagráin a chuirim ar fáil agus ar roghnú an fhinné. Sa dara cuid déanfar iniúchadh ar an bpolasaí eagarthóireachta maidir le léiriú na lámhscríbhinne ar phár (e.g. cinntí eagarthóireachta maidir le malairtí, normalú litrithe srl.). Ag deireadh na caibidle breathnófar ar an bpolasaí aistriúcháin agus ar fheidhm an aistriúcháin san eagrán agus cuirfear an tras-scríbhinn lámhscríbhinne ar fáil.

4.1 Roghnú an fhinné

Tá an t-eagrán seo bunaithe go príomha ar fhinné lámhscríbhinne amháin, mar atá ARÉ 23 M 23. Bheartaigh mé díriú ar fhinné amháin (nó eagrán ‘aon-téacs’ a chur ar fáil) toisc gurb é príomhchuspóir an eagráin seo ná leagan den scéal a mhair go cinnte ag am ar leith a chur ar fáil, atá chomh gar don bhunleagan agus is féidir a rianú. Is lú cur isteach eagarthóireachta in eagrán aon-téacs ná in eagrán ina bhfuil an t-eagarthóir ag tarraingt ar go leor finnéithe éagsúla agus ag roghnú léamha de réir a thola. Ós rud é go bhfuil sé fúm leagan a chur ar fáil a mhair go cinnte ag am ar leith, seachnaím an cur chuige ina ndéantar iarracht príomhshamhaltas teoiriciúil a athchruthú, modh oibre atá bunaithe, go bunúsach, ar theoiric eolaíoch an Ghearmánaigh Karl Lachmann (1793–1851).¹²⁶ In ainneoin gur bhain mé leas as modh na craoibhe ginealaí chun traidisiún lámhscríbhinne an scéil a shoiléiriú (féach Caibidil 2.2), ní chuirim romham an phríomhchóip nach maireann a athchruthú san eagrán. Cé go n-oireann a leithéid

¹²⁶ Déantar cur síos beacht ar mhodh eagarthóireachta Lachmann in Lernout (2013, 64–5) agus in Kenny (1974, 103–10).

d’eagarthóireacht do chineálacha áirithe téacsanna,¹²⁷ i gcás an phróis ba phróiseas treallach agus suibachtúil a bheadh ann. Anuas air sin, ba dhoiligh a leithéid a chur i gcrích gan a bheith in ann brath ar chaighdeán liteartha ná ar dheimhniú meadarachta. Mar sin, cé go mbunófar an t-eagrán ar an bhfinné lámhscríbhinne is sine atá tagtha anuas chugainn, ní chuirim romham atógáil a dhéanamh ar bhunchóip chaillte.

Roghnaigh mé ARÉ 23 M 23 mar phríomhfhiné an eagráin toisc gurb í seo an chóip is sine dá bhfuil ar marthain. Tá an leagan seo gonta go maith agus sílim go bhfuil sé ar na leaganacha is glaine den téacs atá tagtha anuas chugainn. Lena chois sin, tá an lámhscríbhinn féin glan agus inléite agus is beag deacracht a bhaineann léi ar bhonn praiticiúil. Tá cur síos ar an lámhscríbhinn le fáil i gCaibidil 2.1.

In ainneoin go bhfuil sé mar aidhm agam téacs a chur ar fáil atá chomh dílis agus is féidir don leagan de *BCL* a bhí ann an chéad lá riamh, ní hionann sin agus a rá nach bhfuil bailíocht ag na cóipeanna eile den scéal atá tagtha anuas chugainn. Go deimhin, tá ról ar leith acu uile i seachadadh an scéil, agus léiriú iad gur próiseas dinimiciúil atá i gceist le seachadadh na bpróistéacsanna sa tréimhse iarchlasaiceach. I gcodarsnacht le filíocht an dáin dírich, a bhfuil buaine agus seasmhacht ag baint léi, léiríonn traidisiún an phróis solúbthacht agus forbairt, agus coincheap úsáideach is ea coincheap léirmhínithe an ‘scríobhaí-eagarthóra’ (Ní Úrdail 2011, 90–101) sa chomhthéacs seo. Tugann an coincheap seo le fios gur ról lárnach, gníomhach a bhí ag na scríobhaithe in athchóiriú agus in athchruthú téacsanna, agus nach cóipeálaithe dílse amháin a bhí

¹²⁷ Oireann an cineál eagarthóireachta seo don dán díreach, mar shampla. Cumadh an fhilíocht seo i gcomhthéacs ar leith agus bíonn an mheadaracht agus an caighdeán docht liteartha ina gcabhair mhór ag an eagarthóir agus é ag iarraidh an buntéacs a atógáil.

iontu.¹²⁸ An coincheap céanna, i ndáiríre, atá á chur chun cinn ag Slotkin (1978–9, 450) in ‘Medieval Irish scribes and fixed texts’:

the ‘interpolation’ of a late scribe may be traditional, meaningful, and necessary to the tale or that particular scribal performance of the tale.¹²⁹

Toisc nach féidir le heagrán aon-téacs an próiseas seo a léiriú tá léamha ó leaganacha éagsúla tugtha agam sna hagnosisíní. Lena chois sin, pléim cuid de mhalairtí na dtraidisiún éagsúil sna nótaí ag deireadh an eagráin.

4.2 Polasaí eagarthóireachta

(i) Tras-scríbhinn lámhscríbhinne:

Is éard is aidhm don tras-scríbhinn lámhscríbhinne ná leagan dílis de théacs na lámhscríbhinne a chur ar phár, lena laghad cur isteach eagarthóireachta agus is féidir. Tagaim le sainmhíniú Greenham (1992, 350) ar céard is feidhm don eagrán dioplómaitiúil:

[it] concentrates primarily on the textual content of the original, reproducing the exact spelling, punctuation, and capitalization (usually) of the diploma (the document), but transcribing the text into a different type-face, with different lineation (except in verse, of course) and different type-sizes.

¹²⁸ Ach féach nár cheart dul thar fóir leis an gcoincheap seo i gcás ár scéilne (Caibidil 2.2).

¹²⁹ Tá aitheantas á thabhairt don choincheap seo go forleathan san anailís théacsúil. Féach, mar shampla Embree agus Urquhart (1989).

Ag teacht leis an sainmhíniú sin, ní dhéantar aon eagarthóireacht ar orthagrafaíocht ná ar ghramadach na lámhscríbhíne sa tras-scríbhinn seo. Ní athraítear suíomh na síntí fada agus ní chuirtear litreacha breise ná focail bhreise leis an téacs. Is liomsa leagan amach na n-alt agus scaradh na bhfocal ach cloítear, seachas sin, le poncaíocht na lámhscríbhíne. Cuireann ‘/’ in iúl go bhfuil briseadh líne sa lámhscríbhinn agus cuireann ‘//’ in iúl go bhfuil briseadh leathanaigh ann. Féach na polasaithe thíos maidir le giorrúcháin agus noda:

- Scaoiltear noda i gcló iodálach ach scaoiltear poncanna séimhithe mar ‘h’.
- Nuair a léiríonn consan forscripte sa lámhscríbhinn guta + an consan forscripte sin, is é an guta atá ar iarraidh amháin a thugtar i gcló iodálach (e.g. ag^d > agad).
- Nuair a léiríonn ‘n’ forscripte (arbh é r forscripte ba bhunús leis) na litreacha ‘ra’, tugtar ‘ra’ i gcló iodálach (e.g. ccⁿobhscaoileadh > ccraobhscaoileadh).
- Is mar E a léirítear ‘e’ ard sa tras-scríbhinn.
- Scaoiltear an uimhir ‘2’ le guta fada mar *dá / dhá* (féach 3.1.3 (i)). Tá correisceacht ann ina scaoiltear an uimhir ‘2’ le guta gearr: ‘2mhsa’ > *damhsa* (85, 120); ‘2mh’ > *damh* (92); ‘sás2’ > *sásda* (123); ‘ros2’ > *rōsda* (171); ‘fhearrhda’ > *feardha* (10).
- Scaoiltear ‘20’ mar *fiche* nó mar *fichead* de réir mar is cuí.
- Tá digití eile scaoilte mar fhocail agam: |ar 6| > *ar sé*
- Déantar idirdhealú idir na noda ‘ar’ agus ‘air’.
- Scaoiltear an nod ‘er’ mar *-ir* (e.g. *aisdir* (134)), mar *-ear* (e.g. *neart* (21)), nó mar *-eir* (e.g. *beir* (302)) de réir mar is cuí.
- Ar an gcaoi chéanna, scaoiltear an nod ‘as’ mar *-as* nó mar *-ais* agus scaoiltear ‘ur’ mar *-ur* nó mar *-uir* de réir mar is cuí.

- Tá sé de nós ag scríobhaí ár lámhscríbhinne línte crochta séimhithe a úsáid le mórán rudaí éagsúla a chur in iúl. Tá línte crochta séimhithe scaoilte agam mar ghuta + consan séimhithe (e.g. ‘do commor/.’ > do commoradh (1)); nó mar ghuta amháin (e.g. ‘muna ccraobhsgáoil/.’ > muna ccraobhsgáioile (71–2)). Úsáidtear líne chrochta shéimhithe chun *air* a chur in iúl in amanna (féach, mar shampla ‘adub/.t’ > a-dubairt). Is mar a[i]ghthe (286) a scoilim ‘agh/.’, cé go mb’fhéidir go bhféadaí an líne chrochta shéimhithe a scaoileadh mar ‘aghaidh’.
- Léiríonn na comharthaí ^ ^ gur cuireadh an focal eatarthu leis an téacs ag am níos deireanaí (ach iad sa lámh chéanna leis an gcuid eile den téacs).
- Ní scoiltear ceannlitreacha aonair (e.g. ‘fionn mac C.’ agus ‘C. an I.’)
- Is mar $\overline{mc}$ a chuirtear an focal ‘mac’ in iúl sa lámhscríbhinn, cé is moite de dhá shampla den ainmfhocal atá scríofa *en pleine*. Is sa tuiseal gairmeach atá an dá shampla seo: ‘a mic R. na T.’ (206) agus ‘a mhic rígh na tEsáille’ (137). Is mar ‘mac’ a scaoilim $\overline{mc}$ i suíomh an ainmnigh (e.g. ‘do labhar fionn mac C.’ (16); ‘Misi caol an Iairionn mac Rígh na tEsaille’ (19); ‘ata Caoilte mac Ronain’ (41–2); srl.), agus i suíomh an chuspóirigh: ‘go rug ar mhac R na T’ (235). I bhfianaise na samplaí *en pleine* atá na samplaí eile atá i suíomh ghairmigh scaoilte agam: ‘a fhinn mhic C’ (66, 100). Níl sampla ar bith de ‘mac’ scríofa *en pleine* i suíomh ginideach. Cloím le foirm an ghinidigh ‘meic’ sna samplaí seo a leanas: ‘do lathair fhinn mheic C.’ (14); ‘Echttra...Et. C. an I mheic Rígh na tEsaille’ (319–20); ‘tar chionn Chaoilte mheic Ronain’ (86); ‘ag binn Éaddair ^mheic^ eudghaoithe’ (2); agus ‘a mbinn Éadair mheic eúdghaoithe’ (74).
- Tá na noda coitianta seo a leanas scaoilte agam i gcló iodálach:
 - .uu. > uile (32)

- .ee. > *eile* (40, srl.)
- nt > *innte* (309)
- ls. > *leis* (253, srl.)
- ll. > *d'fhagháil* (75, srl.)

(ii) An t-eagrán

Tá an t-eagrán seo bunaithe ar an tras-scríbhinn lámhscríbhinne thíos. Ní eagrán ‘glan’ atá ann,¹³⁰ ach eagrán ina léirítear an chuid is mó de na hathruithe eagarthóireachta ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Ós rud é nach bhfuil fúm athchóiriú a dhéanamh ar an téacs (féach Caibidil 4.1) cloím, go bunúsach, leis an teanga mar atá in ARÉ 23 M 23. Déanaim normalú ar ghnéithe áirithe den ortagrafaíocht ar mhaithe le soiléireacht.

- Is liomsa an phoncaíocht, na ceannlitreacha agus leagan amach na n-alt.
- Cuirtear comharthaí séimhithe nach bhfuil sa lámhscríbhinn ar fáil idir lúibíní cearnacha.
- Cuirtear sleamhnáin agus focail bhreise eile ar fáil idir lúibíní cearnacha.
- Athraím ‘et’ go 7.
- Is liomsa suíomh na síntí fada laistigh de shiollaí. Tá macrain in úsáid agam le síntí fada nach bhfuil sa lámhscríbhinn féin a chur ar fáil.
- Sna focail a bhfuil iarméarla agus aiceantach iontu, roinntear an dá chuid óna chéile le fleiscín: e.g. ‘a-noir’ (4); ‘a-mháin’ (8); ‘a-riamh’ (28); srl.
- Cuirtear fleiscín ar fáil i ndiaidh *dair ailm coimhleanamhna* chomh maith: e.g. ‘do-dhē[a]nfad’ (33); ‘do-c[h]onnaire’ (52); ‘do-ghēab[h]a’ (118–9), srl.

¹³⁰ Maidir le plé ar eagrán ‘glan’ nó *clear-text* féach Greenham (1992, 368): ‘a “clear-text” reading version... would contain no editorial ‘flags’ to the reader that something has been introduced into the text.’

- Tá ‘e’ ard curtha in iúl go ciúin agam mar ‘ea’.
- Ní dhéantar idirdhealú soiléir idir na noda ‘ar’, ‘air’ agus ‘arr’ agus mar sin tugaim mar *ar*, *air*, agus *arr* iad de réir mar is cuí.
- Baintear na síntí fada de na défhoghair seo:
 - ía > ia (mar shampla: ‘mían’ (LS) > *mian* (83); srl.)
 - úa > ua (mar shampla: ‘dhúalach’ (LS) > *dhualach* (13); srl.)
 - áo > ao (mar shampla: ‘áonghaisgeadhach’ (LS) > *aonghaisgeadhach* (8); srl.)

Ní bhaintear an síneadh fada den défhoghar ‘eó’, áfach.

- Tá ‘áe’ coigeartaithe agam go ‘ae’ (mar shampla: ‘lái’ (LS) > *lae* (133))¹³¹
- Tá an siolla neamhaiceanta deireanach ‘-i’ coigeartaithe agam go ‘-e’.
- Tá normalú déanta agam ar na gutaí seo a leanas:
 - -i(o)- > -e(a)- (mar shampla: ‘an t-éigion’ (LS) > *an t-éigean* (101); srl.)
 - -o(i)-/-u(i)- > -a(i)- (mar shampla: ‘fearoinn’ (LS) > *fearainn* (57); srl.)
 - eu > éa (mar shampla: ‘eudghaoithe’ > *Éadghaoithe* (2); srl.)
- Tá normalú déanta agam ar:
 - cc- > gc- (mar shampla: ‘ccatha’ (LS) > *gcatha* (2); srl.)
 - tt- > dt- (mar shampla: ‘dá ttugadur’ (LS) > *dá dtugadar* (2); srl.)
 - tsh- > ts- (mar shampla: ‘san tsh[?]lighe’ (LS) > *san tslighe* (53))¹³²
- Tá normalú déanta agam ar ‘nd’ sna háiteanna ina mbeifí ag súil le ‘nn’:
 - nd > nn (‘fiond’ (LS) > *Fionn* (82); ‘and’ > *ann* (87); srl.)

¹³¹ Tá an fhéidearthacht ann, áfach, go raibh idirdhealú ann idir *áe* agus *ae* (Hoyne 2017, 174–8).

¹³² Níl ach aon sampla amháin de *tsh* sa lámhscríbhinn agus is deacair a bheith cinnte an mbaineann an ponc leis an lámh a bhreac an téacs ar an gcéad lá.

- Tá normalú déanta agam ar an réamhfhocail ‘i’ nuair nach bhfuil brí choibhneasta leis:
 - a^n (‘in’) > i^n
- Tugtar úsáid *dh* agus *gh* chun rialtachta san eagrán, i.e. cloítear le litriú stairiúil na bhfocail. Féach na samplaí seo a leanas:
 - ‘slanuighEcht’ (LS) (303) / ‘slanuidhEcht’ (LS) (307) > *slánaigheacht*
 - ‘do dhiaigh’ (LS) (194) / ‘na dhiaidh’ (LS) (183) > *do dhiaidh*
 - ‘ag ionnsuighe’ (4) / ‘d’ionnsaidhe’ (LS) (290) > *ag ionnsaighe*
- Déantar amhlaidh i gcás *bh* agus *mh* (‘dá ttoigmadh’ (LS) > *dá dtógbhadh* (55); srl.)
- Tá normalú déanta agam ar *n* agus *nn* ag deireadh focal aiceanta (féach 3.1.8(xv)). Féach na samplaí seo a leanas:
 - ‘comhdhaingionn’ (LS) (10) > *comhdhaingean*
 - ‘ara labhran’ (LS) (124) > *ara labhrann*

Ar an gcaoi chéanna, déantar coigeartú ar ‘an sin’ > *ann sin* (16), srl.
- Cloítear leis an litriú stairiúil i gcás ‘nn’ agus ‘ll’ neamhstairiúla go hinmheánach in ainmfhocail an téacs (féach 3.1.8 (x)):
 - ‘innis’ (LS) (20) > *inis*
 - ‘beallach’ (LS) (193) > *bealach*
 - ‘chuillinne’ (LS) (170) > *cuilinne*
 - ‘commus’ (LS) (42) > *comas*

Noda:

- Maidir le hainmneacha na gcarachtar agus leis na logainmneacha sa téacs, is nós leis an scríobhaí túslitir a scríobh in áit an ainm iomláin. Féach na samplaí seo a leanas:

- ‘Fionn mc C.’: tá ‘C.’ scaoilte agam mar ‘*Cumhaill*’ sa tuiséal ainmneach agus cuspóireach (*le Fionn mac Cumhaill* (1); *do labhair Fionn mac Cumhaill* (16); *do bhí Fionn mac Cumhaill* (255) agus mar ‘*Chumhaill*’ (le séimhiú) i suíomh ghinideach agus ghairmeach: *do lāthair Fhinn mheic Chumhaill* (14); *A Fhinn mhic Chumhaill* (66); *a Fhinn mhic Chumhaill* (100), cé go mb’fhéidir go mbeadh díshéimhiú ann sa chaint le *c* agus *Ch* ag teacht le chéile.
- ‘b. an c. l.’: Tá an nod seo scaoilte agam mar ‘*Bodach an Chóta Lachtna*’ sa tuiséal ainmneach, áinsíoch agus tabharthach, agus mar *Bodaigh an Chóta Lachtna* sa tuiséal ginideach (i bhfianaise ‘*iar bhfaicsin Bodaigh an Chóta Lachtna*’ (LS) (112–3)).
- C. an I.: Tá ‘Caol an Iarainn’ scríobh *en pleine* trí huair sa téacs, agus é sa tuiséal ainmneach i ngach cás. Scaoilim an nod C. an I. mar ‘Caol an Iarainn’ seachas nuair a bheifí ag súil le hinfhilleadh ginideach nó gairmeach: *dochum Caoil an Iarainn* (286); *Cona sin eachtra...Chaoil an Iarainn* (320)
 - Maidir leis an eagarthóireacht atá déanta agam ar an bhfocal *rí*, féach caibidil 3.1.1 (viii).

Tá cur síos níos cuimsithí ar ghnéithe ar leith den pholasaí eagarthóireachta maidir le coigeartú ainmfhocal, briathra, réamhfhocal srl. ar fáil i gCaibidil 3. Léirítear aon choigeartú suntasach eile sna léamha ag bun na leathanach.

4.3 Modh an aistriúcháin

Tá an t-aistriúchán Béarla curtha ar fáil agam mar thaca don leagan Gaeilge agus cuirim romham a bheith chomh dílis agus is féidir don bhunleagan. Cé go bhfuil sé mar

chuspóir agam go mbeadh an leagan Béarla inléite mar théacs ann féin, tugaim tosaíocht do dhílseacht don bhuntéacs thar fhiúntas liteartha an aistriúcháin.

- Níl formhór na n-ainmneacha dílse ná na logainmneacha aistrithe agam. Níl aon aistriúchán déanta agam, mar shampla, ar *Bodach an Chóta Lachtna* ná ar *Caol an Iarainn*. Bainim úsáid as an leagan Béarla den teideal *Barún Inse Uí Chuinn* ('the Baron of Inchiquin'), áfach. Ar an gcaoi chéanna, aistrím *Éire* agus *an Teasáil* go 'Ireland' agus 'Thessaly' faoi seach.
- Níl an mhír ghairmeach aistrithe agam sa téacs (e.g. *a mhacaoimh* (18) > 'youth'; *a Chonán* (30) > 'Conán') ós rud é gur soiléir i gcónaí cé a bhíonn i gceist agus toisc nach dtiocfadh leithéidí 'O youth' / 'O Conán' le réim Bhéarla an aistriúcháin.
- Pléim leis an aidiacht *mallachtach* mar chuid d'ainm dílis Chonáin (*Conán mallachtach mac Móirne*) agus níl sé aistrithe agam dá réir sin (is é a fhearacht é ag an ainm *Bodach an Chóta Lachtna*).
- Tá éiginnteacht sa téacs maidir le buíon Fhinn. Is san uimhir uatha atá an t-ainmfhocal uaireanta (*fian*) agus san uimhir iolra amanna eile (*fiana*). Leanaim an lámhscríbhinn agus mé i mbun aistriúcháin (e.g. *le seacht gcatha na gnāthfhēine* (1–2), 'with the seven battalions of the ordinary fian'; *Fionn 7 na fiana* (263), 'Fionn and the fiana'; srl.).
- Is minic dhá fhocal atá ar aon chiall lena chéile agus a bhfuil uaim eatarthu ag teacht le chéile sa téacs (e.g. *go lár agus go lántalamh* (168–9), *fuaim agus fothrom* (57) (féach cúrsaí stíle i gCaibidil 1.4). Tá iarracht déanta agam aithris a dhéanamh air seo san aistriúchán:
 - *inis nó oiléan* (20) > 'isle nor island'

I gcásanna áirithe, áfach, shíl mé gurbh fhearr an péire a aistriú mar fhocal amháin:

- *go lár 7 go lántalamh* (168–9) > ‘onto the ground’
- *ón gcuibhreach 7 ón gcruaidhcheangal* (308) > ‘from the hard binding’
- *ar an inneall 7 ar an ordughadh sin* (15) > ‘in that manner’

Déanfar plé ar aon deacracht nó éiginnteacht a bhaineann le cúrsaí aistriúcháin sna nótaí ag deireadh an eagraín.

4.4 Leagan lámhscríbhinne

Eachtra bhodaigh an chotha *lachtna* Et caol an *iaruinn* *sonn*

§1 la aonaigh 7 oirEchtais do *commoradh* le fionn mac c. 7 le sEcht ccatha na /
gnathfheine ag binn Éaddair ^mheic^ eudghaoithe, súil dá ttugadur ar muir 7 ar
mhórfhairge / go bfacadur an long luchtmhar lanadhbhal leabarsheúdach isin
bfairge a níor go / réimdhireach ag ionnsuighe an chuáin chubharbháin, 7 séolta
lánmhaisiocha buidhe/shroill ar ruágadh a ttiomchioll na séollchrann, ar ttEcht a
ttír don luing lánfhairsing / sin, 7 ar leagadh a séolta an tan shioliodar fiánaibh
eireann iomad sloígh, 7 socaidhe / do thEcht eisde, ní fhacadur ag tEcht a ttír
acht áonghaisgeadhach amhain budh mo / do mhíleadhaibh, budh laidire do
laochaibh, 7 dob aille don druing fhearrdha Et is amhlaidh / do bhí an
righmhilidh sin, 7 clogad comhdhaingionn cruadhach fana chEnn, 7 luithreach /
liomhtha lanmhaisioch fana chom, craoisioch crannrEmhar catha na láimh laidir
luathghonaigh / cloidhmhe claislEthan gérfhaobhrach ar a thaobh clí, 7 sgíath
dhonnálainn dhúalach ar / stúaighleirg a dhroma, 7 do thainig do lathair fhinn
mheic C. 7 fhánaibh eireann, ar an / ionnioll, 7 ar an órdugh sin,

§2 is an sin do labhar fionn mac C. ardrigh na féine ris / an ngaisgeadhach
 ngnimhéchtach sin, 7 as Edh ro raidh, Ca thaobh ar ghabh tu chug/ainn a
 macaoimh? no cia tú féin dfolaibh uáisle nó anuaisle an domhuin, Misi / caol an
 Iairionn mac Rígh na tEsaille ar sé, 7 an méid do shiubhlus don / cruinne, níor
 fagbhus íath innis nó oilén o dfagaibh me mo chrioch féin gan cur fo cíós / mo
 chloidhmhe Et fo neart ^mo^ láimhe go soiche so, 7 is mían damh coróin 7
 árdchíos / na crichesi do bheith agam mur an ccEdhna, no ár slóigh 7 daoine, Et
 / uirEsbaidh ^feine^ 7 fearoglach do thabairt ar shEcht ccatha na feine 7 ar
 shEcht ccatha / na gh[?]nath féine, 7 is é sin mo thoisg 7 mo thurus don chrichsi
 don dulsi,

§3 dar / gan amhrus ar conán mallachtach mac Móirne, is olc an toisg ima
 ttan/guis, 7 go foirchion do ree, 7 do shaoigail ni críochneochar an turus sin lEt,
 ni / chualamar laoch, 7 ni fhacamur a ríamh ag tEcht le morghniomh ar bith go
 heirinn / nach bhfuighthi fear dá clodh ann, ni bfuil acht brigh bhEg agamsa ann
 do briathraibh a / connan ar c. an I., óir dá mbeadh a bhfúar bás re sEcht
 mbliadhna do na fía/naibh a ccEnn a mairionn do lathar diobh, do beruinnsi
 bron báis 7 bEgshaogal // orra uile a naonlo amháin, gidh eadh do dhenfad ni is
 reidhe ina sin / ríbhisi, ma gheibh sibh aonlaoch amhain an bhar measg bherus
 bárr oramsa / a rith, a ccomrac nó a ccoruidhEcht, ni dhénfad nios mo do
 dholaigh / dhibh acht filleadh tar mais domh chrich féin gan moill, mais eadh ar
 fionn cia / haca do na tri treithe fEdhmamhla arar l(?)abhruis is fearr libh
 dfeúchuin ar / ttús, ma gheibh tu damhsa ar c. an I. aonlaoch amháin bhéus /
 geall rEtha oram, ni bheidh níos mo dimrEs ann acht filleadh tar mhais / dom
 cric féin gan moill, gan bhuadhradh na cathugadh do chur oraibhsi na ar neach /

eile Mas *eadh ar fionn* an giolla turuis ata againne mur ata Caoil/te mac Ronain
ni bhfuil se san mbaile no go bhfeuchadh se a com/mus a rith lEtsa, 7 o *nach*
bhfuil is é is cóir dhuitse *comhnaidh* do dhénamh / ann so ag na fíanaibh, 7
caradras Et *compairt* do bheith agaibh le / chéile go ttrialla misi tar mhais
chEnn Caoilte go tEmhair na righ, 7 / muna ttagma *damh* an sin é t*ageomhaidh*
gan amhrus a ccéis choruinn liom / é, 7 dho *bérad* chugadsa *gan moill* an so é,
t*aim deontach* go léor / *ara bfuil* tu do radha ar c. an I,

§4 ann sin do ghluais fionn roimhe tar / chEnn caoilte go tEmhair na ríogh, 7 ag
gabhail an bhealaigh dho / do tharla coill mor dhorcha amhréidh ris, 7 bóthar
mórfharsing ag gabhail / tre cheartlar na coillesin, 7 ar ndul tamull don
bhealach dfionn do / *connairc* se ag gabhail tre ceartlár an bothair na aghaidh
san tsh[?]lighe / aitheach uathmur urghránna, 7 cota lachtana síos go colpaidhe a
/ dha chos ime, 7 leithiod lánbhoise fir chalma do bhéis dóibe / ar iachtar an
cota sin, 7 gach uair dá ttogmadh a chos do bhuaileadh an tiachtar / doibe sin an
chóta fa colpaidhe a dhá chos, ionnus go mbaineadh fúaim, / Et fothrom asda
budh clos lánmhile fearoinn uadha, 7 budh samhail do chrann seóil / loinge
moire gach cos don da chois do bhi ag iomchar an chuirp / aimhrialta sin an fhir
mhóir, 7 budh samhail do bhád bronnfharsing gach / bróg don dá bróig do bhí fa
chrúbaibh crotacha comingneacha an aithigh / fhuathmhuir urgranna sin, 7 gach
coiscéim dá siubhladh, 7 gach uair dá ttogadh a chos do / sgárda se lan bairille
don greallach, 7 don uisge as gach broíg súas // fo iachtar a chuirp, 7 fana
mhasaibh ar féin

§5 do ghabh fionn ag *dearcadh* / ann fhir moir sin aithaigh fhada, oir ní fhacaidh a shamail a ríamh roimhe sin / 7 do bhí ag triall roimhe san mbealach gur labhair an fear mór, 7 as *eadh* ro ráidh, / a fhinn mhic C. *[ar sé]* go de an raon siubhail sin do bhuain duit, no / ca fad ata do thriall don dulse? ta do mhéid mo bhuaidhior/tha, 7 mo thriobloíde *ar fionn nach bfuil faill agam fuilreach* le sin dait/ris do lathar, 7 *dá* ndénuinn gan tairbhe *ar bith agam ann*, is fei/dir duitsin sin do dhénamh *ar an fear mór acht* is fírinneach go mbeidh a / dholaidh 7 a dhiobhail dhuit go déo, *acht* muna ccraobhsgáoile tu *dhamh/sa* do thoisc, Mas *eadh ar fionn* mas éigin *damhsa* sin do chur síos duit, / biodh a fios agad gurab é Caol an Iarion mac Righ na tEsaille do / gabh cúan 7 caladhphort a mbinn Éadair mheic eúdghaoithe san meadhón laoi aniud / dochum corona 7 airdchios na heireann *d'fhagháil* do féin, 7 muna bhfaga sé / go deontach sin bagraidh ár slóigh, dith daoine uirEsbaidh féine 7 fearóglach / do thabhairt *ar shEcht* ccatha na féine, 7 *ar shEcht* ccatha na gnáthfheine / *acht* muna bhfaga se aonlaoch amháin *ar bith bherus barr* a rith a ccom/rac nó a ccoruidhEcht air, 7 ma gheibh se aonlaoch amháin nó gaisgeadhach / bherus barr *ar a naoncheim* aca sin ní dhenfa níos mo do bhuaireadh *acht* filleadh / tar ais dá chrich féin arís, 7 se sin mo sgeula féin don dulse dhuit *ar fiond* /

§6 go de is mían lEt do dhenamh a naghaidh an Righmhileadh sin *ar an fear mor*, óir / níl aonni dar bhogair se oraibh *nach bfuil ar a chommu* do dhenamh is aithne / *damhsa* go máith an laoch sin, is e is mían *damhsa ar fionn* dhul go tEmhair / na riogh tar chionn chaoilte mheic Ronain, 7 muna ttagma liom and, / tEgeomaidh gan amhras a ccéis Choruinn na bhfian liom é, go ttuga me go / binnÉaddair mo chuidEchta féin é, dochum ^go^ mbainfe se geall rEtha don

laoch úd, / dar gan amhrus ar an fear mór, is lag an bun 7 a baranta ata agad
dochum // rioghEchta na heireann do chosnamh más é caoilte mac Ronáin do
chrann / bogar, is duine gan rioghachta thu, mas eadh ar fionn ni bhfuil fhios
agamsa / cerd is indénta damh, do fhEdairsi sin ar an fear mór, ma ghabhann tu
liomsa a nagaidh / an ghaisgidh úd, do thEgeomadh go sEsfuinn gabadh na
huaire so dhibh |ar sé| sé / mhEsuimsi ar fionn go bfuil do dithchioll agadsa le
denamh ma thig lEt do / chota, do broga móra, 7 tu féin diomchar aonmhile
amhain san ló, 7 gan búain / fa commus gaisgidh nó rEtha leis an laoch úd. dar a
gan amhrus ar an fear mór mur / ttige liom ceart do shEsamh daoibhsi a
naghaidh an mhilidh úd ni bfuil dfearibh eirionn / aonduine dhénfus é, 7 a fhinn
mhic C. ar se na biodh drochmhEnmuin ort, / gabhamsi orm féin an téigion
adhbalmor ana bfuilte do lathair do shabhail, cia / hainm dhuit ar fionn, bodach
an chóta lachtna mainm |ar sé| mais eadh ar fionn / is é is cóir dhuitsi glúasacht
liomsa go binn éaddair,

- §7 is ann sin do thrialladur / tar a nais, 7 ni haitristear a nachtra nó a nimhEchta go
rángadur mur a raibh / fiana eireann, 7 an úair do connadar bodach an chóta
lachtna ar an innioll 7 ar an / órdugadh sin a raibh se, ni raibh duine aca nach
raibh iongnadh aige a shamail do / dhuine dfaicsin oir ni fhacadar a shamhail
aríamh roimhe, 7 budh luthgharEch lanmhEmnach / leó fionn do thEcht tar ais is
ann sin do tainig caol an Iarionn do / lathar fhinn, 7 dfiafraigh dhe an ttug leis
an fear do rithfeadh ris féin, dinnis fionn / dho go ttug, 7 go raibh se ar an
lathair sin aige, 7 do taisbeín sé an b. / do c. an I 7 iar bhfaicsin bodaigh an
chóta lachtna don gaisgeadhach dob / iongnadh adhbal 7 budh machtna
mEnman leis a shamhail dfaicsin 7 adubairt nach / racadh féin do commoradh

gaisgidh nó rEtha lena shamail do bhodach smEraiththe / ghranna chaoidhe,
 arna chlos sin don bodach do rinne glafar garbhgháire, 7 adubairt / re c. an I.
 ata tu meallta dom thaobhsi a ghaisgidhe |ar se| óir ni me an / duine shaoilios tu
 do bheith agad, 7 do gheaba tu cruthadh fírinneach mo ghlóirsi / sul dí trathnóna
 márach, 7 tabair sgéula damhsa cerd é fad na sgríbe // is mían lEt do chur
 romhad dochum rEtha, 7 mur siubhla misi an tslighe / sin lEtsa is cosmail gur
 lEt breith do ghill, mur an ccEdna ma ta go mbéidh / geall rEtha agamsa uáitsi,
 is deimhin gurab ortsa caill do ghill, táim sásda / go léor ar C. an I, ara labhran
 tú, acht ni háil liom nios luga na tri fichith / míle do bealach a bheith do sgríob
 rEtha againn, Is math mur ata, ar b an c. lachtna / tri fichid míle go cinnte ó
 shlíabh lúachra na mumhan go binnÉadair, 7 mur bhfa/ ice tusa go rithfe misi an
 tslighesin lEtsa, 7 tuilleadh más í do thoil é, is / lEtsa breith do gheill gan
 imrEs, táim deontach ara bfuil tu do radha ar c. an I ma / ta ar b. an c. lachtna
 se is coir dhuitsi gluasacht sair go slíabh luachra anocht / ionnus go ttugmís
 taisbenadh da chéile ar áirdiol na slighe a ngeubhmid ag ga/ bhail aníar
 amárach dhuinn, 7 comnaidhe na hoidhche anocht do dhénamh a s. lúachra /
 ionnus go mbíam réidh le gluasacht a ttús an láe dochum an bhéalaigh,

§8 is ann sin / do thrial an dís dEghlaoch sin chum an aisdir sin lEth ar leith, 7 ni
 dhearnadar fos na comhnaidhe / go rangadar go sliabh luachra na mumhan, 7
 iar mbeith an sin ff do labhar b. an c. l. / le c. an I. 7 as eadh ro ráidh a mhic
 rígh na tEsáille |ar sé| is cóir duinn ó tharla / coill a ccomhgar dhuinn árus tighe
 nó botán do dhénamh bhíos os ar ccionn anocht, is / féidir dhuitsi sin do
 dhenamh ar C. an I ma ta fonn oibre ort, mo chás féin de sin ni / gheuba ^me^
 saothar tighe do dhénamh ar s. l. mur gheall ar chomhnaidhe aonaoidhche

amháin ann / 7 gan súil agam thEcht ar amharc go brath arís, táim toiltenach go
 leor ar sin ar b. an c. / l. acht ma ta go tuigfe liomsa árus ar bith do dhenamh
 ann a ccomhneochaidh mé féin anocht is / fada uadha amach bhios gach aon
 nach ttiubhra a chongnam ann dochum a dheúnta, Et / iarna radha sin do ghlúais
 roimhe go dEghthapaidh fon coill budh coimhnEsa dhó, 7 do / ghabh ag
 gErradh amuid go tEnn, 7 níorbh fada go ttug leis sé chúpla do mhórámud /
 ollmhaighte gan iomarcaidh gan Esbaidh fána ndiol taobhán 7 caolaigh maille
 le húr / luacair, 7 gach comhgar eile do budh riachtanus dó 7 do gab fo chéile ag
 obuir gur chuir na / shEsamh go reimhdhireach é fo dhíon 7 fo thégur, do gluais
 fón choill arís, 7 do thug // a ghúailleire d'úrach 7 do chríoneach na coille sin
 ris, 7 do cuir mórtheinidh ar fadugadh / ann,

- §9 7 do labhair le c. an I. an dara húair, 7 adubairt a mhic rígh na t. an bfhuil biadh
 / no deoch d'oirchioll ar an oidhche anocht agadsa, ni raibh me ariamh gan
 daóine / agam do dhenamh solar dhamh dom fhéugmuis féin ar c. an I. mas eadh
 o nach bfuil na / daoine sin agad an so ma thig tu liomsa ag fiadhach fa na
 coilltesi a bhf/ogus dúinn béidh go léor againn anocht ma ta fiadach ionnta, ni
 raibh clEchta / agamsa ariamh ar c. an I dhul ag fiadach na fíonsgaradh le do
 shamhuilse, 7 ni / mo dhénfiod anois é, acht mur an ccEdna táim deontach ara
 bfhuil tu radhe / ar an bodach, 7 do ghluais leis go lanéusgaidh fón ccoill
 aimhréidh dhorca budh coimh/nEsa dhó, 7 ni cían do chuaidh innte an tan do
 mhúsghail sé lan sgaoith do mhucaibh / fiadhaín, 7 do ghlúais na ndiáidh go
 dEghthapaidh tre cheartlar na coillesin, 7 an / torc budh mhó, 7 budh sine don
 sgáoith do sgáith sé na mucaibh, 7 do lean go / reimhdhíreach tre aimhreidhthe
 gach coille é gur chuir 7 gur sháraigh le tEnn saothair 7 rEtha é, fa / dheoidh do

thug *air* a mhuin ris é dochum a thEghlaigh do chasgair go lár 7 go lantalamh /
 é do choraigh go glan dEghthapaidh 7 do chuir na dhá leith chomhthroma ar
 dhá bhior chruaidhe chuil/linne é, ar dhá thaobh na tine lanmhore sin dá rosda
 é, 7 gléus iompuigthe ar uatha / féin ar na bearaibh sin

§10 is ann sin do ghlúais an b. go lanéusgaidh mur luás ainne nó fearboige, / 7 ni
 dhearna comhnaidhe go rainig dochum tighe barúinn innsi cuinn do bhí *deich*
 míle *fichead* / o shliabh l. go ttug bord 7 cathaoir leis, 7 dhá bhairille fíona, 7 a
 raibh d'arán / ollmaighthe ionchaithmhe san tEghlach sin d'aonualach, 7 níor
 sdaid go rainig go sliabh / l 7 an t- ualach sin gan Esbaidh ris 7 iar tEcht an sin
 dó, fuar a chuid bidh glan réidh / ollmaighthe roimhe, do léig a ualach de, 7 do
 thóig a chuid bidh ón teine, 7 / do cur a lEith go comhthrom a ttaisgidh a n-
 oirchioll na maidhne, 7 bairille fíona, / 7 do cur an lEith eile don bhiadh ar an
 mbord 7 do shuidh féin go sochma saothEmail / san ccathaoir, 7 d'ith mían a
 thola don bhiadh 7 dól bairille fíona na dhiaigh / 7 an sin chraith lanbheart
 luachra faoi ar urlár an loisdínsin, 7 do luidh síos // ar a leabaidh gur thuit a
 thoirchim suin 7 sarcodalta ar,

§11 7 do bhí amhlaidh gur eirigh / grian go lánsholusda arna mharach, go ttainig
 iar sin c. an l. chuige do bhí sínte / ar thaobh an tsleibhe gan biad ^gan digh^,
 gan codhla ar feadh na hoidhche sin, 7 mhúsguil / as a codla é go ndubairt leis
 eirigh |ar sé| is mithid dhuinn glúasacht chum / ar nasidir fEsda, ann sin do thóig
 b. an c. l. a chEnn 7 do chomail bos dá shuilibh / 7 adubairt ata uair eile daimsir
 agamsa gan chodla go foill, 7 mur a ccEdna / ata biadh gan ithe agam acht o
 tharla deifir ortsa do bheirim mo thoil / dhuit fa glúasacht romham san

mbeallach, 7 beidh misi do dhiaigh *gan amhrus* / do ghlúais C. an I. roimhe go tapánta troighmhall trommheirtneach, 7 ní raibh sé / *gan umhan* 7 imEgla mor ar, fón neamhshuim do mhothaigh se ag bodach an C. l. ann,

§12 an tan do codail an B. a léor dáioithin ro eirigh na shuidhe, 7 do nigh a / lámha, 7 a aghaidh, 7 chur bíadh ar bhord, 7 do chaith mían a thola de, 7 / dól bairille fíona *gan iomarcaidh gan Esbaidh* na chorp féin, 7 chur cnamha na muice / go ballach a mbinn a bhruit, 7 do ghlúais roimhe go reimhdhireach a ccuidEchta na gáo/ithe glanfhuair, 7 níor sguir don trenrúathar rEtha sin go ttug se c. / an I. mac R. na T. astEch do bhi roimhe sa mbeallach go cumhthall cEnnisioll / maothagionntach, 7 do thleig cnamha na muice go ballach as binn a bhruit / tarsna san mbeallach roimhe, 7 adubairt ris a mic R. na T. |ar sé| ma gheibh / tu crinn ar bith ar na cnamha sin ith é, óir is dearbhtha go bhfuil tu lán d’ocrus / 7 do dhénsa moill an so lEt go raibh tu réidh, do gheaba tu do / chrochadh ar C. an I. sul raibh misi ag iarraidh bídh ar na cnamha do bhi tusa chrinn / le do caimfhiacra féin, mas eadh ar an b. is é is cóir dhuitsi caoi shiubhail is / fearr ina sin do chur ort féin más mían dhuit ardchíos, 7 cEnnus na heireann / do bheith lEt don dulsa,

§13 7 arna radha sin don b. do léig ar siubail, 7 ar / síorimthEcht é féin mur lúas ainnle nó fearbóige, nó mur shamail do ghal gáoithe // la máрта ag gabhail ^fa^ chairraigEcha cEnngharbha, nó fa shlEsaibh sléibhe gurab / é sin budh samail, 7 budh túarusghbhail don reimh rEtha siubail, 7 síorimthEcht do bhí faoi, / 7 gan doigh ag C. an I. a thEcht na ghar, acht amháin do rachadh a bhfrighthibh na firmaminte, / 7 níor sguir don trenrúathar rEtha sin go ndEchaidh deich míle

fichead / do beallach don sgríbh sin, 7 an sin do ghabh ag síorithe sméara dona
 torsaibh do / bhí do leatháobh an bhealaigh, 7 do bhí amhlaidh go ttainig C. an
 I. súas mur a raibh sé / 7 go ndubairt ris, a b. ar sé, ata *deich* míle *fichead* as so
 sáir an áit a / bhfacaidh me binn dod chóta l. casta fa bhraghaid toim, 7 beann
eile deich / míle uadha sin síar fo thom *eile* an íad bEnnaibh mo chótasa ar an b.
 ag / féuchuin tairis, is iad *gan amhrus* ar c. an I. mas *eadh* ar an b is é is coir
 dhuitsi fuireach / annso ag ithe smér go bhfillle misi tair mais, 7 go ttuga me
 bEnnaibh mo / chóta liom, is fírinneoch, nach bfanfa ar c. an I. mas *eadh* ar an
 b. glúais romham / san tslighe go ccasa misi tar mais go ttuga me bEnnaibh mo
 chóta liom /

§14 is ann sin do glúais c. an I. ar aghaidh san tslighe, 7 fillis b. an. c. l. *tár* ais /
 ccoinne bEnnaibh a chota, go ndEchaidh *fiche* mh. do beallach go bfuair bf(?)
 iád / amail dinnis c. an I. dhó, 7 gur fhúaghail na náit féin íad do rís, 7 do /
 thriall tair ais, 7 do ghlúais roimhe go reimhdhíreach mur lúas ainne nó
 fearbóige, 7 / níor sguir don trenrúathar sin go rug ar mhac R. na T. 7 go
 ndubairt a mhac / aoimh más é is mian duitsi rioghachta 7 árdchEnnus na
 héireann do bheith / agad mur adúbhrais c.na ní fulair dhuit caoi shiubail nios
 fearr na / cuiris go foill ort do cur ort féin. 7 glúasacht liomsa fEsda san tslighe /
 no is contabairt duitsi breith an ghill do bheith agad, óir ní bhéidh misi ag /
 filleadh tar mais feasda,

§15 7 iárna radha sin dhó, do ghlúais roimhe mur ghal / gaoithe la rúadh mhárta ag
 gabail fa maoilinn cnoc nó fa shlEsaibh / sléibhe gurab é sin budh samail 7 budh
 túarusgbhail don imthEcht do bhí faoi an // mbodach an tan sin, 7 gan comus ag

C. an I. thEcht dá chóir, 7 do leig ar siubail é / féin ar an tréimhEcht sin, 7 níor sdadadh leis go ndEchaidh go mhaoilinn cnoic móir / do bhí fo 5 mhile do bhinn Éaddair mur a raibh tortha móra sméra dubha, / 7 ann sin do ghabh an b. ag síorithe do na sméra sin, go raibh sáithEch síoblion/ta dhiobh, 7 do chuir a chóta l. dhe iar sin, 7 do ghabh snáthad 7 snáithe / chuige, 7 dfúaighail a chóta tiomchioll go raibh na shac fhairsing fhíor / lEthan aige, 7 do gabh fa thEnn ag cruinniugadh smeara gur líon an sac go bél / 7 gur comail a lán dá crocionn diobh go raibh comh dubh le gúal gaibhnighe / gabhan, 7 thug an lánuallach sméar sin ls ar a ghualuinn, 7 do ghlúais roimhe / go talcmhar troigeúsgaidh,

§16 is amhlaidh do bhí fionn mac C. 7 an fhían go hiomlán / lán duamhan 7 do mhoreagla roimh C. an I. mur do cuiriodar a muiníghin / go coitchionn a mbodach an c. l. 7 gan fios aca ar ce hé, 7 do bhí gais / gEdhac do na fíanaibh ar thaobh cnuic áird ag fionn ó mhaidin roimhe sin df/eúchuin cía haca don lucht rEtha do bhiadh a ttosach, 7 an tan connairc an ga/isgeadhach an b. ag tEcht a mbél an chnuic budh coimhnEsa dhó 7 an tromuallach / sin ar a mhuin aige, do mEs go cinnte gurab é C. an I. do bhí ann 7 an b. / marbh ar a mhuin aige, 7 do ghlúais go lanéusgaidh mur a raibh fionn, 7 / na fiana ls. na sgéulaibh sin, dinnis ff go raibh c. an I. ag tEcht a bfog/us doibh, 7 an b. na shac marbh ar stuaighleirg a dhroma aige,

§17 do / ghlac sganra 7 imEgla mhor fionn 7 na fiana go coitchionn fón sgél / sin, go ndubairt fionn, 7 na fiana, culaith airm 7 eadaigh don taói bhéirus sgéla / is fearr ina siúd cugainn, iar sin do ghlúais laoch don mhuinntir amach, 7 ní / cían do chuaidh an tan do connairc b. an C. l. ag tEcht fon ionnioll a raibh, 7 / daithin

*gurab é do bhi ann, 7 do rith go luathghaireach mur ar a raibh fionn / ls. na
 sgélaibh sin, ann sin do ghlúaisiodar an fhían uile amach go lánmEnmnach a
 ccoinne / a ccoinne 7 a ccomhdhál b. an c. l. 7 é iar ttEcht do lathar fon am sin /
 7 tar eís a uállaiigh do leagadh dhe, as eadh adubairt riu ata sgela / maith agam
 lé tabairt dibhsi |ar se| acht ata do mhéad mocruis / nach feidir liom a
 ccraobhsgaoileadh go nithe me mo dhóchuinn mine coirce / 7 smeara le cheile,
 do tug me féin mo diol smear liom 7 tugthar / mo dhóchunn mine damh, is ann
 sin do síneadh brat cEtharbheannach fíorlEthan / faoi an mbodach 7 cárn
 lanmhór mine na cheartlár 7 do dhoirt as án tsac / smear ar fud na mine sin, 7
 do ghabh ag ithe fa thEnn,*

- §18 *7 ní cían do bí / ann, an tan do bhí c. an I. tEcht fon lathar, 7 a lamh a
 ndorncladh a chloimhe / aige, 7 ^a^ shúile ar mearlasadh na chEnn, 7 e reidh le
 a dhul faoi an tslúagh / dhá noirrleach 7 dá nathcomadh, an tan do connairc b.
 an c. l. mur sin é, do thóig / lán a craige don mhin 7 do na smeara, 7 thug urchur
 lándhireach dochum c. / an I. a cceartlár a aghthe 7 eúdain diobh gur chuir a
 chEnn feadh maighe fearoinn / ona chorp uadha, 7 do thuit a cholan go lár 7 go
 lántalamh, 7 do bhí / ag clismearnach ar an talamh gan cEnn, is ann sin do
 ghlúais b. an c. l. go dEghthapaidh / mur a raibh an cEnn, 7 do thóig na lamh é,
 7 thug urchur lándhireach / dionnsuidhe na colle dhe gur dhaingnigh ar a chorp
 comhshlán 7 do bhí ríamh / roimhe, acht is amhlaidh do bhí a aghaidh ar a
 ttruim, 7 a chúl ar a brolach, 7 do rug / an b. go gléneartmhar ar C an I. 7 do
 bhuail compar a chleibh fo thalamh, 7 / do chEngail go cruaidh doisgáoilte é,*

§19 7 adubairt, a c. an I. |ar sé|, fui/laing an breith bhéirus ta féin, 7 féuch go de an bás is maith lEt d'fhagháil, 7 / nach baramhlach duitsi a mhEs go ttiugfadh lEt féin ardchíos 7 árdchEnnus na heireann / do bheith lEt féin don dulsí, ní nár bhaoghlach do bheith agad ar aonchor gion go / mbeith aonduine dá chosnamh ort acht misi amhain, gidh eadh ní béidh lé / radha le fianaihb eireann go nimeoradh bás nó beagshaogal ar aonlaoch amháin // sgan do comhluadar acht é féin aige, 7 más duine thusa lerab maith a / bheith do mharthainn ma beir tu grián, 7 eúsga a ttacuidhEcht, 7 a slanuighEcht / damhsa le árdchíos na tEsaille do cur go heirinn chum finn mheic / C. 7 cum fiana eireann, beir hanm lEt ar an doigh a bhfuil tu anois, / cuirfiodsa ardchíos na t. gach bliadhain re mo bhéo chuca ar c. an I. 7 / do bheirim grián 7 eusgaidh a ccoruidhEcht 7 a slanuidhEcht re sin do comhall / dut, do sgáoil b. an c. l. caol an I. ón ccuibhreach 7 ón ccruaídchEnngal / a raibh, 7 do rug ls. e ar laimh do chum a loinge, 7 do cuir astEch innte / é, 7 do tug a aghaidh amach ar an muir, 7 do thug preab laidir a ndeireadh / na loinge lanmhóire sin, gur cuir seacht léig ar muir, 7 ar mor r.g. don / phreibsin í,

§20 Et sin mur do eirigh a thurus le c. an I mac R. na T. a léigion / ar siubal a bhfioghar oínmhide 7 amadáin gan búaidh cosgair na comhlain / ar a chommus na fós árdchíos nó cEnnus na heireann do bheith leis 7 sin / mur shaor b. an c. l. fíanaibh eireann don dulsin, Et fillis an b. tar ais / mur a raibh fionn, 7 dinnis dhó, gurab e féin Manannan mac lír, 7 síog/uidhe na cruachna do thainig dá bhfurtacht ón eigion adhbhalmhór na / rabhadar an tan sin, 7 do ghlac na fiana go luthghairEch chuca é, 7 / do caitheadh féasda lae 7 bliadhna go honorach leis Cona í sin Echtra b. an / c. l. Et. C. an I mheic Rígh na tEsaille go soiche sin.

Caibidil 5: Téacs, Aistriúchán agus Nótaí

5.1 Téacs

1 §1. Lā aonaigh 7 oireachtais do commōradh le Fionn mac Cumhaill 7 le seacht
2 gcatha na gnāthfhēine ag Binn Éadair mheic Ēadghaoithe. Súil dá dtugadar ar
3 muir 7 ar mhórfhairge go b[h]facadar an long luchtmhar lānadhbhal
4 leab[h]arshéadach isin b[h]fairge a-noir go réimdhíreach ag ionnsaighe an
5 chuain chubharbháin, 7 seólta lánmhaiseacha buidheshróil ar ruagadh i
6 dtimcheall na seólchrann. Ar dteacht i dtír don luing lánfhairsing-sin, 7 ar
7 leagadh a seólta, an tan shíleadar fianaibh Ēireann iomad slóigh 7 soc[h]aidhe
8 do theacht eise, ní fhacadar ag teacht i dtír acht aonghaisgeadhach a-mháin
9 budh mō do mhíleadhaibh, budh láidire do laochaibh, 7 dob áille don druing
10 fheardha 7 is amhlaidh do bhí an rīghmhílidh-sin, 7 clogad comhdhaingean
11 cruadhach fana cheann, 7 lúireach líomhtha lánmhaiseach fana chom, craoiseach
12 crannreamhar catha 'na láimh láidir luathghonaigh, cloidhmhe claisleathan
13 gé[a]rfhaobhrach ar a thaobh clí, 7 sgiath dhonnálainn dhualach ar stuaighleirg
14 a dhroma, 7 do tháinig do lāthair Fhinn mheic Chumhaill 7 fhianaibh Ēireann,
15 ar an inneall 7 ar an ordughadh-sin.

§1: 2. *Éadair*; 4. aníor; 5. buidheshroill; 6. ttiomchioll, séollchrann; 7. shioliodar; 10.
fhearrdha, comhdhaingionn; 11. luithreach; 15. ionnioll, órdugh

16 §2. Is an[n] sin do labhair Fionn mac Cumhaill, ardrīgh na féine, ris an
17 ngaisgeadhach ngnīmhé[a]chtach-sin, 7 as eadh ro ráidh: ‘Cā taobh ar ghabh tū
18 chugainn, a m[h]acaoimh? Nō cia tú féin d’f[h]olaibh uaisle nó anuaisle an
19 domhain?’ ‘Mise Caol an Iarainn, mac Rí[o]gh na Teasáille,’ ar sé, ‘7 an méid

20 do shiubhblas don c[h]ruinne, níor f[h]āgbhas iath, inis nó oilé[a]n ō d’f[h]āgaibh
 21 mē mo chrīoch féin gan cur fo c[h]íos mo chloidhmhe 7 fo neart mo láimhe go
 22 soiche so, 7 is mian damh coróin 7 ardhíos na crīche-se do bheith agam mar an
 23 gcéadna, nō ár slóigh 7 daoine 7 uireasb[h]aidh fēine 7 fearōglāch do
 24 thab[h]airt ar sheacht gcatha na fēine 7 ar sheacht gcatha na gnāthf[h]éine, 7 is
 25 é sin mo thoisg 7 mo thuras don chrīch-se don dul-se.’

§2: 17. thaobh; 19. Iairionn; 20. innis; 22. árdchíos; 23. ccEdhna

26 §3. ‘Dar gan amhras,’ ar Conán mallachtach mac Móirne, ‘is olc an toisg ima
 27 dtāngais, 7 go foirchean[n] do ree 7 do shaoghail nī chríochnóchar an turas-sin
 28 leat. Nī chualamar laoch 7 nī fhacamar a-riamh ag teacht le mōrghnīomh ar bith
 29 go hĒirinn nach bhfuighthe fear dá c[h]lōdh ann.’ ‘Nī b[h]fuil acht brīgh bheag
 30 agamsa ann do b[h]riathraibh, a Chonán,’ ar Caol an Iarainn, ‘óir, dá mbeadh a
 31 bhfuair bás re seacht mbliadhna do na fianaihb i gceann a maireann do lāthair
 32 dīobh, do-b[h]ēarainn-se brōn báis 7 beagshaog[h]al orra uile i n-aonlō a-mháin.
 33 Gidh eadh, do-dhē[a]nfad nī is rēidhe inā sin ribhse. Mā gheibh sibh aonlaoch a-
 34 mhāin in bhar measg bhē[a]ras barr oramsa i rith, i gcom[h]rac nó i
 35 gcoraidheacht, nī dhé[a]nfad nīos mō do dholaidh dhībh acht filleadh tar m’ais
 36 dom chrīch féin gan m[h]oill.’ ‘Mās eadh,’ ar Fionn, ‘cia haca do na trī trēithe
 37 feadhmamhla arar labhrais is fearr libh d’f[h]éachain ar dtús?’ ‘Mā gheibh tū
 38 damhsa,’ ar Caol an Iarainn, ‘aonlaoch a-mháin bhé[a]ras geall reatha oram, nī
 39 bheidh nīos mō d’imreas ann acht filleadh tar mh’ais dom c[h]rīc[h] féin gan
 40 m[h]oill, gan bhuadhradh nā cathug[h]adh do chur oraibhse nā ar neach eile.’
 41 ‘Mās eadh,’ ar Fionn, ‘an giolla turais a-tā againne, mar a-tā Caoilte mac

42 Rōnāin, nī bhfuil sē san mbaile nō go bhfēachadh sē a chomas i rith leatsa, 7 ō
 43 nach b[h]fuil, is é is cóir dhuitse comhnaidh[e] do dhé[a]namh ann so ag na
 44 fianaibh, 7 caradras 7 compāirt do bheith agaibh le chéile go dtrialla mise tar
 45 mh'ais [tar] cheann Caoilte go Teamhair na Rī[o]gh, 7 muna dt[e]agm[h]a damh
 46 an[n] sin é teagómhaidh gan amhras i gCéis Chorainn liom é, 7 dho-b[h]é[a]rad
 47 chugadsa gan m[h]oill an[n] so é.' 'Tāim deōntach go leór ara b[h]fuil tū do
 48 rādha,' ar Caol an Iarainn.

§3: 27. shaoigail, criochneochar; 30. connan; 33. ríbsi; 34. in] an, bárr; 36. domh,
 mais; 42. commus; 46. tageomhaidh

49 §4. Ann sin do ghluais Fionn roimhe tar cheann Caoilte go Teamhair na Ríogh, 7 ag
 50 gabhāil an bhealaigh dho do tharla coill m[h]ōr dhortha, a[i]mhréidh ris, 7
 51 bóthar mórfhairsing ag gabhāil tre cheartlār na coille-sin, 7 ar ndul tamall don
 52 bhealach d'F[h]ionn do-c[h]onnairc sē ag gabhāil tre c[h]eartlār an b[h]ōthair
 53 'na aghaidh san tslighe aitheach uathm[h]ar urghránna, 7 cōta lucht na síos go
 54 colpaidhe a dhā chos ime, 7 leithead lánbhoise fir chalma do mhéis dóibe ar
 55 íochtar an chōta-sin, 7 gach uair dá dtōgb[h]adh a chos do bhuaileadh an t-
 56 íochtar dóibe-sin an chóta fa c[h]olpaidhe a dhá chos, ionnas go mbaineadh
 57 fuaim 7 fothram asda budh clos lánmhíle fearainn uadha, 7 budh samhail do
 58 chrann seóil luinge móire gach cos don dā chois do bhí ag iomchar an chuirp
 59 aimhrialta-sin an fhir mhóir, 7 budh samhail do bhád bronnfhairsing gach bróg
 60 don dá b[h]róig do bhí fa chrúbaibh crotacha camingneacha an aithigh
 61 fhuathmhair urg[h]rānna-sin, 7 gach coiscéim dá siubhladh, 7 gach uair dá
 62 dtōg[bh]adh a chos, do sgárd sē lán bairille don g[h]reallach 7 don uisge as gach
 63 bróig suas fo íochtar a chuirp 7 fana mhāsaibh air féin.

§4: 54. bhéis; 55. iachtar; 56. tiachtar; 58. loinge; 62. do sgárda; 63. iáchtar

64 §5. Do ghabh Fionn ag *dearcadh* an fhir m[h]ōir-sin athaidh fhada, ōir ní fhacaidh a
65 sham[h]ail a-riamh roimhe sin, 7 do bhí ag triall roimhe san mbealach gur
66 labhair an fear mór, 7 as eadh ro ráidh: ‘A Fhinn mhic Chumhaill,’ ar sé, ‘go dē
67 an raon siubhail-sin do bhuain duit, nō cā fad a-tā do thriall don dul-se?’ ‘Tā do
68 mhéid mo bhuaidheatha 7 mo thrioblóide,’ ar Fionn, ‘nach b[h]fuil faill agam
69 fuireach le[is] sin d’ait[h]ris do lāthair 7, dá ndé[a]nainn, gan tairbhe ar bith
70 agam ann.’ ‘Is fēidir duitse sin do dhé[a]namh,’ ar an fear mór, ‘acht is
71 fírinneach go mbeidh a dholaith 7 a dhīobháil dhuit go deó acht muna
72 gcraobhsgaoile tū dhamhsa do thoig.’ ‘Mās eadh,’ ar Fionn, ‘mās éigin damhsa
73 sin do chur síos duit, bīodh a f[h]ios agad gurab é Caol an Iarainn mac Rī[o]gh
74 na Teasāille do g[h]abh cuan 7 caladhphort i mBinn Éadair mheic Éadghaoithe
75 san meadhón laoi a-niugh, dochum corōna 7 airdchīos na hĒireann d’fhagháil
76 do féin, 7 muna bhfag[h]a sé go deōntach sin, bagraidh ár slóigh, dīth daoine,
77 uireasb[h]aidh féine 7 fearóglāch do thabhairt ar sheacht gcatha na féine, 7 ar
78 sheacht gcatha na gnáthfhéine, acht muna bhfag[h]a sē aonlaoch a-mháin ar bith
79 bhé[a]ras barr i rith, i gcom[h]rac nó i gcoraidheacht air, 7 mā gheibh sē
80 aonlaoch a-mháin nó gaisgeadhach bhē[a]ras barr air i n-aonchēim aca sin, nī
81 dhē[a]nfa níos mō do bhuaireadh acht filleadh tar ais dá chrīch féin a-rís, 7 ’s ē
82 sin mo sgéala féin don dul-se dhuit,’ ar Fionn.

§5: 64. ann, aithaigh; 69. fuilreach; 70. duitse sin] duitsiñ sin; 73. Iarion; 75. aniuð

83 §6. ‘Go dē is mian leat do dhē[a]namh i n-aghaidh an rīghmhīleadh-sin?’ ar an fear
84 mōr, ‘óir níl aonnī dar b[h]ogair sē oraibh nach b[h]fuil ar a chomas do
85 dhē[a]namh. Is aithne damhsa go maith an laoch-sin.’ ‘Is ē is mian damhsa,’ ar
86 Fionn, ‘dhul go Teamhair na Rīogh tar chionn Chaoilte mheic Rōnāin, 7 muna
87 dt[e]agm[h]a liom ann, teagómhaidh gan amhras i gCéis Chorainn na bhfian
88 liom é, go dtuga mē go Binn Éadair [i] mo chuideachta féin é, dochum go
89 mbainfe sē geall reatha don laoch úd.’ ‘Dar gan amhras,’ ar an fear mór, ‘is lag
90 an bun 7 a[n] baranta a-tā agad dochum ríoghachta na hÉireann do chosnamh.
91 Más é Caoilte mac Rōnāin do chrann bagair, is duine gan ríoghachta thū.’ ‘Mās
92 eadh,’ ar Fionn, ‘nī bhfuil fhios agamsa cē[a]rd is indé[a]nta damh.’ ‘Do
93 fheadair-se sin,’ ar an fear mór. ‘Mā ghabhann tū liomsa i n-ag[h]aidh an
94 ghaisgeadhaigh úd, do theagómhadh go seasfainn gāb[h]adh na huaire-so
95 dhīb[h],’ ar sé. ‘S ē mheasaim-se,’ ar Fionn, ‘go b[h]fuil do dhícheall agadsa le
96 dē[a]namh mā thig leat do chōta, do b[h]rōga móra 7 tū féin d’iomchar
97 aonmhīle a-mhāin san ló, 7 gan buain fa chomas gaisgidh nó reatha leis an laoch
98 úd.’ ‘Dar gan amhras,’ ar an fear mór, ‘mur dtige liom ceart do sheasamh
99 daoibhse i n-aghaidh an mhīlidh úd nī b[h]fuil d’f[h]ear[a]ibh Éireann aonduine
100 dhé[a]nfas é 7, a Fhinn mhic Chumhaill,’ ar sē, ‘nā bīodh drochmheanmain ort.
101 Gabha[i]m-se orm féin an t-éigean adhb[h]alm[h]ōr ina b[h]fuiltī do lāthair do
102 shābhāil.’ ‘Cia hainm dhuit?’ ar Fionn. ‘Bodach an Chóta Lachtna m’ainm,’ ar
103 sé. ‘Mās eadh,’ ar Fionn, ‘is é is cóir dhuitse gluasacht liomsa go Binn Éadair.’

§6: **84.** chommu; **85.** máith; **87.** tEgeomaidh; **88.** Éaddair; **90.** rioghEchta; **91.** bogar;
94. ghaisgidh, do thEgeomadh; **95.** dithchioll; **97.** commu; **98.** gan] agan; **103.** mais,
éaddair

104 §7. Is ann sin do thrialladar tar a n-ais, 7 nī hait[h]ristear a n-[e]achtra nó a n-
 105 imtheachta go rángadar mar a raibh fianá Éireann, 7 an uair do-c[h]onncadar
 106 Bodach an Chóta Lachtna ar an inneall 7 ar an ordughadh-sin a raibh sē, nī
 107 raibh duine aca nach raibh iongnadh aige a sham[h]ail do dhuine d'f[h]aicsin,
 108 óir nī fhacadar a shamhail a-riamh roimhe, 7 budh lūthg[h]ā[i]reach
 109 lānmheamnach leó Fionn do theacht tar ais. Is ann sin do t[h]āinig Caol an
 110 Iarainn do lāthair Fhinn, 7 d'f[h]iafraigh dhe an dtug leis an fear do rithfeadh ris
 111 féin. D'innis Fionn dho go dtug, 7 go raibh sē ar an lāthair-sin aige, 7 do
 112 t[h]aisbéin sé an Bodach do Chaol an Iarainn 7 iar bhfaicsin Bodaigh an Chóta
 113 Lachtna don g[h]aisgeadhach dob iongnadh adhb[h]al 7 budh machtna
 114 meanman leis a shamhail d'f[h]aicsin, 7 a-dub[h]airt nach rac[h]adh féin do
 115 c[h]ommōradh gaisgidh nó reatha lena sham[h]ail do bhodach smearaighthe
 116 ghrānna choidhche. Arna chlos sin don b[h]odach do-rinne glafar garbhgháire 7
 117 a-dub[h]airt re Caol an Iarainn: 'A-tā tū meallta dom thao[i]bh-se a
 118 ghaisgidhigh,' ar sé, 'óir nī mē an duine shaoileas tū do bheith agad, 7 do-
 119 ghēab[h]a tū cruthadh fírinneach mo ghlóir-se sul d[t]í trāthnóna 'márach, 7
 120 tab[h]air sgéala damhsa cē[a]rd é fad na sgríbe is mian leat do chur romhad
 121 dochum reatha, 7 mur siubhla mise an tslighe-sin leatsa is cosm[h]ail gur leat
 122 breith do ghill; mar an gcēadna, mā tā go mbeidh geall reatha agamsa uaitse, is
 123 deimhin gurab ortsa caill do ghill.' 'Táim sásda go leór,' ar Caol an Iarainn,
 124 'ara labhran[n] tú, acht nī háil liom níos lug[h]a nā trī fichid míle do b[h]ealach
 125 a bheith do sgrīb reatha againn.' 'Is ma[i]th mar a-tā,' ar Bodach an Chóta
 126 Lachtna, 'trī fichid míle go cinnte ó Shliabh Luachra na Mumhan go Binn
 127 Éadair, 7 mur bhfaice tusa go rithfe mise an tslighe-sin leatsa, 7 tuilleadh más í
 128 do thoil é, is leatsa breith do ghill gan imreas.' 'Táim deōntach ara b[h]fuil tū do

129 rādha,’ *ar Caol an Iarainn*. ‘Mā tā,’ *ar Bodach an Chóta Lachtna*, ‘‘s ē is cóir
 130 dhuitse gluasacht siar go Sliabh Luachra a-nocht, ionnas go dtugm[a]ís
 131 taisbē[a]nadh dā chéile *ar airdeall* na slighe a ngéabhm[a]id ag gabháil a-niar
 132 a-márach dhūinn, 7 com[h]naidhe na hoidhche a-nocht do dhé[a]namh i *Sliabh*
 133 Luachra ionnas go mbiam réidh le gluasacht i dtús an lae dochum an bhealaigh.’

§7: **106.** órdugadh; **110.** Iarionn; **116.** chaoidhe; **118.** ghaisgidhe; **122.** mbéidh; **124.**
 fichith; **127.** éaddair **128.** gheill; **130.** sair; **131.** áirdiol **133.** láe, bhéalaigh

134 §8. Is ann sin do thriall an dís deaghlaoch-sin chum an aisdir-sin leath *ar leith*, 7 nī
 135 dhearnadar fos nā comhnaidhe go rāngadar go Sliabh Luachra na Mumhan, 7
 136 iar mbeith a[n]n sin dóibh do labhair Bodach an Chóta Lachtna le Caol an
 137 Iarainn 7 as eadh ro ráidh: ‘A mhic Rí[o]gh na Teasáille,’ *ar sé*, ‘is có[i]r dūinn,
 138 ó tharla coill i gcomhg[h]ar dhūinn, áras tighe nó bot[h]án do dhé[a]namh bhíos
 139 os *ar gcionn* a-nocht.’ ‘Is féidir dhuitse sin do dhē[a]namh,’ *ar Caol an Iarainn*,
 140 ‘mā tā fonn oibre ort. Mo chás féin de sin, nī ghéab[h]a mē saothar tighe do
 141 dhé[a]namh *ar Sliabh Luachra* mar gheall *ar chomhnaidhe* aonoidhche a-mháin
 142 ann, 7 gan súil agam theacht *ar [a]* amharc go brāth a-rís.’ ‘Táim toilte[a]nach
 143 go leór *air sin*,’ *ar Bodach an Chóta Lachtna*, ‘acht mā tā go dtiocfa liomsa
 144 áras *ar bith* do dhē[a]namh ann a gcomhnóchaidh mé féin a-nocht is fada uadha
 145 a-mach bhíos gach aon nach dtiubhra a chongnam[h] ann dochum a dhéanta.’ 7
 146 iarna rādha sin do ghluais roimhe go deaghtapaidh fon [g]coill budh
 147 coimhneasa dhó, 7 do ghabh ag gearradh a[dh]maid go teann, 7 níorbh f[h]ada
 148 go dtug leis sé chúpla do mhóradhmad ollmhaight[h]e gan iomarcaidh gan
 149 easb[h]aidh, fana ndíol taobhán 7 caolaigh maille le húrluac[h]air, 7 gach
 150 comhg[h]ar eile do budh riachtanas dó, 7 do g[h]ab[h] fo chéile ag obair gur

151 *chuir 'na sheasamh go réimdhíreach é fo dhíon 7 fo thé[a]gar, do g[h]luais fon*
 152 *choill a-rís, 7 do thug a ghuaillire d'úrach 7 do chrineach na coille-sin ris, 7 do*
 153 *c[h]uir mórtheinidh ar fadug[h]adh ann.*

§8: **141.** aonaoidhche; **143.** ttuigfe; **144.** ccomhneochaidh; **148.** mhórámud; **149.** fána;
151. reimhdhireach, fón; **152.** chríoneach

154 §9. 7 do labhair le *Caol an Iarainn* an dara huair, 7 a-dub[h]airt: ‘A mhic Rí[o]gh
 155 na *Teasáille*, an bhfuil biadh nō deoch d’oirchill *ar an oidhche* a-nocht agadsa?’
 156 ‘Nī raibh mē a-riamh gan daoine agam do dhē[a]namh soláthair dhamh dom
 157 fhéagmais féin,’ *ar Caol an Iarainn*. ‘Mās eadh, ō nach b[h]fuil na daoine-sin
 158 agad an[n] so, mā thig tū liomsa ag fiadhach fa na coillte-se i bhfogas dúinn
 159 beidh go leór againn a-nocht mā tā fiad[h]ach ionnta.’ ‘Nī raibh cleachta agamsa
 160 a-riamh,’ *ar Caol an Iarainn*, ‘dhul ag fiad[h]ach nā fiansgaradh le do shamhail-
 161 se, 7 nī mō dhéanfadh a-nois é.’ ‘Acht mar an gcēadna, táim deōntach ara bhfuil
 162 tū [do] rádha,’ *ar an Bodach*, 7 do ghluais leis go lānéasgaidh fon gcoill
 163 aimhréidh dhorc[h]a budh coimhneasa dhó, 7 nī cian do-chuaidh innte an tan do
 164 mhúsgail sé lān sgaoith do mhucaibh fiadháin, 7 do ghluais 'na ndiaidh go
 165 deaghtapaidh tre cheartlār na coille-sin, 7 an torc budh mhó 7 budh sine don
 166 sgaoith do scoith sé [ó] na mucaibh 7 do lean go réimdhíreach tre aimhréidhe
 167 gach coille é gur chuir 7 gur sháraigh le teann saothair 7 reatha é, fa dheoidh
 168 do thug *ar a mhuin* ris é dochum a theaghlaigh, do chasgair go lár 7 go
 169 lāntalamh é, do chōraigh go glan deaghtapaidh 7 do chuir 'na dhá leith
 170 chomhthroma *ar dhá bhior* chruaidhe chuiline é, *ar dhá thaobh* na tine

171 lānmhō[i]re-sin dá rōsda é, 7 gléas iompaig[h]the *air*, uadha féin, *ar* na
172 bearaibh-sin.

§9: **155.** bfhuil, d’oirchioll; **156.** solar; **159.** béidh; **160.** fionsgaradh; **161.** dhénfiod,
bfhuil; **162.** radhe, fón; **166.** scoith] sgáith, reimhdhíreach, aimhreidhthe; **170.**
chuillinne; **171.** uatha

173 §10. Is ann sin do ghluais an Bodach go lānéasgaidh mar luas ainnle nó
174 fearbōige, 7 nī dhearna comhnaidhe go rāinig dochum tighe Barúin Innse
175 Cuinn, do bhí *deich* míle *fichead* ō Shliabh Luachra, go dtug bord 7 cathaoir
176 leis, 7 *dhá* bhairille fíona, 7 a raibh d’arán ollm[h]aighthe ionchaithmhe san
177 teaghlach-sin d’aonualach, 7 níor sdad go rāinig go Sliabh Luachra 7 an t-
178 ualach-sin gan easb[h]aidh ris, 7 iar dteacht an[n] sin dó, fuair a chuid bīdh glan
179 réidh ollm[h]aighthe roimhe, do léig a ualach de, 7 do thóig a chuid bīdh ón
180 teine, 7 do c[h]uir a leath go comhthrom i dtaisgidh i n-oirchill na maidne, 7
181 bairille fíona, 7 do c[h]u[i]r an leath *eile* don bhiadh *ar* an mbord 7 do shuidh
182 féin go sochma saoitheam[h]ail san gcathaoir, 7 d’ith mian a thola don bhiadh 7
183 d’ól bairille fíona ‘na dhiaidh 7 an[n] sin chroith lānbheart luachra faoi *ar* urlár
184 an lōisdín-sin 7 do luigh síos ar a leabaidh gur thuit a thoirchim su[a]in 7
185 sārc[h]odalta *air*.

§10: **174.** Barúinn; **180.** n-oirchioll, maidhne; **183.** chraith

186 §11. 7 do bhí amhlaidh gur ēirigh grian go lánsholasda arna mhārach, go
187 dtāinig iar sin Caol an Iarainn chuige do bhí sínte *ar* thaobh an tslēibhe gan

188 b[h]iad[h], *gan* digh, *gan* chodladh *ar feadh* na hoidhche-sin, 7 mhúsgail as a
 189 c[h]odla[dh] é go ndub[h]airt leis: ‘*Ēirigh,*’ *ar sé,* ‘is mithid dhūinn gluasacht
 190 chum *ar n-aisdir feasda.*’ *Ann* sin do thóig *Bodach an Chóta Lachtna* a cheann 7
 191 do chomail bos *dá shūilibh* 7 a-dub[h]airt: ‘A-tā uair *eile* d’aimsir agamsa *gan*
 192 chodla[dh] go fōill, 7 mar a[n] gcēadna a-tā biadh *gan* ithe agam. *Acht,* ō tharla
 193 deifir orts a do-bheirim mo thoil dhuit fa g[h]luasacht romham san mbealach, 7
 194 beidh mise [i] do dhiaidh *gan amhras.*’ Do ghluais *Caol an Iarainn* roimhe go
 195 tapánta *troighmhall trom-mheirtneach,* 7 nī raibh sé *gan u[a]mhan* 7 imeagla
 196 m[h]ōr air fon neamhshuim do mhothaigh sē ag *Bodach an Chóta Lachtna*
 197 *ann.*

§11: **188.** codhla; **193.** mbealach; **196.** fón

198 §12. *An tan* do c[h]odail an *Bodach* a leór daothain, ro *ēirigh* ’na shuidhe, 7
 199 do nigh a lámha 7 a aghaidh, 7 chuir biadh *ar bhord,* 7 do chaith mian a thola
 200 de, 7 d’ól bairille fíona *gan iomarcaidh gan easb[h]aidh* ’na chorp féin, 7
 201 chuir cnāmha na muice go balach i mbinn a bhrait, 7 do ghluais roimhe go
 202 réimdhíreach i gcuideachta na gaoithe glanfhuair, 7 níor sguir don
 203 *trē[a]nruathar* reatha-sin go dtug sē *Caol an Iarainn* mac *Ríogh* na *Teasáille* as-
 204 teach do bhī roimhe sa mbealach go cúthail ceanníseal maotha[i]geanntach, 7 do
 205 theilg cnāmha na muice go balach as binn a bhrait tarsna san mbealach
 206 roimhe, 7 a-dub[h]airt ris: ‘A m[h]ic *Ríogh* na *Teasáille,*’ *ar sé,* ‘mā gheibh tū
 207 crinn *ar bith ar* na cnāmha-sin ith é, óir is dearbhtha go bhfuil tū lán d’ocras 7
 208 do-dhé[a]n-sa moill an[n] so leat go raibh tū réidh.’ ‘Do-ghēab[h]a tū do
 209 chrochadh,’ *ar Caol an Iarainn,* ‘sul raibh mise ag iarraidh bídh *ar* na cnāmha

210 do bhī tusa chrinn le do chaimfhiacra féin.’ ‘Mās eadh,’ ar an Bodach, ‘is é is
 211 cóir dhuitse caoi shiubhail is fearr inā sin do chur ort féin más mian dhuit
 212 ardhíos 7 ceannas na hĒireann do bheith leat don dul-sa.’

§12: **198.** daoithin; **201.** ballach; **202.** reimhdhireach; **204.** mbeallach, cumhthall,
 cEnnisioll; **205.** thleig, ballach, mbeallach; **207.** go bfuil

213 §13. 7 arna rādha sin don b[h]odach, do léig ar siub[h]al 7 ar síorimtheacht é
 214 féin mar luas ainne nó fearbóige, nó mar sham[h]ail do ghal gaoithe lā Márta
 215 ag gabháil fa charraigeacha ceanngharbha nó fa shleasaibh sléibhe, gurab[h] é
 216 sin budh sam[h]ail 7 budh tuarasgbháil don réim reatha siub[h]ail 7
 217 síorimtheacht[a] do bhí faoi, 7 gan dōigh ag Caol an Iarainn a theacht ’na ghar,
 218 acht a-mháin dá rachadh i bhfrighthibh na fi[o]rma[i]m[h]inte, 7 níor sguir don
 219 trē[a]nruathar reatha-sin go ndeachaidh deich míle fichead do bhealach don
 220 sgrīb-sin, 7 an[n] sin do ghabh ag síorithe smé[a]ra do na toraibh do bhí do
 221 leathtaobh an bhealaigh 7 do bhí amhlaidh go dtáinig Caol an Iarainn suas mar
 222 a raibh sé 7 go ndub[h]airt ris: ‘A Bhodaigh,’ ar sé,’ ‘atā deich míle fichead as
 223 so siar an áit a bhfacaidh mē binn dod chóta lachtna casta fa bhrāghaid toim, 7
 224 beann eile deich míle uadha sin siar fo thom eile.’ ‘An iad beannaibh mo chóta-
 225 sa?’ ar an Bodach, ag féachain tairis. ‘Is iad gan amhras’ ar Caol an Iarainn.
 226 ‘Mās eadh’ ar an Bodach, ‘is é is cóir dhuitse fuireach ann so ag ithe smé[a]r go
 227 bhfille mise tar m’ais, 7 go dtuga mē beannaibh mo chóta liom.’ ‘Is fírinneach
 228 nach b[h]anfa,’ ar Caol an Iarainn. ‘Mās eadh,’ ar an Bodach, ‘gluais romham
 229 san tslighe go gcase mise tar m’ais go dtuga mē beannaibh mo chóta liom.’

§13: **216.** túarusghbhail, reimh; **218.** dá] do **219.** beallach; **220.** torsaibh; **223.** sáir

230 §14. Is ann sin do g[h]luais *Caol an Iarainn* ar aghaidh san tslighe, 7 fillis
 231 *Bodach an Chóta Lachtna* tar ais [i] gcoinne beannaibh a chóta, go ndeachaidh
 232 *fiche* míle do bhealach go bhfuair iad am[h]ail d’innis *Caol an Iarainn* dhó,
 233 7 *gur* fhuagháil ’na n-áit féin iad do-rís, 7 do thrialall tar ais, 7 do ghluais roimhe
 234 go réimdhíreach mar luas ainnle nó fearbóige, 7 níor sguir don *tré[a]nruathar*-
 235 sin go rug ar mhac *Ríogh* na *Teasáille* 7 go ndub[h]airt: ‘A mhacaoimh, más é
 236 is mian duitse *ríoghachta* 7 *ardcheannas* na *hÉireann* do bheith agad mar a-
 237 dubhrais cheana, ní *fuláir* dhuit caoi shiub[h]ail níos fearr nā c[h]uiris go fóill
 238 ort do c[h]ur ort féin 7 gluasacht liomsa *feasda* san tslighe, nō is *contab[h]airt*
 239 duitse breith an ghill do bheith agad, óir nī bheidh mise ag *filleadh* tar m’ais
 240 *feasda*.’

§14: 231. *tár*; 232. *mhíle*, *bealach*, go bhfuair ~~bf~~(?); 233. *fhuáighail*; 234.
reimhdhíreach; 236. *árdchEnnus*; 237. *adúbhrais*; 239. *bhéidh*

241 §15. 7 iarna *rādha* sin dhó, do ghluais roimhe mar ghal gaoithe *lā* ruadh-
 242 *Mhárta* ag gab[h]ail fa m[h]aoilinn cnuic nó fa shleasaibh sléibhe, *gurab* é sin
 243 *budh* sam[h]ail 7 *budh* *tuarasgbháil* don imtheacht do bhí faoi an *mBodach* an
 244 *tan-sin*, 7 *gan* c[h]omas ag *Caol an Iarainn* theacht dá chóir, 7 do léig ar
 245 *siub[h]al* é féin ar an *tré[a]nimtheacht-sin*, 7 níor *sdadadh* leis go ndeachaidh
 246 go maoilinn cnuic m[h]óir do bhí fo c[h]úig mhíle do *Bhinn Éadair*, mar a raibh
 247 *tortha móra smé[a]ra* dubha, 7 ann sin do ghabh an *Bodach* ag síorithe do na
 248 *smé[a]ra-sin*, go raibh *sáitheach* subhlíonta dhíobh, 7 do chuir a chóta
 249 *lachtna* dhe iar sin, 7 do ghabh snáthad 7 snáithe chuige, 7 d’fhuagháil a chóta
 250 timcheall go raibh ’na shac *fhairsing* fhíorleathan aige, 7 do g[h]abh fa theann

251 ag cruinniug[h]adh smēara gur líon an sac go bé[a]l 7 gur c[h]omail a lán dá
 252 chraiceann dīobh go raibh c[h]omh dubh le gual gaibhnidhe gabhan[n], 7 thug an
 253 lánualach sméar-sin leis ar a ghualainn, 7 do ghluais roimhe go talchar
 254 troig[h]éasgaidh.

§15: **242.** cnoc; **246.** mhaoilinn, cnoic, Éaddair; **248.** síoblionta; **249.** dfúaighail; **250.**
 tiomchioll; **252.** crocionn; **253.** lánuallach, talcmhar

255 §16. Is amhlaidh do bhí Fionn mac Cumhaill 7 an fhian go hiomlán lán
 256 d’uamhan 7 do mhōreagla roimh Chaol an Iarainn mar do c[h]uireadar a
 257 muinighin go coitcheann i mBodach an Chóta Lachtna 7 gan f[h]ios aca ar cē
 258 hé, 7 do bhí gaisgeadhac[h] do na fianaibh ar thaobh cnuic aird ag Fionn ó
 259 mhaidin roimhe sin d’f[h]éachain cia haca don lucht reatha do bhiadh i dtosach,
 260 7 an tan c[h]onnairc an gaisgeadhach an Bodach ag teacht i mbé[a]l an chnuic
 261 budh coimhneasa dhó, 7 an tromualach-sin ar a mhuin aige, do m[h]eas go
 262 cinnte gurab é Caol an Iarainn do bhí ann 7 an Bodach marbh ar a mhuin
 263 aige, 7 do ghluais go lānéasgaidh mar a raibh Fionn 7 na fiana leis na sgéalaibh-
 264 sin, d’innis dóibh go raibh Caol an Iarainn ag teacht i b[h]fogas dōibh, 7 an
 265 Bodach `na shac marbh ar stuaighleirg a dhroma aige.

§16: **257.** muiníghin; **258.** áird; **261.** tromuallach

266 §17. Do ghlac sganra 7 imeagla mhōr Fionn 7 na fiana go coitcheann fon
 267 sgé[a]l-sin, go ndub[h]airt Fionn: ‘Culaith airm 7 ēadaigh don taoi bhér[a]as
 268 sgé[a]la is fearr inā siúd c[h]ugainn.’ Iar sin do ghluais laoch don mhuintir a-
 269 mach, 7 ní cian do-chuaidh an tan do-c[h]onnairc Bodach an Chóta Lachtna ag

270 teacht fon inneall a raibh, 7 d'aithin gurab é do bhī ann, 7 do rith go
 271 lúthgháireach mar a raibh Fionn leis na sgé[a]laibh-sin. Ann sin do ghluaiseadar
 272 an fhian uile a-mach go lánm[h]eanmnach i gcoinne 7 i gcomhdhá[i]l Bodaigh
 273 an Chóta Lachtna 7 é iar dteacht do lāthair fon am-sin, 7 tar éis a ualaigh do
 274 leagadh dhe, as eadh a-dub[h]airt riū: ‘A-tā sgē[a]la maith agam le tab[h]airt
 275 dībhe,’ ar sē, ‘acht a-tā do mhéad m’ocrais nach fēidir liom a
 276 gcraobhsgaoileadh go n-ithe mē mo dhóthain mine coirce 7 smēara le chēile.
 277 Do t[h]ug mē féin mo d[h]iōl smēar liom 7 tugthar mo dhóthain mine damh. Is
 278 ann sin do síneadh brat ceatharbheannach fíorleathan faoi an mBodach 7 carn
 279 lānmhór mine ’na cheartlár 7 do dhoirt as an tsac smēar ar fud na mine-sin, 7
 280 do ghabh ag ithe fa theann.

§17: 266. fón; 267. go ndubairt Fionn 7 na fian; 268. mhuinntir; 270. ionnioll; 271.
 luathghaireach, mar a raibh] mur ar a raibh; 272. a ccoinne a ccoinne 273. uálllaigh;
 274. lé; 276. dhóchuinn; 277. dhóchunn; 278. cárn; 279. as an] as án

281 §18. 7 nī cian do b[h]í ann, an tan do bhí Caol an Iarainn [ag] teacht fon
 282 lāthair, 7 a lām[h] i ndornc[h]ladh a chlo[i]mhe aige, 7 a shúile ar mearlasadh
 283 ’na cheann, 7 ē rēidh le a dhul faoi an tsluagh dhá n-oirleach 7 dá n-
 284 athc[h]omadh. An tan do-c[h]onnaire Bodach an Chóta Lachtna mar sin é, do
 285 thóig lán a c[h]raige don mhin 7 do na smēara, 7 thug urchur lándhīreach
 286 dochum Caoil an Iarainn i gceartlár a a[i]ghthe 7 [a] éadain díobh gur chuir a
 287 cheann feadh muighe fearainn ōna chorp uadha, 7 do thuit a cholan[n] go lár 7
 288 go lántalamh, 7 do bhí ag clismearnach ar an talamh gan c[h]eann. Is ann sin do
 289 ghluais Bodach an Chóta Lachtna go deaghtapaidh mar a raibh an ceann, 7 do
 290 thóig ’na lā[i]mh é, 7 thug urchur lándhīreach d’ionnsaighe na colla dhe gur

291 dhaingnigh ar a chorp comhshlán 7 do bhí riamh roimhe, acht is amhlaidh do bhí
 292 a aghaidh ar a dhruim 7 a chúl ar a b[h]rol[l]ach, 7 do rug an Bodach go
 293 gléneartmhar ar Caol an Iarainn 7 do bhuail compar a chlēibh fo thalamh, 7 do
 294 cheangail go cruaidh dosgaoilte é.

§18: **283.** n-oirleach; **287.** maige; **290.** colle; **292.** ttruim; **294.** doisgaoilte

295 §19. 7 a-dub[h]airt: ‘A Chaoil an Iarainn,’ ar sé, ‘fulaing an b[h]reith
 296 bhéaras tú féin, 7 féach go dē an bás is maith leat d’fhagháil, 7 nach baramhlach
 297 duitse a mheas go dtiocfadh leat féin ardchíos 7 ardcheannas na hĒireann do
 298 bheith leat féin don dul-se, ní nár bhaoghlach do bheith agad ar aonchor, gion
 299 go mbeadh aonduine dá chosnamh ort acht mise a-mháin. Gidh eadh, nī bheidh
 300 le rādha le fianaihbh Ēireann go n-imeōradh bás nó beagshaog[h]al ar aonlaoch
 301 a-mháin ’s gan do c[h]omhluadar acht é féin aige, 7 más duine thusa lerab maith
 302 a bheith do mharthain, mā b[h]eir tū grian 7 éasga i dtacaidheacht, 7 i
 303 slānaigheacht damhsa le hardchíos na Teasáille do c[h]ur go hĒirinn chum Finn
 304 mheic Chumhaill 7 c[h]um fiana Ēireann, beir h’an[a]m leat ar an dōigh a bhfuil
 305 tū a-nois.’ ‘Cuirfead-sa ardchíos na Teasáille gach bliadhain re mo bheó chuca,’
 306 ar Caol an Iarainn, ‘7 do-bheirim grian 7 éasgaidh i gcoraidheacht 7 i
 307 slānaigheacht re sin do c[h]omhall du[i]t.’ Do sgaoil Bodach an Chóta Lachtna
 308 Caol an Iarainn ón gcuibhreach 7 ón gcruaidhcheangal a raibh, 7 do rug leis ē ar
 309 lāimh dochum a luinge, 7 do c[h]uir as-teach innte é, 7 do t[h]ug a aghaidh a-
 310 mach ar an muir, 7 do thug preab láidir i ndeireadh na luinge lānmhóire-sin, gur
 311 c[h]uir seacht léig ar muir 7 ar mōrfhairge don phreib-sin í.

§19: **295.** fuilaing; **296.** tú] ta; **297.** ttiugfadh, árdchEnnus; **299.** béidh; **300.** lé; **302.**
mharthainn; **303.** árdchíos; **308.** ccruaídchEnngal; **309.** loinge; **310.** loinge

312 §20. 7 sin mar do ēirigh a thuras le *Caol an Iarainn* mac *Ríogh* na *Teasáille* a
313 léigean *ar* siub[h]al i bhfioghair óinmhide 7 amadain *gan* buaidh cosgair nā
314 comhlain[n] *ar* a chomas nā fós árdchíos nó ceannas na hĒireann do bheith leis
315 7 sin mar shaor *Bodach an Chóta Lachtna* fianaibh Ēireann don dul-sin. 7 fillis
316 an *Bodach* tar ais mar a raibh *Fionn*, 7 d’innis dhó gurab ē féin *Manannān*
317 mac *Lir*, 7 síogaidhe na *Cruachna*, do thāinig dá bhfurtacht ón ēigean
318 adhbhalmhór ’na rabhadar an tan-sin, 7 do ghlac na fiana go lūthghāireach
319 chuca é, 7 do caitheadh féasda lae 7 bliadhna go honōrach leis. Cona í sin
320 eachtra *Bhodaigh an Chóta Lachtna* 7 *Chaoil an Iarainn* mheic Rí[o]gh na
321 *Teasáille* go soiche sin.

§20: **314.** chommus, árdchíos; **320.** Echtra

5.2 Aistriúchán

§1. A day of assembly and convention was held by Fionn mac Cumhaill and by the seven battalions of the ordinary fian at Binn Éadair mheic Éadghaoithe. When they looked out to sea and to the great ocean they saw a laden, vast, long and elaborate ship in the ocean coming from the east, making straight for the foam-white harbour, with highly-ornate yellow satin sails flapping around the masts. When that very broad ship had come ashore, when its sails had been lowered, and when fianna Éireann expected a great host and company to alight from it, they saw coming ashore only a single warrior who was the largest of soldiers, the strongest of warriors, and the most comely of the manly host, and the kingly warrior appeared in this manner: with a tightly-secured steel helmet on his head; a polished, highly-ornate breastplate around his middle; a heavy-shafted battle spear in his strong, fast-wounding right hand; a broad-grooved, sharp-edged sword on his left-hand side; and a beautiful, brown, plaited shield slung over his shoulder. And he came into the presence of Fionn mac Cumhaill and fianna Éireann in that manner.

§2. Then Fionn mac Cumhaill, the high-king of the fian, addressed that warrior of valorous deeds and said: ‘From where have you come to us, youth? Or who are you of the noble or ignoble stock of the world?’ ‘I am Caol an Iarainn, the son of the King of Thessaly’, he said, ‘and of all that I have travelled of the world, I have left neither country, isle nor island, since leaving my own land until now, without putting it under the tribute of my sword and under the strength of my hand and, likewise, I wish to have the crown and general tribute of this land for myself, or to inflict slaughter of host[s] and men, and decimation of companies

and soldiers on the seven battalions of the fian and on the seven battalions of the ordinary fian, and that is my mission and [the purpose of] my journey to this land on this occasion.’

§3. ‘Indeed,’ said Conán mallachtach mac Móirne, ‘your intention is evil, and until the end of your days and life, that task will not be completed by you. We have never seen nor heard of a warrior coming to Ireland, with any great deed, whose conqueror could not be found there.’ ‘I have little regard for what you say, Conán,’ said Caol an Iarainn, ‘for even if those members of the fianna who have died in the last seven years were added to those who are living still, I would inflict the sorrow of death and a short life on all of them in a single day. However, I will do something less severe than that unto you. If you find for me a single warrior among you who will best me at running, in combat or at wrestling, I will do you no further harm but will return to my own land without delay’. ‘If that is so,’ said Fionn, ‘which of the three tests of which you spoke do you want to try first?’ ‘If you find for me,’ said Caol an Iarainn, ‘a single warrior who will best me at running, there will be no further contention, but [I will] return to my own land immediately, without imposing distress or battle upon you, nor upon anybody else.’ ‘If that is so,’ said Fionn, ‘our messenger, namely Caoilte mac Rónáin, is not at home to test his running ability against you, and as he is not, what you should do is stay here with the fianna, and [you should] have friendship and comfort together, until I return to Teamhair na Ríogh to get Caoilte, and if I do not meet him there I will certainly meet him in Céis Chorrainn, and I will bring him here to you without delay,’ ‘I am agreeable to what you are saying’, said Caol an Iarainn.

§4. Then Fionn set off to Teamhair na Ríogh to get Caoilte, and when he was on the way, he happened upon a vast, dark, tangled wood, and [there was] a big wide road going through the very heart of that wood, and when Fionn had gone some of the way he saw, coming towards him on the route in the very centre of that road, a horrible, hideous giant, with a dull grey coat down to the calves of his two legs around him, and with a big man's full hand-span of mud [splattered] along the bottom of that coat. And every time he lifted his foot, that muddy lower rim of the coat would hit against the calves of his two legs, so that they made a noise that could be heard a full mile away from him. And each of the two legs that were carrying the big man's ill-shaped body was like the mast of a great ship, and each of the two shoes that were on the bandy-nailed, crooked hooves of that horrible, hideous giant was like a broad-bodied boat, and each step he took, and each time he lifted his foot, he splashed an entire barrel's fill of mush and water from each of his shoes, up onto the lower part of his body and onto his buttocks.

§5. Fionn continued to look at that big man for a long time, for he had never seen the like of him before that, and he was continuing on the way when the big man spoke, and he siad: 'Fionn mac Cumhaill,' he said, 'what is the purpose of your course of travel, or how long is your journey on this occasion?' 'The extent of my worry and trouble is such', said Fionn, 'that I do not have the opportunity to delay to relate [it] at once, and if I did it would be of no benefit to me.' 'You can do [as you please],' said the big man 'but it is true that it will cause you harm and hardship forever if you do not relate to me your purpose.' 'If that is so,' said

Fionn', 'if I must relate that to you, know that Caol an Iarainn, the son of the King of Thessaly landed in the bay and harbour in Binn Éadair mheic Éadghaoithe at noon today to obtain the crown and general tribute of Ireland for himself, and if he does not get that freely, he threatens to inflict slaughter of host[s], loss of men, and decimation of companies and soldiers on the seven battalions of the fian, and on the seven battalions of the ordinary fian, unless he finds a single warrior who will best him at running, in combat or at wrestling. And if he finds a single hero or warrior who will best him in any of those feats he will cause no more trouble, but [will] return back to his own land again, and that is my story for you on this occasion' said Fionn.

§6. 'What do you wish to do against that kingly warrior?' said the big man, 'for there is nothing that he threatened you with that he cannot do. I am well acquainted with that warrior.' 'What I wish,' said Fionn, 'is to go to Teamhair na Ríogh to get Caoilte mac Rónain, and if I do not meet him there I will certainly meet him in Céis Choraínn of the fianna, so that I can bring him with me to Binn Éadair so that he will best that warrior at running.' 'Indeed,' said the big man, 'your basis and foundation for protecting the kingdom of Ireland are weak. If Caoilte Mac Ronáin is your champion, then you are a man without a kingdom.' 'If that is so,' said Fionn, 'I know not what I should do.' 'I know that' said the big man. 'If you accept me [as champion] against that warrior, I could withstand the danger of this hour for you' he said. 'What I think,' said Fionn, 'is that you have enough to do to carry your coat, your big shoes and yourself one mile per day, not to mention competing in combat or running with that warrior.' 'Indeed,' said the big man, 'if I cannot stand up for what is right on your behalf

against that soldier there is not a single man of the men of Ireland who will do it and, Fionn mac Cumhaill,’ he said, ‘do not be despondent. I take it upon myself to save [you from] the grave danger that you are in.’ ‘What is your name?’ said Fionn. ‘Bodach an Chóta Lachtna is my name’ he said. ‘If that is so,’ said Fionn, ‘you should journey with me to Binn Éadair.’

§7. Then they journeyed back, and their adventures or tidings aren’t told until they reached fianna Éireann, and when they saw Bodach an Chóta Lachtna in that manner, there was not a single man among them who was not surprised to see such a man, for they had never seen the like of him before, and they were joyful and in high spirits that Fionn had returned. Then Caol an Iarainn came to Fionn and asked him if he had brought with him the man who would race him. Fionn told him that he had, and that he was there with him, and he showed the churl to Caol an Iarainn. And when the warrior saw Bodach an Chóta Lachtna he was greatly surprised and amazed to see the like of him, and he said that he would never partake in valorous combat or racing with such a grimy, horrible churl. When the churl heard that, he let out a rough, barking laugh and said to Caol an Iarainn: ‘You are deceived in my regard, warrior,’ he said, ‘for I am not the man you think you have, and truthful proof of what I say will be revealed to you before tomorrow afternoon. Tell me how far is the course that you wish to set out to run, and if I do not travel that course with you it is fitting that you [will] win your bet. Likewise, if I best you at running, the loss of your bet will certainly be on your head.’ ‘I am happy enough,’ said Caol an Iarainn, ‘with what you say, but I do not wish for us to have a running course that is less than a path of sixty miles.’ ‘Happily,’ said Bodach an Chóta Lachtna, ‘there are sixty

miles for certain from Sliabh Luachra of Munster to Binn Éadair, and if you do not see that I run that course with you, and further if you wish, you will win your bet without dispute.’ ‘I am agreeable to what you say’ said Caol an Iarainn. ‘If you are,’ said Bodach an Chóta Lachtana, ‘what you should do is go west to Sliabh Luachra tonight so that we might show each other the course that we will be taking back eastwards tomorrow, and spend the night tonight in Sliabh Luachra so that we will be ready to journey on the way at daybreak.’

§8. Then those two great warriors set off on their journey together, and they didn’t stop or rest until they reached Sliabh Luachra of Munster, and when they were there Bodach an Chóta Lachtana spoke to Caol an Iarainn and said: ‘Son of the King of Thessaly,’ he said ‘as there is a wood close by, we should make a dwelling cabin or hut that will be over our heads tonight.’ ‘You can do that,’ said Caol an Iarainn, ‘if you feel like working. As for me, I will not go to the trouble of building a dwelling on Sliabh Luachra for the sake of one single night’s rest there, without expecting to see it ever again.’ ‘I am agreeable to that,’ said Bodach an Chóta Lachtana, ‘but if I manage to build any dwelling there in which I will stay tonight, those who do not help to make it will be [left] far out from it’. Having said that, he journeyed on swiftly into the wood that was nearest to him, and he proceeded to vigorously cut wood, and it was not long before he had brought with him six large couples of timber [that were] prepared without excess or lack [of quality], along with a sufficiency of beams and twigs, and with fresh reeds, and every other material that he needed, and he gathered [them] together, working until he had put them standing upright under a roof and shelter, and he

set off into the wood once more, and brought a shoulder-load of the fresh wood and tinder of that wood with him, and lit a great fire there.

§9. And he spoke to Caol an Iarainn a second time, and said: ‘Son of the King of Thessaly, do you have food or drink in preparation for tonight?’ ‘I was never without people providing for me when I was in need’ said Caol an Iarainn. ‘If that is so, [and] as you do not have those people here, if you come hunting with me into these woods close by to us, we will have enough tonight if there is game in them.’ ‘I was never accustomed,’ said Caol an Iarainn, ‘to hunting or chasing game with the like of you, and no sooner will I do so now.’ ‘Once again, I am agreeable to what you are saying,’ said the churl, and he set out quickly into the tangled, dark wood that was nearest to him, and no sooner had he entered it when he roused a full drove of wild pigs, and he chased them swiftly into the very heart of that wood, and he separated the largest and oldest boar in the drove from the pigs, and followed it straight through the entanglement of each wood until he overtook and defeated it by his sheer effort and racing, and finally, he carried it on his back to his dwelling, flung it onto the ground, prepared it neatly and swiftly, and put it in two equal halves on two hard, holly spits on both sides of that great fire to roast it, and [there was] a device that turned of its own accord on those spits.

§10. Then the churl set off quickly at the speed of a swallow or doe, and he did not rest until he reached the house of the Baron of Inchiquin, which was thirty miles from Sliabh Luachra, and in one load he took with him a table and a chair, two barrels of wine, and all of the bread that had been prepared and that

was ready to eat in that household, and he did not stop until he reached Sliabh Luachra without losing any of that load. When he arrived there, he found his food ready and prepared awaiting him. He set down his load and took his food from the fire, put an equal half of it away in preparation for the morning, along with one barrel of wine; he put the other half of the food on the table and sat himself down comfortably and contentedly into the chair, and he ate as much as he desired of the food and drank a barrel of wine afterwards. And then he shook a full bundle of rushes underneath himself on the floor of that dwelling, and he lay down on his bed until he fell into a deep sleep.

§11. And he was like that until the sun rose very brightly the following day, and then Caol an Iarainn, who had been stretched out on the side of the mountain without food, drink or sleep for the night, came to him, and woke him from his sleep saying: ‘Arise,’ he siad, ‘it is high time now for us to set off on our journey.’ Then Bodach an Chóta Lachtna lifted his head and rubbed his eyes and said: ‘I have another hour to sleep yet, and likewise, I have food that has not been eaten. But as you are in a hurry, I give you my permission to journey ahead of me on the way, and I will certainly follow you.’ Caol an Iarainn journeyed ahead clumsily, slowly and with a heavy heart, and he was not without great terror and fear at the indifference he thought that Bodach an Chóta Lachtna felt towards him.

§12. When the churl had slept enough, he got up, washed his hands and his face, placed food on [the] table and ate as much of it as he desired, and he drank a barrel of wine, with neither too much nor too little in his body. He put the pig’s

bones neatly into the corner of his mantle and set off directly ahead, travelling with the cool, fresh wind, and he did not stop that vigorous racing charge until he beheld Caol an Iarainn, son of the King of Thessaly, who was in front of him on the way - subdued, head bent and despondent - and he tossed the pig's bones neatly from the corner of his mantle across the way in front of him, and he said to him: 'Son of the King of Thessaly,' he said, 'if you get any chewing on those bones eat it, for you must be very hungry, and I will delay here with you until you are ready.' 'You will be hanged,' said Caol an Iarainn, 'before I seek food from the bones that you have been gnawing at with your own crooked teeth.' 'If so,' said the churl, 'you should quicken your pace if you wish to have the general tribute and lordship of Ireland on this occasion.'

§13. When the churl had said that, he set off on his journeying and endless travelling at the speed of a swallow or doe, or like a gust of wind on a March day, going around sharp-pointed rocks or mountain sides. And that was the description and account of his running course and endless travelling, and Caol an Iarainn did not have the ability to come near to him, without traversing the vaults of the heavens. And he did not stop that vigorous racing charge until he had gone thirty miles of the way of that course, and then he proceeded to greedily eat berries from the bushes that were on the side of the path. And he was like that until Caol an Iarainn came to where he was and said to him: 'Churl,' he said, 'there are thirty miles from here back to the place in which I saw the corner of your dull grey coat entangled around a bush, and another corner a further ten miles west from that around another bush.' 'Are they the corners of *my* coat?' said the churl, looking back behind him. 'They certainly

are,’ said Caol an Iarainn. ‘If so,’ said the churl, ‘you should wait here eating berries until I return and bring the corners of my coat with me.’ ‘I certainly will not’ said Caol an Iarainn. ‘If that is so,’ said the churl ‘journey ahead of me on the route and I will turn back to bring the corners of my coat with me.’

§14. Then Caol an Iarainn journeyed forward on the course, and Bodach an Chóta Lachtua returned for the corners of his coat, [and] he went twenty miles of the way until he found them as Caol an Iarainn had told him, and he sewed them back again in their proper place. Then he journeyed back, going directly ahead at the speed of a swallow or doe, and he did not stop that vigorous charge until he caught the son of the King Thessaly and said: ‘Youth, if what you wish is to have the kingship and over-lordship of Ireland as you said before, you must quicken your pace, and journey with me from now on the route, or it [will be] doubtful that you will win your bet, for I will not be turning back again’.

§15. Having said that, he journeyed ahead like a gust of wind on a fine March day, going around summits of a hill and mountain sides. And that was the description and account of the churl’s travelling at that time, with Caol an Iarainn unable to catch up with him. And he set off on that vigorous travelling, and did not stop until he came to the summit of a large hill that was about five miles from Binn Éadair, where there were great big blackberry bushes, and then the churl proceeded to greedily eat those berries until he was satisfied and full of them, and he then took off his dull grey coat, took a needle and thread and sewed around the coat until it was an immense, very broad sack. He began to gather berries with intent until he had filled the sack to the brim, and he rubbed

much of his skin with them so that it was as black as a blacksmith's coal. And he brought that full load of berries with him on his shoulder and journeyed ahead wilfully and promptly.

§16. Fionn mac Cumhaill and the fian were completely filled with terror and great fear of Caol an Iarainn; how they had collectively placed their trust in Bodach an Chóta Lachtna without knowing who he was. And Fionn had placed a warrior of the fianna on the side of a great hill from the previous morning to see which of the runners would be in front. And when that warrior saw the churl coming in front of the nearest hill with that heavy load on his back, he thought for certain that it was Caol an Iarainn with the churl dead on his back. He journeyed quickly to where Fionn and the fianna were with that news, and told them that Caol an Iarainn was approaching with the churl dead [and slung] like a sack over his shoulder.

§17. A great fear and terror seized both Fionn and the fianna on [hearing] that news, so that Fionn said: 'A suit of armour and arms for the person who will bring better tidings than that to us.' After that, a warrior of the band journeyed out, and he was not long gone when he saw Bodach an Chóta Lachtna coming in that manner, and he recognised that it was him, and ran joyfully to where Fionn was with that news. Then the entire band of the fian went in high spirits to meet Bodach an Chóta Lachtna. And when he came into their presence at that time, and when he had set down his load, he said to them: 'I have good tidings to give you,' he said, 'but my hunger is so great that I cannot relate them until I eat my fill of oats and berries together. I have brought my sufficiency of berries with me

and let my fill of oats to be given to me.’ Then a very broad, four-cornered sheet was spread under the churl, with a great pile of oats in its very centre, and he poured berries out of the sack all over those oats, and started eating with intent.

§18. And he was not long there when Caol an Iarainn arrived, his hand on his sword-hilt, his eyes lit up in his head, ready to go into the host slaughtering and mutilating them. When Bodach an Chóta Lachtna saw him like that, he lifted a fistful of the oats and berries, and threw them directly at the very centre of Caol an Iarainn’s face and forehead, putting his head the distance of a plain away from his body. And his body fell to the ground and was twitching around on the ground without a head. Then Bodach an Chóta Lachtna went swiftly to where the head was, picked it up in his hand, flung it directly towards the body and secured it [back] onto [Caol an Iarainn’s] body as securely as it had ever been before, except that his face was at his back, and [the back of] his head was in front. And the churl grabbed Caol an Iarainn with great strength, placed the trunk of his chest on the ground, and tied him roughly so that he could not escape.

§19. And he said: ‘Caol an Iarainn,’ he said, ‘suffer the judgement that you yourself will give and discover what death you wish to have. And was it not obstinate of you to think that you could take the general tribute and overlordship of Ireland with you on this occasion, something that there was no danger of you obtaining at all, even though there was only a single man – myself – protecting it against you? However, it will not be said of fianna Éireann that they would inflict death or a short life on a single warrior who had only himself

for a companion. And if you are someone who likes living, if you pledge the sun and the moon to me as a guarantee and indemnity [that you will] send the general tribute of Thessaly to Ireland to Fionn mac Cumhaill and to fianna Éireann, take your life with you as you are now.’ ‘I will send the general tribute of Thessaly to them every year for as long as I live’ said Caol an Iarainn, ‘and I pledge the sun and the moon as a guarantee and indemnity to keep that [pledge] for you.’ Bodach an Chóta Lachtna released Caol an Iarainn from the hard binding he was in, took him to his ship, placed him in it, and faced him out to sea. And he gave a great shove to the stern of that great big ship, and that shove put it seven leagues out to sea and to the great ocean.

§20. And that is how his trip turned out for Caol an Iarainn, son of the King of Thessaly; [sent off] like a fool and an idiot; unable to win in slaughter or combat and, furthermore, without the ability to obtain for himself the general tribute or lordship of Ireland. And that is how Bodach an Chóta Lachtna saved fianna Éireann on that occasion. And the churl returned to where Fionn was, and he told him that he was Manannán mac Lir, the fairy of Cruacha, who had come to rescue them from the great danger they were in at that time, and the fianna joyfully embraced him, and a feast was thrown in his honour which lasted a year and a day. And that, thus far, is the adventure of Bodach an Chóta Lachtna and of Caol an Iarainn, the son of the king of Thessaly.

5.3 Nótaí ar an téacs

Ní phléim arís na nithe sin a bhaineann leis an teanga a ndearnadh plé orthu cheana i gCaibidil 3 ach amháin sa chás is go mbíonn tionchar acu ar chúrsaí aistriúcháin nó doiléireacht ag baint leo maidir le brí an téacs. Tugaim corr-crostagairt, áfach.

Tagraím do léamha as na finnétithe seo a leanas a bhaineann leis na traidisiúin éagsúla den scéal: ARÉ 23 M 23 (A); ARÉ 23 A 32 (A1); Add. 31877 (B1); TCD 1423 (B2); ARÉ 24 B 22 (B3); ARÉ 24 L 26 (C); CC 3 (C2). Tugaim léamha normalaithe de na leaganacha sin. Má tá an léamh céanna i gcúpla finné (mar shampla, B1, B2, agus B3), is ar an lámhscríbhinn is sine a tharraingím.

1. do commóradh le: Féach 3.1.5 (viii). *Do commóradh* atá sna finnétithe neamhspleácha ar fad, ach féach go bhfuil *dá commóradh* i gcuid de na LSí deireanacha (Eg. 154, MN M18, De hÍde 19, srl.). Is minic a fhaightear an páirteagal coimhneasta *dá/dár* ag tús scéalta próis na Nua-Ghaeilge Moiche i bhfrásaí ar nós *Lá dá raibh* (féach Breatnach 1966, 208–11), ach bheimis ag súil leis an aimsir chaite (*dár commóradh*) sa chás seo.

Fionn mac Cumhaill: Ceannaire na féine. Déantar cur síos ar phearsa Fhinn in Ó hÓgáin (1995) agus in Nagy (1985). Tugtar ginealach níos faide i gcuid de thraidisiúin lámhscríbhinne an scéil: *Fionn mac Cumhaill mhic Airt mhic Tréanmhóir Uí Baiscne* (A2). Maidir leis na ginealaigh éagsúla a luaitear le Fionn féach *DF I* (lii–iii) agus Meyer (1910, xvi–xxi). Ní luaitear Fionn mac Cumhaill ag tús an scéil i ngach ceann de na finnétithe neamhspleácha: *lá aonaigh 7 oireachtais do commóradh le seacht gcatha na féine 7 le seacht gcatha na gnáithfhéine* (B1).

1–2. seacht gcatha na gnáithfhéine: Is gnách go n-áirítear seacht gcinn de chatha na féine: '*s na seacht ccatha boí san fFéin*, 'and the seven battalions of the Fian' (*DF II*,

dán 57.29b). Níos é seo nach mbaineann leis an bhfianaíocht amháin; féach an sampla seo ón leagan Nua-Ghaeilge Moiche de Chath Cluana Tarbh: *thángadar seacht gcatha comhmíle iona choinne*, ‘they came with seven uniformly large battalions against him’ (Ní Úrdail 2011, §3). Tabhair faoi deara, áfach, gur trí chath atá ag an gCéitinneach in *FFÉ*: *trí catha na gnáithfhéine*, ‘three battalions of the Gnathfian’ (*FFÉ* II, 5155). Déantar idirdhealú idir *na féine* agus *na gnáithfhéine* i gcuid d’fhinnéithe lámhscríbhinne ár scéilne (A1, B1, B2 agus B3).

2. Binn Éadair mheic Éadghaoithe: ‘The Hill of Howth’, i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath (*HDGP* s.n. Benn Éadair). Luaitear Binn Éadair ag tús an scéil sna finnéithe neamhspleácha ar fad. Tá *mac Éadghaoith(e)* luaite mar chuid den logainm i roinnt mhaith foinsí. Féach, mar shampla *táncatar rompa tar moing mara in naenbar ban sin co beinn Edair meic Edghaeith* (*SG* I, 189), ‘and such nine women accordingly came over the ‘sea’s mane’ [i.e. wave-crests] to Ben-Edar’ (*SG* II, 214); *Ó Aird Uladh an fheoir mhaoith / go beinn nÉadair mheic éadghaoith* (*DiD*, 96.10ab) ‘From *Ard Uladh* of the soft grass / to *Beann Éadair mheic Éadghaoith*’. Is minic Fionn mac Cumhaill luaite le Binn Éadair san fhianaíocht: *Suidhe do-rinne Fionn shoir / os glinn ag Beinn úir Édoir*, ‘Once Fionn took his seat in the east above the glen at fresh *Beann Éadair*’ (*DF* II, 49.3ab). Tá cur síos ar an logainm le fáil in Gwynn (1913, 104; 112–4).

2–3. ar muir 7 ar mhórfhairge: Maidir leis an gcinneadh *muir* a fhágáil gan séimhiú ar lorg an réamhfhocail *ar* féach 3.1.2 (ii).

3–4. an long luchtmhar lānadhbhal leab[h]arshéadach: Is mar ‘long and elaborate’ a aistrím *leabharshéadach* (*DIL* s.v. *1 lebar*, ‘long; extensive’ + *DIL* s.v. *1 sétach*, ‘having treasures, rich’). Is minic *leabhar* ag tús comhfhocail ar mhaithe le huaim (féach *DIL* s.v. *1 lebar*, compds. (a)–(c)). Baineann an t-alt le cúrsaí stíle anseo agus níl sé aistrithe agam dá réir.

isin b[h]fairge: Léiríodh an t-urú seo an tuiseal cuspóireach sa NGC (agus *ciall shiobhail* nó *ciall ghluaiseachta dá réir sin*); i.e. ‘into the ocean’. Is léir nach maireann an t-idirdhealú sin sa téacs seo, áfach (3.1.2 (xi)), agus tá *san bhfairge* aistrithe agam mar ‘in the ocean’. Tá an nós seo le feiceáil go minic sa téacs (féach *san mbealach* ‘on the way’ seachas ‘into the way’ (65, 193); *san mbaile* ‘at home’ seachas ‘into the home’ (42); srl.).

4. a-noir: Tá an léamh lámhscríbhinne ‘aníor’ (LS) coigeartaithe agam go *a-noir*, ‘from the east’ le teacht le héirim an scéil. Tá *a-níor* i gcuid de na traidisiúin (B3).

4–5. an chuain chubharbháin: Is minic a luaitear cuan Bhinn Éadair le heachtraí na féine: *a gcúan mór Bheinne hEdair*, ‘from the great haven of Benn Edair’ (DF I, 23.48d); *Gabhmaid cúan a mBeinn Edair*, ‘We land at Beann Éadair’ (DF II, 68.99a).

5. ar ruagadh: Ba litriúla ‘having being chased’ mar aistriúchán.

7. an tan shíleadar fianaibh Ēireann: Maidir le cailliúint na réimíre *do féach* 3.1.5 (xvi), agus maidir leis an bhfoirm *fianaibh* féach 3.1.1 (vii).

9–10. don druing fheardha: ‘of the manly host’; glacaim leis gur tagairt é seo don fhian. *Don druing dhaonna* ‘of all mankind’ atá i gcuid de na finnétithe (B2, B3, C1).

12. cloidhmhe claisleathan: Glacaim leis ón gcomhthéacs gur ainmneach uatha atá i gceist anseo: ‘a broad-grooved sword’. Féach Caibidil 3.1.1 (xviii).

14. do lāthair Fhinn mheic Chumhaill 7 fhianaibh Ēireann: Maidir leis an bhfoirm *fianaibh* féach 3.1.1 (vii).

15. ar an inneall 7 ar an ordughadh-sin: ‘in that manner’. Ba litriúla ‘in that arrangement and disposition’ ach is ionann, go bunúsach, brí na bhfocal *inneall* (DIL s.v. *indell* (c)) agus *ordughadh* (DIL s.v. *ordugud* (a)) sa chomhthéacs seo.

16. ardrigh: Tá plé ar fhoirmeacha an ainmfhocail *rí* in 3.1.1 (viii).

16–17. ris an gaisgeadhach ngnímhé[a]chtach-sin: Maidir leis an úrú ar an aidiacht, féach 3.1.1 (xvi).

19. Caol an Iarainn: Go litriúil ‘the Slender Man of Iron’ (agus *caol* á léamh agam mar aidiacht shubstantaithe). Tá an t-ainm seo aistrithe mar ‘Ironbones’ i leagan amháin den scéal (*IPJ* 17 1840, 130–3).

mac Rí[o]gh na Teasáille: ‘Thessaly’, ceantar in oir-thuaisceart na Gréige. Is minic a luaitear an Teasáil mar thír shamhalta i bpróistéacsanna na Nua-Ghaeilge Moiche. Féach, mar shampla *Cath ceathardha ar mháigh na Teasáile*, ‘the *Cath Ceathardha* on the Plain of Thessaly’ (Hyde 1899, 90–1), agus féach freisin go dtugtar cuairt ar an Teasáil in *Eachtra na gCuradh* (Ní Chléirigh 1941). Ní nós é seo a bhaineann leis an Teasáil amháin, ar ndóigh, ach leis na tíortha oirthearacha i gcoitinne. Is sa Scitia atá cónaí ar Scáthach in *Oileamhain Con Culainn*, mar shampla (Stokes 1908, 114–5), agus féach go dtugtar cuairt ar an bPeirs in *Eachtra na gCuradh* chomh maith.

22. is mian damh: Is minic an chomhréir *mian + do* in áit *mian + le* sa téacs seo (féach *Is ē is mian damhsa* (85); *más mian dhuit* (211); *is mian duitse* (236)). Tá an nós seo coitianta go leor i dtéacsanna a bhaineann le deireadh na tréimhse clasaicí (féach, mar shampla *is sé sin as mian dom* (BSF, lch. 16) agus *an é as mian duit* (SMN II, líne 6325)). Ní heol dom aon sampla de *mian + do* atá deimhnithe ag an meadaracht san fhilíocht chlasaiceach, áfach.

23. uireasb[h]aidh: Ba litriúla ‘lack / deficiency’ mar aistriúchán (féach *DIL* s.v. *airesbaid*) ach is dóigh liom gurbh fhearr ‘decimation’ i gcomhthéacs an chomhrá (i.e. *ár agus uireasbhaidh* ‘slaughter and decimation’).

26. *Dar gan amhras*: Tá *dar* in úsáid mar intriacht sa fhrása *dar gan amhras* sa téacs seo (26, 89, 98). Bíonn *dar* mar intriacht i go leor frásaí sa Nua-Ghaeilge: *Dar Dia, Dar fia*, srl. (féach *FGB* s.v. *dar*¹; *DIL* s.v. *1 tar, dar*) ach ní heol dom an bunús stairiúil atá le *dar gan*. Tá an fhéidearthacht ann gur fágadh focal ar lár ag pointe éigin i seachadadh an téacs (leithéidí *dar Dia gan amhras*), ach *dar gan amhras* atá sa chuid is mó de na finnéithe ó thraidisiún A agus B. *Go deimhin* atá in C1 agus *Gan amhras* atá in C2.

Conán mallachtach mac Móirne: Is minic a luaitear an aidiacht *mallachtach* mar chuid d’ainm dílis Chonáin: *Conán maol mallachtach mac Morna* (Ní Mhuirgheasa & Ní Shéaghdha 1941, 18) ‘bald, cursed Conán son of Morna’, nó mar thréith dá chuid: *Adupairt Conán mac Mórna / fear mallachtach miolábhra...*, ‘Conán son of Morna, a man of oaths and abusive speech, said...’ (*DF* II, 42.8ab). Tá plé ar thréithe Chonáin ar fáil i gCaibidil 1.3. Tabhair faoi deara freisin an fhoirm *Móirne* in áit *Mórna*.

26–7. *is olc an toisg ima dtāngais*: Ba litriúla ‘the purpose for which you have come is evil’ mar aistriúchán.

27. *go foirchean[n] do ree*: Maidir leis an bhfoirm *ree*, féach 3.1.1 (v).

nī chríochnóchar: Féach 3.1.4 (iv)

29. *fear dá c[h]lōdh*: Glacaim leis gurb é *clōdh* (*DIL* s.v. *clód* (e), ‘overthrowing’) atá i gceist anseo, agus go mba litriúla an t-aistriúchán ‘a man to overthrow him’. D’fhéadfaí *clōdh* a léamh mar *cló* chomh maith (*DIL* s.v. *cló* (b) ‘imprint, impression; hence form, shape, appearance’): ‘a man of his shape / appearance’, i.e. ‘his match’. Tá an frása *fear dá chlōdh* aistrithe ag an Duinníneach mar ‘his peer, a man of his stamp’ (*DINN* s.n. *cló*).

30. a Chonán: Maidir le foirm an ainmnigh in áit an ghairmigh féach 3.1.1 (xii).

Infilltear an t-ainmfhocal i gcuid de na lámhscríbhinní (féach, mar shampla *a Chonáin* in B3).

32. brōn báis 7 beagshaog[h]al: ‘the sorrow of death and a short life’. D’fhéadfaí é seo a léamh mar *brón báis agus beagshaoghail*: ‘the sorrow of death and of a short life’ chomh maith.

37. is fearr libh: Is gnách gurb í an dara pearsa uatha den fhorainm atá sa chaint dhíreach idir an Bodach agus Caol an Iarainn. Seo é an t-aon sampla amháin den dara pearsa iolra sa chomhrá eatarthu (ach féach *nach bhfuiltí*; líne 101 n.). Nós é seo atá coitianta go maith san fhilíocht agus sa phrós i gcoitinne. B’fhéidir go n-úsáidtí an dara pearsa iolra mar chomhartha measa nó leis an bhfoirmiúlacht a chur in iúl i roinnt próstéacsanna ó thréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche (SNG IV, 397), ach is cinnte nach bhfuil a leithéid i gceist anseo.

38. bhé[a]ras geall reatha oram: Is iomaí brí atá ag an bhfocal *geall* (féach *DIL* s.v. *gell*). Is minic gur ‘surpassing’ nó ‘conquering’ atá i gceist nuair a leanann sé an briathar *beirid* (McKenna 1940), agus d’fhéadfaí é a thuiscint mar ‘prize (for racing)’ anseo. Tá an frása seo aistrithe agam mar ‘who will best me at running’ de réir na tuisceana sin.

38–9. nī bheidh níos mō d’imreas ann acht filleadh tar mh’ais dom c[h]r̥c[h] féin: Bheimis ag súil, b’fhéidir, leis an gcéad phearsa uatha san aimsir fháistineach (*fillfead*) in áit an ainm briathartha *filleadh* (agus go deimhin is mar sin atá sé aistrithe agam: *there will be no further contention, but [I will] return to my own land*) ach tagann na finnéithe uile leis an léamh seo agus níl an t-ainm briathartha as áit ar fad. Féach *Des*:

‘As a rule, the agent, i.e. the doer of the action expressed by the verbal noun, is left to be inferred from the context whenever possible’ (263).

41–2. Caoilte mac Rōnāin: Tá cáil an luais ar Chaoilte ón naoú haois i leith (Ó hÓgáin 1990, 72–3). Féach, mar shampla, *DF* I, dán 36 (féach Caibidil 1.1) agus dán 33, mar a bhuann Caoilte claíomh i rás (rainn 24–7 go háirithe).

45. Teamhair na Rí[o]gh: Cnoc i gContae na Mí, i mbarúntacht na Scríne, a shamhlaítear go coitianta le ríocht na hÉireann i dtraidisiún liteartha na Gaeilge. Maidir leis an ngaol idir ríocht na hÉireann agus traidisiún na fianáíochta, féach Nagy (1985, 39–40).

46. teagómhaidh gan amhras i gCéis Chorainn liom é: Maidir leis an bhfoirm *teagómhaidh*, féach 3.1.4 (v). Tá an forainm firinscneach é á léamh anseo agam mar ainmní. Cheadaítí an fhoirm é (in áit sé) mar ainmní sa NGC i gcás briathra neamhaistritheacha nó dá mbeadh sé scartha ón mbriathar (féach *SNG* IV, 429).

i gCéis Chorainn: ‘Keishcorran’, sliabhraon gar don Cheis, sráidbhaile i bparóiste Thuaim Fhobhair i mbarúntacht an Chorainn i gContae Shligigh (*HDGP* 136–7). Is minic tagairtí do Chéis Chorainn san fhianaíocht (féach mar shampla *céis caomálainn Corainn* (*SG* I, lch. 1622) agus, ar ndóigh, teideal an scéil *Bruiden chéise Chorainn* (*SG* I, 306–10)).

47. deóntach: ‘agreeable’; tá an ‘t’ in *deóntach* neamhstairiúil ach tá sé coitianta sa Nua-Ghaeilge Mhoch (*DIL* s.v. *deóin*). Féach, mar shampla, *Trí bruidhne: Táim deóntach* (lch. 66). Ní heol dom sampla ar bith de *deóntach* san fhilíocht chlasaiceach, áfach.

50. dho: Féach 3.1.2 (vi) agus (viii).

53. cōta lachtna: Is deacair an aidiacht *lachtna* a aistriú go sásúil go Béarla, ‘of the colour of milk’ agus ‘of colour of unbleached wool’ atá in *DIL* (s.v. *lachtna*). Féach na haistriúcháin éagsúla seo a leanas ar an bhfocal: ‘grey’ (*FFÉ* II, líne 3997; Best 1905, 21); ‘saffron’ (*DDB* I, 24.85b). Tá *lachtna* aistrithe mar ‘grey’ agus mar ‘drab’ i leagan an *IPJ* (*IPJ* 17 1840, 130–3) agus ag an nGrádach (*SG* II, 324–31) faoi seach. Maidir le móitíf an chóta lachtna i litríocht na Gaeilge, féach Caibidil 1.2.

54. mhéis dóibe: Glacaim leis, ós rud é go measctar ‘mh-’ agus ‘bh-’ in amanna, go bhfuil an léamh lámhscríbhinne ‘bhéis’ (LS) lochtach agus gur *mhéis* atá i gceist (*DIL* s.v. *mías*). Tá meascán den dá fhoirm i lámhscríbhinní na dtraidisiún éagsúil: B1 ‘mhéis’ (LS); B3 ‘mhís’ (LS); B2 ‘bheis’ (LS); A2 ‘luthadh meise’ (LS); C ‘bheis’ (LS). Féach léamh C2: *leathad lánbhaise fhir chalma do lása bhuidhe dóibe air íochtair an chóta san* ‘and with a big man’s full hand-span of muddy yellow lace (?) along the bottom of that coat’.

55. dá dtögb[h]adh: Tá an aimsir ghnáthchaite aistrithe agam mar chaite sa sliocht: ‘he lifted’. Féach freisin *dá siubhladh* (61); *dá dtógbhadh* (62).

57–8. budh samhail do chrann seoil luing móire gach cos: Tá an íomhá seo coitianta i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche. Féach, mar shampla, *ba fuide ná seol-chrann luinge móire gach láimh da lámhaibh* (*TGG*, lch. 12), ‘each of his hands was longer than the mast of a great ship’.

66–7. go dē an raon siubhail-sin do bhuain duit: Ba litriúla an t-aistriúchán ‘What path of travel has befallen you?’.

69. fuireach: Tá an léamh lámhscríbhinne doiléir anseo, agus d’fhéadfadh ‘fuilreach’ nó ‘fuir(?)reach’ a bheith ann. Tá coigeartú déanta agam air go *fuireach*.

70. Is féidir duitse sin do dhé[a]namh: Níl an léamh seo iontach sásúil óir ní léir céard dó atá an taispeántach ag déanamh tagartha. Is mar *You can [do as you please]* a aistrím é, cé go mbeadh *You can do that* ní ba litriúla. Tá an léamh leasaithe in A2 (*ach mur n-innsir damhsa*, ‘but if you do not tell me’), ach is ionann léamha na dtraidisiún neamhspleách eile ar fad.

75. dochum: Féach 3.1.2 (ix).

84. dar b[h]ogair: Luaitear an dá fhoirm *bogar* agus *bagar* sna Tráchtas (*IGT* ii, §17; *IGT* iii, §43) agus mar sin cloím le léamh na lámhscríbhíne.

88–9. go mbainfe sē geall reatha: Féach *geall reatha* (n. 36 thuas).

91. do chrann bagair: Glacaim leis gur ‘deterrent’ atá i gceist le *crann bogair* anseo (féach *DINN* sv. *crann*) agus tá sé aistrithe agam mar ‘champion’, ós rud é gurb ionann an dá rud sa chomhthéacs seo. Tá an nath *crann bagair* sách comónta i bprós na Nua-Ghaeilge Moiche agus san fhilíocht chlasaiceach. Féach na samplaí seo a leanas: *Ar gcrann bagair, ar dtaitneamh, ár nglóir*, ‘Our staff to threaten, our darling, our glory’ (*AOR*, 13.3d); *crann bagair a ghaolta* (*Párlament*, 183), ‘the protector of his kinsfolk’; *cnuas abaidh in gach am air / 's is crann bagair do bhochtaibh*, ‘its fruit is ever ripe and it is a champion of the poor’ (McManus 2008, 4cd).

gan ríoghachta: Maidir leis an bhfoirm *ríoghachta*, féach 3.1.1 (ix).

92–3. Do fheadair-se: Is léir ón gcomhthéacs go bhfuil an chéad phearsa uatha (*do fhéadar*) de dhíth anseo in áit na dara pearsa uatha. D’fhéadfaí an nod *air* a scaoile mar *ar* (féach an polasaí eagarthóireachta), ach tá seans ann freisin go mbaineann an chríoch chaol leis an taispeántach ‘-se’ agus, mar sin, níl aon choigeartú déanta agam air.

93–4. i n-ag[h]aidh an ghaisgeadhaigh úd: Tá an léamh lámhscríbhíne ‘ghaisgidh’ (LS) coigeartaithe agam go *ghaisgeadhaigh* ós rud é gur léir gur suíomh ginideach atá

de dhíth agus is fearr go mór a thagann an t-ainmfhocal *gaisgeadhach* ‘warrior’ (*DIL* s.v. *gaiscedach*) ná *gaisgeadh* ‘arms / prowess’ (*DIL* s.v. *gaisced*) leis an gcomhthéacs. Seans go raibh an dá fhoirceann seo á bhfuaimniú ar an gcaoi chéanna (/i:/), nó go raibh *gaisgeadhaigh* á fhuaimniú mar *gaiscígh* /gas’ci:/. Tá an fhoirm *gaisgeadhach* (san ainmneach uatha) ar fáil cúpla uair sa téacs, agus breacadh *en pleine* uair amháin í (258).

101. ina b[h]fuil̃t̃: Tabhair faoi deara gurb í an dara pearsa iolra den bhriathar atá in úsáid anseo. B’fhéidir go mbaineann an fhoirm seo le cúrsaí béasa (féach n. 37), nó b’fhéidir go bhfuil an Bodach ag déanamh tagartha don fhian uile, seachas d’Fhionn amháin.

105. mar a raibh fiana Éireann: lit. ‘[the place] in which fianna Éireann were’. Féach freisin 3.1.5 (vii).

107. iongnadh aige: Bheimis ag súil, b’fhéidir, le iongnadh + *ar*, ach bíonn malartú idir *ar* agus *ag* le fáil i gcanúintí áirithe, go háirithe in iarthar na Mumhan (Ó hÚrdail 2001, 290).

111–12. do t[h]aisbéin: Bheifí ag súil le tamhan leathan sa NGC (féach *IGT* i, §66) ach tá an fhoirm seo an-choitianta sa phrós: *do thaisbéin sé* (*TN*, líne 12997); *do thaisbéin* (*ESA*, líne 1615).

112. an Bodach: Is mar ‘churl’ a aistrím an focal *bodach* (*DIL* s.v. *botach*) sa téacs seo. Is cosúil go mbaineann bunbhrí an fhocail, go stairiúil, le duine a bhfuil stádas íseal aige; ‘serf, rustic, peasant’ a thugtar mar aistriúcháin ar an bhfocal in *DIL*. Tá cúpla sampla den téarma sin sna hannála agus glacaim leis go bhfuil an bhrí sin i gceist iontu: *Seaan Ruad h. Tuathail ri h. Muredaigh, fegi enig 7 engnama Erenn ina amsir fein, do marbad do botach ina tig fein 7 in botach fein do marbad do-sam iarom*; ‘Seaan Ruad

O Tuathail, king of the Ui Muiredaig, ridge-pole of the bounty and valour of Ireland in his time, was killed in his own house by a clown. He killed the clown afterwards’ (AC, 1388.4). De réir a chéile is cosúil go n-úsáidtear mar théarma dímheasa é ar bhonn ní ba ghinearálta. Féach, mar shampla, *bodacha an Bhéurla* (DBM I, lch. 323, 86.2d), ‘the English-speaking churls’ (c. 1614). Tá an focal cosúil, ar an gcaoi seo, leis an bhfocal *aitheach* (DIL s.v. 1 *aitheach* (a) ‘rent-payer, vassal, peasant’; (b) ‘In pejorative sense churl, boor, uncouth person’). Úsáidtear *aitheach* sa chiall ‘giant’ in amanna chomh maith (DIL s.v. 1 *aitheach* (c)) agus cé go n-oirfeadh *giant* mar aistriúchán ar *bodach* sa téacs áirithe seo, ní heol dom sampla eile lena bhféadfaí an bhrí sin a dheimhniú.

116. glafar garbhgháire: Maidir leis an bhfocal *glafar* féach 3.2.1 (ix). Tá léamha éagsúla sna traidisiúin eile: B1 *do rin glamhthear gairbhgháire*, B2 *do rin garbh gháire*, B3 *do rin gláimhthear garbhghaire*, C *cuiras glainaircecht 7 garbh gaire as*, C2 *do mhuidhe a ghean glamur garbh gháire air*. Is ionann iad ar fad, go bunúsach, ó thaobh brí de.

119. sul d[t]í: Sampla é seo den mhodh foshuiteach láithreach den bhriathar ‘tig’ a mhaireann sa NG chomhaimseartha mar réamhfocal amháin in *go dtí*.

120. fad na sgríbe: Is mar ‘course’ a aistrím *sgríbe* anseo (DIL s.v. *scríb* (b)). Ní heol dom sampla ar bith den ainmfhocal seo roimh an seachtú haois déag. Féach plé O’Rahilly ar an bhfocal (1942, 196).

121–2. gur leat breith do ghill: Féach *bhéaras geall reatha oram* (n. 38 thuas). Sa chomhthéacs seo is éard is brí le *geall* ná ‘pledge’ nó ‘bet’ (féach DIL s.v. *gell* (a)).

126–7. trī fichid míle go cinnte ó Shliabh Luachra na Mumhan go Binn Éadair: Sliabhraon ar an teorainn idir Corcaigh, Ciarraí agus Luimneach é Sliabh Luachra. Is iomaí tagairt a dhéantar dó san fhianaíocht: *do Shliabh leathan-mhór lán-aoibhinn*

Luachra, ‘and to broad, great and pleasant Sliabh Luachra’ (TDG, línte 477–8); *ocus co sliab lánaoibinn luachra* (SG I, lch. 263), ‘onto pleasant *sliabh luachra*’ (SG II, lch. 297). Beagnach dhá chéad míle atá idir Sliabh Luachra agus Binn Éadair. Tá an deacracht seo leasaithe i bhfinnéithe áirithe. Céad fiche míle a luaitear in B3 (*sé fithchid mile*, ‘six twenty miles’); agus ochtú míle atá i gcuid de na finnéithe deireanacha (féach, mar shampla LNÉ G1135: *ceithre fithchead míle go cínnte* ‘exactly four twenty miles’). Cloíonn formhór na dtraidisiúin leis an léamh thuas, áfach. Tá *go cínnte* aistrithe agam mar ‘certainly’ san eagrán ach d’fhéadfaí é seo a aistriú mar ‘exactly’ chomh maith.

127–8. más í do thoil é: Féach 3.1.6 (vi).

128. breith do ghill: Maidir leis an gcoigeartú ó *gheill go ghill*, féach 3.1.1 (xi).

130. siar: Tá an léamh lochtach lámhscríbhinne *sair* coigeartaithe agam go *siar* óir is é an turas siar ó Bhinn Éadair go Sliabh Luachra atá i gceist.

130–2. go dtugm[a]ís taisbē[a]nadh dā chéile ar airdeal[l] na slighe a ngéabhm[a]id ag gabhāil a-niar a-márach dhūinn: ‘so that we might show each other the course that we will be taking back eastwards tomorrow’. Tá mé in amhras faoi bhrí an fhocail *airdeall* sa chomhthéacs seo. In ainneoin go bhfuil an t-ainmfhocail seo sách coitianta i nGaeilge chomhaimseartha Chonnacht (FGB s.v. *áirdeall*), ní heol dom sampla ar bith eile i litríocht na Nua-Ghaeilge Moiche. Níl an t-ainmfhocail ar fáil in *DIL* ach tá O’Rahilly (1942, 217) den tuairim gur shíolraigh sé ó *arndel* na Luath-Ghaeilge (*DIL* s.v. *airndel*), ‘trap, snare’. Is mar ‘alertness, watchfulness’ atá sé aistrithe in *DINN* (s.v. *airdeall*). Ní thiocfadh ceachtar den dá bhrí seo leis an gcomhthéacs agus is mar *awareness / knowledge* a thuigim sa chomhthéacs seo é, brí nach bhfuil rófhada ó *alertness*. Níl *airdeall* i gceann ar bith de na traidisiúin eile, rud a thabharfadh le tuiscint

go mb'fhéidir go raibh sé neamhchoitianta go maith. Tá *eolus na slighe* agus *dul na slighe* ina áit in C1 agus C2 faoi seach.

140. Mo chás féin de sin: ‘as for me’; féach O’Rahilly (1921/23, 13 n.1).

142. ar [a] amharc: Tá an cuspóir in easnamh sa léamh lámhscríbhinne ‘*ar amharc*’ (LS) agus mar sin tá an forainm sealbhach, 3u. curtha ar fáil agam. Go litriúil: ‘on its looking’, i.e. ‘to see it’.

143–4. mā tā go dtiocfa liomsa áras ar bith do dhē[a]namh ann, a gcomhnóchaidh mé féin a-nocht: ‘if I manage to build any dwelling there in which I will stay tonight’; d’fhéadfaí é seo a léamh mar *do dhéanamh ina gcomhnóchaidh* chomh maith (féach *ann* in áit *in* in *ann do bhriathraibh* (30)).

146. iarna: réamhfhocal *iar* + urú + forainmneach sealbhach 3u.; déan comparáid le *arna chlos* (116, 213) agus féach freisin 3.1.2 (xii).

do ghluais...fon [g]coill: ‘into the wood’. Ní dhéantar idirdhealú idir na hathruithe tosaigh a bhíonn ar lorg na réamhfhocal a leanann an tuiseal tabharthach iad agus ar lorg réamhfhocal a leanann an tuiseal áinsíoch iad go hiondúil sa téacs seo (3.1.2 (xi)). Tá an léamh lámhscríbhinne ‘do ghlúais...fon coill’ coigeartaithe anseo agam ó go *fon gcoill* i bhfianaise *do ghluais fon gcoill* (162), ‘into the wood’, ach féach freisin *do ghluais fon choill* (151–2), ‘into the wood’.

149. fana ndīol taobhán 7 caolaigh: ‘along with a sufficiency of beams and twigs,’ ach go litriúil ‘with their sufficiency of beams and twigs’.

150. do budh riachtanas dó: Ba litriúla an t-aistriúchán ‘that was a necessity for him’. Foirm dhéanach í *riachtanas*, dar le Greene (1977, 157). D’úsáití an fhoirm seo mar chuid den fhrása *riachtanas a leas* de ghnáth ach tá sé ar fáil ina aonar go coitianta i

dtreo dheireadh na tréimhse clasaicí. Féach mar shampla: *Des.*(1220); *TBB* (3695), *DBM I* (14.2c).

151. fo dhíon 7 fo thé[a]gar: Is ionann, go bunúsach, brí na bhfocal *díon* (*DIL* s.v. *dín*) agus *téagar* (*DIL* s.v. *técar*) sa chomhthéacs seo, de réir mar a thuigim, agus an frása aistrithe agam mar ‘under a roof and shelter’ dá réir.

155. d’oirchill ar an oidhche: Déan comparáid idir an struchtúr seo (do + oirchill + ar) agus *i n-oirchill na maidne* (180) (i + oirchill + tuiseal ginideach). Is cosúil go gceadaítí an dá nós san fhilíocht (féach *d’oirchill* (McKenna 1931, 5.47); *i n-oirchill an ardfhilatha* (Ó Donnchadha 1931, 8.33b), ‘in preparation for the kingdom of Heaven’.

156. soláthair: Tá an léamh lochtach lámhscríbhinne *solar* coigeartaithe agam go *soláthair* (*DIL* s.v. *soláthar*) i bhfianaise na dtraidisiúin eile ar fad. Glacaim leis go mbaineann litriú na lámhscríbhinne le cúrsaí canúna.

156–7. dom fhéagmais féin: Bheifí ag súil leis an réamhfhocal ‘i’ in áit ‘do’ sa NGC, agus is é seo atá i dtraidisiúin B agus C (*am eagmais*). Tá sé aistrithe agam da réir sin: ‘when I was in need’. Tabhair faoi deara an *f* neamhorgánach chomh maith (*DIL* s.v. *écmais*).

160. ag fiad[h]ach nā fiansgaradh: Tá seo aistrithe agam mar ‘hunting or chasing game’. Níl mórán samplaí den chomhfhocal *fiansgaradh* (*DIL* s.v. *fián* + *DIL* s.v. *scarad*) sa litríocht. Glacaim leis go mbaineann sé leis an modh seilge ina scartaí an fiach ón tréad. Is in *SEC* atá an sampla is luaithe a d’aimsigh mé den chomhfhocal seo: *gach fiadhach gach seilg agus gach fianscaradh* (*SEC*, lch. 74), ‘every hunt’. Comhfhocal níos comónta, *fianchosgair*, (*DIL* s.v. *fián* + *DIL* s.v. *coscar*) atá i dtraidisiúin B1, B2, B3 agus C1. An léamh atá in C2 ná *aig fiadhach fo na coillte* ‘hunting in the woods’. Tagann na léamha uilig le héirim an scéil.

162. fon gcoill: ‘into the wood’. Féach *do ghluais...fon gcoill* (n. 146 thuas).

166. do scoith sé [ó] na mucaibh: Tá an léamh ‘do sgáith’ (LS) coigeartaithe agam go *do scoith* (*DIL* s.v. *scothaid* (2 *scoth*)), agus é á léamh agam mar ‘scattered / seperated’.

Scar atá ag finnēithe eile uile agus bheadh an léamh sin go breá anseo chomh maith.

Féach, mar shampla, B1: *7 an torc budh mó 7 budh tinne don sgaoith sin do sgar se ón maclaicc é...*, ‘he separated the largest and strongest of the boars from the pigs ...’.

Tabhair faoi deara freisin *tinne* in áit *sine*. Maidir le comhréir na habairte, tá gá leis an réamhfhocal simplí ‘ó’ a chur ar fáil: ‘separated from the pigs’.

169–171. do chōraigh go glan deaghtapaidh 7 do chu[i]r ’na dhá leith

chomhthroma ar dhá bhior chruaidhe chuillinne é, ar dhá thaobh na tine

lānmhō[i]re-sin dá rōsda é: Tabhair faoi deara go bhfuil an forainm é ar fáil faoi dhó anseo. B’fhéidir go mbaineann an dá é seo le fad agus le castacht na habairte.

174–5. tighe Barúin Innse Cuinn: Cruthaíodh an bharúntacht seo i gContae an Chláir sa bhliain 1543 do Mhurchadh Ó Briain, Prionsa Thumhain. Ní fios cé acu barún atá i gceist anseo. (Déanaim an plé ar an gceist seo i gCaibidil 1.3). Seans gur tagairt é an teach seo do chaisleán Inse Uí Chuinn i gCora Finne a tógadh sa chúigiú haois déag agus a bhí i seilbh mhuintir Uí Bhriain go dtí gur tréigeadh i dtreo dheireadh an ochtú haois déag é (MacNamara 1901, 341–64).

175. deich míle fíthead ō Shliabh Luachra: Arís, níl mórán de bhunús tíreolaíochta leis an bhfad seo (féach n. 126–7); is lú ná tríocha míle idir Cora Finne agus ceantar Shliabh Luachra. Tagann na finnēithe neamhspleácha le chéile sa chás seo. Ach féach traidisiún níos deireanaí: *do bhídh deith míle 7 dhá fhithchiod ó shlíabh luachra* (LNÉ G 1135, lch. 9), ‘that was fifty miles from Sliabh Luachra’.

177–8. 7 an t-ualach-sin gan easb[h]aidh ris: ‘without losing any of that load,’ ach ba litriúla ‘and that load not lacking’.

180. i n-oirchill na maidne: Féach *d’oirchill ar an oidhche* (n. 155 thuas).

182. go sochma saoitheam[h]ail: Ba litriúla ‘wisely / truly’ mar aistriúcháin ar *saoitheamhail* (*DIL* s.v. *suíthemail* (a)) ach is fearr a thagann ‘contentedly’ leis an gcomhthéacs anseo (féach freisin *DIL* s.v. *suíthemail* (b), ‘fair, beautiful, pleasant, agreeable’). Luaitear *sáoitheamhuil* / *sáoidheamhuil* in *IGT* i (§153) agus tá corrrshampla sa dán díreach: *A fuirm éidigh bhur ndealbha / tuigfid saoithe saoitheamhla*, ‘From the ugliness of your composition / true sagas can gather’ (McKenna: 1951, 352–63). Sampla é seo de *samhlughadh amhail* (féach *ABP*, nótaí 52–3). Tagann traidisiúin éagsúla B leis an léamh seo ach *sochma socair* (‘comfortably and easily’) atá in A2, *go sásta*, ‘happily’ atá in C1 agus *go sochmha* (gan *saoitheamhail*) atá in C2.

san gcathaoir: Tá *san gcathaoir* aistrithe agam mar ‘into the chair’, ach d’fhéadfainn é a aistriú mar ‘in the chair’ ós rud é nach gcloítear leis an idirdhealú idir réamhfhocail a leanann an tabharthach iad agus réamhfhocail a leanann an áinsíoch iad. Féach *fon gcoill* agus *fon choill*.

186. go lánsholasda: Sampla é seo den déantús aidiachta *tulshamhlughadh* (féach *ABP*, nótaí 52–3).

187. do bhí sínte: Go litriúil: ‘who was stretched out’. Tá sé aistrithe agam san aimsir chaite fhoirfe ‘who had been stretched out’ le teacht le gcomhthéacs na habairte.

190–1. 7 do chomail bos dā shūilibh: Ba litriúla an t-aistriúchán ‘and he rubbed [his] palm against his eyes’.

191–2. gan chodla[dh]: Go litriúil: ‘without sleep’.

193. san mbealach: Tá seo aistrithe agam mar ‘on the way’, féach freisin *isin bhfairge* (n. 4).

195. tapánta troighmhall: Níl heol dom aon sampla den dobhriathar *go tapánta* sa Nua-Ghaeilge Mhoch. Féach *DINN* (s.v. *tapánta*; ‘apt to slip, blunder, drop, let fall’). *Teampánta* atá i bhformhór na dtraidisiún (*DINN* s.v. *tiompánta*; ‘disorderly, troubled, surly’), ach níl an fhoirm seo dearbhaithe go maith ach an oiread. B’fhéidir go síolraíonn sé ó *tiompán* (*DIL* c.v. *tiompán*). Tá *tapanta* ‘quickly’ i nGàidhlig na hAlban (*Dwelly* s.v. *tapanta*) ach thiocfadh an bhrí seo salach ar fad ar éirim an fhrása. Tá an fhéidearthacht ann go mbaineann sé le *talcánta* (*DIL* s.v. *tolgánta*, ‘impetuous’) agus gur athraíodh an ‘lc’ go ‘p’ trí analach. Tá sampla den fhocal seo in *Giolla an Fhiughha*: ‘Tógann sé [.i. an giolla] féin ar na bonnaibh diana deaghreatha, do na coiscéimibh *tulcanta talcanta tréan-mhór*, ‘The lad raises himself on powerful quick-running footsoles, with vigorous, valorous, might-great steps’. Féidearthacht eile atá ann na go síolraíonn sé ó *tapóg* (*DIL* s.v. *tapóg*; ‘an accident, slip’) agus gur cuireadh an foirceann *firinscneach* -án leis. Thiocfadh seo le míniú an Duinnínigh ‘apt to slip, to blunder’, agus thiocfadh sé go deas le brí an téacs chomh maith. Is mar ‘clumsily’ atá sé aistrithe anseo agam.

200. gan iomarcaidh gan easb[h]aidh ’na chorp féin: Glacaim leis gur ‘just right’ atá i gceist le *gan iomarcaidh gan easbhaidh*. Féach freisin 148–9.

204–5. do theilg: Tá an léamh lámhscríbhinne *do thleig* coigeartaithe agam go *do theilg* chun go dtiocfadh sé le héirim na habairte. Tagann seo le traidisiún B agus C freisin. Tá sé fágtha ar lár ar fad in C2.

207. crinn: Ainmbhriathar an bhriathair ‘creinnid’ (*DIL* s.v. *creinn*) atá anseo.

210. do bhī tusa chrinn: Féach 3.1.5 (xi)

210–11. is cóir dhuitse caoi shiubhail is fearr inā sin do chur ort féin: Ba litriúla

‘you ought to improve your way of travelling’ ach is ionann an méid seo agus ‘you should quicken your pace’ i gcomhthéacs an rása.

215. fa charraigeacha ceanngharbha, nó fa shleasaibh sléibhe: Bheifí ag súil le *fa chairrgibh...fa shleasaibh* sa NGC. Féach tagairt 3.1.1 (iv) maidir leis an ainmneach ag teacht i dtreis ar an tabharthach iolra.

217. Tá coigeartú déanta agam ar an léamh lámhscríbhinne *síorimtheacht* ós rud é go nglacaim leis go bhfuil an t-ainmfhocail faoi réir ag *réim reatha: don réim reatha siub[h]ail 7 síorimtheacht[a]*.

220. ag síorithe smé[a]ra: Maidir le foirmeacha an ainmfhocail *sméar* sa téacs, féach 3.1.1 (iv) agus 3.1.1 (vi). Is mar ‘to greedily eat’ a aistrím *ag síorithe*, cé go mba litriúla ‘to incessantly eat’. Féach freisin *ag síorithe* (247–8).

do na toraibh: Tá deacracht leis an léamh lámhscríbhinne ‘do na torsaibh’. Glacaim leis gurb é an t-ainmfhocail *tor* (*DIL* s.v. 4 *tor*, ‘bush’) atá i gceist anseo, agus gur botún scríobhaí is cúis leis, agus ‘rr’ á léamh mar ‘rs’. Ach féach gurb é an foirceann céanna (-saibh) atá i bhfinnéithe uile thraidisiúin B (B1: ‘dona trosaibh’ (LS); B2: ‘dona trosaibh’ (LS) B3: ‘don torsaibh’ (LS)). Ní heol dom aon fhoirm den tabharthach iolra a bhfuil an foirceann ‘-saibh’ aici. Fágтар ar lár ar fad in C é agus *do na dréisogí* (*DIL* s.v. *dris*, ‘bramble, briar, thorn-bush’) atá ina áit in A2 agus *dona drisleacha* in C2.

233. do-rís: *A-rís* atá sa téacs de ghnáth. Maidir leis an bhfoirm seo, féach 3.1.9.

237. caoi shiub[h]ail: Féach n. 210–11 thuas.

241–2. mar ghal gaoithe lā ruadhmhárta: Is mar ‘a fine March day’ atá an comhfhocail *ruadhmhárta* aistrithe agam (*DIL* s.v. *ráad* (b)). Féach an sampla seo den aidiacht *ruadh* san fhilíocht: *is mór do muir is do thír / do mac rí, don ruide rúaid*,

‘much sea and much land were traversed / by the king’s son, on that gallant journey’ (Gwynn 1913, 120). Ní heol dom sampla ar bith den aidiacht *ruadh* á úsáid le cur síos ar dhéanamh ar thréimhse ama ar leith nó ar an aimsir ach tá sé ar fáil i dtraidisiúin A, B agus C1.

248. go raibh sáitheach subhlíonta: Ní thuigim céard go díreach atá i gceist leis an léamh lámhscríbhinne ‘síobhlíonta’ (LS) agus glacaim leis gur léamh lochtach atá ann. Léiríonn finnétithe eile mearbhall áirithe maidir leis seo agus iad ar fad ag teacht salach ar a chéile: A2 *siabhlinte* (?), B1 & B3 *sámhlíonta*, ‘contently full’; B2 *síorlíonta*, ‘constantly full’; C1 *taobhlíonta*, ‘full in his body’; C2 *bolglíonta*, ‘full in his stomach’. Féach an méid atá in LB Eg 154 (ar a bhunaigh an Grádach a eagránan): ‘is *an sin* da chruin an b. ag ithe smeur do na drEsogaid no go ndearnadh sac suibhlionnta dheith féin’ (LS, lch. 15), ‘where he devoted himself to eating of blackberries from the brambles until he had made of himself a juice-filled sack’ (SG II, 330). Tá coigeartú déanta agam ar an léamh lámhscríbhinne go *subhlíonta* (DIL s.v. *sub* + *líonta*) ós rud é gur iomaí neamhréireacht atá sa téacs maidir le litriú agus le réiteach na ngutaí lena chéile. Thiocfadh an léamh seo go deas le héirim an scéil.

252. gual gaibhnidhe gabhan[n]: Ba litriúla ‘a blacksmith’s smithing coal’.

253–4. go talchar troig[h]éasgaidh: ‘wilfully and promptly’: Féach *talchar* (DIL s.v. *talchar* (b)). Comhfhocal é *troighéasgaidh* den ainmfhocal *troigh* (DIL s.v. 1 *trag* (a)) agus den aidiacht *éasgaidh* (DIL s.v. *éscaid*).

267. go ndub[h]airt Fionn: Is leagan coigeartaithe é seo den léamh lámhscríbhinne ‘go ndubairt fionn, 7 na fiana’ (LS). Glacaim leis gur sampla den diotagrafaíocht atá ann (féach an líne os a cionn: ‘do ghlac sganra 7 imEgla mhor fionn 7 na fiana go

coitchionn' (LS)). Tacaíonn léamha B agus C (*go ndubhairt Fionn*) leis an gcinneadh eagarthóireachta seo.

274–6. Atā sgē[a]la maith agam le tab[h]airt dībhse ...nach fēidir liom a

gcraobhsgaoileadh: Tá an fhoirm *sgéala* ag feidhmiú mar fhoirm uatha agus mar iolra sa téacs. Is léiriú í an abairt thuas ar an mearbhall seo, agus an aidiacht *maith* (ag cáiliú an ainmfhocail *sgéala*) san uimhir uatha, ach an forainm sealbhach roimh an ainm bhriathartha (ag déanamh tagartha don ainmfhocal) san uimhir iolra. Féach freisin 's *ē sin mo sgéala* (82).

281–2. an tan do bhí Caol an Iarainn [ag] teacht fon lāthair: Dar liom gur fearr an t-aistriúchán 'came' ná 'was coming' sa chomhthéacs seo.

283–4. dá n-athc[h]omadh: Féach *DIL* (s.v. *athchumma*).

301. lerab maith: Tá cúpla sampla de *lerab* i *SGBM*. Féach mar shampla *Des* (líne 2166); *BSF* (líne 664); *LF* (líne 172).

302–3. mā b[h]eir tū grian 7 éasga i dtacaidheacht, 7 i slānaigheacht damhsa: Móitíf chomónta í seo i bpróstéacsanna na Nua-Ghaeilge Moiche. Féach, mar shampla: *Tug seision grian agus éasga agus ranna nimhe agus talmhan do Choingculainn re comhuli agus re cóimhlíonadh gach a naisgfeadh air* (TGG, lch. 54), 'He gave [the] sun and moon and the stars of heaven and earth [as guarantors] to Cú Culainn to keep and to fulfil all that would be sought of him'; *thug sé grian agus éasca agus na huile dúile ar cheana le sin do chóimhlíonadh* (Macalister 1908, lch. 70), 'he gave the sun and the moon and all the remaining elements to fulfil that'.

310. do thug preab láidir: Féach 3.1.1 (iii).

315. fillis: Féach 3.1.4 (i).

316–17. Manannān mac Lir: Carachtar mistriúil a luaitear le Tuatha Dé Danann ón deichiú nó aonú haois déag (Ó hÓgáin 1990, 286–7). Ní hionann an Bodach agus Manannán mac Lir i ngach ceann de na traidisiúin. Tá plé air seo i gCaibidil 1.2.

317. síogaidhe na Cruachna: ‘Cruachain’: rath a shamhlaítear le Ráth Chruachan i bparóiste Ail Finn i gContae Ros Chomáin.

Maidir le leaganacha éagsúla d’alt deiridh an scéil féach Caibidil 2.2, Figiúr 5.

Aguisín I: Sleachta as ARÉ 24 B 22

Tagann ARÉ 24 B 22, go bunúsach, le traidisiún B, arb é an traidisiún is mó a scaipeadh den téacs é, ach gur cuireadh dhá eipeasóid leis an scéal (ag §10 agus §19 den eagrán).

Díol spéise nach maireann an leagan athchóirithe seo ach sa lámhscríbhinn seo amháin, go bhfios dom. Is i Luimneach a breacadh í c. 1772 (féach Caibidil 2.3).

(i) §10: Sa leagan seo, is iomaí eachtra a bhaineann don Bhodach i dteach an bharúin agus i ndiaidh dó mórán gaiscíochta a dhéanamh fuadaíonn sé bean chéile agus iníon an bharúin toisc go bhfuil sé de gheasa air aon oíche amháin a chaitheamh gan bean éigin a bheith sa leaba leis.

(ii) §19: Ag deireadh an scéil, tar éis don Bhodach Caol an Iarainn a threascairt agus a sheoladh ar ais go dtí an Teasáil, tagann Barún Inse Uí Chuinn ag lorg a mhná agus a iníne agus slua fear in éineacht leis. Bíonn cath ann agus éiríonn leis an mBodach saighdiúirí an bharúin a chur chun báis. Tá an bhuirlisc agus an greann fantaisíochta go mór chun tosaigh san insint seo; caitheann an bodach púdar draíochta ar na saighdiúirí marbha agus éiríonn siad arís chomh slán agus a bhí siad riamh, agus leagann sé fir, mná agus páistí na dúiche le forneart a bhroma. Tugann sé rogha do mhná an bharúin filleadh abhaile arís nó fanacht ina theannta agus deir siad beirt nach scarfadh siad leis an mBodach go deo.

Tá an dá shliocht in eagar anseo agam mar shampla de bhuirlisc an leagain áirithe seo agus mar shampla d'ionchur cruthaitheach na scríobhaithe sa tréimhse iarchlasaiceach (féach Caibidil 4.1).

Leanaim an polasaí eagarthóireachta agus an modh aistriúcháin a leagadh amach i gCaibidil 4.2–3 anseo. Tá nótaí ar an téacs curtha ar fáil agam ag deireadh an tsleachta. Baineann na nótaí le brí an téacs féin agus ní dhéanaim mionphlé ar theanga na

lámhscríbhinne seachas nuair atá doiléireacht ag baint léi, nó tionchar ag gné ar leith den teanga ar an aistriúchán nó ar an tuiscint a bhainim as an sliocht.

Tá an lámhscríbhinn seo caite agus salach in áiteanna (leathanaigh 180–1 go háirithe), agus tá bearnaí agus comharthaí ceiste san eagrán thíos dá dheasca sin.

Cúrsaí teanga

Ní dhéanaim cur síos iomlán anseo ar theanga na lámhscríbhinne seo ach féach na gnéithe seo a leanas atá coitianta inti:

- Is é ‘-(e)ag’ foirceann na faí céasta san aimsir chaite: ‘do riniog’ (LS); ‘do bhuailiog’ (LS), srl. Tá coigeartú déanta agam ar na léamha lámhscríbhinne sin: *do-rinneadh* (8); *do buaileadh* (14). Glacaim leis go mbaineann an fhoirm lámhscríbhinne le cúrsaí canúna: is mar *-ag* a scríobhtaí *-adh* go minic i nGaeilge na Mumhan (féach SNG V, 449). Tá go leor samplaí den fhoirceann seo in *TF*: *Do briseag agus do mionbhrúghag* (líne 1699); *do ruaigeag* (líne 2484); *Do lámhaigheag* (líne 2566); srl.
- Tabhair faoi deara go bhfuil *ná* ar fáil in áit *nach* go minic anseo: *ná tabhradh* (5, 12); *ná biadh* (32); srl. Tá an claonadh seo comónta i nGaeilge na Mumhan chomh maith (SNG VI, §8.63).

Sliocht I (ARÉ 24 B 22, lgh. 170–2; = §10 den eagrán)

1 §1. Is ann sin do ghluais an Bodach go lāinéasga *mar* luas ainne nō fearbóige
2 roim[h]e, 7 sosa nā sgíth ní dhearna go ráinig sé chum tigh[e] Bharúin Innse Uí
3 Chuinn, do bhí deich míle fichead ó Shliabh Luachra, 7 do bhí an bácaoir *tar* éis
4 lucht aráin do bhuain as an mbácús, 7 d'iar[r] an Bodach cheithre bológa don
5 arán *air*. A-d[u]b[h]airt an bácaoir ná tab[h]radh sē aonbhológ dā s[h]am[h]ail-
6 sin d'ainmhidhe diabhlaidhe. Ann sin do rug an Bodach *ar* an mbācaoir 7 do
7 cheangail go cruaidh daingean dosgaoilte ē, 7 do c[h]aith a-steach san mbácús é,
8 7 do-rinneadh luaithre de. Ann sin do g[h]aibh an Bodach snáthad chuige 7 do-
9 rin[n] sé sac mór leitheadach don chóta *lacht*na, 7 do chuir sé an méid aráin do
10 bhí san teaghlach ann.

§1 1. áinle; 2. dheárna, go ráinig sé ~~go ráinig~~, [...]igh Bharruinn; 3. deith,
fhithchiod; 4. bhuainn; 5. táburthach, bhullog; 7. cruaig; 8. do riniog; 9.
leithéadach; 10. teághlach

11 §2. Téid an Bodach chum máistir an tsiléir 7 d'iar[r] d[h]á bhairille fíona *air*. A-
12 d[u]b[h]airt ná tabhradh, nā aonni *eile*. Ní maith do bhí an focal as a bhéal an
13 tan do bhuaileadh an Bodach bas *air*, 7 do chaith sé a *cheann* dá cholainn, 7 *ar*
14 imtheacht don *cheann* ón gcolain[n], do buaileadh *ar* choire do bhí faoina lán
15 feóla ag fiuchadh *ar* an *teine* é, 7 do-chua[i]dh an *ceann* tríd an gcoire 7 tríd a[n]
16 bhfú[i]rnéis, 7 trí bhal[l]aidhe an dūna a-mach 7 téid sé ann sa tsiléir 7 do thug
17 d[h]á bhairille fíona as.

§2 **11.** tshoilléir, bharuile; **12.** tabharthach; **13.** cholluin; **14.** do buailiogh; **16.** tshuiléar; **17.** bharruile

18 §3. [Ann] sin do-chua[i]dh sé *mar* a raibh Barún Innse Uí Chuinn 7 do innis do
19 *gurab ar t[h]uras* ó F[h]ionn mac *Cumhaill* do bhí sé, 7 go raibh comhnaidhe na
20 hoidhche-sin *air* ag Sliabh Luachra, 7 go raibh geasa *air gan* aonoidhche [do]
21 chodladh choidhche *gan bean* do b[h]iadh *ar* aonleabaidh leis, 7 *gurab ag*
22 *iarra[idh]* iasacht a mhná nō [a] *inghine air* sin tá[i]nig sé, 7 cia aca a bhean nō
23 a *inghean* do thabharfadh sé dho, go gcuirfeadh sé chuige *arna mhāireach í*. Do
24 ghlaodhaig[h] Barún Innse Uí Cuinn *ar* a mhuintir 7 a-dub[h]airt leó an t-
25 ainmhidhe allta diab[h]laidhe-sin do thógbháil leó as a radharc 7 é do
26 chrochadh, nó aondrochbhás *eile budh* mhaith leó do thab[h]airt do. Ann sin do
27 chruinnigheadar *ar* gach taobh timcheall an B[h]odaigh, 7 fé *mar* thigidís do
28 cheangladh an Bodach iad, ion[n]as *gur* cheangail 7 *gur* chruadhchuibhrigh na
29 trí míle laoch *calma* do bhí i dteaghlach Barúin Innse Uí Chuinn *ar* an láthair-
30 sin.

§3 **18.** barrún; **19.** cómhnaidhe; **20.** hoidhe, luachradh, óidche; **21.** chodhladh, choídhch; **22.** cia] biadh; **23.** thaburfach; **24.** mhuinntir; **25.** tainibhidhe, raidearc; **27.** do cruinníoghdar, tímpcheall; **28.** cheanglach, cheannghail, chuíbhright; **29.** ttéaghlach, baruinn

31 §4. Ann sin do labhair an barún 7 d'iar[r] *ar* an mBodach gan a mhuintir do chur
32 chum báis 7 go dtiúradh sé [a] *inghean* do. A-dub[h]airt an Bodach ná *biadh* sé
33 sásda *gan* a bhean 7 a *inghean* d'f[h]áil, 'óir', *ar* sé, 'dá dtugthá-sa t'inghean

34 dam[h] ar dtúis, le toil mhaith, ní dhéanfain[n] ní bhus mó imris. Gidh eadh ó
 35 ghéibhim do d[h]rochaigne dham[h], luighim fám dhē[i]thibh aidheartha go
 36 mbéarfad do bhean 7 t'inghean uait.' 7 arna rádh sin do, do-chua[i]dh sé mar a
 37 raibh bean 7 inghean an bharúin, 7 do chuir 'na suidhe [go] socair ar a dhá
 38 ghualain[n] iad 7 an cóta lachtna faoina lán aráin ar mhul[l]ach a chinn, 7 bord
 39 [7] trí cathaoireacha os a chionn-sin, 7 an dá bhairille fíona faoina d[h]á asgail, 7
 40 níor stadadh leis go ráinig go Sliabh Luachra tar ais 7 an t-ualach sin gan
 41 uireasb[h]aidh leis.

§4 **31.** bárrun, mhuinntir, chuir; **34.** thoil, ní] aní; **35.** lúighim; **37.** baruinn,
 suígh, shocair; **38.** bórd; **39.** caithioracha, bharruile, osgail

42 §5. 7 ar dteacht an[n] sin do, fuair a chuid bídh glan réid[h] roimhe, do leag [a]
 43 ualach de 7 do chuir an bheirt bhan ina suidhe le taobh na teine, 7 do chuir fáilte
 44 m[h]iochair reampa, 7 do thóig a chuid bídh ōn dteine 7 do c[h]uir a leath go
 45 cothrom i dtaisge d'oirchill na maidne, 7 bairille don fhíon, 7 do chuir an leath
 46 eile don bhiadh ar an mbord, 7 bairille don fhíon, 7 do shuid[h] go sochma
 47 saoitheamhail ann sin 7 d'iar[r] ar na mnā cuid don bhiadh d'ithe 7 a-dubhradar
 48 ná déanfadaois. A-dub[h]airt an Bodach leō gan buaireamh nā cathughadh do
 49 bheith ortha, 7 go raibh cian d'aimsir ón tan do thug sé searc 7 síorghrádh do
 50 gach n-aon aca, 7 nā fuair ártach chum [a] aigne do chuir i gcrích gus an uair-
 51 sin, 7 'ní sgarfa mé libh go lá mo bháis' ar sé.

§5 **42.** bídhe; **43.** iona, súighe; **44.** reómpadh, bídhe; **45.** cothram, doírchill,
maidhne, baruile; **46.** mbórd, baruile, do ðe; **47.** a-dubhuradar; **50.** acá, gcríoch;
51. sgartha

52 §6. *Acht* cheana, d'ith mian a thola don bhiadh-sin, 7 d'ól bairille fíona ina
53 dhiaidh, is ann sin do chroith lánb[h]eart luachra faoi *ar* urlár an lóisdín-sin 7 do
54 luig[h] síos ina leabaidh 7 do chuir sé na mná ina luighe *ar* gach taobh dhe, 7
55 do bhí amhlaidh-sin ag súgra[dh] le[is] na mná *gur éirg[h]e* grian go
56 lánsholasda as cran[n] pobail tinntidhe na talmhan, *gur shoillsigh* sī cnoic céide
57 7 cábhain coillte cluthardha comhthorthacha 7 máighe āil[l]e mínsgothacha ina
58 dtimcheall.

§6 **52.** *ceadhna*, thoile, baruile, iona; **53.** dheag, úrlár, lóisdínn; **54.** iona, iona,
lúigh; **56.** puibil, talmhann, soighillsig; **57.** cabainn, cómhthorthach
minnsgothach, iona; **58.** ttímpceall

Sliocht II (ARÉ 24 B 22, lgh. 177–80; = §19 den eagrán)

59 §7. D'fhill an *Bodach* tar ais mar a raibh Fionn 7 an fhian 7 d'f[h]ear Fionn 7 an
60 fhian go fíorchaoín fáilte roimhe, 7 do bhádar go súgach soilbhir
61 soimheanmnach. Níor chian dóibh mar sin go bhfeacadar an sluagh mór do
62 chois 7 d'each ag déanamh ortha, 7 do chuir Fionn gaisgidheach don fhéin dá
63 fhéachain créad iad an mórshluagh-sin, 7 do thug sgéala leis gurab[h] é Barún
64 Innse Uí Chuinn do bhí ann ag lorgaireacht a mhná 7 [a] inghine do rug
65 ainmhidhe allta diab[h]laidhe don fhéin dá aimhdheóin uaidh. 'As iad-so bean 7
66 inghean an bharúin agad, a *Bhodaigh*,' ar Fionn. 'As iad go de[i]mhin,' ar an
67 *Bodach* 7 ar sin táinig an barún do láthair Fhinn, 7 do chrap a ghlú[i]n, do
68 chrom a cheann, 7 d'fhear a cholainn, 7 tug comhartha umhla 7 urraime don
69 ríghf[h]éine, 7 do innis do mar do rugadh a bhean 7 a inghean uaidh, 7 nár
70 mhór go bhfaghadh sé sásamh maith ina mhasla. D'f[h]iafraigh an *Bodach* de
71 créad é an sásamh *budh* mhaith leis d'fhaghail. 'A-tá,' ar sé, 'mo bhean 7
72 m'inghean d'fhaghail dham[h] a-rís, 7 an mórcheann-sin ortsa do bhuain dod
73 cholainn i n-ēiric mo mhasl[agh]adh.' 7 dubhairt an *Bodach* ná léigfeadh sé féin
74 a cheann leis fá dheóin. 'Mura léige,' ar an barún, 'léigthir dot aimhdheóin,' 7
75 arna rádh[a]-sin do, do sgread ar a mhuinntir 7 d'iarr orth[a] mí[n]ghreana
76 beaga buanraobtha do dhéanamh don Bhodach.

§7: 59. Dfheill; 60. soilibhir; 61. soimheanamnach, chían ~~chian~~, mór, slúagh ~~slúadh~~; 63. barrunn; 65. ainimhidhe, uaig; 66. barruinn; 67. bárrún; 68. chromm, dfhearr, cómhurtha, úmhla, urama; 69. rugag, uaig; 70. bhfághadh, iona; 71. dfhághail; 72. d'fághail; 73. chodluin; 74. barrún, dod, taimhdheoin; 76. buanraobhtha

77 §8. *Ar sin do thug an sluagh-sin uile a n-aghaidh ar an mBodach 7 ní ar thlás ná ar*
 78 *thime ná ar tharcaisne do-chua[i]dh an Bodach, acht do thar[r]a[i]ng a*
 79 *ch[l]oidheamh a-mach 7 do thug aghaidh ar an sluagh iomdha-sin gur ghaibh*
 80 *tríotha amhail do rachad[h] seabhac fá mhionéanaibh, nō faolchona fá*
 81 *m[h]óorthréada ar mac[h]aire réidh róf[h]airsing, nó mar mhíol mór fá*
 82 *m[h]ioniasgaibh, nó mar bhuin[n]e dian díleann ag sgeith le hucht ardshléibhe,*
 83 *ionnas go ndearna sé brise[adh] 7 sgaoile, sgaipe 7 sgannra 7 cumhdach*
 84 *coitc[h]eann cnámhghear[r]tha don mhórshluagh-sin, gur chuir sé i n-ár 7 i n-*
 85 *easb[h]aidh 7 gur thimpc[h]eall 7 gur chruin[n]ig[h] 7 gur chomhthuargain.*
 86 *Acht cheana, do budh é críoch an ghleō-sin ná deacha[i]dh fear innste sgéil as*
 87 *na deich míle laoch do bhí ag an mbarún ar an láthair-sin gan brón báis d'imirt*
 88 *ortha, 7 tar éis an chnámhghearra[dh] coimhdhiachrach-sin, do-chua[i]dh an*
 89 *Bodach mar a raibh an barún 7 do bhuail compar a chlēibh chum talmhan 7 do*
 90 *cheangail go cruaidh daingean dosgaoilte é, 7 d'iar[r] ar an té budh neasa dho*
 91 *don fhéin biorchuaile maith láidir cuilinn do thab[h]airt chuige, go gcuireadh sé*
 92 *ceann an Bharúin air.*

§8. 77. áighaidh; 79. áighaidh, iómdha; 80. faolchúbha; 81. mhioll, fá fá; 82.
 mioniasghaibh, árdshleibhe; 83. ionus, ndearna, cumhthach; 84. mórshlúadh; 85.
 chómhthúarguin; 86. céadna; 87. déith, mbarrún, dimirt ~~dimirt~~; 88.
 cóimhdhiachrach; 89. barrún, cóimpir, talmhann; 91. cuilinn, gcuireach; 92.
 barruinn

93 §9. ‘Ná cuir chum báis mé,’ ar an barún ‘7 maithim dhuit a ndearnais orm ó thúis
 94 go deireadh, 7 be[idh] mé dod réir ar feadh mo látha; 7 as lughaide as cóir dhuit

95 *mē chuir chum báis,*’ *ar sē*, ‘*mar nach mē as ciontach le aonimreas do bheith*
 96 *eadrainn, 7 do-bhēarfa[i]d[h] mē grian 7 éasga, ran[n]a 7 réaltanna nimhe ag*
 97 *coraidheacht oram fá bheith sídheach ur[r]amach dhuit go lá deiridh mo*
 98 *shaoghail.*’ ‘*Glac sin uaidh*’ *ar Fionn*. ‘*Glac[f]ad,*’ *ar sé*, ‘*acht amháin go*
 99 *gcuirfeadh sē gach aonb[h]liadhain ar feadh a shaoghail go hAlmhain*
 100 *leathanmhóir Laighean chum Fionn mac Cumhaill chúig c[h]éad damh ramhar,*
 101 *cúig c[h]éad torc, chúig c[h]éad molt, chúig c[h]éad bairille bracha 7 cúig*
 102 *c[h]éad bairille cruithneachta*’. ‘*Geal[l]aim fōs [?] do[n] f(?)ēi(?)n bairille*
 103 *p[r]ātaoi gan an lionn lan(?) [?][?] cabáisde dhuit,*’ *ar sē*. ‘*Más eadh,*’ *ar an*
 104 *Bodach*, ‘*aonb[h]liadhain do-dhéanfa[i]d[h] tú fail[l]íth dod gheallmhain*
 105 *tiocfa[i]dh mise 7 cuirfidh mé chum báis tú,*’ *7 ann sin do sgaoil don bharún.*
 106 *Ann-sin do lab[h]air an Bodach 7 as é a-dub[h]airt:* ‘*A Bharúin Innse Uī*
 107 *Chuinn,*’ *ar sé*, ‘*tōigfidh mé do mhuinntir chugad a-rís chomh slán, chomh láidir*
 108 *7 do-bhādar ar maidin a-niugh, 7 do-bhēarfa[i]dh mē a dtoil féin dod mhnaoi 7*
 109 *dot inghean, mar a-tá a rogha do bheith aca dul leatsa nó fuireach agamsa.*’

§9: **93.** *barrunn*, ndéarnaois; **94.** *leadhtha*, lúighde; **95.** *nách*, cionntach; **96.**
eadruain, raeltiona; **97.** *corruighEcht*; **98.** *sáoghail*; **101.** *baruile*, bratha; **102.**
baruile, *cruinneachta*, baraille; **103.** *gon*, gabaisde, maisi; **104.** *dod*] *dad*,
ghéalmhainn; **105.** *baruinn*; **107.** *chúghadh*, *chómh*, *chómh*; **109.** *dod tinghean*,
rógha

110 §10. *Ar sin do-chua[i]dh an Bodach i measg an áir, 7 do tharra[i]ng sé busca*
 111 *púdair as a phōca, 7 do bhí sē dá c[h]rotha[dh] i measg an áir 7 do réir mar [do]*
 112 *chrothadh sé an pūdar do bhādar ag éirghe ina seasamh, 7 do bhí mar sin nó gur*

113 thóig sé an dé déanach aca. Ann sin do dhruid sē uadha a-mach, 7 do sgaoil sé
 114 puth do ghaoith gháibhtheach ghlórach ina dtimpcheall 7 tríotha, 7 do
 115 chromadar uile ar raince 7 do bhādar ar an aisde-sin athaidh fhada nó go
 116 rabhadar cortha. Ar sin do chuir sé fead ghlaice uaidh, 7 ní raibh fear, bean nā
 117 leanabh i nÉirinn ná cualaidh an fhead-sin, 7 do stad an sluagh mór-sin don
 118 raince, 7 do chromadar uile ar a bhrán, 7 d'imthigh an Bodach ar sin suas go
 119 mul[l]ach an chnoic, 7 do bhain sé a bhrísde dá thóin 7 tug sé aghaidh a thóna ar
 120 an sluagh, 7 do chuir sé broim uaidh 7 ní raibh aonf[h]ear dhe na deich míle
 121 fear do bhí ar an sluagh-sin an Bharúin ná gur leag foirneart an bhrama-sin
 122 chum láir 7 chum lántalmhan iad. Do thāinig an Bodach anuas ón genoc mar a
 123 raibh Fionn 7 an barún 7 do thug sē a bhean 7 inghean dá láthair 7 d'fhiafraigh
 124 sé díobh cia aca dob f[h]earr leo: dul leis an mbarún dā bhaile nā fuireach a
 125 bhfochair Finn. A-dub[h]airt bean an bharúin ar ór na cruin[n]e 7 ar mhaitheas
 126 an dom[h]ain ná sgarfadh sí leis fēin, 7 ar s[í], 'Mā chuirean[n] tú uait mé ní
 127 gheab[h]ad leis an mbarún ná le aonfhear eile go lá deiridh mo shaoghail.' 7 a-
 128 dub[h]airt an inghean an ní céanna.

§10: **110.** áirr, búsga; **111.** áirr; **112.** chrothach, iona; **113.** deághnach, uádhta; **114.**
 puith, iona, ttímpceall; **115.** rainnce, áthadh, nó ~~ne~~; **116.** ghlaicce; **117.** cúalaig,
 mhór; **118.** rainnce, bhrán] bharán, dimithigh, Bodach] B. ~~súas~~; **119.** thoinn,
 aigheadh; **120.** sluadh, bhróidhim, dhos, déith; **121.** sluadh, baruinn, foirneart; **122.**
 chúm, talmhann; **123.** baruinn, fiafradh; **124.** mbaruinn; **125.** a bhfochair] an
 fhochair, baruinn, mathus; **126.** ná sgarfadh ~~ná sgarfadh~~, air; **127.** mbarunn,
 sháoghail; **70.** níd, chéadna

129 §11. ‘[Dar] mo bhréithir,’ *ar* an barún, ‘do bhí *mē féin* deimhneach ná raibh
 130 aonfh[ear] beó do *budh* ionmhaine lem m[h]naoi *féin* nā mé, 7 a-nois tuigim
 131 *gurab* striaphaca *gan* nádúir mná an dom[h]ain 7 cuirim suas de aonc[h]eann a
 132 l[...] nā roinn do bheith agam le aonmhnaoi go lá *deiridh* mo shaoghail. Óir do
 133 bhí mé deimhneach ná sgarfadh mo b[h]ean liom *ar* mha[i]th[e]as na
 134 talm[h]an.’

§11: **129.** *baruin*, deímhnEch; **130.** *ionmhuinne*, lem] leam; **133.** *sgarfach*

135 §12. *Acht* cheana do bhí sluagh an Bharúin sínte *ar* an dtalamh ón tan do leag
 136 an broim iad. *Iar* sin do chuir an Bodach *fead* uaidh agus d’éirgheadar *uile* ina
 137 seasamh. Ann-sin do las gaoith 7 grian i [d]taobh a aighthe 7 a chúil *ar* an
 138 mBodach 7 do-rin[n] an fear *budh* bhréaght[h]a dar am[h]arc súil Dé riamh, 7
 139 ann sin d’aithin an fhian *gurab*[h] é Manannán mac Lir, síogaidhe na Cruachan
 140 do-bhí ann agus do tháinig dá sábháil ón éigean adhb[h]almhór ina rabhadar an
 141 tan-sin, 7 do ghlac an fhian [chucu] go honóireach é, 7 do cha[i]th[e]adar *fleadh*
 142 7 féasda lá 7 mí.

§12: **135.** *céadna*, sluadh, *bharuinn*, sinnte, tamm; **136.** *bróighim*, d’éirghidear,
 iona; **137.** *ghrian*; **139.** *mánnan*, *sioghaidhe*, *Cruachán*; **140.** *iona*; **142.** *míghe*

Aistriúchán

Sliocht I

§1. Then the churl set off quickly at the speed of a swallow or doe, and he did not rest or stop until he reached the house of the Baron of Inchiquin, which was thirty miles from Sliabh Luachra. And the baker had taken a batch of bread out of the oven, and the churl asked him for four loaves of that bread. The baker said that he would not give a single loaf to such a fiendish creature. Then the churl grabbed the baker, tied him roughly and securely, and threw him into the oven, and he was turned into ashes. Then the churl took a needle and made a big wide sack from the dull grey coat, and he put all the bread that was in the household into it.

§2. The churl then went to the master of the cellar and asked him for two barrels of wine. [The master] said that he would not give [that to him], nor anything else. As soon as the word[s] were out his mouth the churl hit him and knocked his head off his body. And when the head had been severed from the body it hit [against] a cauldron that was full of meat boiling on the fire, and the head went through the cauldron and through the furnace and out through the walls of the fort and beyond. And [the churl] went into the cellar and took two barrels of wine from it.

§3. Then he went to where the Baron of Inchiquin was and he told him that he was on a mission from Fionn mac Cumhaill, and that he would be spending the night on Sliabh Luachra, and that it was taboo for him to ever spend a single night

without a woman who would share his bed, and that he had come to ask for a loan of his wife or daughter. And whichever he would give him, he would return her to him the following day. The Baron of Inchiquin called his household and told them to take that savage, brutish animal out of his sight, and to hang him, or to inflict any other cruel death that they wished upon him. Then they gathered around the churl, surrounding him, and as they came [towards him] the churl tied them up, until he had tied and roughly fettered the three thousand brave warriors that were present in the Baron of Inchiquin's household.

§4. Then the baron spoke and asked the churl not to put his household to death, and he told him that he would give his daughter to him. The churl said that nothing would satisfy him but to have [both] his wife and daughter. 'For', he said, 'if you had given me your daughter first, with good will, I would not have caused any further contention. However, since I find you hostile to me, I swear by the Gods I worship that I will take your wife and daughter from you.' And when he had said that, he went to where the baron's wife and daughter were, and he put them sitting securely on his two shoulders, with the dull grey coat full of bread on top of his head, and a table and three chairs on top of that again, and two barrels of wine underneath his oxters, and he did not stop until he reached Sliabh Luachra without losing any of that load.

§5. When he arrived, he found his food ready and prepared awaiting him, and he set down his load, put the two women sitting at the fireside, and welcomed them kindly. And he took his food from the fire, set an equal half of it aside for the morning, along with a barrel of wine, and he put the other half of the food on the

table, along with a barrel of wine, and he sat himself down comfortably and contentedly, and he asked the women to eat some of the food, and they said that they would not. The churl told them not to worry; that it was a long time since he had [first] desired and loved each of them, and that he hadn't had an opportunity (?) until then to carry out his intention, and he said 'I will not part with you until the day I die.'

§6. Furthermore, he ate as much as he desired of that food, and after that drank a barrel of wine, and then he shook a full bundle of rushes on the floor of that dwelling, and lay down in this bed, and put the women lying on his either side. And he was playing with the women in that manner until the sun rose very brightly from the flaming poplar of the earth, illuminating coarse hills and ripe, dense, wooded slopes and the lovely smooth-flowery plains all around them.

Sliocht II

§7. The churl returned to Fionn and the fian, and the fian welcomed him kindly, and they were merry and cheerful and in high spirits. They were not long like that when they saw a large host on foot and on horseback coming towards them, and Fionn sent a warrior of the fian to see who that large host was, and he brought tidings that it was the Baron of Inchiquin seeking his wife and daughter, who had been taken away against his will by some wild fiendish creature of the fian. 'These are the baron's wife and daughter that you have, churl,' said Fionn. 'They are indeed,' said the churl. And after that the baron came into the presence of Fionn, and he bent his knee and bowed his head, gave forth his

body, and gave a sign of submission and deference to the king of the fian. And he told him how his wife and daughter had been taken from him, and that he had to get good satisfaction [in compensation] for his insult. The churl asked him what satisfaction he wanted to have. 'To get my wife and daughter back again, and to remove your big head from your body in compensation for insulting me' he said. The churl said that he would not willingly let him have his head. 'If you will not,' said the baron, 'let it be given [to me] against your will.' When he had said that, he shouted at his troops and asked them to make small broken granules of the churl.

§8. Then that entire host turned to face the churl, and he did not become mild or timid or scornful, but drew his sword and faced that numerous host so that he went through them like a hawk [going through] small birds, or like wolves [going] through big flocks on a wide, broad plain, or like a big whale [going] through small fish, or like a stream of heavy rain gushing by the side of a high mountain, so that he broke and burst, scattered and scared, and made an even covering (?) of broken bones of that great host, slaughtering and decimating, surrounding, cornering and crushing. Moreover, the upshot of that fight was that no man of the ten thousand men to tell the tale left that battle without having the sorrow of death inflicted upon him, and after that sorrowful breaking of bones, the churl went to the baron and threw the trunk of his chest on the ground, and tied him roughly and securely, and asked the man of the fian [who was] nearest him to bring to him a good strong pointed rod of holly, so that he might put the baron's head onto it.

§9. ‘Do not put me to death,’ said the baron. ‘I forgive you for all you did to me from beginning to end, and I will be obedient to you for all my days. And there is all the less reason for you to put me to death,’ he said, ‘as I am not responsible for any contention between us. And I will pledge the sun and the moon, the elements and the stars of heaven [that I will be] peaceful and deferential to you every day until the end of my life.’ ‘Accept that from him,’ said Fionn. ‘I will,’ said [the churl], ‘on condition that each year for the rest of his life he sends five hundred fattened oxen, five hundred boars, five hundred wethers, five barrels of malt and five barrels of wheat to broad, vast Almhain in Leinster to Fionn mac Cumhaill.’ ‘I promise you, moreover, a barrel of spuds without the ale [.....] cabbage’, he said. ‘If so,’ said the churl, ‘any year that you neglect your promise I will come and put you to death.’ And then he released the baron. Then the churl spoke and siad, ‘Baron of Inchiquin,’ he siad, ‘I will restore your troops to you as safe and as strong as they were this morning, and I will allow your wife and daughter to choose freely: that is, that they will have the choice of going with you or staying with me.’

§10. After that the churl went among the slaughter[ed], and he pulled a box of power out of his pocket, and he was shaking it around the carnage. And as he shook the powder [the troops] were standing up, and he was like that until he raised the last one of them. Then he moved aside from them, and he let off a puff of dangerous, noisy wind around and through the crowd, and they all started to dance. And they were in that manner for a long time until they were exhausted. Then he let out a wolf whistle and there wasn’t a man, woman or child in Ireland who did not hear that whistle, and that big host stopped dancing, and they all ...

... ..., and the churl went to the top of a hill, pulled his trousers down from his backside, faced the host and let out a fart. And there wasn't a single man of the ten thousand men in that troop of the baron's who was not knocked down to the ground by the force of that fart. And the churl came down from the hill to where Fionn and the baron were and he brought with him [the baron's] wife and daughter into his presence, and he asked them which they would prefer: to go home with the baron or to stay in the presence of Fionn. The baron's wife said that she would not separate from him for the world's gold or for all of the world's wealth. And she said: 'If you send me away from you I will not go with the baron or with any other man for as long as I live.' And the daughter said the same thing.

§11. 'Upon my word,' said the baron, 'I was certain that there was no living man that my wife loved more than myself, and I now understand that the women of the world are shameless harlots and I refuse to accept any one of them ... or to have anything to do with any woman for the rest of my life. For I was certain that my wife would not separate from me for all of the wealth of the earth.'

§12. Anyhow, the baron's host was lying on the ground from the time that the fart had knocked them over. After that the Bodach let out a whistle and they all stood up. And then the wind and the rain lit the side of his face and his back and [the Bodach] became the most handsome man ever seen, and then the fian realised that he was Manannán mac Lir, the Fairy of Cruacha, and [that] he had come to save them from the grave danger that they were in at that time. And the

fian embraced him honourably and they threw a party and feast for a month and a day.

Nótaí ar an téacs

2. sosa: Bheimis ag súil le *sosadh* sa NGC (féach *IGT* I, §11) ach níl anseo ach éagsúlacht ortagrafaíochta. (Féach *rí / rígh* (3.1.1 (vii))).

3. an bácaoir: Níl aon choigeartú déanta agam ar an bhfoirm seo ós rud é go mb'fhéidir go mbaineann sé le cúrsaí foghraíochta. An focal *bácúsdóir* atá air 'baker' in *IGT* (*IGT* ii, §50), ach ní heol dom sampla ar bith san fhilíocht. Is in *ST* (AD 1685) atá an sampla is luaithe den ainmfhocal *báicéir* a d'aimsigh mé: *buítléir agus báicér Rígh na Héigipte* (Gn 40:5), 'the King of Egypt's butler and baker'.

8–9. Ann sin do g[h]aibh an Bodach snáthad chuige 7 do-rin[n] sé sac mór

leitheadach don chóta lachtna: Tá macalla anseo d'eachtra a thiteann amach níos deireanaí sa scéal ina ndéanann an Bodach sac sméar den chóta lachtna (féach §15 den eagrán). Is éard is brí le *leitheadach*, de réir mar a thuigim, ná leathan (*FGB* s.v. *leitheadach*). An sampla is luaithe den fhocal a d'aimsigh mé ná *air na míniughadh agus air na cur síos go leathadach* (Ó Duinnshléibhe 1742, 74). 'having been explained and described widely'.

20–1. 7 go raibh geasa air gan aonoidhche [do] chodladh choidhche gan bean do

b[h]iadh ar aonleabaidh leis: Glacaim leis gur ar mhaithe leis an ngreann a luaitear an gheis seo, atá bun os cionn leis an gcineál geasa collaíochta atá comónta sa luathlitríocht; is gnáth go gcuirtear iachall ar laoich *gan* luí le bean i gcúinsí áirithe (féach Cross 1952, 85–7; féach freisin Caibidil 1.3).

22. cia aca: Glacaim leis gur botún faoi deara an léamh lámhscríbhinne *biadh* agus tá sé á léamh agam mar *ciadh* (agus coigeartaithe agam go *cía* (*DIL* s.v. 1 *cía*) dá réir).

32. go dtiúradh: Is dócha go mbaineann an guta fada le cúrsaí canúna (cé nach mbeifeá ag súil leis sa Mhumhain), agus níl aon choigeartú déanta agam dá réir. Bheimis ag súil le *go dtiobhradh* sa NGC.

42. a chuid bídh: Tá *bídhe* coigeartaithe agam go *bídh* mar glacaim leis go mbaineann an fhoirm seo le cúrsaí ortagrafaíochta agus is dócha gur mar an gcéanna a d’fhuaimníte an dá fhocal (b’i:). Is í *bídh* an fhoirm chlasaiceach (*IGT* ii, §70).

50. ártach: Níl mé cinnte faoi bhrí an fhocail *ártach* sa chomhthéacs seo. Glacaim leis gur *ártach* (*DINN* s.v. *ártach*, malartú ar *atharrach*; *DIL* s.v. *aitherrach*) atá i gceist. ‘Change; alteration’ an t-aistriúchán a thugtar in *DINN* ach is mar ‘opportunity’ atá sé aistrithe anseo agamsa le teacht le héirim an scéil.

51. ní sgarfa: An aidiacht bhriathar *sgartha* atá sa lámhscríbhinn (LS ‘sgartha’). Is dócha go bhfuil litriú na lámhscríbhinne bunaithe ar an bhfoghraíocht. Is léir ón gcomhthéacs go bhfuil an aimsir fháistineach den bhriathar de dhíth anseo, áfach (*ní sgarfa mé libh go lá mo bháis*, ‘I will not part with you until the day I die’), agus mar sin tá coigeartú déanta agam air le teacht le brí an fhrása.

55–6. gur éirg[h]e grian go lánsholasda as cran[n] pobail tinntidhe na talmhan: Is ionann *crann pobail* agus *poibleog* (Féach *DINN* s.v. *crann*; *FGB* *poibleog*; ‘poplar-tree’). Tá *tinntidhe* aistrithe agam mar *flaming*. Is dócha gur íomhá í seo de ghrian na maidine ag lonradh ar na crainn.

65–6. ‘As iad-so bean 7 inghean an bharúin agad, a Bhodaigh,’: B’fhéidir gur cheart é seo a choigeartú go *An iad-so...*, ach cloím leis an léamh lámhscríbhinn ós rud é nach bhfuil sé as áit ar fad agus toisc gur féidir ciall a bhaint as sa chomhthéacs seo.

67. ar sin: Glacaim leis gur *iar* atá sa réamhfhocail in *ar sin*, atá le fáil sa téacs seo go minic (77, 110, 116, srl.).

do chrap a ghlú[i]n: Tá sampla eile den chomhartha urraime seo in *DDB I*: *Crap do ghlúine fút mar urraim don dlighe*, ‘Bend thy knees down low in homage due by law’ (*DDB I*, 12.18a).

68. d’fhear a cholainn: Is mar ‘gave forth’ a aistrim *d’fhear* (féach *DIL* s.v. *feraid*; II, ‘gives forth, pours’). Ní heol dom aon sampla eile den bhriathar seo in úsáid le *colainn* mar chomhartha urraime.

84–5. gur chuir sé i n-ár 7 i n-easb[h]aidh: Féach *DIL* (s.v. *fo-ceird* I (i) ‘slaughters’, ‘overthrows in battle’).

88. tar éis an chnámhgearra[dh] coimhdhiachrach-sin: Féach go bhfuil an t-ainmneach tagtha in áit an ghinidigh anseo.

94. ar feadh mo látha: Tá an fhoirm *látha* neamhchlasaiceach (*IGT* ii, §82) ach tá sé coitianta go maith i bpróstéacsanna.

96. do-bhēarfa[i]d[h]: Tá an léamh ‘do-bhéarfaid mé’ (LS) coigeartaithe agam go *do-bhéarfaidh mé* i bhfianaise léamha lámhscríbhinne eile: *do-dhéanfaid tú* (LS) > *do-dhéanfaidh tú* (104); ‘tiocfadh mise’ (LS) > *tiocfaidh mise* (105); srl.

100. chum Fionn mac Cumhaill: Tá an giorrúchán $\overline{m\bar{c}}$ scaoilte anseo agam mar *mac* in áit *mheic* i bhfianaise *Fionn*. Bheimis ag súil le *chum Finn mheic Chumhaill* sa Ghaeilge Chlasaiceach.

107. tóigfidh mé do mhuinntir chugad: ‘I will restore your troops to you’. Ba litriúla ‘raise up’ mar aistriúchán ar *tóigfidh* ach is ionann sin agus ‘revive’ nó ‘restore’ sa chomhthéacs seo. Tá an fhoirm *tóigfidh* neamhchlasaiceach ach féach go bhfuil an fhoirm seo le fáil in *ST: Agus tóigfidh sé bratach súas* (Isaiah 5.26), ‘and he shall lift up a banner’.

108–9. 7 do-bhēarfa[i]dh mē a dtoil féin dod mhnaoi 7 dot inghean: Ba litriúla ‘I will bestow their own will on your wife and daughter’ mar aistriúchán anseo.

110. Ar sin do-chua[i]dh an Bodach i measg an áir: ‘After that the churl went among the slaughtered’; d’fhéadfaí é seo a léamh mar ‘among the carnage’ chomh maith.

113. gur thóig sé an dé déanach aca: Tá mé in amhras faoi bhrí *dé déanach* sa chomhthéacs seo. D’fhéadfaí breathnú ar *dé* mar thagairt do dhuine (féach *DIL* s.v. 1 *dé* VI, ‘breath, the breath as the principle of life, soul’), agus tá sé á léamh agam mar ‘the last one of them’ le teacht leis an gcomhthéasc.

115. ar an aisde-sin: Is mar ‘manner’ atá *aisde* aistrithe anseo agam. Féach *DIL* (s.v. *aiste* (a)).

116. cortha: Leagan malartaithe den aidiacht bhriathar *cuirthe* í an fhoirm seo (*IGT* ii, §58) agus is mar ‘exhausted’ a thuigim í. Féach *DIL* (s.v. *cuirthe*).

fead ghlaice: ba litriúla ‘a whistle made with the hand’, féach *DINN* (s.v. *fead*)

Aguisín II: An Fhilíocht (Leagan A2a)

Ní hannamh an fhilíocht fite fuaite leis an bprós i scéalta rómánsacha na hÉireann, agus traidisiún é seo a dtéann a fhréamhacha siar chuig litríocht na Luath-Ghaeilge.¹³³ In ainneoin go bhfuil an próis agus an fhilíocht ar fáil taobh le taobh in *Agallamh na Seanórach*, níl an fhilíocht thar a bheith coitianta i bpróstéacsanna fianáochta ina dhiaidh sin, agus nuair atá a leithéid ann is iondúil an fhilíocht níos óige ná an téacs féin (Bruford 1969, 34). Is amhlaidh atá i gcás *BCL*. Prós amháin atá sna cóipeanna is luaithe de na leaganacha éagsúla den scéal, ach cuireadh naoi gcinn de dhánta gairide leis an téacs i leagan amháin, A2a, a bhaineann leis an dara ‘glúin’ d’fhinnéithe (féach Caibidil 2.2). Is dócha gur shíl duine de sheachadóirí an téacs go raibh easnamh éigin ar an scéal d’uireasa na filíochta agus sampla iad na dánta seo den chineál saoirse a ghlacadh scríobhaithe chucu féin go minic agus iad i mbun cóipeála sa tréimhse iarchlasaiceach. Is beag i ndáiríre a chuireann an fhilíocht seo leis an téacs agus is minice ná a mhalairt nach mbíonn i gceist ach athrá nó achoimre ar an méid a thit amach sa phrós go dtí sin. Gléas comhrá iad an mhórchuid de na dánta sa leagan seo (1, 2, 3.2, 5, 6, 8, 9), ach uaireanta eile insint sa tríú pearsa uatha atá i gceist (3.1, 4, 7). Tá eagrán agus aistriúchán de na dánta ar fáil thíos, maille le plé gairid ar na foinsí, ar na meadarachtaí agus ar an bpolasaí eagarthóireachta.

Foinsí

Naoi ndán ar fad atá i leagan A2a den scéal. Tá an leagan seo tagtha anuas chugainn i dtrí fhinné lámhscríbhinne, mar atá ARÉ 23 A 49 (1766/1776), ARÉ 23 O 35 (1772–8) agus ARÉ 23 Q 18 (c. 1821). Níl an chéad dán sa chóip is sine díobh sin, ARÉ 23 A 49,

¹³³ D’achomre ghinearálta ar a bhfuil d’fhilíocht sna scéalta rómánsacha in Éirinn féach Bruford (1969, 34).

agus mar sin tá an seans ann gur cuireadh an dán sin leis an téacs é ag tréimhse níos deireanaí. Leagan neamhchríochnaithe den scéal atá sa lámhscríbhinn áirithe sin, rud a fhágann nach bhfuil a fhios againn an raibh dánta 5–9 ina eiseamláir. Is ionann dánta 1–9 sa dá fhinné eile (ARÉ 23 O 35 agus ARÉ 23 Q 18) agus tá an chosúlacht air gur cóip de ARÉ 23 O 35 é ARÉ 23 Q 18, nó gur cóipeanna iad araon de bhunfhoinse choiteann óir is mionmhalartuithe litrithe amháin a dhealaíonn óna chéile iad.

Tá achoimre ar sheachadadh na ndánta sa tábla thíos:

	ARÉ 23 A 49	ARÉ 23 O 35	ARÉ 23 Q 18
	1766/1776	1772–8	1789–1818
Dán 1	x	√	√
Dán 2	√	√	√
Dán 3	√	√	√
Dán 4	√	√	√
Dán 5		√	√
Dán 6		√	√
Dán 7		√	√
Dán 8		√	√
Dán 9		√	√

Tugaim liosta de chéadlínte na ndánta thíos. Tugaim na leathanaigh ar a bhfuil siad ar fáil in ARÉ 23 O 35 agus tugaim an chuid sin den téacs ón eagrán lena dtagann siad chomh maith:

Céadlíne an dáin:

lch LSe

Comhthéacs

(23 O 35)

(=ARÉ 23 M 23)

<i>Óigfhir allmhurdha an ghlóir bhaoith</i>	127–8	§2	(líne 26)
<i>Filleadh uaibh-se ní dhéanfa mé</i>	128	§3	(líne 43)
<i>Ag ól is ag imirt gan teibe gan sgíth gan spás</i>	128	§3	(líne 50)
<i>Iongantas na bhfear tre fhaicsint Fhinn</i>	130	§6	(líne 111)
<i>Ón Tessaille mhaill dob fhada do thriall</i>	130–1	§7	(líne 126)
<i>Gluais liom don Mhumhain siar</i>	131	§7	(líne 141)
<i>Bhí torann ag na fearaibh do-chluinnfí trí mhíle ar fad</i>	133	§15	(líne 265)
<i>Is truagh mo thuras go hÉirinn siar</i>	135	§20	(líne 330)
<i>A shíogaidh uasail ón gCruachain chaoín</i>	135	§20	(líne 335)

Meadarachtaí

Is léir gur iarracht ar fhilíocht shiollach scaoilte atá san fhilíocht seo, cé is moite de dhá rann a cumadh i meadaracht an amhráin (dánta 3 agus 7). Mar sin féin, tá an chuma air go raibh cumadóir na rann siollach ag teacht faoi anáil na filíochta aiceanta chomh maith agus tá tionchar an aicinn le haithint go soiléir ar chuid de na hiarrachtaí sin ar an bhfilíocht shiollach. Dánta gairide iad uile (1–5 rann), agus is minic meascán d’aistí laistigh d’aon dán amháin (féach dán 5, mar shampla, mar a bhfuil an chéad dá rann in ógláchas scaoilte ar rannaíocht mhór, agus an tríú, an ceathrú agus an cúigiú rann in ógláchas scaoilte ar dheibhí).¹³⁴

Níl aon dabht ann ach go raibh cur amach éigin ag pé duine a chum na dánta seo seo ar an bhfilíocht shiollach, más cur amach sách bunúsach a bhí ann féin, agus gurbh í an fhilíocht shiollach an sprioc a bhí aige agus é i mbun cumadóireachta. Iarracht ar

¹³⁴ Níl an meascán seo d’aistí eisceachtúil. Tugann Bruford liosta d’aistí éagsúla laistigh de dhánta in *GFMR* (Bruford 1969, 42 n.16).

ógláchas ar rannaíocht mhór, ar dheibhí agus ar ae fhreislí iad formhór mór na ndánta.¹³⁵ Tá na meadarachtaí an-scaoilte ar fad, áfach, agus tá cinnteacht siollaí in easnamh i ngach ceann de na dánta. Féach, mar shampla, líon na siollaí sna samplaí seo a leanas:

Dán 1:

rann 1: $7^1 + 9^1 + 9^1 + 8^1$ (D'fhéadfaí líon na siollaí in 1b a leasú ó 9^1 go 8^1 (ach is a choigeartú go 's)

rann 2: $9^1 + 8^1 + 7^1 + 8^1$ (D'fhéadfaí líon na siollaí in 2a a leasú ó 9^1 go 8^1 ach is a choigeartú go 's; nó go 7^1 , dá mbeadh *gaisgeadhach* á fhuaimniú mar *gaiscíoch*.

Dán 2:

rann 1: $8^1 + 8^1 + 8^1 + 6^2$ (Tá an líon seo ag brath ar dhá shiolla a bheith in *bhuidhion* (1b) agus ag brath ar bhá in 1d, agus mar sin d'fhéadfaí na siollaí a leasú go $8^1 + 7^1 + 8^1 + 7^2$)

rann 2: $7^1 + 8^1 + 8^1 + 8^2$

Tá na dánta eile chomh scaoilte céanna ó thaobh rialtacht siollaí de. I ngeall ar an easpa rialtachta seo ní féidir foirmeacha ar leith d'fhocail a dheimhniú leis an meadaracht agus, ar an gcaoi chéanna, ní féidir coigeartaithe a dhéanamh ar bhonn líon na siollaí amháin (féach thíos).

In ainneoin na héiginnteachta seo faoi líon na siollaí sna dánta, tá múnla na rann bunaithe, go bunúsach, ar an bhfilíocht shiollach ó thaobh ríme de. Bíonn comhardadh

¹³⁵ Tá cur síos ar na haistí seo in *Early Irish Metrics* (Murphy 1961, 48–83) agus in *Duanaireacht* (Ní Dhomhnaill 1975, 75–9).

deiridh (agus aicill, nuair is rannaíocht atá i gceist) sna rainn de ghnáth, ach is minic cosúlachtaí scaoilte idir ghutaí sna háiteanna a mbeimis ag súil le comhardadh (slán nó briste) nó uaithne (slán nó briste) sa dán díreach. Tugaim cúpla sampla ionadach anseo thíos:

- Meascán de chuibheas scaoilte idir fhocail agus de chomhardadh atá i nDán 1. Féach nach gcomhlíonfadh cuibheas déanach 1.1ac (*bhaoith : gníomh*) agus aicill 1.1cd (*gníomh : bhaois*) rialacha an dáin díriú. Tá comhardadh slán ag cuibheas deiridh 1.1bd, áfach (*dreach : creach*) agus comhardadh briste ag aicill 1.1ab (*bhaoith : dlaoi*).
- I ndán 2 (iarracht ar ógláchas ar dheibhí) tá *mé* ag teacht le *gear* (cuibheas déanach 2.1ab) agus *lán* ag teacht le *aoncháil* (cuibheas deiridh 2.1cd). Bheimis ag súil le comhardadh slán agus rinn agus ardrinn anseo sa dán díreach, cé go mb'fhéidir gur leor an cuibheas scaoilte thuas in aistí ógláchais.
- Ar an gcaoi chéanna is cuibheas sách scaoilte atá idir fhocail sa dara rann i ndán 3 (iarracht ar ógláchas ar rannaíocht mhór). Tá *fáil* ag teacht le *cás* (aicill 3.2ab) agus *bhráith* le *lámhe* (aicill 3.2cd). Tá samplaí de chomhardadh slán agus briste sa rann seo chomh maith, áfach; féach comhardadh deiridh 3.2ac (*fáil : bhráith*) agus *bd* (*a-nocht : tocht*).
- Tá go leor déanach dar chríoch *dh/gh*. Tá an seans ann nach raibh na foghair seo á bhfuaimniú in aon chor, áfach. Féach, mar shampla 2.2ab *Faghthar dhamh-sa go luath luath, a hucht Chumhaill na n-arm ruadh*. D'fhéadfaí iad seo a choigeartú go *lua* agus *rua* faoi seach (go ndéanfaidís comhardadh slán lena

chéile), ach ní féidir brath ar an meadaracht le tacú leis an gcinneadh eagarthóireachta seo.

In ainneoin go bhfuil na dánta seo múnlaith ar an bhfilíocht shiollach agus cur amach éigin ag an bhfile ar rialacha bunúsacha na filíochta sin, tá tionchar an amhráin le haithint go soiléir orthu chomh maith, dar liom féin, agus rialtacht áirithe i mbéimeanna inmheánacha na gceathrúna. Déanann Bruford tagairt an-ghinearálta do thionchar na filíochta aiceanta ar an bhfilíocht shiollach agus é ag tagairt do mheadarachtaí dhánta na scéalta rómánsacha:

It is doubtful whether there are any poems in stress metres: those composed by the authors of late tales seem rather to be imitations of syllabic poems in the earlier romances, as preserved in the corrupt late MSS. which they knew: there is a tendency to regular stress, but not to the long lines of *amhrán* (Bruford 1969, 36).

An tuisicnt chéanna, nach mór, atá ag Ní Dhomhnaill (1975, 7):

‘Níl aithint oifigiúil i mbairdne ar an mbéim ná ar an troigh atá chomh bunúsach sin san amhrán. Is cosúil, áfach, gur tháinig béimeanna isteach in aithris na línte bairdne, de réir a chéile, agus gur astu sin a d’fhás an t-amhrán.’

Is dóigh liom go bhfuil an nós seo, ‘a tendency to regular stress,’ le feiceáil i gcuid de na dánta seo. Tá macalla an amhráin le feiceáil go hinmheánach i nDán 4, mar shampla, ar iarracht ar ógláchas ar rannaíocht mhór é. Is díol spéise gur i línte *a* agus *c* is mó atá an rialtacht béime seo le sonrú:

- 4.1a. *Iongantas na bhfear tre fhaicsint Fhinn* ... a _ a ...
- 4.1c. *chuir Fionn i gcéill re sméide beacht* ... é _ é ...
- 4.2a. *Bhí folt codamach 'na chochlaibh ciar* ... o _ () o í
- 4.2c. *ēadan lachtna cnapach buí* ... a _ a í
- 4.3a. *A phluca leathna mar phaca bhí,* ... a _ () a í
- 4.3c. *A chraoisbhéal pusach fa smugaibh bhí,* ... u _ () u í

Is filíocht aiceanta amach is amach iad péire de na rainn atá caomhnaithe sa leagan seo. Ní heol dom sampla ar bith eile den fhilíocht i meadaracht an amhráin san fhianaíocht (agus féach ráiteas Bruford thuas). Tugaim patrúin mheadarachta na rann sin anseo agus is díol spéise a rialta agus atá siad:

Dán 3 (rann 1):

_ | ó _ _ | i _ _ | i _ _ | í _ | á

_ | é _ _ | i _ _ | i _ _ | ua _ | á

_ | i _ _ | a _ _ | a _ _ | ua _ _ | á

_ | ó _ _ | a _ ^b(o)dach^ | a _ _ | ua _ _ | á

Dán 7:

_ | o _ _ _ | a _ _ | i _ _ | í _ | a
 _ | é _ | _ a _ _ | a _ _ | é _ _ | a
 _ | i _ _ | o _ _ | o _ _ | ú _ | a
 _ | ú _ _ | i _ | i _ _ (_ | a _ _) _ | ú _ | a

Ar mhórán bealaí is drochiarracht ar an bhfilíocht shiollach iad na rainn sna naoi ndán seo agus is beag, ó thaobh ábhair agus stíle de, a chuireann siad leis an scéal. Mar sin féin, is ábhar spéise an meascán mearaí de stíleanna agus de mheadarachtaí atá iontu, agus tionchar na filíochta aiceanta ar an bhfilíocht shiollach go háirithe. Is cinnte go bhfuil iniúchadh le déanamh ar an bpróiseas a bhí ar bun anseo agus go bhfuil tuilleadh forbartha le déanamh ar an tuiscint atá againn ar an gclaonadh chun béime ag deireadh na tréimhse clasaicí agus ag tús na tréimhse iarchlasaicí.

Polasaí Eagarthóireachta

Tá na dánta curtha in eagar agam ó LS ARÉ 23 O 35 (A sna léamha) ós rud é go bhfuil cuid mhór den téacs in easnamh ó ARÉ 23 A 49 agus toisc ARÉ 23 Q 18 a bheith easnamhach doiléir. (Lena chois sin, is ionann ARÉ 23 O 35 agus ARÉ 23 Q 18 cé is moite de mhionéagsúlachtaí litrithe). Maidir le giorrúcháin agus coigeartaithe srl., cloím le polasaí eagarthóireachta an phríomheagráin (féach 4.2). Is mar ‘is’ atá ‘Et’ athraithe agus ‘7’ scaoilte agam.

Tugaim léamha ón gcóip is sine, ARÉ 23 A 49 (B sna léamha), i gcás dánta 2, 3 agus 4. Níl na nithe seo a leanas curtha san áireamh agam sna malairtí:

- i/e neamhaiceanta ag deireadh focail
- malairtí comónta d’fhocail neamhaiceanta (i/a; ba/budh; fo/fa; mur/mar srl.)

- malairtí de bharr ponc séimhithe a bheith ann nó as i lár nó ag deireadh focal
- síntí fada (seachas nuair a bhíonn ceist ann maidir le cúrsaí béime, i.e. *me* agus *mé*)
- nod a bheith (nó gan a bheith) in úsáid
- sleamhnáin a bheith ann nó as

Cruthaíonn na dánta seo deacrachtaí ar leith don eagarthóir toisc a achrannaí agus a scaoilte agus atá na meadarachtaí (féach thuas). Ós rud é nach féidir brath ar líon na siollaí ná ar rialacha cearta cuibhis den chuid is mó, ní dhéanaim coigeartaithe ar mhaithe le cúrsaí meadarachta. (Déanaim plé ar cúpla eisceacht sna nótaí ag deireadh an eagráin). Ar an gcaoi chéanna, ós rud é gur filíocht dheireanach í seo, ní thagann an teanga le caighdeán na NGC agus ní dhéanaim leasuithe le cruth clasaiceach a chur uirthi.

Cloím leis an modh aistriúcháin a bhí agam don phríomheagrán chomh maith (féach Caibidil 4.3), agus tugaim tús áite do dhílseacht don bhunbhrí seachas d’fhiúntas liteartha na n-aistriúchán.

Téacs agus Aistriúchán

Dán 1: *Óigfhir allmhurdha an ghlóir bhaoith*

1. Óigfhir allmhurdha an ghlóir bhao[i]th,
as āil[l]e dlaoi 's as breag[h]achta dreach;
nī glōr do dhearbhas *acht* neart is gnīomh,
cia mór do bhao[i]s ag dēanamh creach.

1. O young foreign man of foolish talk, whose hair is most beautiful and whose countenance is finest; power and action, and not speech, are what prove [decisive], although you are very foolish to plunder.

2. Is iomdha gaisgeadhach gruaidh-dhearg óg,
fear donnbhrait srōil[l] is lúireach geal,
fhēachas leat-sa *ar* chleasaibh lúth,
sul do léigfid clú is Ēire leat.

2. It is many the red-cheeked young warrior and man with a satin brown coat and bright breastplates who [will] challenge you in dexterous feats, before they will let you have renown and [the leadership of] Ireland.

Léamha lámhscríbhinne: **1b.** is; **2a.** umdha, gaisgidhach; **2b.** dannbhrait, luithirch, gheal; **2c.** cleassaib; **2d.** sol, clíu

Dán 2: *Filleadh uaibh-se ní dhéanfa mé*

1. Filleadh uaibh-se nī dhēanfa mé,
a bhuidhi[o]n chródha na n-arm géar,
go b[h]faigh' sibh aonlaoch lūthm[h]ar lán,
do c[h]reaplas mé ar aonchāil.

1. I will not turn back from you, brave host of the sharp weapons, until you find [for me] a single, fast, strong warrior, who beats me at anything.

2. Fa[gh]thar dhamh-sa go luath luath,
a [h]uch[t] mh[e]ic Chumhaill na n-arm ruadh,
comhrac ēanfhir ó fhianaib[h] Finn,
nō is dearbhtha go mbeith tū i ngéibhinn.

2. Find for me without delay, in the name of mac Cumhaill of the red weapons, a single combat from Fionn's fiana, or it is certain that you [will] be in captivity.

Léamha lámhscríbhinne: **1a.** Filleamh A, Filliomh B, nī dhēanfa mé] dEnfa mé B; **1b.** bhuindinn chróg B, chrodhga A; **1c.** gha B, bhfaid B, síb B, luthmErr B; **1d.** do chraplos mé B; **2a.** dhamhsadh B; **2b.** a mhic B, cubhail A, eúbhail B, rua B; **2c.** fhíonibh B; **2d.** dearfadh B, mbiodhar B, a ngeibhionn AB.

Dán 3: *Ag ól is ag imirt gan teibe gan sgíth gan spás*

1. Ag ól is ag imirt *gan teibe gan sgíth gan spás*,
bhí Caol is na leinibh ba cliste is ba cruaidhe ceard;
do ghoin sē ár bhfearaibh ins *gach* aicme dar chuartaigh an clár,
gur fhōir an bodach *lacht*na ár ndeacair ó chruas a lám[h].

1. Caol and the most skilled and diligent youths were drinking and gaming without refrain or rest or space; he defeated our men in every group that surrounded the [playing] board (?), until the dull grey bodach rescued us from his oppression.

Agus dubhairt Caol iar sinn

2. 'Sē mo dhóigh do fhianaibh Fáil,
go mbeidh bhur gcās cruaidh a-nocht,
agus go mbeidh sibh uile go Luan an bhrāith,
fo chíos mo lāimhe *gan tocht*.

2. (And then Caol said): It is my expectation for the fiana of Ireland that your circumstance will be difficult tonight, and that you will all be continuously under the tribute of my sword until the day of judgement.

Léamha lámhscríbhinne: **1a.** immirt A, tipe AB, sgithi B, spós B; **1b.** linnibh AB, bo A, clistigh A, bo A, cÉrd B; **1c.** ghuinn A, ár] *air* ar A, *ar* B, bfearraibh A, ins *gach*] an *gach* B, cuairtigh A; **1d.** gus A, gur fhōir] no *gur* shaor B, boddach A, ár] air A; **2a.**

dhoith AB, fhiannaibh A, do fhianaibh Fáil] fhianaíbh fail B; **2b.** mbéidh B, bharr B;

2c. mbéidh B, eilic A, ú.ú. B, Luan an bhráith] luán bhraith B

Dán 4: *Iongantas na bhfear tre fhaicsint Fhinn*

1. Iongantas na bhfear tre fhaicsint Fhinn,
is an fathach móorthrom sin 'na dhāil;
chuir Fionn i gcéill re sméide beacht,
fuireach 'na ghar 's nár bhaolach dhāibh.

1. The men's surprise, on seeing Fionn, with that big heavy giant in his company; Fionn indicated with a quick nod to stay close to him and they would not be harmed.

2. Bhí folt codamach 'na chochlaibh ciar,
ar a ghuallaibh siar - is ní go deas;
ēadan lachtna cnapach buí,
ar ar ceileadh gnaoi agus gean.

2. [His] dandruff-filled hair was in dark tresses, back on his shoulders – and most unpleasantly; a grey lumpy yellow face, on which beauty and affection was concealed.

3. A phluca leathna mar phaca bhí,
a s[h]rōn gan ghnaoi 's a shúilibh breac,
a chraoisbhéal pusach fa smugaibh bhí;
[th]ar a shamhail a-riamh ní chualas teacht.

3. His wide cheeks were like a bag, his nose was ugly and his eyes were speckled, his gaping pouting mouth was full of spittle; I've never heard tell of the like.

4. An macámh lachtna i measg cáich,
 ba mō le rádh nā sliabh A[i]lp;
 ar na fianaibh nīor cheil sē a rún;
 bhí a lēim 's a lūth 's a mhēin go maith.

4. The dull grey youth surrounded by all was bigger than the Alps; he did not conceal his intention from the fiana; his jump and speed and disposition were good.

Léamha lámhscríbhinne: **1a.** Aogantus A, aontus B, bferr A, bhfearr B, tre] re B; **1b.** móthrúmm A, fathach móthróm sin 'na dháil] an aithuidh na ll B; **1c.** daithin B, le B, smÉdamh B; **1d.** fuirreach A, fanamhain B, gharr A, ghearr B, bhaollach A, bhaol B; **2a.** codammach A, codomach B, ccochlaibh A, chochluibh B; **2b.** air A, guaillibh B; **2c.** bauidh A, buidhe B; **2d.** ar ar] air ar A, ag air B; ceilleamh A, ceileamh B; **3a.** phlucadh B, phaga B; **3b.** shuillibh A, ghao B; chraosbhéul B, faó sgim dol (?) B; **3c.** chraibheul B, pussach A, abhi A; **3d.** chuallus A, shEmhuil B, nír B; **4a.** muccamh A, lochtna B, amasg B, cháith AB; **4b.** bo A, le rádh] le rádh é B; **4c.** fiannaibh A, ar na fianaibh] ar fhianaibh finn B, nír, rúan B.

Dán 5: *Ōn Tessaille mhaill dob fhada do thriall*

1. Ōn Tessaille mhaill dob fhada do thriall,
a C[h]aoil an Iarrainn na gcath cruaidh,
is truagh do thuras go hĒirinn adhbhall;
beir bun os cion[n] tar ēis do chuairt.

1. Your journey from vast Thessaly was long, Caol an Iarainn of the hard battles,
a pity you journeyed to stately Ireland; you will be upside down after your visit.

2. Nī rachaidh mo mhasla leat go réidh,
a ghruagaigh shéimh is āil[l]e dlaoi;
má tā mē smeárthaigh *cairtbhuidhe crón*,
bead [a´] léimneach romhad i dtús na slí.

2. You won't get away lightly with insulting me, gentle enchanter with the loveliest
lock; [for] although I am grimy, tanned and swarthy, I will be jumping ahead of you at
the front of the race.

3. Tar ēis *ár* dturais ōn Mumhain a-niar,
go Binn Ē[a]dair na mōrc[h]liar,
beidh fios mo th[e]an[n]ta agad 's mo bhrīgh,
a C[h]ao[i]l an Iarrainn ón Tessailli.

3. After our trip from Munster eastwards, to Binn Éadair of the great [poet] bands, you will know my bonds and my strength, Caol an Iarainn from Thessaly.

4. Is iontach liom do ghlu[a]sacht bhaoith,
go hÉirinn iathghlais fhō[i]dmhīn,
ag iarraidh ardchīos *ar* fhianaibh Finn;
is truagh *mar* threoraghais chugainn.

4. I am amazed by your foolish journey to Ireland of the green plains and smooth land, looking for general tribute from Fionn's fiana; it is a pity how you steered towards us.

5. Beidh tú ceangailte go docrach cruadh,
a Chaoil chrōdha na n-arm ruadh;
muna n-umhla tú do fhianaibh Fáil,
beir fo dheasga do[d] theagmháil.

5. You will be bound cruelly and hardly, courageous Caol of the red weapons; if you do not bow to fiana Fáil, you will be under the adverse effects of your encounter.

Léamha lámhscríbhinne: **1a.** thessailli; **1c.** thurrus, abhail; **1d** ós; **2a.** rachfuidh, réith; **2b.** dláoith; **2c.** smearthuigh; **2d.** leimhneach, slígh; **3a.** Tair, dtorruis, muadhain; **3c.** fioss; **4a.** aontach; **4b.** heirionn; **4c.** fhiannaibh; **4d.** threoraidhis; **5a.** ceanghailtigh, cruaidh; **5b.** crodhga; **5c.** núlaigh; **5d.** beidhir, dheasgadh, thagbhaill

Dán 6: *Gluais liom don Mhumhain siar*

1. Gluais liom don Mhumhain siar,
go Sliab[h] Luachra na mórf[h]iadhach;
a Bhodaigh Lachtna a thrusdair bhoirb,
gluais go luath *ar* mo dheaghlorg.

1. Come west with me to Munster, to Sliabh Luachra of great hunting parties; Bodach Lachtna, you coarse lout, journey quickly in my wake.

2. Mās chugainne [do] bhí do bhao[i]s,
a Chaoil c[h]rōga 'faghāil ardchíos
bíodh cosg do thurais oram-sa *gan* spás;
nī chuireann do ghleōdh oram uathfás.

2. If your stupidity was [directed] towards us, brave Caol, in obtaining general tribute, let me halt your journey immediately; your clamour doesn't frighten me.

3. Ionadh liom do bhao[i]s *gan* chéill,
teacht go hInis Ealga na lúireach breac;
's *gurab* ag an laoch is measa don bhfēin,
bhias tú i ngēibheann, a C[h]aoil na gcleas.

3. Your senseless folly amazes me in coming to Ireland of the speckled breastplates, and Caol of the feats, may it be at the hand of the worst of the Fian, that you will be [placed] in captivity.

4. *Ann do chaithréim níl mo spéis,*
an[n] do ghléas nā [t]h'úim gidh deas;
beir a-nocht ar luachair 'do luí,
is mise ag ól fíona fa dhíon 's teas.

4. I have no interest in your triumph, in your gear or your tackle (although they are nice); tonight you will be lying on [a bed of] reeds, while I will be drinking wine under shelter and heat.

Léamha lámhscríbhinne: **1a.** mhúdhain; **1c.** a thrusdair] an trusdair; **1d.** dheidhlorg;
2a. chuigainne; **2b.** ~~ardchios~~ ardchios; **2c.** biobh, thorruis; **2d.** chuirrionn, orrum; **3a.**
ionnamh; **3b.** hInnis, luithreach; **4a.** chaithreimh; **4b.** huaidhim, deass; **4c.** luigh; **4d.**
fíonadh, teass

Dán 7: *Bhí torann ag na fearaibh do-chluinnfí trí mhíle ar fad*

1. Bhí torann ag na fearaibh do-chluinnfí trí mhíle ar fad,
tré mhéad an imeachta bhí aca go Binn É[a]dair a' teacht;
ba duibhe nā an Donas an Bodach ó shūth an tsaic;
bhí cúig bhairille fhichead *air* is é go haigeantach *ar* dtús a' teacht.

1. The men made a noise that could be heard three miles away, with the vigour of their travel coming to Binn Éadair; the churl was blacker than the Devil from the juice of the sack; he had twenty-five barrels [of wine] and was buoyantly in the lead.

1a. torrainn, aig, ferraibh, do cluinnfidh, air; **2c.** bo, donnus; **2d.** chuig, bhairille, fhiochad, ttuus

Dán 8: *Is truagh mo thuras go hÉirinn siar*

1. Is truagh mo thuras go hÉirinn siar,
fa thāsg na b[h]fian dob f[h]ear[r] guth,
agus ag filleadh uatha tar mhuir na gcliar,
tāim gan chial[l] 's nī maith mo chruth.

1. A pity I journeyed west to Ireland, influenced by the renown of the fiana whose fame was greatest, and returning [now] from them across the sea of the great companies, I am ridiculous and in bad shape.

2. 'S in Éirinn uaibhreach na b[h]fear seang,
do roinneadh mo gheall san Mumhain a-muigh;
tāim ag filleadh uatha *ar* m'ais go fann,
don Tessāille mhaill re fāth mo ghuil.

2. It is in proud Ireland of the graceful men that I was beaten in Munster; I am returning from them in ruins to vast Thessaly, with the reason for my lament.

3. Mallacht uaim-se go Lá an Bhrāith,
ar an lá fa dtugas cuairt,
go hInis Eilge na bhfiodhbhadh ard,
ag sūil re ágh, treise is buaidh.

3. I curse until the Day of Judgement the day on which I came to visit Ireland of the tall forests, expecting battle, strength and victory.

Léamha lámhscríbhinne: **1a.** thorus; **1b.** goill; **1c.** filleamh, tair; **2b.** roinneamh, muadhan, amuith; **3a.** uaimhse; **3b.** air; **3c.** innis, bfiodhbhaidh; **3d.** ath, treissidh, búadh

Dán 9: *A shíogaidh uasail ón gCruachain chaoín*

1. A shíogaidh uasail ón gCruachain chaoín,
ó *Chon*[n]achta uaib[h]reach na ndeaghlaoch,
slán uainne fád' thuairim siar,
ó Almhain Laighean na mōrchliar.

1. Noble fairy from beautiful Cruachain, from proud Connacht of the good warriors, a salute from us westwards towards you, from Leinster's Allen of the great companies.

2. Is dubhach a d'f[h]āgais fiana Finn,
– an bhuidhi[o]n chrōga chrobhtheann;
fa mar d'imís gan fhuagra dhūin[n],
tā clanna Móirne fa iomthnúidh.

2. You left Fionn's fiana in sorrow - that brave strong-armed host; since you left us without warning Clanna Móirne are despondent.

Léamha lámhscríbhinne: **1b.** ndeidhlaoch; **1d.** allbhuin; **2b.** chraobhtheann; **2c.** dimgís; **2d.** imthnuth

Nótaí

1.1a: Tá an mhír ghairmeach le tuiscint ón gcomhthéacs cé gur fágadh ar lár anseo í (i.e. [A] *óigfhir allmhurdha...*). Tá reacaire an dáin seo ag caint go díreach le Caol an Iarainn.

1.1b. D’fhéadfaí *breaghachta* a choigeartú go *breaghtha* nó *breaghdha* ach cloím leis an leagan lámhscríbhinne ós rud é nach féidir ceachtar den dá fhoirm a dhearbhu ar bhonn meadarachta.

Tá coigeartú déanta agam ar *is áille go as áille* i bhfianaise *as breaghachta*.

1.2b. Tá deacracht leis an léamh lámhscríbhinne ‘luithirch gheal’ (LS) agus tá sé coigeartaithe agam go *lúireach geal* (ginideach iolra); níorbh aon ionadh an t-urú ar an aidiacht ar lár anseo. B’fhéidir go bhféadfaí é a léamh mar ainmneach uatha chomh maith agus an forainm réamhfhoclach *air* le tuiscint (*fear donnbhrait sróill is lúireach geal [air]*).

1.2c. Is ait liom nach bhfuil an briathar *fhéachas* san aimsir fháistineach anseo. (Féach *léigfid* in 1.2d). Is mar fháistineach atá sé aistrithe agam le teacht le héirim an rainn. Glacaim leis nach bhfuil i gceist anseo ach díghlórú an f-fháistinigh sa NG.

1.2d. D’fhéadfaí é seo a léamh mar *sul do léigfid clú as Éirinn leat*, ‘before they will let you leave Ireland with renown’, ach *Éire* a choigeartú go *Éirinn*.

2.1a. Is minic *-eadh* á litriú mar *-eamh* sa lámhscríbhinn seo agus is dócha go mbaineann an claonadh seo le canúint an scríobhaí. Tá an méid seo tugtha chun rialtachta agam agus *Filleamh* coigeartaithe agam go *Filleadh*.

2.1d. Is fearr a thiocfadh an aimsir fháistineach den bhriathar ‘crap(l)aidh’ (*DIL* s.v. *crapaid*; *FGB* s.v. *craplaigh*) le héirim an rainn. Tabhair faoi deara go bhfuil an mhír *do*

in úsáid le struchtúr coibhneasta a chur in iúl. Ní cheadaítí a leithéid sa dán díreach ach tá sé coitianta i leithéidí *DF*. Féach Ó Buachalla (1962–4, 106–8).

2.2b. Tagann léamha A agus B salach ar a chéile maidir leis an gceathrú seo. *A mhic Chumhaill* atá in B in áit *a hucht Chumhaill* ‘on behalf of Cumhaill’ in A. Is fearr a thagann B leis an bhforainm in 2d *nó is dearbhtha go mbeith tú i ngéibhinn*, ach is fearr a thagann léamh A le ceathrú 2c ina luaitear Fionn sa tríú pearsa: *ó fhianaibh Finn*. Cloím le léamh A ach fágann sin nach bhfuil brí an rainn iomlán sásúil.

Maidir le *na n-arm ruadh* ‘of the red weapons’, tá an seans ann go bhfuil an dath dearg ag tagairt d’fhuil a bheith ar an ngléas. Ní hannamh an dath seo luaite le huirlisí cogaidh i bhfilíocht na tréimhse (Herbert 2012, 65–7).

2.2c. B’fhéidir gurbh fhearr an líne seo a thuiscint mar ‘a single combat from [one of] Fionn’s fiana’.

2.2d: Tá *a ngeibhionn* (LS) coigeartaithe agam go *i ngéibhinn* (: *Finn*) anseo mar is é is dóichí a bhí i gceist ó thaobh na foghraíochta de.

3.1a. Níl mé cinnte faoi bhrí an fhocail *teibe* (*IGT* ii, §3) (LS ‘tipe’) i gcomhthéacs an rainn. Féach *teip* (*DIL* s.v. *teipe* (d); ‘refusal’). B’fhéidir gurbh fhéidir é a thuiscint mar ‘refrain’ agus is mar seo atá sé aistrithe agam le teacht le brí an dáin. Féach an sampla seo chomh maith as ‘Dé Céadaoin milltear Magh Fáil’: *creach ceall cá tarbha a teibe*, ‘raiding of churches [I say] what profit to abstain from?’ (O’Grady 1926, 334).

3.1c: Tá an líne seo doiléir. Tá an léamh lámhscríbhinne ‘*air* ar bfearaibh’ coigeartaithe agam go *ár bhfearaibh* i bhfianaise B agus toisc gur fearr a thagann sé le brí na ceathrún. B’fhéidir go bhféadfaí *clár* a thuiscint mar chlár imeartha (*DIL* s.v. *clár* (b iv)) agus gur íomhá mheafarach é sin d’ármhá.

3.2a: Ainm ar Éirinn é *Fál* atá thar a bheith coitianta sa phrós agus san fhilíocht i gcoitinne.

3.2c. Tá an léamh lámhscríbhinne *eilig* coigeartaithe agam go *uile* i bhfianaise léamh lámhscríbhinne B.

4.2a. Tá deacracht leis an léamh lámhscríbhinne *na gcochlaibh ciar* agus tá sé coigeartaithe agam go '*na chochlaibh ciar* (go litriúil 'in its dark tresses') i bhfianaise B.

4.2d. Tá *ceilleamh* coigeartaithe agam go *ceileadh* (féach 2.1a). Seans gur tagairt atá anseo do bhréagriocht an Bhodaigh.

4.3b. Féach 3.1.1 (vii).

4.4b. D'fhéadfaí *mó le rádh* a aistriú mar 'more famous' chomh maith.

4.4c. D'fhéadfaí an ceathrú seo a léamh ar bhealaí éagsúla. Is mar *intention* atá *rún* (*DIL* s.v. 1 *rún* (c)) aistrithe anseo agam: 'he did not conceal his intention from the fiana'. D'fhéadfaí *a rún* a thuiscint mar 'their desire' (i.e. coscairt Chaol an Iarainn) chomh maith: 'he did not withhold their desire from the fiana'. B'fhéidir, go deimhin, gur 'secret' atá i gceist le *rún* (*DIL* s.v. *rún* (b)) agus gur tagairt é seo don dallamullóg a chuireann sé ar an bhfian. Bheadh an tuiscint seo bun os cionn le héirim an scéil, áfach, ós rud é go gceileann an Bodach an *rún* sin ar an bhfian go dtí deireadh an scéil.

5.1a. Is minic an aidiacht *mall* á húsáid le cur síos a dhéanamh ar chríocha (Féach *DIL* s.v. *mall* (c)) agus is mar 'vast' atá sí aistrithe anseo agam. D'fhéadfaí é seo a léamh mar *noble* freisin (*DIL* s.v. *mall* (e)). Féach freisin 8.2d.

5.1b. Tabhair faoi deara nach bhfuil urú ar fáil ar lorg an ghinidigh iolra. Bheimis ag súil le *na gcath gcruaidh* anseo sa NGC.

5.1c. Níl mé cinnte céard is brí leis an léamh lámhscríbhinne *abhail* agus táimid ag brath ar an bhfinné seo amháin i gcás an dáin seo. Tá sé coigeartaithe agam go *adhbhall* (*DIL* s.v. *admall*) agus é á aistriú mar ‘stately’ agam dá réir. D’fhéadfaí é a léamh mar *umhail* (*DIL* s.v. *umal*, ‘obedient, submissive’) chomh maith, ach ní thiocfadh an léamh seo go maith le brí an rainn.

5.1d. Tá an ceathrú seo aistrithe go litriúil agam mar go mb’fhéidir gur réamhthagairt atá ann don eachtra sin a tharlaíonn i dtreo dheireadh an scéil nuair a iompaítear cheann Chaol an Iarainn droim ar ais.

5.3c. Glacaim leis gur ginideach uatha den ainmfhocal *teannta* (*IGT* ii, §7) atá anseo. Bheimis ag súil le *teanntadh* sa NGC.

5.5d. Is mar ‘adverse effects’ atá *deasga* aistrithe agam, féach *DIL* (s.v. *descad* (c), ‘sign, symptom’). Tá *d* curtha ar fáil agam in *dod theagmháil* ‘of your encounter’ ór rud é go mbeadh ginideach de dhíth dá uireasa.

6.2a. Tá an mhír chaite *do* curtha ar fáil anseo agam. Ba dhoiligh liom a shamhlú nach raibh sé i gceist anseo, go háirithe toisc gur suíomh coibhneasta atá ann.

6.3a. Tá *ionnamh* coigeartaithe agam go *Ionadh* (féach n. 2.1a).

6.3b. Ainm ar Éirinn é *Inis Ealga* (Eilge). Níl sé thar a bheith coitianta san fhianaíocht ach tá go leor samplaí san fhilíocht. Féach, mar shampla Hoyne (2018; 1.35; 2.37).

6.3c. D’fhéadfaí an líne seo a léamh mar and ‘Caol of the feats, *it is* at the hand of the worst of the Fian’.

6.4b. Tá an léamh lámhscríbhinne *na huaidhim* coigeartaithe agam go *ná th’úim* (‘or your tackle’). Bíonn séimhiú ar an dara pearsa uatha den fhorainm sealbhach roimh

ghuta (t' / th') go coitianta agus is minic a scríobhtar é seo mar *h* amháin sna lámhscríbhinní (féach *SNG* 274–5).

7.1c. Tá *donas* á léamh agam mar ‘devil’ le teacht le héirim an rainn. Ní heol dom aon sampla eile dá leithéid i nGaeilge na hÉireann ach tá sé coitianta in Albain (*Dwelly* s.v. *donas*) agus is fearr a thiocfadh an léamh sin le brí an rainn ná ‘misfortune’ nó ‘badness’ (féach *DIL* s.v. *donas*).

8.1b. Tá *goill* coigeartaithe agam go *guth* (: *cruth*) agus in ainneoin nach féidir brath ar an meadaracht i gcónaí, thiocfadh *goill* salach ar éirim an rainn. Is mar ‘fame’ atá *guth* aistrithe anseo agam le teacht le brí an dáin, cé go mba litriúla an t-aistriúchán *voice* (féach *DIL* s.v. *guth* 1).

8.1c. Tá *filleadh* coigeartaithe agam go *filleadh* (féach 2.1a).

8.1d. Ba litriúla an t-aistriúchán ‘and my appearance is not good’.

8.2d. Maidir leis an bhfocal *mall* féach 5.1a.

8.3d. Glacaim leis gur botún faoi deara an léamh lámhscríbhinne *ath* (in ainneoin go bhfuil an léamh céanna in ARÉ 23 Q 18) agus tá sé coigeartaithe agam go *ágh* (*DIL* s.v. 2 *ág*, ‘battle’) le teacht le comhthéacs na ceathrún: *ag súil re ágh, treise is buaidh*, ‘expecting battle, strength and victory’. D’fhéadfaí é a choigeartú go *ád* chomh maith (*DIL* s.v. *ád*) agus é a thuiscint mar ‘success’.

9.2b. Ní thuigim céard go baileach is brí leis an léamh lámhscríbhinne *craobhtheann* agus tá sé coigeartaithe agam go *crobhtheann* (*DIL* s.v. *crob* + *DIL* s.v. 1 *tend* (a)) le teacht le héirim an rainn: *an bhuidhion chróga chrobhtheann*, ‘that brave strong-armed host’.

Innéacsanna

Ainmneacha agus áitainmneacha

Almhain Laighean	Aguisín I: 99–100; Aguisín II: 9.1d
An Teasáil	19 (n.), 74, 137, srl.; Aguisín II: 5.1a, 5.3d, 8.2d
Barún Innse Cuinn	174–5 (n.); Aguisín I: 2–3, 18, 24, srl.
Binn Éadair (mheic Éadghaoithe)	2 (n.), 74, 103, srl.; Aguisín II: 5.3b, 7.1b
Bodach an Chóta Lachtna	102, 106, 112, srl.; Aguisín I: 1, 4, 6, srl.; Aguisín II: 3.1d, 6.1c, 7.1c
Caoilte mac Rónáin	41–2 (n.), 45, 49, srl.
Caol an Iarainn	19 (n.), 30, 38, srl.; Aguisín II: 3.1b; 5.1b; 5.3d; 5.5b; 6.2b; 6.3d
Céis Chorainn	46 (n.), 87
Clanna Móirne	Aguisín II: 9.2d
Conán Mallachtach mac Móirne	26 (n.)
Connacht	Aguisín II: 9.1b
Cruacha	317 (n.); Aguisín I: 139; Aguisín II: 9.1a
Éire	7, 75, 90, srl.; Aguisín I: 117; Aguisín II: 1.2d; 5.1c; 5.4b; 8.1a; 8.2a
Fál	Aguisín II: 3.2a; 5.5c

Fionn mac Cumhaill	1 (n.), 14, 16; Aguisín I: 19, 59, 62, srl.; Aguisín II: 2.2b; 2.2c; 4.1a; 4.1c; 5.4c; 9.2a
Inis Ealga	Aguisín II: 6.3b; 8.3c
Manannán mac Lir	316–17 (n.), Aguisín I: 139
An Mhumhain	126–7 (n.); Aguisín II: 5.3a; 6.1a 8.2b
Sliabh Ailp	Aguisín II: 4.4b
Sliabh Luachra (na Mumhan)	126–7 (n.), 130, 132–3; Aguisín I: 20, 40; Aguisín II: 6.1b
Teamhair na Ríogh	45 (n.), 49, 86

Innéacs na bhfocal a ndéantar plé orthu sna nótaí ar an téacs

a-tá (-fuiltí) n. 101; (raibh) n. 106

airdeall n. 130–2

an an t-alt n. 3–4

a-noir n. 4

ar réamhfhocal n. 2–3

ardrígh n. 16

athchomadh n. 283–4

bagraidh (bhogair) n. 84

beiridh (bhéaras) n. 38

bodach n. 112

carrag (carraigeacha) n. 215

cath (seacht gcatha na gnáthfhéine) n. 1–2

crinn ainm briathar n. 207

cinnte (go ~) n. 126–7

clódh n. 29

cloidheamh (cloidhmhe) n. 12

commóraidh (do commóradh) n. 1

crann (crann bagair) n. 91

críochnaighidh (-críochnóchar) n. 27

dar n. 26

deóntach n. 47

do réamhfhocal (dho) n.50; (dom) n. 156–7

do réimir bhriathartha n. 7

díon n. 151

dochum n. 75

do-rís n. 233

é forainm n. 127

éagmais (dom fhéagmais) n. 156–7

fa réamhfhocal (fon) n. 146; 162

feadar (Do fhéadair-se) n. 92–3

fian (*fianaibh*) n. 14

fiansgaradh n. 160

filleadh n. 38–9

fillidh (fillis) n. 315

fuirighidh (fuireach) n. 69

gaisgeadhach (gaisgeadhaigh) n. 93–4

geall (geall reatha) n. 38, 88–9 (gill) n. 121–2, 128

glafar n. 116

i réamhfhocal n. 4, 143–4, 182, 193

í *forainm* n. 127

iar *réamhfhocal* iarna n. 146

inneall n. 15

imtheacht n. 104–5

iongadh (*iongnadh aige*) n. 107

lachtna n. 53

lánsholasda *comhfhocal* n. 186

le *réamhfhocal* (*lerab*) n. 301; (*libh*) n. 37

leabharshéadach n. 3–4

mian (*mian + do*) n. 22

mias (*méis*) n. 54

oircheall (*d’oirchill*) n. 155; (*i noirchill*) n. 180

ordughadh n. 15

ré (*ree*) n. 27

riachtanas n. 150

ruadhmhárta *comhfhocal* n. 241–2

ruagadh n. 5

saoitheamhail n. 182

scoithidh (*do scoith*) n. 166

sgéal (*sgéala*) n. 274–6

sgríb n. 120

siar n. 130

síorithe n. 220

subhlíonta n. 248

slios (sleasaibh) n. 215

sméar (sméara) n. 220

soláthair n. 156

taisbeánaidh (do thaisbéin) n. 111–2

talcar (*go ~*) n. 253–4

tapánta n. 195

téagar n. 151

teagmhaidh (teagómhaidh) n. 46

teiligidh (do theilig) n. 205

tig (-tí) n. 119

tógbhaidh (tógbhadh) n. 55

tor n. 220

uireasbhaidh n. 23

Innéacs na bhfocal a ndéantar plé orthu sna nótaí ar an téacs (Aguisín I)

aisde n. 115

árthach n. 50

bácaoir n. 3

biadh (bídh) n. 42

cia n. 22

cortha n. 116

crann (crann pobail) n. 55–6

dé n. 113

do-bheir (-tiúradh) n. 32

fead (fead ghlaice) n. 116

fearaidh n. 68

lá (látha) n. 94

leitheadach n. 8–9

sgaraidh (-sgarfa) n. 51

sos (sosa) n. 2

tinntidhe n. 55–6

tógbhaidh (tóigfidh) n. 107

Innéacs na bhfocal a ndéantar plé orthu sna nótaí ar an téacs (Aguisín II)

a mír ghairmeach 1.1a

adhbhall 5.1c

ágh 8.3d

áth 8.3d

breaghachta 1.1b

ceileadh 4.2d

clár 3.1c

crobhteann 9.2b

crapaidh (craplas) 2.1d

deasga 5.5d

donas 7.1c

féachaidh (fhéachas) 1.2c

fillidh (filleadh) 2.1a, 8.1c

géibheann (i ngéibhinn) 2.2d

goll (goill) 8.1b

guth 8.1b

ionadh 6.3a

is an chopail (as) 1.1b

lúireach 1.2b

mall 5.1a; 8.2d

rádh (mó le rádh) 4.4b

ruadh 2.2b

rún 4.4c

teannta 5.3c

teibe 3.1a

ucht (a hucht) 2.2b

uile 3.2c

úim 6.4b

umhail 5.1c

Giorrúcháin

caite	aimsir chaite
láith.	aimsir láithreach
fáist.	aimsir fháistineach
coinn.	modh coinníollach
ord.	modh ordaitheach
foshuit. caite	modh foshuiteach caite
foshuit. láith	modh foshuiteach láithreach
gin.	tuiseal ginideach
tabh.	tuiseal tabharthach
áin.	tuiseal áinsíoch
iol.	uimhir iolra
u.	uimhir uatha
ainm br.	ainm briathartha
coibh.	coibhneasta
ns.	neamhspleách
s.	spleách
diúl.	diúltach
dearf.	dearfach
forainm p.	forainm pearsanta
forainm s.	forainm sealbhach

Giorrúcháin (lámhscríbhinní)

ARÉ	Acadamh Ríoga na hÉireann, Baile Átha Cliath
LB Add.	Bailiúchán na Lámhscríbhinní Gaeilge breise, Leabharlann na Breataine, Londain
LB Eg.	Bailiúchán Egerton, Leabharlann na Breataine, Londain
Cam.	Lámhscríbhinní Gaeilge breise, Leabharlann Ollscoile Cambridge
CC	Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Chiaráin, Cill Chainnigh
CE	Lámhscríbhinní Gaeilge i gColáiste Eoin, Port Láirge
CG	Lámhscríbhinní Gaeilge i gColáiste na nGael, An Róimh
De hÍde	Bailiúchán de hÍde, Leabharlann James Hardiman, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Feir.	Bailiúchán an Fheiritéirigh, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
LNA	Lámhscríbhinní Gaelacha i Leabharlann Náisiúnta na hAlban
LNÉ G	Lámhscríbhinní Gaeilge, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath
Luim.	Lámhscríbhinní Gaeilge i gCeardlann dheoise Luimnigh
MN (C)	Bailiúchán Uí Chomhraí, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad
MN (M)	Bailiúchán Uí Mhurchú, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad

MN (R)	Bailiúchán Renehan, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad
ÓR	Lámhscríbhinní Gaeilge in Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath
Penn.	Lámhscríbhinní Gaeilge i Leabharlann Chuimhneacháin Falvey, Ollscoil Villanova, Pennsylvania
TCD	Lámhscríbhinní Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Torna	Bailiúchán Thorna, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Uí Mhurchú	Bailiúchán Uí Mhurchú, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Giorrúcháin leabhareolais

- ABP* E. Mac Cárthaigh (ed.), *The art of bardic poetry: a new edition of Irish Grammatical Tracts I* (Dublin 2014).
- AC* A. Martin Freeman (ed.) *Annála Connacht: the annals of Connacht (A.D. 1224-1544)* (Dublin 1944).
- AOR* P.S. Dinneen & T. O'Donoghue (eds), *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille: The Poems of Egan O'Rahilly* (London 1911).
- AS* N. Ní Shéaghdha (ed.), *Agallamh na Seanórach*, (3 vols, Dublin 1942–5; reprint 2014).
- BD* A. Ó Fachtna (ed.), *An Bheatha Dhiadha nó an tSlighe Ríoghdha* (Dublin 1967).
- BN* P. Ó Súilleabháin (ed.), *Buaidh na naomhchroiche* (Dublin 1972).
- BSF* P. Ó Súilleabháin (ed.), *Beatha San Froinsias* (Dublin 1957).
- BST* L. McKenna (ed.), *Bardic Syntactical Tracts* (Dublin 1944; reprint 1979).
- Cat. ARÉ* T.F. O'Rahilly, K. Mulchrone *et al.* (eds), *Catalogue of Irish manuscripts in the Royal Irish Academy* (28 vols, Dublin and London 1926–70).
- Catechismus* T. Stapleton, *Catechismus. Adhon an Teagasc Criostuí, iar na fhoillsuí à Laidin & à Ngaoilaig, ar modh comhrá idir Magistir & Disciubúl* (Brussels 1639; facsimile Dublin 1945).
- CF* C. O'Rahilly (ed.), *Cath Finntrágha*. (Dublin 1975)

- Cló* M. Hoyne & R. Sharpe (eds), *Clóliosta: Printing in the Irish language, 1571–1871*. (<https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/cloliosta/>)
- CMO* D. Ó hUaithne (ed.), *Cúirt an Mheán Oíche* (Dublin 1969).
- DBM* C. Mhág Craith (eag.), *Dán na mBráthar Mionúr* (Baile Átha Cliath 1967 agus 1980).
- DDB* J.C. MacErlean (ed.), *Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair: The poems of David Ó Bruadair* (3 vols, Dublin 1910–3).
- Des.* T.F. O’Rahilly (ed.), *Desiderius* (Dublin 1941; reprint 1955).
- DF* E. MacNeill & G. Murphy (eds), *Duanaire Finn: The book of the lays of Fionn* (3 vols, London 1908–53).
- DiD* L. Mac Cionnaith (eag.), *Dioghluim dána* (Baile Átha Cliath 1938; athchló 1969).
- DIL* *Dictionary of the Irish language based mainly on Old and Middle Irish materials* (Dublin 1913–75).
- DINN* P.S. Dinneen (ed.), *Foclóir Gaedhilge agus Béarla: an Irish-English dictionary* (Dublin 1927; reprint 1975).
- Dwelly* E. Dwelly, *The Illustrated Gaelic-English Dictionary* (Glasgow 1901–11; reprint 1994).
- ESA* P. O’Brien (ed.), *Eochair-sciath an aifrinn: an explanatory defence of the mass written in Irish in the seventeenth century* (Dublin 1898).
- FFÉ* P.S. Dinneen (ed.), *Foras Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn, D. D.* (3 vols, London 1901–14).

<i>FGB</i>	N. Ó Dónaill, <i>Foclóir Gaeilge-Béarla</i> (Baile Átha Cliath 1977; athchló 2005).
<i>FTC</i>	M. Joynt (ed.), <i>Feis Tighe Chonáin</i> (Dublin 1936).
<i>GFMR</i>	A. Bruford, <i>Gaelic Folk-Tales and Medieval Romances: A study of the Early Modern Irish 'Romantic Tales' and their oral derivatives</i> (Dublin 1969).
<i>HDGP</i>	P. Ó Riain, D. Ó Murchadha & K. Murray (eds), <i>Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge</i> (vols 2 & 4, London 2005; 2011).
<i>IGT</i>	O. Bergin (ed.), 'Irish grammatical tracts', forlíontaí le <i>Ériu</i> 8 (1916), <i>Ériu</i> 9 (1921–3), <i>Ériu</i> 10 (1926–8), <i>Ériu</i> 14 (1946), <i>Ériu</i> 17 (1955).
<i>LF</i>	P. Ó Súilleabháin (ed.), <i>Lucerna Fidelium</i> (Dublin 1962).
<i>O'Hara</i>	L. McKenna (ed.), <i>The Book of O'Hara: Leabhar Í Eadhra</i> (Dublin 1951).
<i>Párlíament</i>	B. Ó Cuív (ed.), <i>Párlíament na mBan</i> (Dublin 1952; reprint 1970).
<i>PCT</i>	N. Williams (ed.), <i>Pairlement Chloinne Tomáis</i> (Dublin 1981).
<i>SEB</i>	E.G. Quin (ed.), <i>Stair Ercuil agus a bás: the life and death of Hercules</i> (Dublin 1939).
<i>SEC</i>	E. Ó Neachtain (eag.), <i>Stair Éamuinn Uí Chléire do réir Shéain Uí Neachtain</i> (Baile Átha Cliath 1918).
<i>SG</i>	S.H. O'Grady (ed.), <i>Silva Gadelica</i> (2 vols, Dublin 1892).
<i>SMN</i>	M.H. Gill (ed.), <i>Seanmóirí Muighe Nuadhad II</i> (Baile Átha Cliath 1907).

- SNG K. McCone, D. McManus, C. Ó Háinle, N. Williams agus L. Breatnach (eds), *Stair na Gaeilge in ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad 1994).
- SSA C. Ó Maonaigh (ed.), *Scáthan Shacramuinte na hAithridhe* (Dublin 1952).
- ST W. Bedell, *Leabhuir na Seintiomna* (London 1685). Ar fáil ag: http://eebo.chadwyck.com.elib.tcd.ie/search/full_rec?SOURCE=pgimages.cfg&ACTION=ByID&ID=V93497
- TBC C. O’Rahilly (ed.), *Táin Bó Cúailnge: Recension I* (Dublin 1976).
- TC F. Mac Raghnaill (ed.), *An Teagasg Críosdaidhe* (Dublin 1976).
- TD E. Knott (ed.), *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn*. Imleabhar 1. (London, 1922).
- TDG N. Ní Shéaghdha (ed.), *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: The pursuit of Diarmaid and Gráinne* (Dublin 1967; reprint 1986).
- TF C. O’Rahilly (ed.), *Trompa na bhflaitheas* (Dublin 1955).
- TGG C. O’Rahilly (ed.), *Tóruigheacht Gruaidhe Griansholus = The pursuit of Gruaidh Ghriansholus* (London 1924).
- TN U. Ó Domhnuill, *Tiomna Nuadh ar Dtighearna agus ar Slanuigheora Josa Criosd, ar na tharuing go firinneach as Gregis go Gaoidheilg* (Dublin 1754; reprint 1827).
- TTT M. Ní Mhuirgheasa (ed.), *Imtheacht an dá nónbhar agus Tóraigheacht Taise Taoibhghile* (Dublin 1954).

Tagairtí

- Abbott, T.K., 1900: *Catalogue of the manuscripts in the Library of Trinity College, Dublin*. Dublin.
- Aiken, S., 2016: ‘‘An dán is deise agus is fileata san Nua-Ghaedhilg’’: eagarthóireacht Phádraig Mhic Phiarais ar an dán dar tús ‘Ochón, a Dhonnchadh’ le Pádraig Ó hÉigearthaigh’, *COMHARTaighde* 2. (Ar fáil ag: <https://doi.org/10.18669/ct.2016.01>).
- Atkinson, R.F., 1993: ‘Humour in Philosophy’, in K. Cameron (ed.), *Humour and History*. Bristol, 10–20.
- Bergin, O. (ed.), 1909: *Sgéalaigheacht Chéitinn: Stories from Keating’s History of Ireland*. Dublin. [2010 reprint].
- Best, R.I., 1905: ‘The Tragic Death of Cúroí Mac Dáirí’, *Ériu* 2, 18–35.
- Best, R.I., 1942: *Bibliography of Irish Philology and Manuscript Literature*. Dublin.
- Breatnach, C., 1991: ‘Early Modern Irish Prose Reconsidered: The Case of Ceasacht Inghine Guile’, *Ériu* 42, 119–38.
- Breatnach, C., 1995: ‘Cath Fionntrágha’, in R. Ó hUiginn (ed.), *An Fhiannaíocht: Léachtaí Cholm Cille XXV*. Maigh Nuad, 128–43.
- Breatnach, C., 1996(a): *Patronage, Politics and Prose: Ceasacht Inghine Guile, Sgéala muice Meic Dha Thó, Oidheadh Chuinn Chéadchathaigh*. Maigh Nuad.
- Breatnach, C., 1996(b): ‘Early Modern Irish Prose’, in K. McCone & K. Simms (eds), *Progress in Medieval Irish Studies*. Maigh Nuad, 189–206.

- Breatnach, C., 1999: 'The Religious Significance of Oidheadh Chloinne Lir', *Ériu* 50, 1–40.
- Breatnach, C., 2000: 'The transmission of *Ceasacht inghine Guile*: some observations', *Éisge* 32, 138–45.
- Breatnach, C., 2007: 'The Language and Manuscript Tradition of *Eachtra an Mhadra Mhaoil* and *Eachtra Mhacaoimh an Iolair*', in J. Carey (ed.), *The Matter of Britain in Medieval Ireland: Reassessments*. London, 1–29.
- Breatnach, C., 2009: 'Exploiting the Past: Pearse as Editor and Interpreter of *Fiannaíocht* Literature', in R. Uí Chollatáin (ed.), *The life and after-life of P.H. Pearse*. Dublin, 195–207.
- Breatnach, P.A., 1984: 'Amhrán le hAogán Ó Raithile', *Éigse* 20, 149–56.
- Breatnach, R.A. 1961: 'The End of a Tradition: A Survey of Eighteenth Century Gaelic Literature', *Studia Hibernica* 1, 128–50.
- Breatnach, R.A. 1966: 'The Syntax of Mod. Ir. "Lá dá raibh sé"', *Ériu* 20, 208–11.
- Broderick, G., 2016: 'Fíanaigeacht in Manx Tradition', *Scottish Gaelic Studies* 30, 191–242.
- Bruford, A., 1969: *Gaelic Folk-Tales and Mediaeval Romances*. Dublin.
- Carey, J., 2003: 'Remarks on dating', in *Reassessments on Duanaire Finn*. London, 1–18.
- Carey, J., 2018: *The Mythological Cycle of Medieval Irish Literature*. Cork.
- Charles-Edwards, T.M., 1999: 'Geis, prophecy, omen, and oath', *Celtica* 23, 38–59.

- Chuto, J., 1976: 'Mangan, Petrie, O'Donovan, and a Few Others: The Poet and the Scholars', *Irish University Review* 6/2, 169–87.
- Clifford, D., 2007: 'Bó Bithblicht meic Lonán: eagrán de scéal faoi Fhlann mac Lonán', *Celtica* 25, 1–8.
- Cross, T.P., 1952: *Motif-index of early Irish literature*. Indiana.
- Cunningham, B., 2000: *The world of Geoffrey Keating: history, myth and religion in seventeenth-century Ireland*. Dublin.
- De Barra, S., 1991–2: 'Pairlement Chloinne Tomáis: Léirmhíniú, Dátaí agus Údar', *Studia Hibernica* 26, 107–46.
- De Brún, P. & Herbert, M., 1986: *Catalogue of Irish manuscripts in Cambridge libraries*. Cambridge.
- De Brún, P., 1967: *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollscoile Chorcaí: Cnuasach Thorna*. Dublin.
- De Brún, P., 1973: 'Lámhscríbhinní Gaeilge i Luimneach', *Éigse* 12/2, 91–108.
- De Brún, P., 1973: *Catalogue of Irish manuscripts in King's Inn Library*. Dublin.
- De Brún, P., 1988: *Lámhscríbhinní Gaeilge: treoirliosta*. Baile Átha Cliath.
- De Búrca, Á., 1926–7: 'MSS in Dr Hyde's possession, catalogued by Áine de Búrca, 1926–7'. Clár lámhscríofa.
- Duffy, C., 1945, *The Ballad Poetry of Ireland*. London.
- Edel, D., 2006: '“Bodily matters” in early Irish narrative literature', *ZCP* 55, 69–107.

- Embree, D., & Urquhart, E., 1987: 'The *Simonie*: The Case For A Parallel-Text Edition', in D. Pearsall (ed.), *Manuscripts and texts: editorial problems in later Middle English literature*. New York.
- Fenning, H., 2009: 'Carpenter, John', in J. McGuire & J. Quinn (ed), *Dictionary of Irish Biography*. Cambridge. (Ar fáil ag <http://dib.cambridge.org/viewReadPage.do?articleId=a1496>).
- Flahive, J.J., 2017: *The Fenian Cycle in Irish and Scots-Gaelic Literature*. Cork.
- Flower, R., 1926: *Catalogue of Irish manuscripts in the [British Library, formerly the] British Museum*. Vol. 2. London.
- Gray, E.A., 1982: *Cath Maige Tuired*. London.
- Greene, D., 1958: 'The Analytic Forms of the Verb in Irish', *Ériu* 18, 108–12.
- Greene, D., 1977: 'Varia IV', *Ériu* 28, 155–67.
- Greene, D., 1973: 'Synthetic and Analytic: A Reconsideration', *Ériu* 24, 121–33.
- Greetham, D.C., 1992: *Textual Scholarship: An introduction*. New York & London.
- Gwynn, E. (ed.), 1913: *The Metrical Dindshenchas*. Vol. 3. Dublin. [1991 reprint].
- Haliday, W., 1808: *Uraicecht na Gaedhilge: A Grammar of the Gaelic Language*. Dublin.
- Herbert, T., 2012: *Móitífeanna agus Íomháineachas Míleata sa Dán Díreach*. Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe. Coláiste na Tríonóide.
- Hoyne, M., 2013: 'The political context of *Cath Muighe Tuireadh*, the early modern Irish version of the Second battle of Magh Tuireadh', in *Ériu* 63, 91–116.

- Hoyne, M., 2015: ‘*Imtheacht an Dá Nónmhar agus Tóraigheacht Taise Taoibhghile*: an Early Modern Irish exemplary tale’, *Ériu* 65, 1–47.
- Hoyne, M., 2016: ‘Stressed monosyllables ending in a short vowel in Classical Modern Irish,’ *Celtica* 28, 186–200.
- Hoyne, M., 2017: ‘Early Modern Irish Miscellanea’, *Ériu* 67, 167–86.
- Hoyne, M., 2018: *Fuidheall Áir: Bardic poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c. 1377 – c. 1637*. Dublin.
- Hyde, D. (ed.), 1899: *Giolla an fhiugha, or The lad of the ferule : [and] Eachtra cloinne rígh na hIoruidhe, or, Adventures of the children of the King of Norway*. London.
- Kane, B., 2018: ‘A World of Honour: Aristocratic Mentalité’, in T. Bartlett & J. Ohlmeyer (eds), *The Cambridge History of Ireland*, Vol. 2, Cambridge, 482–505.
- Kenny, E.J., 1974: *The Classical Text*. Cambridge.
- Lazar-Meyn H.A. 1982: ‘Modern Irish grammars and the plural marker *acha*’, in A. Ahlqvist (ed.), *Papers from the 5th International Conference on Historical Linguistics*. Amsterdam, 196–200.
- Lernout, G., 2013: ‘Continental editorial theory’, in N. Fraistat and J. Flanders (eds), *The Cambridge Companion to Textual Scholarship*, 61–78.
- M’Caughey, T., 1968: ‘Ní Bhfuil’, in J. Carney & D. Greene (eds), *Celtic Studies: Essays in memory of Angus Matheson 1012–1962*. London.

- Mac Cárthaigh, E., 2009: ‘Ó Caiside, Tomás Bán’, in J. McGuire & J. Quinn (eds), *Dictionary of Irish Biography*. Cambridge.
- Mac Cárthaigh, E., 2013: ‘Mo mhallacht ort a shaoghail (c. 1655): Dán is a sheachadadh,’ *Ériu* 63, 41–77.
- Mac Cuirtín, A., 1728: *The elements of the Irish language, grammatically explained in English*. Lovain [sic]. (Ar fáil ag: Eighteenth Century Collections Online. Gale. Trinity College Dublin. 8 Oct. 2018
<<http://find.galegroup.com/ecco/infomark.do?&source=gale&prodId=ECCO&userGroupName=tcd&tabID=T001&docId=CW115237386&type=multipage&contentSet=ECCOArticles&version=1.0&docLevel=FASCIMILE>>.)
- Mac Eoin, G., 1982: ‘The dating of Middle Irish texts’, *Proceedings of the British Academy* 68, 109–37.
- Mac Gearailt, U., 2012: ‘Middle Irish archaisms in Early Modern Irish prose,’ *Studia Hibernica* 38, 57–116.
- Mac Giolla Léith, C., (ed.), 1992: *Oidheadh chloinne hUisneach The Violent death of the children of Uisneach*. London.
- Mac Giolla Phádraig, B., 1976: ‘Dr. John Carpenter: Archbishop of Dublin, 1760–1786’, *Dublin Historical Record* 30/1, 2–17.
- Mac Grianna, S., 1940: *Mo bhealach fhéin*. Baile Átha Cliath.
- Mac Piarais, P. (eag.), 1908: *Bodach an chóta lachtna: ar n-a chur i n-eagar do Phádraic Mac Piarais*. Baile Átha Cliath. [Athchló 1916].

- Macalister, R.A.S., (ed.), 1908: *Two Irish Arthurian romances. Eachtra an Mhadra Mhaoil, Eachtra Mhacaoimh-an-Iolair; The story of the Crop Eared Dog, the Story of Eagle Boy*. London.
- Mackechnie, J., 1973: *Catalogue of Gaelic manuscripts in selected libraries in Great Britain and Ireland*, Vol. 1. Massachusetts.
- MacKillop, J., 1986: *Fionn mac Cumhaill: Celtic Myth in English Literature*. New York.
- MacNamara, G.U., 1901: 'Inchiquin, County Clare (Concluded)', in *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 5/4, 341–64.
- MacQuarrie, C.W., 2004: *The biography of the Irish god of the sea from The Voyage of Bran (700 A.D.) to Finnegans Wake (1939): the waves of Manannán*. Lewiston [N. Y.].
- Mahon, W. (eag.), 2000: *The History of Éamonn O'Clery*. Conamara.
- Mahon, W., 2007: *Catalogue of Irish Manuscripts in Villanova University Pennsylvania*. Dublin.
- Mahon, W., 2013: 'Seán Ó Neachtain's Rabelaisian sources: a selective list', in C. Hambro & L. Widerøe (eds), *Lochlann*. Oslo, 123–38.
- McKenna, L., 1931: *Philip Bocht Ó hUiginn*. Dublin.
- McKenna, L., 1940: 'Geall in bardic poetry,' in J. Ryan (ed.), *Féil sgríbhinn Eóin Mhic Néill*. Dublin, 62–71.
- McKenna, L., 1951: 'A fhir shealbhas duit an dán. By Gofraidh Mac an Bhaird', *Studies: An Irish Quarterly Review* 40, 352–63.

- McManus, D., 1994: 'Teanga an Dána agus teanga an phróis,' *Léachtaí Cholm Cille* XXIV, 114–35.
- McManus, D., 2002: 'The language of the Beatha', in P. Ó Riain (ed.), *Beatha Aodha Ruaidh: The life of Red Hugh O'Donnell, Historical and Literary contexts*. London, 54–73.
- McManus, D., 2005: 'Varia III: Miscellanea on Bardic poetry: metre, language and style,' *Ériu* 55, 147–66.
- McManus, D., 2008: 'Niall Frosach's 'act of truth': a Bardic apologue in a poem for Sir Nicholas Walsh, Chief Justice of the Common Pleas (†1615)', *Ériu* 58, 133–68.
- Mercier, V., 1962: *The Irish Comic Tradition*. Oxford. [1991 reprint].
- Meyer, K., 1906: *The Death-Tales of the Ulster Heroes*. Dublin.
- Meyer, K., 1910: *Fianaighecht*. Dublin.
- Meyer, K., 1983: Léirmheas: O'Grady 1892, *Revue Celtique* 14, 321–37.
- Meyer, K., 1984: Léirmheas: O'Grady 1892, *Revue Celtique* 15, 108–22; 371–95.
- Mhac an tSaoi, M., 1946: *Dhá sgéal Artúraíochta, mar atá Eachtra Mhelóra agus Orlando agus Céilidhe Iosgaide Léithe*. Dublin.
- Murphy, G., 1961: *Early Irish Metrics*. Dublin.
- Murphy, G., 1955: *The Ossianic lore and romantic tales of medieval Ireland*. Cork. [1961 reprint].

- Murphy, J., 2009: 'O'Brien, Murrough, 6th Baron and 1st earl of Inchiquin', in J. McGuire & J. Quinn (ed), *Dictionary of Irish Biography*. Cambridge. (Ar fáil ag <http://dib.cambridge.org/viewReadPage.do?articleId=a6487>)
- Murray, K., 2012: 'Interpreting the evidence: problems with dating the early *fíanaigeacht* corpus', in S. J. Arbuthnot and G. Parsons (eds), *The Gaelic Finn Tradition*. Dublin, 31–49.
- Nagy, F., 1985: *The Wisdom of the Outlaw: The Boyhood Deeds of Finn in Gaelic Narrative Tradition*. California.
- Nagy, F., 1986: 'Orality in medieval Irish narrative: an overview,' , *Oral Tradition* 1/2, 272–301.
- Nagy, F., 1987: 'In Defence of Rómánsaíocht', *Ériu* 38, 9–26.
- Nagy, F., 1998: *A new introduction to two Irish Arthurian romances*. London.
- Nagy, F., 2006/7: 'Heroic Recycling in Celtic Tradition', *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 26/7, 1–36.
- Neilson, W., 1808: *Introduction to the Irish Language*. Dublin.
- Ní Chléirigh, M., 1941: *Eachtra na gCuradh*. Baile Átha Cliath
- Ní Dhomhnaill, C., 1975: *Duanaireacht*. Baile Átha Cliath.
- Ní Dhonnchadha, M.E., 1943: *Clár na lámhscríbhinní insan leabharlann i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh*. Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe. Coláiste Ollscoile Chorcaí.

- Ní Mhaonaigh, M., 1998: *A New Introduction to Giolla an Fhiugha (The Lad of the Ferule) and Eachtra Cloinne Rígh na h-Ioruaidhe (Adventures of the Children of the King of Norway)*. London.
- Ní Mhuirgheasa M. & Ní Shéaghdha, N. (eds), 1941: *Trí Bruidhne*. Dublin.
- Ní Ógáin, E., c. 1924: *The Ferriter manuscripts described and catalogued by Eibhlín Ní Ogáin*. Clár lámhscríofa.
- Ní Shéaghdha, N., 1989: 'Irish Scholars and Scribes in Eighteenth-Century Dublin,' *Eighteenth-Century Ireland / Iris an dá chultúr* 4, 41–54.
- Ní Shéaghdha, N., & Ó Macháin, P., 1961–96: *Catalogue of Irish manuscripts in the National Library of Ireland*. Dublin.
- Ní Úrdail, M., 2000: *The scribe in eighteenth- and nineteenth-century Ireland: motivations and milieu*. Münster.
- Ní Úrdail, M., 2002/3: 'Seachadadh agus Seachadóirí Téacsaí san Ochtú agus sa Naoú Céad Déag', *Studia Hibernica* 32, 75–98.
- Ní Úrdail, M., 2011: *Cath Cluana Tarbh*. London.
- Ní Úrdail, M., 2018: *Lámhscríbhinní an Fheiritéaraigh: gearrliosta seiceála curtha le chéile ag Meidhbhín Ní Úrdail* (ar fáil ag: http://libguides.ucd.ie/ld.php?content_id=31167783)
- Nic Pilibín, M. (ed.), 1938: *Na Caisidigh agus a gcuid filidheachta*. Baile Átha Cliath.
- Ó Buachalla, B., 1962–4: 'The relative particle *do*', *ZCP* 29, 106–13.
- Ó Cadhlaigh, C., 1937: *An Fhiannuidheacht*. Baile Átha Cliath. [Athchló 1949].

- Ó Canainn, P. (eag.), 1939: *Diarmuid 7 Gráinne, An Giolla Deacair [agus] Bodach an Chóta Lachtna*. Baile Átha Cliath.
- Ó Chollatáin, R., & Ó Néill, M., 2013: *An Greann sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath.
- Ó Conchúir, B., 1982: *Scríobhaithe Chorcaí 1700-1900*. Gaillimh.
- Ó Conchúir, B., 1991: *Clár lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Ollscoile Chorcaí: cnuasach Uí Mhurchú*. Baile Átha Cliath.
- Ó Corráin, D., 2004: ‘Cad d’imigh ar lámhscríbhinní na hÉireann’, in R. Ó hUiginn (eag.), *Oidhreacht na lámhscríbhinní: Léachtaí Cholm Cille 34*. Maigh Nuad, 7–27.
- Ó Cuív, B., 1976: ‘The Irish language in the early modern period,’ in T. W. Moody, F. X. Martin & F. J. Byrne (eds), *A New History of Ireland III*. Oxford. [reprint 1978]
- Ó Cuív, B., 1990: ‘Vowel hiatus in Early Modern Irish’, in A. Matonis & D. Melia (eds), *Celtic language, Celtic culture: a festschrift for Eric P. Hamp*. CA, 96–107.
- Ó Dálaigh, S., 1846: *Self-instruction in Irish: or, a primer of spelling and pronunciation, with easy reading lessons for beginners*. Dublin. [athcló 1848, 1853, 1871]
- Ó Doibhlin, B., 2003: *Manuail de Litríocht na Gaeilge*. Faisicil 1. Baile Átha Cliath.
- Ó Domhnaill, N. (eag.), 1973: ‘Bodach an Chóta Lachtna’, in B. De Paor, P. Breatnach & B. Ó Cinnéide (eag.), *Fios Feasa I*. Baile Átha Cliath.
- Ó Domhnaill, N., 1942: *Seanchas na Féinne*. Baile Átha Cliath. [Athchló 1996].

- Ó Donnchadha, T., 1931: *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe*. Baile Átha Cliath.
- Ó Duinnshléibhe, A., 1742: *An Teagasg Críosduidhe do réir ceasda agus freagartha*.
Páras. [Baile Átha Cliath 1848, athchló].
- Ó Fiannachta, P. (ed.), 1986: *Seanstair*. Má Nuad.
- Ó Fiannachta, P., 1965–9: *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig*, Má Nuad,
imleabhair 1, 2, 5, 6. Má Nuad.
- Ó Fiannachta, P., 1968: Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste na nGael sa Róimh’, *Studia Celtica* 3, 53–65.
- Ó Fiannachta, P., 1978–80: *Clár lámhscríbhinní Gaeilge: leabharlanna na cléire agus mionchunasaigh*. 2 imleabhar, Baile Átha Cliath.
- Ó Floinn, D., 1953: ‘Seachrán Srianach, 1642’, *Irishleabhar Muighe Nuadhat*, 19–20.
- Ó Foghludha, R. (ed.), 1933: *Eoghan an Mhéirín Mac Carrthaigh*. Baile Átha Cliath.
- Ó Gealbháin, S., 1991: ‘The double article and related features of genitive syntax in Old Irish and Middle Welsh’, *Celtica* 22, 119–44.
- Ó Háinle, C., 1975: ‘An tÚrscéal nár Tháinig’, in P. Ó Fiannachta (eag.), *Litríocht an 18ú hAois: Léachtaí Cholm Cille IV*. Má Nuad, 5–29.
- Ó Háinle, C., 1987: ‘Fionn and Suibhne in ‘At Swim-Two-Birds’’, *Hermathena* CKLII, 13–49.
- Ó Háinle, C., 2004: ‘The novel frustrated: developments in 17th- to 19th-century fiction in Irish’, in Ó Háinle & Meek (eds), *Unity in Diversity: Studies in Irish and Scottish Gaelic Language, Literature and History*. Dublin, 125–52.

- Ó hAnnracháin, T., 2008: 'Pádraigín Haicéad and the Munster army in 1647', *Proceedings of the Royal Irish Academy: Archaeology, Culture, History* 108C, 65–74.
- Ó hÓgáin, D., 1988: *Fionn mac Cumhaill: images of the Gaelic hero*. Dublin.
- Ó hÓgáin, D., 1990: *Myth, Legend and Romance: An Encyclopaedia of the Irish Folk Tradition*. London.
- Ó hÓgáin, D., 1995: 'Fionn Féin – Pearsa agus Idéal', in R. Ó hUiginn (ed.), *An Fhiannaíocht*. Maigh Nuad, 144–64.
- Ó hÓgáin, D., 2006: *The lore of Ireland: an encyclopaedia of myth, legend and romance*. New York.
- Ó hUiginn, R., 2000: 'Rúraíocht agus Rómánsaíocht: Ceisteanna faoi Fhorás an Traidisiúin', *Éigse* 32, 78–87.
- Ó hUiginn, R., 2009: 'An Nua-Rúraíocht', in M. Mac Craith & P. Ó hÉalaí (eds), *Diasa Díograise: Aistí i gcuimhne ar Mháirtín Ó Briain*. Conamara, 389–412.
- Ó hUiginn, R., 2013(a): 'Transmitting the text: some linguistic issues in the work of the Franciscans,' in R. Gillespie & R. Ó hUiginn (eds), *Irish Europe, 1600 – 1650: Writing and Learning*. Dublin, 85–104.
- Ó hUiginn, R., 2013(b): *Marriage, Law and Tochmarc Emire*. Cambridge.
- Ó hÚrdail, R., 2001: 'Éagsúlacht i gComhréir an Réamhfhocail i nGaeilge na Mumhan', in B. Ó Catháin & R. Ó hUiginn (eag), *Béalra: Aistí ar Theangeolaíocht na Gaeilge*. Maigh Nuad. Leathanaigh
- Ó Madagáin, B., 1974: *An Ghaeilge i Luimneach 1700 – 1900*. Gaillimh.

- Ó Mainnín, M.B., 2007: “‘Goidé mar ’s tá na fearaibh?’”: gnéithe de leathnú agus de fhuaimniú fhoirceann an tabharthaigh iolra sa Nua-Ghaeilge,’ *Celtica* 25, 195–224.
- Ó Muraíle, N., 1995: ‘Agallamh na Seanórach’, in R. Ó hUiginn (eag.), *An Fhiannaíocht: Léachtaí Cholm Cille XXV*. Má Nuad, 96–127.
- Ó Síocháin, T., 2017: *The Case of The Abbot of Drimnagh: A Medieval Irish Story of Sex-Change*. University College Cork.
- Ó Súilleabháin, E., 1992: ‘Scríobhaithe Phort Láirge 1700–1900’, in D. Cowman, W. Nolan & T. Power (eds), *Waterford: history and society*. Dublin, 265–308.
- Ó Súilleabháin, P., 1971: ‘Varia’, *Éigse* 14, 121–6.
- O’Brien, F., 1939: *At Swim Two Birds*. London.
- O’Brien, M.A., 1956: ‘Etymologies and notes’, *Celtica* 3, 168–84.
- O’Donoghue, D.J., 1897: *The Life and Writings of James Clarence Mangan*. M.A.
- O’Grady, S.H., 1926: *Catalogue of Irish manuscripts in the [British Library, formerly the] British Museum*, Vol. 1. London.
- O’Leary, P., 1988: ‘Honour-bound: the social context of early Irish heroic *geis*’, *Celtica* 20, 85–107.
- O’Rahilly, C., 1952: *Five Seventeenth-Century Political Poems*. Dublin.
- O’Rahilly, T.F., 1912: *Gadelica: a journal of Modern-Irish studies*. Dublin.
- O’Rahilly, T.F., 1921/23: ‘mair le, mar le’, *Ériu* 9, 12–26.
- O’Rahilly, T.F., 1932: *Irish Dialects past and present*. Dublin. [1976 reprint].

- O’Rahilly, T.F., 1942: ‘Notes, Mainly Etymological’, *Ériu* 13, 144–219.
- O’Rahilly, T.F., 1972: *Measgra Dánta* I. Corcaigh.
- Quin, E.G., 1966: ‘Irish Cote’, *Ériu* 20, 140–50.
- Rekdal, J.E., 2013: ‘*Aislinge Meic Con Glinne*: Nuair a théann an Gáire i bhFostú sa Scornach’, in M. Ó Néill & R. Uí Chollatáin (eag), *An Greann sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath, 42–52.
- Ryder, S., 2009: ‘Mangan, James Clarence’, in J. McGuire & J. Quinn (eds), *Dictionary of Irish Biography*. Cambridge.
(<http://dib.cambridge.org/viewReadPage.do?articleId=a5431>)
- Scott, C., 2011: ‘Bizarre, grotesque and macabre: gender and humour in early Irish hagiography’, in Ahlqvist A. (ed.), *Language and power in the Celtic world*. Sydney, 381–407.
- Slotkin, E.M., 1978–9: ‘Medieval Irish scribes and fixed texts’, *Éigse* 17/4, 437–50.
- Stokes, W., 1870: ‘The Prose Tales in the Rennes *Dindshenchas*’, *Revue Celtique* 16, 31–84.
- Stokes, W., 1908: ‘The training of Cúchluain’, *Revue Celtique* 29, 109–52.
- Tristram, H.L.C., 2014: ‘Negotiating Heroism and Humour in the Cattle Raid of Cooley’ in H. Sahm & V. Millet (eds), *Narration and Hero: Recounting the Deeds of Heroes in Literature and Art of the Early Medieval Period*. Berlin / Boston, 113–42.
- Vallancey, C., 1773. *A Grammar of the Ibero-Celtic, or Irish language*. Dublin. [1782 reprint].

Walsh, P., (ed.), 1948–57: *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill*, Vols. 1 & 2. Dublin.

Watson, S. (eag.), 1979: *Mac na Míchomhairle*. Gaillimh.

Williams, N., 1977–8: ‘Irish satire and its sources’, *Studia Celtica* 12–13, 217–246.

Williams, N., 1980: ‘Gnéithe den aoir i litríocht na Gaeilge’, *Studia Hibernica* 20, 51–71.

Williams, N., 2013: ‘Cineálacha Éagsúla Grinn sa Ghaeilge’ in M. Ó Néill & R. Uí Chollatáin (eag), *An Greann sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath, 1–21.

Irisí agus Nuachtáin

IPJ *The Irish Penny Journal* 9, 16, 17, 28, 52 (Dublin, 1840–1)

The Nation *The Nation, New Series* 10 uimhreacha

Suímh idirlín

Corpas Stairiúil na Gaeilge 1600—1926/Historical Irish Corpus 1600–1926. (Ar fáil ag: <http://corpas.ria.ie>)

Logainm. (Ar fáil ag: <https://www.logainm.ie/en/>)

Irish Script on Screen (Ar fáil ag: <https://www.isos.dias.ie/irish/index2.html>)

Edil (Ar fáil ag: <http://www.dil.ie/>)

Irish Newspaper Archives (Ar fáil ag: <https://archive.irishnewsarchive.com/Olive/APA/INA.Edu/Default.aspx#panel=home>)